na

# hOrṫanna, Eipistlí, agus Soiscéalta,

## ar ċóir feiḋm a ḃaint astu ar feaḋ na bliana.

¶ Taḃair faoi d'aire, an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal atá ceapṫa don Doṁnaċ, go ndéanfaiḋ siad gnó an tseaċtain ina ḋiaiḋ; mura ḃfuil a ṁalairt de ṡlí ordaiṫe sa leaḃar seo nó ceadaiṫe ag an Ordaiṫeoir.

¶ Taḃair faoi d'aire, fós, an Orṫa atá ceapṫa le haġaiḋ gaċ Doṁnaiġ, nó le haġaiḋ Ḟéile a ḃfuil Bigil nó Oíċe Ċinn Ḟéile roimpi, go ndéarfar an Orṫa sin i Seirbís an tráṫnóna aréir roiṁe sin. Más ar an Luan a ṫiteas aon Ḟéile a ḃfuil Bigil nó Oíċe Ċinn Ḟéile roimpi, ní gá Orṫa na Ḟéile sin a léaṁ an Saṫarn roiṁe, aċ is ceart í a rá tráṫnóna an Doṁnaiġ, roiṁ Orṫa an Doṁnaiġ nó ina ḋiaiḋ.

¶ Nuair a ṫiteas Ḟéile ar Ḋoṁnaċ (taoḃ amuiġ den ċéad Doṁnaċ agus den ċeaṫrú Doṁnaċ den Aidḃint, den Doṁnaċ déanaċ roiṁ Ċáisc, de Ḋoṁnaċ Cásca, de Ḋoṁnaċ Cincíse, agus de Ḋoṁnaċ na Tríonóide), is féidir Orṫa agus Eipistil agus Soiscéal na Ḟéile sin a léaṁ, más aṁlaiḋ is toil leis an Ministir. Aċ na hOrṫanna, na hEipistlí agus na Soiscéalta atá ceapṫa do Ċéadaoin na Luaiṫe, d'Aoine an Ċéasta, agus do Lá Deascabála, caiṫfear iad a léaṁ ar na laeṫanta sin i gcónaí, bíoḋ go dtarlóidís-sean ar aon lá le féiltí eile.

## An Ċéad Doṁnaċ den Aidḃint.

M. Sm. 50, 98: Ísái. 1. 1–20, nó 52. 1–10; Eoin 3. 1–21, nó 1 Teasal. 4. 13– 5. 11.

T. Sm. 96, 97: Ísái. 2, nó 1. 18–deireaḋ; Maṫa 24. 1–28, nó Taisp. 14. 13–15. 4.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, taḃair de ġrásta dúinn go gcaiṫimid dínn oibreaċa an dorċadais, agus go gcuirimid orainn caṫ-éide an tsolais, le linn na beaṫa saolta seo

anois, an t-am ina dtáinig do Ṁac Íosa Críost go fíor-uṁal ar cuairt ċugainn; ionas, an lá deireanaċ, nuair a ṫiocfaiḋ sé arís go soilseaċ sárṁaorga ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ, go n-éirímid ċun síorḃeaṫa trídsean a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Naoṁspiorad, anois agus go bráċ. Áiméan.

¶ Abairtear an Orṫa seo gaċ lá, tar éis na hOrṫa a ceapaḋ le haġaiḋ an lae, go dtí Oíċe Nollag.

## An Eipistil.

Róṁ. 13. 8.

Ná bíoḋ fiaċa ag aon neaċ oraiḃ, aċ aṁáin go mbeiḋ grá agaiḃ dá ċéile: óir an té a mbíonn an grá aige do ḋuine eile tá an dlí coṁlíonta aige. Óir tá seo, Ná déan aḋaltranas, Ná déan marú, Ná déan goid, Ná taḃair fianaise ḃréige, Ná santaiġ; agus cibé aiṫne eile atá ann, tá sí uile á rá i mbeagán focal san abairt seo, is í, Bíoḋ grá agat do do ċomarsa mar a ḃíos agat duit féin. Ní ḋéanann an grá an t-olc ar an gcomarsa; mar sin is é an grá coṁlíonaḋ an dlí. Agus déanaimis aṁlaiḋ, agus aiṫne ar an am againn, gur miṫid dúinn feasta múscailt as an gcodlaḋ: óir is giorra dúinn anois ár slánú ná nuair a ġlacamar leis an gcreideaṁ. Tá an oíċe beagnaċ caite, ní fada uainn an lá: caiṫimis dínn mar sin oibreaċa an dorċadais, agus cuirimis orainn caṫ-éide an tsolais. Siúlaimis go honóraċ mar is dual sa lá; gan ragairne gan ṁeisce, gan drúis gan ġraostaċt, gan ċlampar gan



éad. Aċ cuirigí oraiḃ an Tiarna Íosa Críost, agus nára cúram liḃ an ċolainn ná sásaṁ ainṁianta na colainne.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 21. 1.

Nuair a ḃíodar ag druidim le hIarúsalem, agus ṫángadar go Betṗaġé, go Cnoc na nOla-ċrann, ċuir Íosa uaiḋ ansin beirt deisceabal, á rá leo, Téigí isteaċ sa ḃaile beag úd ṫall os ḃur gcoṁair, agus ar an láṫair ġeoḃaiḋ siḃ láir asail ceangailte ann, agus searraċ in éineaċt léi: scaoiligí iad agus tugaigí liḃ ċugam iad. Agus má deir aon neaċ aon ní liḃ, déarfaiḋ siḃse, Tá siad ag teastáil ón Tiarna; agus cuirfiḋ sé uaiḋ ar an láṫair iad. (Ṫáinig sin uile ċun críċe, go gcoṁlíonfaí a ndúirt an fáiḋ, á rá, Insigí do iníon Ṡióin, Féaċ, tá do Rí ag teaċt ċugat, go ceansa, ar ṁuin asail, agus ar ḃromaċ, searraċ asail.) Agus d'imiġ na deisceabail, agus rinneadar mar d'orduiġ Íosa dóiḃ, agus ṫugadar leo an t-asal, agus an bromaċ, agus ċuireadar a mbrait orṫu; agus ċuireadar ina ṡuí orṫu é. Agus leat slua an-ṁór a mbrait ar an slí; agus ḃain drong eile géaga de na crainn agus leaṫadar ar an slí iad. Agus na sluaite a ḃí ag dul roiṁe, agus ag teaċt ina ḋiaiḋ, ṫógadar gáir, á rá, Hósanna do Ṁac Ḋáiḃí; Is beannaiṫe an té atá ag teaċt in ainm an Tiarna; Hósanna sna háiteanna is airde. Agus nuair ṫáinig sé go hIarúsalem, ḃí an ċaṫair uile trí ċéile, á rá, Cé hé seo? Agus dúirt an slua, Is é seo Íosa an Fáiḋ as

Nasair na Gaililé. Agus ċuaiġ Íosa isteaċ i dteampall Dé, agus ruaig sé amaċ a raiḃ ag díol agus ag ceannaċ sa teampall, agus leag sé ar lár boird luċt malairte an airgid, agus suíoċáin na ndaoine a ḃí ag díol colm; agus dúirt sé leo, Tá sé scríofa, Gairfear teaċ urnaiṫe de mo ṫeaċsa; aċ tá uaċais ḃiṫiúnaċ déanta agaiḃse de.

## An Dara Doṁnaċ den Aidḃint.

M. Sm. 119. 1–32: Ísái. 5, nó 30. 8–21; Eoin 5. 19–40, nó 2 Peaḋ. 3. 1–14.
T. Sm. 46, 47, 48: Ísái. 10. 33–11. 9, nó 11. 10–12 deireaḋ; Maṫa 24. 29–deireaḋ, nó Taisp. 20.

### An Orṫa.

A Ṫiarna ḃeannaiṫe, ós dár dteagasc a d'ordaiġ tú scríoḃ gaċ Naoṁscrioptúir; Deonaiġ go n-éistimid mar seo leo, a léaṁ, a dtaḃairt dár n-aire, a ḃfoġlaim ar ár dteangaċa, agus a dtaisceaḋ inár gcroí, ar nós le foiġne agus le fortaċt ó do Ḃriaṫar naofa, go ḃfaiġimid greim a ḃeas daingean doċt go deo ar ḋóċas beannaiṫe na beaṫa síoraí atá tugṫa agat dúinn inár Slánaiṫeoir Íosa Críost. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, taḃair de ġrásta dúinn go gcaiṫimid dínn oibreaċa an dorċadais, agus go gcuirimid orainn caṫ-éide an tsolais, le linn na beaṫa saolta seo anois, an t-am inar ṫáinig do Ṁac Íosa Críost go fíor-uṁal ar cuairt ċugainn; ionas, an lá deireanaċ, nuair a ṫiocfaiḋ sé arís go soilseaċ sár-ṁaorga ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ, go n-éirímid ċun síorḃeaṫa, trídsean a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Naoṁspiorad, anois agus go bráċ. Áiméan.



### An Eipistil.

Róṁ. 15. 4.

Cibé ní a scríoḃaḋ roiṁe seo is dár dteagasc a scríoḃaḋ é; ar nós le foiġne agus le fortaċt ón Scrioptúr, go mbeaḋ dóċas againn. Anois go dtuga Dia na foiġne agus na fortaċta daoiḃ ḃeiṫ ar aon intinn le céile, de réir Íosa Críost: go dtuga siḃse d'aon intinn agus d'aon ḃéal an ġlóir do Ḋia, d'Aṫair ár dTiarna Íosa Críost. Glacaiġí mar sin lena ċéile, mar ġlac Críost linn, go mba ṁóide glóir Dé é. Deirim anois go raiḃ Íosa Críost ina ṁinistir timpeallġearrṫa mar ṁaiṫe le dílseaċt Dé, ionas go ndaingneoḋ sé na gealltanais a rinneaḋ leis na haiṫreaċa: agus ionas go dtugaḋ na Gintliṫe glóir do Ḋia ar son a ṫrócaire; mar tá scríofa, Dá ḃrí sin beiḋ mé dod adṁáil i measc na nGintliṫe, agus seinnfiḋ mé molaḋ d'Ainm. Agus arís deir sé, Ḃíoḋ lúċair oraiḃ, a Ġintliṫe, mar aon lena ṗoḃal. Agus arís, Molaiġí an Tiarna, a Ġintliṫe uile, agus móraiġí é, a ṗoḃail uile. Agus arís, deir Ísáia, Beiḋ bunḟréaṁ ann de Iesse, beiḋ an té ann a éireos ina rí os cionn

na nGintliṫe; is ann a ċuirfeas na Gintliṫe a muinín. Anois go líona Dia an dóċais siḃ de gaċ sult agus síoċáin dá mbíonn sa ċreideaṁ, go mbí siḃ lán de ḋóċas, trí ċuṁaċt an Spiorad Naoiṁ.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 21. 25.

Agus beiḋ comarṫaí i ngrian, agus i ré, agus i réaltanna; agus beiḋ anró ar an talaṁ i measc na náisiún agus mearḃall orṫu; foṫram farraige agus tuargaint tonnta; laige croí ar na daoine le heagla, agus le himní mar ġeall ar a ḃfuil i ndán don saol: óir corrófar cuṁaċta neiṁe. Agus ansin feicfiḋ siad Mac an duine ag teaċt i néal le cuṁaċt agus le glóir ṁór. Agus nuair a ṫosófar ar na niṫe sin, féaċaigí in airde, agus tógaigí bur gcinn; óir tá bur ḃfuascailt ag tarraing i ngar daoiḃ. Agus laḃair sé saṁlaoid eile leo: Féaċaigí an crann fige, agus na crainn go léir; nuair a ċuireann siad amaċ a nduilliúr, feiceann siḃ agus aiṫníonn siḃ uaiḃ féin go ḃfuil an saṁraḋ i ḃfogas anois. Mar sin daoiḃse, nuair a ḟeiceann siḃ na niṫe sin ag teaċt ċun críċe, bíoḋ a ḟios agaiḃ go ḃfuil ríoċt Dé i ḃfogas. Deirim liḃ go fírinneaċ, ní raċaiḋ an díne seo ar ceal, go gcoṁlíontar na niṫe sin go léir. Raċaiḋ neaṁ agus talaṁ ar ceal; aċ ní raċaiḋ mo ḃriaṫrasa ar ceal.



# An Treas Doṁnaċ den Aidḃint.

M. Sm. 73: Isái. 25, 1–9, nó 29, 13–deireaḋ; Lúcás. 3. 1–17, nó 1. Tim. 1. 12–2. 7.

T. Sm. 75, 76: Isái. 26, nó 28. 1–22; Maṫa 25. 1–30, nó Taisp. 21.

## An Orṫa.

A Ṫiarna Íosa Críost, a ċuir do ṫeaċtaire ċugainn le linn do ċéad teaċta ċun do ḃóṫar a réiteaċ roṁat; Deonaiġ go ndéana maoir agus ministrí do ḋiaṁar-rún do ṡlí a réiteaċ roṁat ar an moḋ céanna, trí ċroí na n-easuṁal a iontú ar eagna na ḃfíréan, ionas ar ṫeaċt duit an aṫuair ċun breiṫ a ṫaḃairt ar an doṁan, go dtuga tú taitneaṁ dúinn mar ṗobal, tusa a ṁaireas i ríoċt mar aon leis an Aṫair agus leis an Naoṁ-Spiorad, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, taḃair de ġrásta dúinn go gcaiṫimid dínn oibreaċa an dorċadais, agus go gcuirimid orainn caṫ-éide an tsolais, le linn na beaṫa saolta seo anois, an t-am ina dtáinig do Ṁac Íosa Críost go fíor-uṁal ar ċuairt ċugainn; ionas, an lá deireanaċ, nuair a ṫiocfaiḋ sé arís go soilseaċ sár-ṁaorga ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ, go n-éirímid ċun síorḃeaṫa, trídsean a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Naoṁspiorad, anois agus go bráċ. Áiméan.

## An Eipistil.

Coir. 4. 1.

Bíoḋ an meas ag duine orainn, a ḃíos aige ar ṁinistrí Ċríost, agus ar ṁaoir rún-diaṁra Dé. Tairis sin, an duine atá ina ṁaor, bítear ag súil le dílseaċt a ḟáil uaiḋ. Aċ is ríḃeag liomsa go dtaḃarfaḋ siḃse breiṫiúnas orm, nó go dtugtaí breiṫiúnas daonna orm: go deiṁin, ní ṫugaim breiṫiúnas orm féin. Óir ní feasaċ dom aon ní im éadan féin; aċ ní ḟíréanaíonn sin mé: óir is é an Tiarna an té a ṫugann breiṫiúnas orm. Dá ḃrí sin ná tugaigí breiṫiúnas i gcúis ar biṫ roiṁ an am, go dtí go dtaga an Tiarna, a ṫaḃarfas ċun an tsolais a ḃfuil folaiṫe faoi dorċadas, agus a noċtfas rúin na gcroiṫe; agus is ansin a ġeoḃas gaċ duine an molaḋ ó Ḋia.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 11. 2.

Agus nuair a ċuala Eoin, agus é sa ṗríosún, i dtaoḃ a ndearna Críost, ċuir sé uaiḋ beirt dá ḋeisceabail, agus dúirt leis, An tusa an té atá le teaċt, nó an le duine eile atá súil againn? Agus dúirt Íosa leo á ḃfreagairt, Imigí agus insigí do Eoin na niṫe a ċluineann agus a ḟeiceann siḃ. Tá radarc ag daill agus siúlann bacaiġ, glantar na loḃair, agus tá éisteaċt ag boḋráin, aṫ-ḃeoitear na mairḃ, agus tá an soiscéal á ṡeanmóiriú do na boċta: agus is beannaiṫe an té naċ ḃfaiġiḋ áḃar scannail ionamsa. Agus



nuair a ḃíodarsan ag imeaċt, ṫosaiġ Íosa ar a rá leis na sluaiṫe i dtaoḃ Eoin, Cad é a ndeaċaiġ siḃ amaċ san fásaċ lena ḟeiceáil? Giolcaċ á luascaḋ le gaoṫ? Aċ cad é a ndeaċaiġ siḃ amaċ lena ḟeiceáil? Fear agus éadaí míne air? Féaċ, luċt an éadaiġ ṁín is i dtiṫe rí a ḃíos siad. Aċ cad é a ndeaċaiġ siḃ amaċ lena ḟeiceáil? Fáiḋ? Is ea, deirim liḃ, agus duine is mó ná fáiḋ: Óir is é seo an té a ḃfuil scríofa ina ṫaoḃ, Féaċ, tá mo ṫeaċtaire á ċur roiṁ do ġnúis, a réiteos do ṡlí romat.

## An Ceaṫrú Doṁnaċ den Aidḃint.

M. Sm. 11, 12, 13: Ísái. 32. 1–18, nó 43. 1–13. Lúcás. 1. 26–45, nó 2 Tim. 3. 14–4. 8.
T. Sm. 94: Ísái. 33. 2–22, nó 35; Maṫa 25. 31—deireaḋ, nó Taisp. 22.

## An Orta.

A Tiarna, ardaiġ do ċumaċt, guímid ṫú agus tar isteaċ inár measc, agus fóir orainn go tréan; ionas, cé gur mór an cosc agus an cur ċun deiriḋ dúinn ár gcionta agus ár n-urċóid sa rás atá romainn le riṫ, go dtuga do ġrásta agus do ṫrócaire gan easpa fortaċt agus faoiseaṁ dúinn go luaṫ; trí ṡásaṁ do Ṁic ár dTiarna, a dtugtar dó, mar aon leatsa agus leis an Naoṁspiorad, onóir agus glóir, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, taḃair de ġrásta dúinn go gcaiṫimid dínn oibreaċa an dorċadais, agus go gcuirimid orainn caṫ-éide an tsolais, le linn na beaṫa saolta seo

anois, an t-am ina dtáinig do Ṁac Íosa Críost go fíor-uṁal ar cuairt ċugainn; ionas, an lá deireanaċ nuair a ṫiocfaiḋ sé arís go soilseaċ sárṁaorga ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ, go n-éirímid ċun síorḃeaṫa, tríḋsean a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Naomṡpiorad, anois agus go bráċ. Áiméan.

## An Eipistil.

Ṗil. 4. 4.

Cuireaḋ an Tiarna áṫas oraiḃ i gcónaí: agus deirim arís bíoḋ áṫas oraiḃ. Aiṫníoḋ na daoine uile ḃur stuaim. Is gairid dúinn an Tiarna. Ná bígí imníoċ i gcúis ar biṫ; aċ san uile ní, le hurnaí agus le headarġuí maraon le haltú, noċtaigí ḃur n-iarratais do Ḋia. Agus beiḋ síoċáin Dé, a ṡáraíos gaċ tuiscint, ag cosaint ḃur gcroí agus ḃur n-intinn tríd an gCríost, Íosa.

## An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 1. 19.

Is í seo tuairisc Eoin, nuair a ċuir na Giúdaiġ sagairt agus Léḃítiġ ó Iarúsalem go ḃfiafróidís de, Cé tú féin? Agus d'adṁaiġ sé, agus níor ṡéan sé; aċ d'adṁaiġ sé, Ní mise an Críost. Agus d'ḟiafraíodar de, Cad é atá ionat mar sin? An tú Elias? Agus dúirt sé, Ní mé. An tú an fáiḋ úd? Agus d'ḟreagair sé, Ní mé. Dúradar leis ansin, Cé tú féin? Ionas go dtugaimid freagra do na daoine a ċuir uaṫu sinn. Cad



é adeir tú i do ṫaoḃ féin? Dúirt seisean, Is mé guṫ an té a ġlaos san ḟásaċ, Déanaigí slí an Tiarna díreaċ, mar adúirt Esaias, fáiḋ. Agus ba de na Fairisíniġ iad an dream a cuireaḋ ċuige. Agus ċeistiodar é, agus dúradar leis, Cad ċuige a nḋéanann tú baisteaḋ, mar sin, mura tú an Críost, nó Elias, nó an fáiḋ úd? Dúirt Eoin leo, á ḃfreagairt, Le huisce a ḋéanaim baisteaḋ: aċ tá ina ṡeasaṁ in ḃur measc an duine naċ aiṫnid daoiḃ; is é a ṫiocfas i mo ḋiaiḋ agus a ṁeastar a ḃeiṫ romam, agus naċ fiú mé oiread agus iall a ḃróige a scaoileaḋ. Tarla an méid sin i mBetabara ar an taoḃ ṫall den Iornán, mar a raiḃ Eoin ag baisteaḋ.

Saolú ár dTiarna, nó Lá Breiṫe Ċríost dá ngairtear de ġnáṫ

# Lá Nollag.

M. Sm. 19. 85: Ísái. 9. 1–7; Lúcás 2. 1–14
T. Sm. 110. 132: Ísái. 7. 10–14; 1 Eoin. 4. 7–deireaḋ.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, a ṫug dúinn d'Aonġin Ṁic, gur ġlac sé air féin ár nádúr, agus gur rugaḋ é i gcoṫrom an lae seo ó Óġ gan smál; Deonaiġ dúinn, mar a aṫġineaḋ sinn inár gclann duit féin atá ar oiliúint agat le do ġrásta, go raiḃ do Spiorad Naoṁ ár n-aṫnuaċaint gaċ lá; tríḋsean ár dTiarna Íosa Críost, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Spiorad céanna, Aondia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Eaḃ. I. 1.

IS É Dia, a laḃair leis na haiṫreaċa in amanna áiriṫe agus ar ṁoḋanna éagsúla trí na ḟáiṫe faḋó, a laḃair linn sna laeṫanta deireanaċa seo trína Ṁac, an té a ċinn sé ina oiḋre ar a bfuil ann, agus ar ċruṫaiġ sé an ċruinne tríd; is é sin gile a ġlóire, aṫġin a ṗearsan féin, an té a ċeanglaíos gaċ ní le ċéile le briaṫar a ċuṁaċta, a rinne leis féin ár bpeacaí a ġlanaḋ, agus a ṡuiġ síos ina ḋiaiḋ sin ar láiṁ ḋeas na Mórgaċta atá in airde; a ṡáraiġ na haingil i bfeaḃas, mar a ṡáraiġ sé iad lena ainm oiḋreaċta. Óir cé de na haingil lena ndúirt sé in am ar biṫ, Is tú mo Ṁac, is inniu a ġin mé tú? Agus fós, Beiḋ mise im Aṫair aige, agus beiḋ seisean ina Ṁac agamsa? Agus arís, deir sé, agus é ag taḃairt na céadġine isteaċ sa saol, Agus tugaḋ aingil Dé go huile aḋraḋ dó. Agus deir sé, agus é ag tráċt ar na haingil, An té déanas spridí dá aingil, agus caor ṫine dá ṫimirí. Aċ is é deir sé leis an Mac, Bíonn do ríċaṫaoir ann, a Ḋia, go saol na saol; is slat fíréantaċta i slat do ríoċta: Ṫug tú grá don ḟíréantaċt, agus fuaṫ don urċóid; dá ḃrí sin d'ung Dia, do Ḋia féin, tú le hola na lúċáire os cionn do ċompánaċ. Agus, Is tú, a Ṫiarna, a ċuir bun an talaiṁ ar tús; agus is saoṫar do láiṁ na neaṁa: raċaiḋ siadsan as; aċ fanann tusa: beiḋ siad go léir á gcaiṫeaṁ mar éadaċ; agus beiḋ tú á bfilleaḋ mar



ḃrat, agus beifear á n-aṫrú: aċ bíonn tusa mar an gcéanna, agus ní ṫeipfiḋ ar do ḃlianta.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin. I. 1.

AR dtús ḃí an Briaṫar ann, agus ḃí an Briaṫar i bfoċair Dé, agus ba é Dia an Briaṫar. Is é ḃí ar dtús i bfoċair Dé. Is trídsean a rinneaḋ an uile ní, agus ina éagmais ní ḋearnaḋ aon ní dá ndearnaḋ. Is ann ḃí an ḃeaṫa, agus ba é solas na ndaoine an ḃeaṫa. Agus lonraíonn an solas sa dorċadas; agus níor ġlac an dorċadas leis. Ḃí fear ann a cuireaḋ ó Ḋia, darḃ ainm Eoin. Ṫáiniġ seisean mar ḟianaise, go ndéanfaḋ sé fianaise i dtaoḃ an tsolais, go gcreidfeaḋ gaċ aon neaċ tríd. Níorḃ é féin an solas, aċ cuireaḋ é go ndéanfaḋ sé fianaise i dtaoḃ an tsolais. Ba é sin an fíorṡolas a ṡoilsíos gaċ uile ḋuine dá dtagann ar an saol. Ḃí sé ar an saol, agus is tríd a rinneaḋ an saol, agus níor aiṫniġ an saol é. Is ċun a ṁuintire féin a ṫáiniġ sé, aċ níor ġlac a ṁuintir féin leis. Aċ an méid a ġlac leis, ṫug sé cuṁaċt dóiḃ beiṫ ina gclann ag Dia, is é sin dá gcreideann ina Ainm: naċ ón bfuil, ná ó toil na colainne, ná ó toil duine a gineaḋ iad, aċ ó Ḋia. Agus rinneaḋ colainn den Ḃriaṫar, agus ċónaiġ sé inár measc (agus ċonaiceamar a ġlóir, aṁail glóir Aon-Ṁic an Aṫar), lán de ġrásta agus d'ḟírinne.

¶ Is cóir Orṫa, Eipistil agus Soiscéal Lae Nollag a úsáid go ceann sé lá ina ḋiaiḋ; aċ aṁáin Laeṫanta a bfuil Orṫa, Eipistil agus Soiscéal eile ceapṫa ina gcoṁair.

Má ṡollúnaítear an Ċomaoineaċ Naofa faoi ḋó in aon Teampall Lá Nollag, is féidir an Orṫa, an Eipistil agus an Soiscéal seo leanas a úsáid an ċéad uair.

## An Orṫa.

A Ḋia, a ċuireas gairdeas orainn le cuiṁne bliantúil breiṫe d'Aonṁic Íosa Críost; Deonaiġ dúinn, de réir mar a ġlacaimid go háṫasaċ leis mar Ṡlánaiṫeoir, dá réir sin go bféaċaimid gan aṁras gan éadóċas air nuair a ṫiocfas sé ċugainn ina ḃreiṫeaṁ orainn, an té a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Naoṁspiorad, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## An Eipistil.

Tít. 2. 11.

ÓIR noċtaḋ do na daoine uile grásta Dé a ṫugann an slánú leis, ag taḃairt feasa dúinn, gur ceart dúinn diúltú don urċóid agus do ṁianta an tsaoil, agus ár mbeaṫa a ċaiṫeaṁ go stuama, fíréanta, diaganta, ar an saol seo i láṫair; agus súil a ḃeiṫ againn leis an dóċas beannaiṫe úd, agus le taispeáint glórṁar an Dé ṁóir agus ár Slánaiṫeora Íosa Críost; a ṫoirḃir é féin ar ár son, go gceannóḋ sé ón uile éagóir sinn, agus go nglanfaḋ sé dó féin pobal leis féin, a mbeaḋ teasgrá orṫu ċun na ndea-oibreaċa.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 1. 18.

IS mar seo a ṫáinig Íosa Críost ar an saol: Ar mbeiṫ dá ṁáṫair Muire luaite le Iósaf, aiṫníoḋ, sular ṫángadar le ċéile, go raiḃ sí torraċ ón Spiorad Naoṁ. Ó ba duine fíréanta é Iósaf, a fear, agus ó nárḃ áil leis a maslú go poiblí, ḃí sé ar intinn aige a cur uaiḋ os íseal. Aċ féaċ, taiḃríoḋ dó i mbrionglóid, agus é ar na smaointe sin, aingeal an Tiarna, agus dúirt sé leis, a Iósaif, a ṁic Ḋáiḃí, ná bíoḋ eagla ort do ḃanċéile Muire a ṫaḃairt ċun aontís leat: óir is ón Spiorad Naoṁ a ḃfuil gafa i mbroinn aici. Agus béarfaiḋ sí Mac, agus gairfiḋ tú ÍOSA mar ainm de: óir slánóiḋ sé a ṗobal óna bpeacaí. (Agus rinneaḋ sin uile, ionas go gcoṁlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an ḃfáiḋ, á rá, Féaċ, beiḋ Maiġdean torraċ, agus béarfaiḋ sí Mac, agus gairfear EMMANUEL mar ainm de, a ċiallaíos go ḃfuil Dia linn.) Agus iar ndúiseaċt as a ċodlaḋ do Iósaf, rinne sé mar d'ordaiġ aingeal an Tiarna dó, agus ġlac sé ċuige a ḃean; agus níor aiṫniġ sé í nó gur rug sí a céadġin ṁic: agus ṫug sé ÍOSA mar ainm air.



# Lá Ḟéile Stiofáin.

M. Sm. 27: Gen. 4. 1–10; Gníoṁ. 6.
T. Sm. 119. 17–32: 2 Croin. 24. 17–22; Gníoṁ. 11. 19–26.

## An Orṫa.

Deonaiġ dúinn, a Ṫiarna, san uile ṗian a ḃíos le fulaingt againn anseo ar talaṁ mar ḟianaise ar d'ḟírinne, go n-aṁarcaimid gan stad suas ar neaṁ, agus go bfeicimid trí

ċreideaṁ an ġlóir atá lena noċtaḋ; agus ḃeiṫ dár líonaḋ leis an Spiorad Naoṁ, ionas go ḃfoġlaimímid ár ngrá agus ár mbeannaċt a ṫaḃairt do luċt ár ngéarleanúna ó eiseamláir do ċéad Ṁáirtíriġ Naoṁ Stiofán, a ġuiġ ar son luċt a ḋúnṁarfa ċugatsa, a Íosa ḃeannaiṫe, a ṡeasas ar ḋeasláiṁ Dé ag fóiriṫint ar a ḃfulaingíonn ar do ṡon, ós tusa aṁáin ár nIdirġuíṫeoir agus ár nAḃcóide. Áiméan.

¶ Léifear ina ḋiaiḋ sin Orṫa na Nollag, orṫa atá le rá as sin amaċ go dtí an Timpeallġearraḋ.

## An Eipistil.

Gníoṁ. 7. 55.

Ḋearc Stiofán go géar suas ar neaṁ, agus é lán den Spiorad Naoṁ, agus ċonaic sé glóir Dé, agus Íosa ina ṡeasaṁ ar ḋeasláiṁ Dé, agus dúirt sé, Ḟéaċ, feicim na flaiṫis ar oscailt, agus Mac an duine ina ṡeasaṁ ar ḋeasláiṁ Dé. Ansin ġáir siadsan in ard a nguṫa, agus ḋúnadar a gcluasa, agus ṫugadar ruaṫar faoi in éineaċt le ċéile, agus ruaigeadar as an gcaṫair amaċ é, agus ġaḃadar de ċloċa air: agus leag na finnéiṫe a mbrait ag cosa fir óig darḃ ainm Saul. Agus ġaḃadar de ċloċa ar Stiofán, agus é ag glaoċ ar Ḋia, agus á rá, A Ṫiarna Íosa, glac ċugat mo sprid. Agus lig sé é féin ar a ġlúna, agus ġlaoiġ sé de ġuṫ ard, A Ṫiarna, ná cuir an peaca seo ina leiṫ. Agus nuair a ḃí an ṁéid sin ráite aige, ṫit a ċodlaḋ air.



## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa. 23. 34.

Ḟéaċ, cuirimse ċugaiḃ fáiṫe, agus saoiṫe, agus scríoḃaiṫe; agus maróiḋ siḃ cuid acu, agus céasfaiḋ siḃ cuid acu; agus sciúrsálfaiḋ siḃ cuid acu in ḃur sionagóga, agus géarleanfaiḋ siḃ ó ċaṫair go caṫair iad: go dtaga oraiḃ ar doirteaḋ d'fuil na ḃfíréan ar an talaṁ, ó ḟuil Áibéil ḟíréanta go fuil Ṡaċairiais Ṁic Ḃaraiċiais, a ṁaraiġ siḃ idir an teampall agus an altóir. Is fírinneaċ adeirim liḃ, tiocfaiḋ na niṫe sin go hiomlán ar an díne seo. A Iarúsalem, a Iarúsalem, a ṁaraíos na fáiṫe, agus a ġaḃas de ċloċa ar a gcuirtear ċugat; cad é a ṁinicí b'áil liom do ċlann a ḃailiú ċugam, fé mar ḃailíos an ċearc a hál faoina sciaṫáin, agus nárḃ áil liḃ é! Ḟéaċ, fágfar ḃur dteaċ ina ḟoṫraċ agaiḃ. Óir adeirim liḃ, Ní ḟeicfiḋ siḃ feasta mé go ndeire siḃ, Is beannaiṫe an té a ṫagann in Ainm an Tiarna.

# Lá Eoin Soiscéalaí.

M. Sm. 116: Ecs. 33. 9–19; Eoin 13. 21–35.
T. Sm. 92: Isái. 6. 1–8; 1 Eoin 5. 1–12.

## An Orṫa.

A Ṫiarna na trócaire, aċainímid ort gaeṫe geala do ṡolais a ċaiṫeaṁ anuas ar d'Eaglais, ionas go soilsítear í le teagasc Eoin ḃeannaiṫe d'Aspal agus do Ṡoiscéalaí, agus go siúla sí i solas d'ḟírinne, ar ṁoḋ go sroiċe sí ar deireaḋ solas na beaṫa síoraí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

1 Nṁ. Eoin 1. 1.

Ní a ḃí ann ó ṫús, a ċualamar, a ċonaiceamar lenár súile, a ba léir dár n-aṁarc, agus ar ṁoṫaiġ ár láṁa é, a ḃain le Briaṫar na beaṫa (óir noċtaḋ an beaṫa, agus ċonaiceamar í, agus tugaimid fianaise, agus taispeánaimid daoiḃ an beaṫa ṡíoraí úd, a ḃíoḋ leis an Aṫair, agus a noċtaḋ dúinne); an ní a ċonaiceamar agus a ċualamar, is é atá á insint againn daoiḃ, ionas go raiḃ cumann agaiḃ fós linn: agus i ḃfírinne is leis an Aṫair, agus is lena Ṁac Íosa Críost, atá ár gcumann. Agus tá na niṫe sin á scríoḃ againn ċugaiḃ, ionas go raiḃ ḃur lúċáir lán. Is é seo mar sin an teaċtaireaċt a ċualamar aige, agus atá á hinsint againn daoiḃ, gur solas Dia, gan aon dorċadas ann. Má deirimid go mbíonn cumann againn leis, agus sinne ag siúl i ndorċadas, is í an ḃréag agus ní hí an ḟírinne atá á déanaṁ againn: aċ má ṡiúlaimid sa solas, mar a ḃíonn seisean sa solas, bíonn cumann againn le céile, agus bíonn fuil Íosa Críost a Ṁac ag glanaḋ gaċ peaca dínn. Má deirimid naċ ḃfuil aon peaca orainn, bímid ár meallaḋ féin, agus níl an ḟírinne ionainn. Má admaímid ár bpeacaí, bíonn seisean ċoṁ dílis ceartbreaṫaċ sin go maiṫe sé ár bpeacaí dúinn, agus go nglana sé an uile éagóir dínn. Má deirimid naċ ḃfuil peaca déanta againn, déanaimid bréagaire de féin, agus ní ḃíonn a ḃriaṫar ionainn.



## An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 21. 19.

Dúirt Íosa le Ṗeadar, Lean mise. Agus ar iompú do Ṗeadar, ċonaic sé an deisceabal a raiḃ grá ag Íosa dó á leanúint; an té a ṡín ina uċt ag an suipéar, agus adúirt, A Ṫiarna, cé hé a ḃraiṫfeas tú? Nuair a ċonaic Ṗeadar é, dúirt sé le hÍosa, A Ṫiarna, cad é a déanfas an fear seo? Dúirt Íosa leis, Más toil liom é a ḟanaċt go dtaga mé cad é sin duitse? Lean tusa mise. Ċuaiġ an scéal seo amaċ ansin i measc na mbráiṫre, naċ raiḃ an bás i ndán don deisceabal sin: aċ ċeana ní dúirt Íosa leis, Níl an bás i ndán dó, aċ, Más toil liom é a ḟanaċt go dtaga mé, cad é sin duitse? Is é an deisceabal sin a tugann fianaise i dtaoḃ na niṫe sin, agus a scríoḃ na niṫe sin: agus is eol dúinn gur fíor í a fianaise. Agus is iomaí ní eile a rinne Íosa, aċ dá scríoḃfaí síos iad go hiomlán, measaim naċ mbeaḋ slí sa doṁan féin do na leaḃair a scríoḃfaí.

# Lá na Leanaí Neaṁċiontaċa.

M. Sm. 8: Ier. 31. 1–17; Maṫa 18. 1–10.
T. Sm. 124, 131: Ísái. 49. 14–25; Marc. 10. 13–16.

## An Orṫa.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, a d'ordaiġ neart as béal naíonán agus leanaí diúil, agus a ċuir taċráin ḃeaga do do ġlóiriú trína mbás; Mill agus maraiġ gaċ duáilce ionainn, agus

taḃair de neart dúinn trí do ġrásta go nglóirimid do Naoṁ-Ainm le neaṁurċóid ḃeata agus le seasṁaċt ċreidiṁ go dtí an bás féin; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Taisp. 14. 1.

D'ḞEAĊ mé, agus siúd an tUan ina ṡeasaṁ ar Ṡliaḃ Ṡióin, agus céad daiċead agus ceiṫre ṁíle leis, a raiḃ Ainm a Aṫar scríofa i gclár a n-éadain. Agus ċuala mé an glór ó neaṁ, mar ġlór iomad uisce, agus mar ġlór toirní móire: agus ċuala mé glór cláirseoirí ag cláirseoireaċt ar a gcláirseaċa: agus iad ag canaḋ mar ḃeaḋ aṁrán úrnua os coinne na ríċaṫaoireaċ, agus os coinne na gceiṫre n-ainṁiṫe, agus na seanóirí; agus ní ḟéadfaḋ duine an t-aṁrán úd a ḟoġlaim aċ an céad daiċead agus ceiṫre ṁíle a fuasclaíoḋ ar an talaṁ. Is iad nár truaillíoḋ le mná; óir is óga iad. Is iad a leanas an tUan cibé áit a dtéann sé. Is iad a fuasclaíoḋ as measc na ndaoine, agus atá ina gcéad toraí do Ḋia agus don Uan. Agus ní ḃfuarṫas cealg ina mbéal: óir tá siad gan aineaṁ os coinne ríċaṫaoireaċ Dé.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa. 2. 13.

TAIḂRÍOḊ aingeal an Tiarna i mbrionglóid do Iósaf, agus dúirt sé, Éiriġ, beir leat an leanḃ agus a ṁáṫair, agus éalaiġ don



Éigipt, agus fan ansin go dtuga mé an focal duit: óir is aṁlaiḋ beiḋ Ioruaċ ar lorg an linḃ ċun a ṁillte. Agus d'éiriġ seisean, agus ṫóg sé an leanḃ agus a ṁáṫair san oíċe, agus d'imiġ sé ċun na hÉigipte; agus ḃí sé ansin go bás Ioruaiċ: go gcoṁlíonfaí an focal adúirt an Tiarna tríd an ḃfáiḋ, á rá, Is as an Éigipt a ġlaoiġ mé mo Ṁac. Ansin nuair a ċonaic Ioruaċ gur ṁeall na draoiṫe é, ḃí sé le cuṫaċ, agus ċuir sé amaċ, agus ṁaraiġ sé a raiḃ de ċlann ṁac dá ḃlian nó faoina ḃun i mBetlehem, agus sa dúiċe a ḃain léi, de réir an ama a ḃfuair sé faisnéis go beaċt air ó na draoiṫe. Ansin coṁlíonaḋ na briaṫra adúirt Ieremias an fáiḋ, á rá, Ċualaṫas guṫ i Ráma, mairgneaḋ agus gol agus mórċaoineaḋ, Racel ag caoineaḋ a clainne, agus níorḃ áil léi sólás a ġlacaḋ, siocair gan iad ḃeiṫ ar fáil.

# AN DOṀNAĊ TAR ÉIS LAE NOLLAG.

M. Sm. 145, 150: Ísái. 49. 1–11, nó 65. 17—deireaḋ; Lúcás 2. 22–40, nó Col. 1. 1–20.
T. Sm. 8, 45: Ísái. 40. 12—deireaḋ, nó 41. 1–20; Eoin 10. 1–16, nó Ḟil. 2. 1–11.

## AN ORTA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, a ṫug dúinn d'aon-ġin Ṁic gur ġlac sé air féin ár nádúr, agus gur rugaḋ é i gcoṫrom an ama seo ó Óġ gan smál; Deonaiġ dúinn, mar a aṫġineaḋ sinn inár gclann duit féin atá ar oiliúint agat le do ġrásta, go raiḃ do Spioraḋ Naoṁ ár n-aṫnuaċaint gaċ lá; trídsean ár dTiarna

Íosa Críost, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Spiorad céanna, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## An Eipistil.

Gal. 4. 1.

IS é deirim anois naċ ḃfuil difríoċt ar biṫ idir an oiḋre agus seirḃíseaċ, ċoṁ fada agus a ḃíonn sé ina leanḃ, in ainneoin é ḃeiṫ ina Ṫiarna ar an iomlán; aċ is aṁlaiḋ a ḃíonn sé faoi luċt oidis agus oiliúna, go dtí an t-am atá ainmniṫe ag an Aṫair. Ar an nós céanna, ḃíomarna, ċoṁ fada agus ḃíomar inár leanaí, faoi ḋaoirse ag dúla an doṁain: aċ nuair a ḃí an t-am slán, ċuir Dia uaiḋ a Ṁac, a rugaḋ ó ḃean, faoi ḃreiṫ an dlí, ionas go ḃfuasclaíoḋ sé a raiḃ faoin dlí, go dtugtaí áit na clainne dúinn. Agus de ḃrí gur Ṁic siḃse, tá Spiorad a Ṁic curṫa uaiḋ ag Dia isteaċ in ḃur gcroí, agus é ag glaoċ, Aba, a Aṫair. Mar sin de ní seirḃíseaċ tú feasta, aċ mac; agus más mac tú, is oiḋre ar Ḋia tú trí Ċríost.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 1. 18.

IS mar seo a ṫáinig Íosa Críost ar an saol: Ar mbeiṫ dá ṁáṫair Muire luaite le Iósaf, aiṫníoḋ, sular ṫángadar le ċéile, go raiḃ sí torraċ ón Spiorad Naoṁ. Ó ba ḋuine fíréanta é Iósaf, a fear, agus ó nárḃ áil leis a maslú go poiblí, ḃí sé ar intinn aige a cur uaiḋ os íseal. Aċ féaċ, taiḃríoḋ dó



i mbrionglóid, agus é ar na smaointe sin, aingeal an Tiarna, agus dúirt sé leis, A Iósaif, a ṁic Ḋáiḃí, ná bíoḋ eagla ort do ḃeanċéile Muire a ṫaḃairt ċun aontís leat: óir is ón Spiorad Naoṁ a ḃfuil gafa i mbroinn aici. Agus béarfaiḋ sí Mac, agus gairfiḋ tú ÍOSA mar ainm de: óir slánóiḋ sé a ṗobal óna bpeacaí. (Agus rinneaḋ sin uile, ionas go gcoiṁlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an ḃfáiḋ, á rá, Féaċ, beiḋ Maiġdean torraċ, agus béarfaiḋ sí Mac, agus gairfear EMMANUEL mar ainm de, a ċiallaíos go ḃfuil Dia linn.) Agus iar ndúiseaċt as a ċodlaḋ do Iósaf, rinne sé mar ordaiġ aingeal an Tiarna dó, agus ġlac sé ċuige a ḃean, agus níor aiṫniġ sé í nó gur rug sí a céadġin ṁic: agus ṫug sé ÍOSA mar ainm air.

## Timpeallġearraḋ Ċríost.

M. Sm. 92, 121: Gen. 17. 1–13, nó Ios. 1. 1–9; 1 Pead. 4. 7—deireaḋ, nó Róṁ. 8. 1–15.
T. Sm. 81, 90: Deut. 10. 12–11. 1; Róṁ. 13.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ṫug ar do Ṁac beannaiṫe beiṫ timpeallġearrṫa, agus beiṫ uṁal don dlí atá ann le haġaiḋ na ndaoine; Deonaiġ dúinne timpeallġearraḋ fírinneaċ an Spioraid; ionas go raiḃ ár gcroí agus ár mbaill uile glan ó gaċ ainṁian ṡaolta ċollaí, agus go raḃaimid uṁal san uile ní do do ṫoil ḃeannaiṫe; trídsean do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Is féidir an Orṫa seo ṫíos a rá freisin.

A Ṡlánaiṫeoir an doṁain, ar tugaḋ Íosa ort i gcoṫrom an lae seo, de réir briaṫair an aingil; guimid tú gealltanas grásṁar an Naoṁ-Ainm sin a ċoṁlíonaḋ dúinn, agus, de do ṁórṫrócaire, do ṗobal a ṡlánú óna bpeacaí; a ṁaireas i ríoċt maraon leis an Aṫair agus leis an Spioraḋ Naoṁ, Aon-Dia, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## An Eipistil.

Eip. 2. 11.

Cuiṁnígí, mar ḃí siḃse san am a ċuaiġ ṫart in ḃur nġintlíte de ṫaoḃ na colainne, ó tugtar Neaṁṫimpeallġearraḋ oraiḃ leis an dream a dtugtar an Timpeallġearraḋ orṫu, de ṫimpeallġearraḋ collaí, láṁḋéanta; go raiḃ siḃ san am úd ar diṫ Ċríost, in ḃur n-eaċtrannaiġ taoḃ amuiġ de ṗobal Iosrael, agus in ḃur gcoiṁṫíġ taoḃ amuiġ de ċonarṫaí an ġealltanais, agus go raiḃ siḃ gan ḋóċas, gan Dia ar an saol. Aċ anois in Íosa Críost tugaḋ siḃ i ngar le fuil Ċríost a ḃí roiṁe sin i ḃfaḋ i gcéin. Óir is é ár sioċáin é, a d'aontaiġ an dís le ċéile, agus a leag an balla láir a ḃí eadrainn; a ċuir críoċ ina ċolainn féin leis an naiṁdeas, is é sin le dlí na n-aiṫeanta aċtaiṫe; ionas go ndéanfaḋ sé aon ḟear úrnua aṁáin den dís, agus a rinne sioċáin ar an moḋ sin; agus ionas go n-aontóḋ sé iad araon do Ḋia san aon ċolainn ar an gcrois, gníoṁ lenar ċuir sé an naiṁdeas ċun báis: agus a ṫáinig ag seanmóiriú na



sioċána daoiḃse a ḃí i ḃfaḋ i gcéin, agus dá raiḃ i ngar. Óir is trídsean leis an Aon-Spioraḋ a ḃíonn ceaḋ againn dul isteaċ ċun an Aṫar.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 2. 15.

Agus ṫarla, nuair a d'imiġ na haingil uaṫu ar neaṁ, go ndúirt na haoirí le ċéile, Téimis anonn go Betlehem, go ḃfeicimid an ní seo a ṫarla, agus a d'ḟógair an Tiarna dúinn. Agus ṫángadar go deifreaċ, agus fuaireadar Muire agus Iósaf, agus an leanḃ ina luí i mainséar. Agus arna ḟeiceáil sin dóiḃ, d'insiodar a ndúraḋ leo i dtaoḃ an linḃ sin. Agus níl duine dár ċuala é naċ raiḃ ionaḋ air faoi ar inis na haoirí dó. Aċ ċoimeád Muire na niṫe sin go hiomlán, ag maċnaṁ orṫu ina croí istiġ. Agus d'ḟill na haoirí, agus iad ag glóiriú agus ag molaḋ Dé mar ġeall ar ar ċualadar agus a ḃfacadar, de réir mar a dúraḋ leo. Agus nuair a ḃí na hoċt laeṫanta slán ċun an leanḃ a ṫimpeallġearraḋ, tugaḋ ÍOSA mar ainm air, an t-ainm a ṫug an t-aingeal air sular gaḃaḋ é i mbroinn.

# Na Laeṫanta idir an Timpeallġearraḋ agus an Taispeánaḋ.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ḋoirt anuas orainn solas úrnua do Ḃriaṫair Inċollaiṫe; Deonaiġ go lastar an solas céanna inár

gcroí, agus go lonraí sé amaċ inár mbeaṫa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

1 Nṁ. Eoin 4. 9.

IS mar seo a noċtaḋ an grá atá ag Dia dúinn, de ḃrí gur ċuir Dia a Aonġin Ṁic isteaċ sa saol, ionas go mairimis tríd. Is é is grá ann, ní hé gur ṫugamarna grá do Ḋia, aċ gur ṫug seisean grá dúinn, agus gur ċuir uaiḋ a Ṁac le ḃeiṫ ina íobairt réitiṫe ar son ár bpeacaí. A ḋaoine mo ġrá, más ní é gur ṫug Dia a ṡaṁail de ġrá dúinne, ba ċeart dúinne grá a ṫabairt dá ċéile. Ní ḟaca aon duine Dia in am ar biṫ. Má ḃíonn grá againn dá ċéile, cónaíonn Dia ionainn, agus cuirtear a ġrá i gcríċ ionainn. Is mar seo a aiṫnímid go gcónaímid ann, agus eisean ionainn, de ḃrí gur ṫug sé cuid dá Spiorad dúinn. Agus ċonaiceamar agus tugaimid fianaise gur ċuir an tAṫair an Mac uaiḋ le ḃeiṫ ina Ṡlánaiṫeoir ag an doṁan. Cibé duine a adṁaíos gur Mac Dé é Íosa, cónaíonn Dia ann, agus eisean i nDia. Agus d'aiṫníomar agus ċreideamar an grá atá ag Dia dúinn. Is grá Dia; agus an té a ċónaíos i ngrá cónaíonn sé i nDia, agus Dia ann.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 1. 14.

RINNEAḊ colainn den Ḃriaṫar, agus ċónaiġ sé eadrainn (agus ċonaiceamar a ġlóir, mar ġlóir aonġine an Aṫar), lán de



ġrásta agus d'ḟírinne. Ṫug Eoin fianaise ina ṫaoḃ, agus ġlaoiġ sé, á rá, Is é seo an té a ndúirt mé ina ṫaoḃ, An té atá ag teaċt i mo ḋiaiḋ cuirtear romham é: óir ḃí sé ann romham. Agus ġlacamar uile ċugainn as a líonṁaireaċt, agus grásta ar ġrásta. Óir is trí Ṁaois a tugaḋ an dlí, aċ ṫáiniġ an grásta agus an ḟírinne trí Íosa Críost. Ní ḟaca aon duine Dia in am ar biṫ; an t-Aonġin Ṁic, a ḃíos in uċt an Aṫar, is é a d'ḟoilsiġ é.

## AN TAISPEÁINT, NÓ NOĊTAḊ ĊRÍOST DO NA GINTLIṪE.

M. Sm. 72: Ísái. 60; Lúcás 3. 15–22.
T. Sm. 46, 47: Ísái. 61; Eoin 2. 1–11.

## AN ORTA.

A DIA, a rinne eolas le réalt ag noċtaḋ d'Aonġin Ṁic do na Gintliṫe; Deonaiġ go trócaireaċ dúinne, darb aiṫnid anois trí ċreideaṁ tú, go mbí tar éis na beaṫa seo do ḋiagaċt ġlórṁar againn mar lón; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Eiḟ. 3. 1.

AR an ábar sin atáimse, Pól, atá i mo ṗríosúnaċ ag Íosa Críost ar ḃur son atá in ḃur nGintliṫe; más ní é gur ċuala siḃ tráċt ar ċoṁréir ġrásta Dé, a taoḃaḋ liomsa faoi ḃur gcoṁair: Conas a ṫug sé le taispeánaḋ

fios feasa an diaṁar-rúin dom (mar scríoḃ mé roiṁe i mbeagán focal, as a mbainfiḋ siḃ, nuair a léifeas siḃ iad, tuiscint ar an eolas a fuair mé ar diaṁar-rún Ċríost) eolas nár tugaḋ in aoiseanna eile do ċlann na ndaoine, mar noċtar anois dá Aspail agus dá Ḟáiḋe naofa tríd an Spiorad é; go mbeaḋ na gintliṫe ina gcoṁoiḋrí air, agus ina gcoṁ-ċorp leis, agus coṁpáirteaċ inar ġeall sé i gCríost, tríd an Soiscéal: agus a rinneaḋ ministir díomsa don Soiscéal céanna sin, de réir tíolacta grása Dé a ḃronn oibriú éifeaċtaċ a ċuṁacta orm. Níl naoṁ aige dá ísleaċt naċ ísle mé ná é, aċ tugaḋ domsa an grásta sin, go mbeinnse ag seanmóiriú i measc na ngintliṫe saiḃreas dotoṁaiste Ċríost; agus go dtaḃarfainn ar na daoine uile a ḟeiceáil cad é an ní é coṁċumann an diaṁar-rúin, a ḃí folaiṫe ó ṫosaċ an doṁain i nDia, a ċruṫaiġ a ḃfuil ann trí Íosa Críost; d'ḟonn go dtugtaí tríd an Eaglais do luċt ceannais agus cuṁaċta spéarṫa neiṁe fios feasa ileagna Dé, de réir na rúnċoṁairle síoraí a ḃí mar rún aige in Íosa Críost ár dTiarna: trína ḃfaiġimid misneaċ agus muinín le dul isteaċ aċ creideaṁ a ḃeiṫ againn ann.

## An Soiscéal.

Nm. Mata 2. 1.

Nuair a rugaḋ Íosa i mBetlehem Iúdaea, i laeṫanta an rí Ioruaṫ, féaċ, ṫáinig draoiṫe ón doṁan ṫoir go hIarúsalem, á rá,



Cá ḃfuil an té a rugaḋ ina rí ar na Giúdaiġ? Óir ċonaiceamar a réalt sa doṁan ṫoir, agus ṫángamar á adraḋ. Nuair a ċuala an rí Ioruaṫ sin, ṫáinig buaireaṁ airsean, agus ar Iarúsalem uile. Agus ċruinniġ sé uaċtaráin na sagart agus scríoḃaiṫe an ṗobail, agus d'ḟiafraiġ sé díoḃ cá mbéarfaí an Críost. Agus dúradarsan leis, I mBetlehem Iúdaea: óir is mar sin atá scríofa ag an ḃfáiḋ, Agus tusa, a Ḃetlehem, i dtír Iúda, ní tusa is lú ar ċeannfoirt Iúda, óir is asat a ṫiocfas an Taoiseaċ, a ḋéanfas mo ṗobal Iosrael a rialú. Ansin glaoiġ Ioruaṫ na draoiṫe ċuige os íseal, agus d'ḟiafraiġ sé go cruinn cé an t-am ar noċt an réalt dóiḃ. Agus ċuir sé go Betlehem iad, agus dúirt sé, Imíġí, agus cuardaíġí go díċeallaċ an leanḃ; agus nuair a ġeoḃas siḃ é, tugaiġí scéal ar ais ċugamsa, go dtaga mé fós agus go n-adra mé é. Arna ċluinstin sin dóiḃ ón rí, d'imíodar; agus féaċ, an réalt a ċonaiceadar sa doṁan ṫoir, ġluais sí rompu, gur ṫáinig sí ina stad os cionn na háite ina raiḃ an leanḃ. Nuair a ċonaiceadar an réalt, ṫáinig lúċáir ṁór orṫu. Agus ċuadar isteaċ sa teaċ, agus fuaireadar an leanḃ i ḃfoċair a ṁáṫar Muire, agus ṡléaċtadar agus d'adradar é: agus ag oscailt a dtaisce dóiḃ, ṫugadar bronntanais dó; ór, agus túis, agus miorr. Ansin tugaḋ raḃaḋ dóiḃ i mbroinglóid gan filleaḋ ar Ioruaṫ, agus ċuadar bóṫar eile ar ais ċun a dtíre féin.

¶ Déanfaiḋ an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal céanna cúis gaċ lá ina ḋiaiḋ sin go dtí an ċéad Doṁnaċ eile.

# An Ċéad Doṁnaċ tar éis na Taispeána.

m. Sm. 96, 97, 117: Isái. 44. 6–23, nó Mal. 1. 6–11; Eoin 1. 19–34, nó Eip. 2.
t. Sm. 87, 91: Isái. 45. 1–17, nó 48; Eoin 4. 1–42, nó Col. 1. 21–2. 7.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, iarraimid ort glacaḋ go trócaireaċ le haċainíoċa do ṗobail atá ag glaoċ ort; agus deonaiġ dóiḃ aiṫne agus eolas ar cad é ba ċóir dóiḃ a ḋéanaṁ, agus grásta agus cuṁaċt ċun a ḋéanta; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Róṁ. 12. 1.

Iarraim oraiḃ mar sin, a ḃráiṫre, as uċt trócaire Dé, go dtoirḃrí siḃ ḃur gcoirp mar íobairt ḃeo naofa, arḃ ḟiú do Ḋia glacaḋ léi, mar ṡeirḃís réasúnta uaiḃ. Agus ná géilligí do ċló an tsaoil seo: aċ cuirtear atċló oraiḃ trí nuaċruṫ ḃur n-intinne, ionas go ḃfiosraí siḃ cad í toil ḟónta ion-ġafa ḟíréanta úd Dé. Óir deirim, tríd an ngrásta a tugaḋ dom, le gaċ duine agaiḃ, gan meas iomarcaċ a ḃeiṫ aige air féin, aċ meas measarṫa, de réir mar riar Dia toṁas an ċreidiṁ do gaċ duine. Óir de réir mar ḃíonn mórċuid ball againn san aon ċorp aṁáin, agus naċ ionann oibriú d'aon dá ḃall acu: mar an gcéanna bíonn an mórán againne inár n-aon ċorp aṁáin i gCríost, agus gaċ duine againn ina ḃall dá ċéile.



## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 2. 41.

Agus do ṫéaḋ a aṫair agus a ṁáṫair suas go hIarúsalem gaċ bliain le linn féile na Cásca. Agus nuair a ḃí sé dá ḃliain déag d'aois, ċuadar suas go hIarúsalem mar ba ġnáċ, aimsir na féile. Agus nuair a ḃí na laeṫanta caite acu, agus iad ag filleaḋ, d'ḟan an gasúr Íosa in Iarúsalem; agus ní raiḃ a ḟios sin ag Iósaf ná ag a ṁáṫair. Aċ ṁeasadar gur sa ċuideaċta a ḃí sé, agus rinneadar aistear lae; agus ḃíodar á lorg i measc a ngaolta agus a luċt aiṫeantais: agus nuair naċ ḃfuaireadar é, d'ḟilleadar go hIarúsalem, á lorg. Agus ṫarla, tar éis trí lá, go ḃfuaireadar sa teampall é, ina ṡuí i measc na n-ollúna, ag éisteaċt leo agus ag cur ceisteanna orṫu. Agus ḃí ionaḋ ar a raiḃ ag éisteaċt leis faoina ṫuiscint agus faoina ḟreagraí. Agus nuair a ċonaiceadar é, ḃí ionaḋ orṫu: agus dúirt a ṁáṫair leis, A Ṁic, cad ċuige duit é seo a ḋéanaṁ orainn? Ḟéaċ, ḃí d'aṫair agus mise ar do lorg agus brón orainn. Agus dúirt seisean leo, Cad ċuige a raiḃ siḃ ar mo lorgsa? Naċ raiḃ a ḟios agaiḃ go gcaiṫfinn gnóṫa m'aṫar a ḋéanaṁ? Agus níor ṫuigeadar an focal adúirt sé leo. Agus ċuaiġ sé síos leo, agus ṫáiniġ sé go Nasair, agus ḃí sé uṁal dóiḃ: aċ ċoimeád a ṁáṫair na briaṫra sin uile ina croí. Agus is aṁlaiḋ ḃí Íosa, ag méadú eagna agus airde, agus gnaoi os coṁair Dé agus daoine.

## An Dara Doṁnaċ Tar éis na Taispeána.

m. Sm. 36, 68. 1–20: Ísái. 49. 1–13, nó Seac. 9. 9–16; Lúcás 4. 16–30, nó Séamas 1. 1–21.
T. Sm. 27, 68. 24–35: Ísái. 49. 14–deireaḋ. nó 50. 4–10; Eoin 12. 20–43, nó 1 Teasal. 1. 1–2. 12.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, a rialaíos gaċ ní ar neaṁ agus ar talaṁ; éist go trócaireaċ le haċainíoċa do ṗobail, agus taḃair do ṡíoċáin dúinn ar feaḋ ár saoil agus ár laeṫanta; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Róṁ. 12. 6.

Ó ḃíonn mar sin atraċ tiolaicí againn de réir an ġrásta a tugaḋ dúinn, más fáiḋeadóireaċt, bímis ag fáiḋeadóireaċt de réir toṁais an ċreidiṁ; nó más mineastrálaċt í, tugaimis aire don ṁineastrálaċt; nó an té a ḃíos ag teagasc, do ṫeagasc; nó an té a ḃíos ag taḃairt misniġ do ḋaoine, bíoḋ a aire ar ṫaḃairt misniġ: an té a ḃíos bronntaċ, déanaḋ sé go dea-ċroíoċ é; an té a ḃíos i gceannas, bíoḋ sé díċeallaċ faoi; an té a ḋéanas trócaire, déanaḋ sé go soilḃir í. Bíoḋ an grá gan ċeilg. Tugaigí fuaṫ don olc; cloígí leis an maiṫ. Bíoḋ gnaoi agus grá bráiṫriúil agaiḃ dá ċéile; ag taḃairt tús onóra dá ċéile; go gnóṫaċ neaṁfalsa; go faoḃraċ i sprid; ag déanaṁ seirḃíse don



Tiarna; go mba é an dóċas ḃur n-aoiḃneas; bígí foiġneaċ ag fulaingt buarta; ag síor-ġuí go dian; ag roinnt le riaċtanas na naoṁ; go fial fáilteaċ le haíonna. Beannaígí luċt ḃur ngéarleanúna; beannaígí, agus ná mallaígí. Bíoḋ lúċáir oraiḃ le luċt na lúċáire, agus caoinigí le luċt an ċaointe. Ná déanaigí leiṫċeal ar aon duine. Ná bíoḋ aon éirí in airde oraiḃ, aċ íslígí anuas ċuig na hísle.

### An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 2. 1.

Agus an treas lá ina ḋiaiḋ sin ḃí bainis i gCána na Gaililé; agus ḃí máṫair Íosa ann: agus fuair Íosa agus a ḋeisceaḃail cuireaḋ ċun na bainise. Agus nuair a d'éiriġ an fíon gann, dúirt máṫair Íosa leis, Níl fíon acu. Dúirt Íosa léi, Caḋ é sin domsa nó duitse, a ḃean? Níor ṫáiniġ m'uairse go fóill. Deir a ṁáṫair leis na seirḃísiġ, Cibé rud adeir sé liḃ, déanaigí é. Agus ḃí sé soiṫiġ cloiċe ann, a cuireaḋ ann de réir reaċta glantóireaċta na nGiúdaċ, agus lán a dó nó a trí d'ḟeircíní i ngaċ soiṫeaċ díoḃ. Dúirt Íosa leo, Líonaigí na soiṫiġ d'uisce. Agus líonadar go béal iad. Agus dúirt sé leo, Taoscaigí anois, agus beirigí ċun uaċtaráin na fleá é. Agus rugadar. Nuair a ḃlais uaċtarán na fleá an t-uisce ina ḟíon, agus gan a ḟios aige caḋ as é (aċ ḃí a ḟios ag na seirḃísiġ a ṫarraing an t-uisce), glaoiġ

uaċtarán na fleá ar an ḃfear nuaṗósta, agus deir sé leis, Cuireann gaċ uile ḋuine an fíon maiṫ ar ḃord ar dtús, agus nuair ḃíos cuid ṁaiṫ ólta ag na daoine, an fíon is measa: aċ ċoimeád tusa an fíon maiṫ go dtí anois. Is mar sin a ċuir Íosa tús ar a ċoṁarṫaí i gCána na Gaililé, agus d'ḟoilsiġ sé a ġlóir; agus ċreid a ḋeisceabail ann.

## An Treas Doṁnaċ tar éis na Taispeána.

m. Sm. 42. 43: Hós. 4. 1–10, nó 11. 1–12. 6; Eoin 2, nó Séamas 2. 1–17.
t. Sm. 33: Hós. 14, nó Ióel 2. 12–27; Eoin 6. 22–40, nó Gal. 1.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, féaċ go trócaireaċ ar laige ár mbrí, agus cibé gá nó géiḃeann a ṫiocfaiḋ orainn sín amaċ do láṁ ḋeas dár gcuṁdaċ agus dár gcosaint; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Róṁ. 12. 16.

Ná bíġí glic in ḃur súile féin. Ná tugaiġí d'aon duine an t-olc in aġaiḋ an oilc. Déanaiġí fiúntas os coṁair an tsaoil. Más féidir liḃ é, an ṁéid atá ionaiḃ, bíġí síoċánta le cáċ. A ḋaoine mo ġrá, ná bainiġí amaċ díoltas daoiḃ féin, aċ ligiġí leis an ḃfearg é:



óir tá sé scríofa, Is liomsa an díoltas; is mé a ċúiteos, adeir an Tiarna. Dá ḃrí sin, má ḃíonn ocras ar do naṁaid, taḃair bia ḋó; má ḃíonn tart air, taḃair rud ḋó le n-ól: óir má ḋéanann tú aṁlaiḋ beiḋ tú ag carnaḋ gríosaiġ i mullaċ a ċinn. Ná ligiġí an bua leis an olc, aċ beir bua ar an olc leis an maiṫ.

### An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 8. 1.

Nuair a ṫáinig sé anuas den sliaḃ, lean sluaite móra é. Agus féaċ, ṫáinig loḃar ċuige agus ṡléaċt sé, á rá, A Ṫiarna, más áil leat é, is féidir leat mise a ġlanaḋ. Agus ṡín Íosa amaċ a láṁ, agus ċuir sé air í, á rá, Is áil liom é; glantar ṫú. Agus ar an láṫair glanaḋ é ón loḃra. Agus dúirt Íosa leis, Taḃair aire gan a insint d'aon neaċ; aċ imiġ, taispeáin ṫú féin don sagart, agus déan an íobairt a d'ordaiġ Maois, mar fianaise dóiḃ. Agus tar éis d'Íosa dul isteaċ i gCafarnaum, ṫáinig ceantúir ċuige, ag cur aċainí air, á rá, A Ṫiarna, tá mo ṡeirḃíseaċ ina luí sa teaċ agus an galar creaṫaċ air, agus é faoi ṗianṗáis ṁór. Agus dúirt Íosa leis, Tiocfaiḋ mé agus leiġeasfaiḋ mé é. Agus d'ḟreagair an ceantúir agus adúirt, A Ṫiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo ḋíon: aċ ná habair aċ an focal agus beiḋ mo ṡeirḃíseaċ slán. Óir is fear mise atá faoi ċeannas, agus tá saiġdiúirí fúm féin: agus deirim leis an ḃfear seo, Imiġ, agus

imíonn sé; agus le fear eile, Tar, agus tagann sé, agus le mo ṡeirḃíseaċ, Déan seo, agus déanann sé é. Nuair a ċuala Íosa sin, ḃí ionaḋ air, agus dúirt sé lena raiḃ á leanúint, go fírinneaċ adeirim liḃ, a leiṫéid sin de ċreideaṁ ní ḃfuair mé in Iosrael féin. Agus deirim liḃ go dtiocfaiḋ a lán as an doṁan ṫoir agus as an doṁan ṫiar, agus go suífiḋ siad i ḃfoċair Abraċaim, agus Isáic, agus Iácóiḃ, i ríoċt neiṁe. Aċ teilgfear clann na ríoċta amaċ sa dorċadas atá amuiġ: is ann a ḃeas gol agus gíoscán fiacal. Agus dúirt Íosa leis an gceantúir, Imiġ roṁat; de réir mar a ċreid tú, go ndéantar duit. Agus leiġeasaḋ a ṡeirḃíseaċ ar an uair ċéanna sin.

## AN CEAṪRÚ DOṀNAĊ TAR ÉIS NA TAISPEÁNA.

M. Sm. 66, 67: Amos 3, nó Ióel 3. 9–17; Eoin 3. 22–deireaḋ, nó Séamas 3.
T. Sm. 34: Amos 4. 4–deireaḋ, nó 5. 1–24; Eoin 6. 41–deireaḋ, nó 1 Coir. 1. 1–25.

### AN ORṪA.

A Ḋia, ós eol duit méid agus troime na gcontúirt ḃíos inár dtimpeall, ar ṁoḋ naċ ligeann anḃainne ár nádúir dúinn fanaċt inár gceartṡeasaṁ i gcónaí; Deonaiġ dúinn cuṁaċt agus cosaint ḃeas ag neartú linn i ngaċ cruaċás, agus dár dtaḃairt slán as gaċ caṫú; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### AN EIPISTIL.

Róṁ. 13. 1.

Uṁlaíoḋ gaċ anam beo do luċt céime agus cuṁaċta: óir ní ḃíonn cuṁaċt ann naċ ḃfuil ó Ḋia; is é Dia a d'ordaiġ na cuṁaċta atá ann. An té a ċuireas in aġaiḋ na cuṁaċta, is in aġaiḋ Dé a ċuireas sé: agus an dream a ċuireas ina aġaiḋ ġeoḃaiḋ siad an ḃreiṫiúnas atá ag teaċt ċuca. Óir ní do ḋea-ġníoṁarṫa aċ do ḋroċġníoṁarṫa a ḃíos an luċt ceannais ina n-ábar eagla. An mian leat mar sin ḃeiṫ go neaṁeaglaċ roiṁ an údarás? Déan an ṁaiṫ, agus ġeoḃaiḋ tú molaḋ uaiḋ: óir is ministir Dé duit é ċun do leasa. Aċ má ḃíonn an t-olc á ḋéanaṁ agat, bíoḋ eagla ort; óir ní in aisce iomparas sé an claíoṁ: óir is é ministir Dé é, díoġaltóir ċuireas fearg Dé i ngníoṁ ar an té ḃíos ag déanaṁ an oilc. Dá ḃrí sin is éigean daoiḃ ḃeiṫ uṁal dó, ní aṁáin ar eagla a ḟeirge, aċ mar ṁaiṫe le do ċoinsias. Is ar an ábar sin fós a ḋíolann siḃ ard-ċíos; óir is iad ministrí Dé iad, a mbíonn an cúram sin orṫu. Tugaigí mar sin a gceart do ċáċ: cíos don té dar ċeart cíos; cáin don té a ċruinníos cáin; eagla don té a ṫuilleas eagla; onóir don té a ḃíos ina ḋíol onóra.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Mata 8. 23.

Agus nuair a ċuaiġ sé isteaċ i long, lean a ḋeisceabail é. Agus féaċ, d'éiriġ stoirm ṁór ar an ḃfarraige, i dtreo go raiḃ

an long á múċaḋ faoi na tonnta: aċ ḃí seisean ina ċodlaḋ. Agus ṫáinig a ḋeisceabail ċuige, agus ḋúisíodar é, á rá, A Ṫiarna, fóir orainn, táimid i gcontúirt ḃáis. Agus dúirt seisean leo, Cad ċuige a ḃfuil eagla oraiḃ, a luċt an ċreidiṁ ḃig? D'éiriġ sé ansin, agus ḃagair sé ar na gaoṫa agus ar an ḃfarraige; agus ḃí ciúnas mór ann. Aċ ḃí eagla an-ṁór ar na daoine, agus dúradar, Cén cineál duine é seo a n-uṁlaíonn na gaoṫa agus an ḟarraige féin dó? Agus nuair a ṫáinig sé don taoḃ eile, isteaċ i dtír na nGeirgisíneaċ, casaḋ air beirt ina raiḃ deaṁain, agus iad ag teaċt amaċ as na tuamaí, agus iad an-ḟíoċṁar, i dtreo nárḃ féidir le duine ar biṫ gaḃáil an tslí sin. Agus féaċ, ġlaodar go hard agus dúradar, Cad ċuige a ḃfuil tú dúinn, a Íosa, a Ṁic Dé? An dár gciapaḋ roiṁ an aimsir a ṫáinig tú anseo? Is aṁlaiḋ ḃí tréad mór muc ag fosaíoċt i ḃfad uaṫu. Agus d'iarr na deaṁain d'aċainí air, á rá, Má ċaiteann tú amaċ sinn, lig dúinn dul isteaċ i dtréad na muc. Agus dúirt seisean leo, Imígí. Agus ṫáinig siad amaċ, agus ċuaiġ siad isteaċ i dtréad na muc: agus féaċ, riṫ an tréad uile le fána síos isteaċ sa ḃfarraige, agus báḋ san uisce iad. Agus teiṫ na tréadaiṫe, agus ċuadar isteaċ sa ċaṫair, agus d'insíodar gaċ aon rud, agus i dtaoḃ ar éiriġ do na fir ina raiḃ na deaṁain. Agus féaċ, ṫáinig muintir na caṫraċ go léir amaċ faoi ċoinne Íosa: agus nuair a ċonaiceadar é, d'iarradar d'aċainí air imeaċt as a ndúiċe.



# An Cúigiú Doṁnaċ tar éis na Taispeána.

M. Sm. 99, 111, 112: Amos 7, nó Dan. 9. 1–19; Eoin 4. 43–deireaḋ; nó Séamas 4.

T. Sm. 18: Amos 8. 1–12, nó 9; Eoin 7. 14–36, nó 1 Coir. 1. 26–2 deireaḋ.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, aċainímid ort d'Eaglais, an teaġlaċ is agat féin, a ḃuanú id ḟíorċreideaṁ; ionas go raiḃ do ṁórċuṁaċt ina ḋíon cosanta go deo ag an dream naċ ḃfuil de ṫaca acu aċ a ndóċas as do ġrásta neaṁaí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Col. 3. 12.

Cuirigí oraiḃ mar sin, mar is dual do luċt tofa Dé, atá naofa agus gráite, croí trócaireaċ, cineáltas, uṁlaíoċt intinne, cneastaċt, agus foiġne fada; ag gaḃáil leiṫscéal a ċéile agus ag maiṫeaṁ dá ċéile, má tá áḃar casaoide ag duine ar ḋuine eile; mar ṫug Críost maiṫiúnas daoiḃ, tugaigí uaiḃ mar an gcéanna é. Agus mar ḃarr air seo uile cuirigí an ċarṫanaċt oraiḃ, ós í a ċoṁsnaḋmas gaċ ní dá feaḃas. Agus bíoḋ síoċáin Dé ag rialú ḃur gcroí, ós ċuici a ġairtear siḃ in aonċorp; agus bígí buíoċ. Cónaíoḋ briaṫar Ċríost ionaiḃ go saiḃir agus an uile eagna; ag taḃairt teagaisc agus raḃaiḋ dá ċéile i sailm agus in iomainn agus i ndánta spioradálta, á ngaḃáil ó ċroí le grásta don Tiarna. Agus cibé ní a ḋéanas siḃ, i mbriaṫar nó i ngníoṁ,

déanaiġí ar faḋ é in Ainm an Tiarna Íosa, ag taḃairt buíoċais le Dia agus leis an Aṫair tríḋ.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 13. 24.

Is cosúil ríoċt na ḃflaiṫeas le duine a ċuir síol maiṫ ina ġort: aċ nuair a ḃí na daoine ina gcodlaḋ, ṫáinig a naṁaid agus ċroiṫ sé cogal i measc na cruiṫneaċta, agus d'imiġ sé roiṁe. Aċ nuair a d'fás an geaṁar aníos, agus ṫug sé toraḋ, ansin ċonactas an cogal fós. Ṫáinig na searḃóntaí mar sin ċun fir an tí, agus dúradar leis, A duine uasail, naċ síol maiṫ a ċuir tú i do ġort? Cad as a dtáinig an cogal ann mar sin? Dúirt seisean leo, Naṁaid a rinne é sin. Dúirt na searḃóntaí leis, An áil leat go dtéimid agus go gcnuasaimid é? Aċ dúirt seisean, Ní áil liom; ar eagla, ag cnuasaċ an ċogail daoiḃ, go stróca siḃ an ċruiṫneaċt fós as a fréaṁaċa. Ligigí dóiḃ araon fás go dtí an fóṁar: agus in aimsir an ḟóṁair déarfaiḋ mé leis na buanaiṫe, Bailigí ar dtús an cogal, agus ceanglaígí é ina ṗunanna go ndóitear é: aċ bailigí an ċruiṫneaċt isteaċ i mo scioból.

## An Séú Doṁnaċ Tar Éis na Taispeána.

M. Sm. 80, 82: Mic. 2, nó Isái. 13. 1–13; Eoin 6. 1–21, nó Séamas 5.
T. Sm. 72: Mic. 3, nó 5. 2–deireaḋ; Eoin 7. 37–8.11, nó 1 Coir. 3.



## An Orṫa.

A Dia, ar noċtaḋ do Ṁac beannaiṫe ionas go scriosfaḋ sé oibreaċa an diaḃail, agus go ndéanfaḋ sé clann ṁac Dé agus oiḋrí na beaṫa síoraí dínn; Aċainímid ort, os é sin ár ndóċas, a ḋeonú dúinn beiṫ dár nglanaḋ féin ó smál, mar naċ ḃfuil glaine ann go dtí é; ar nós an uair a noċtfaiḋ sé arís go cuṁaċtaċ, mórġlórṁar, go ndéantar sinn féin cosúil leis i ríoċt na glóire síoraí; mar a maireann sé ina rí maraon leat, a Aṫair, agus leatsa, a Spioraid Naoiṁ, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## An Eipistil.

1 Nṁ. Eoin 3. 1.

Féaċaigí gné an ġrá a ṫug an tAṫair dúinn, agus a rá go ngairfí clann ṁac Dé dínn: is é an t-áḃar naċ mbíonn aiṫne ag an saol orainn, de ḃrí nár aiṫniġ sé eisean. A ḋaoine mo ġrá, is sinne clann Dé anois, agus go fóill níor noċtaḋ conas a ḃeimid: aċ is feasaċ dúinn go mbeimid cosúil leis in am a noċta; óir feicfimid é mar tá sé ann féin. Agus níl duine a mbíonn an dóċas sin aige naċ mbíonn á ġlanaḋ féin, de réir a ġlainesean. An té a ḋéanas peaca sáraíonn sé leis sin an dlí: óir sárú an dlí is é is peaca ann. Agus is feasaċ daoiḃ gur le haġaiḋ ár bpeacaí a ṫógáil dínn a noċtaḋ é; agus níl aon ṗeaca ann féin. An té a ċónaíos ann ní ḃíonn sé ag déanaṁ peaca: an té a

ḃíos ag déanaṁ peaca ní ḟaca sé riaṁ é, ná níor ċuir sé aiṫne air. A leanaí beaga, ná meallaḋ aon neaċ siḃ: an té a ḋéanas an ḟíréantaċt is fíréanta é, go díreaċ mar is fíréanta eisean: an té a ċleaċtaíos peaca is den diaḃal é; óir bíonn an diaḃal ag cleaċtaḋ peaca ó ṫús. Is ar a ṡon seo a noċtaḋ Mac Dé, ionas go scriosfaḋ sé oibreaċa an diaḃail.

## An Soiscéal.

Mṫ. Maṫa 24. 23.

Má deir aon neaċ liḃ ansin, féaċaigí, seo Críost, nó siúd é, ná creidigí é; Óir éireoiḋ Críostanna bréige, agus fáiṫe bréige, agus taispeánfaiḋ siad mórċoṁarṫaí agus iontais; ar nós (dá ḃféadfaí) go meallfaḋ siad na fíréin ṫofa féin leo. Féaċaigí, tá sé inste agam daoiḃ roiṁ ré. Dá ḃrí sin, má deirtear liḃ, Féaċaigí, tá sé san ḟásaċ; ná téigí amaċ: féaċaigí, tá sé istiġ sna seomraí cúil; ná creidigí é. Óir ar nós na tintrí a ṫagann ón doṁan ṫoir, agus a lonraíos ċoṁ fada leis an doṁan ṫiar, mar sin ḃeas teaċt Ṁic an duine. Óir cibé áit ina mbíonn an conablaċ, is ansin a ċruinneos na hiolair le ċéile. Go díreaċ i ndiaiḋ anró na laeṫanta úd dorċóiḋ an ġrian, agus ní ṫaḃarfaiḋ an ġealaċ a solas, agus titfiḋ na réaltanna den spéir, agus suaiṫfear cuṁaċta neiṁe: agus is ansin a ḟeicfear coṁarṫa Ṁic an duine sa spéir: agus is ansin a ċaoinfeas ciníoċa uile an doṁain, agus feicfiḋ siad Mac an



duine ag teaċt i néalta neiṁe, le cuṁaċt agus le mórġlóir. Agus cuirfiḋ sé uaiḋ a aingil le mórġlór stoic, agus cruinneoiḋ siad a ḟíréin ṫofa ó na ceiṫre gaoṫa, ó imeall go himeall neiṁe.

## An Doṁnaċ darb ainm Septuagesima,

nó an treas Doṁnaċ roiṁ Ċarġas.

M. Sm. 104: Gen. 1. 1–2. 3; Eoin 1. 1–18, nó Taisp. 21. 1–14.
T. Sm. 147, 148: Gen. 2. 4–deireaḋ, nó Iób 38; Gníoṁ. 17. 16–31, nó Taisp. 21. 15–22. 5.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, iarraimid ort éisteaċt a ṫaḃairt do ġuí do poḃail; dream a adṁaíos gur ceart mar a ḃítear ag aifirt ár bpeacaí orainn; ionas go dtuga do ṁaiṫeas go trócaireaċ as géiḃeann sinn, rud a ṫuillfeaḋ glóir dod ainm; trí Íosa Críost ár Slánaiṫeoir, a ṁairfeas ina rí leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## An Eipistil.

1 Coir. 9. 24.

Naċ eol daoiḃ go mbíonn an dream a ṫéas i gcoiṁlint reaṫa go léir ag riṫ, aċ naċ mbeireann aċ duine aṁáin an ċraoḃ? Riṫigí ar ṁoḋ go mbeire siḃ. Agus níl duine dá dtéann i gcoiṁlint naċ gcleaċtaíonn an ṁeasarṫaċt san uile ní. Anois bíonn siadsan á ḋéanaṁ ionas go ḃfaiġe siad coróin ṡoṫruaillite; agus sinne le haġaiḋ corónaċ doṫruaillite. Mar sin de ní ḃímse ag riṫ fé

mar nár léir dom mo ḃealaċ; ní ḃím ag dornáil, mar ḋuine a ḃuailfeaḋ an t-aer: aċ is aṁlaiḋ a ḃím ag ísliú mo ċolainne, agus á cur faoi smaċt: ar eagla, i ndiaiḋ ḃeiṫ ag seanmóireaċt do ḋaoine eile, go ndiúltófaí ar aon ċaoi dom féin.

## AN SOISCÉAL.

Nm. Mata 20. 1.

IS COSÚIL ríoċt na ḃflaiṫeas le fear tí, a ċuaiġ amaċ ar moċ maidine d'ḟostú oibriṫe le haġaiḋ a ḟíonġoirt. Agus nuair a ṡocraiġ sé leis na hoibriṫe ar ṗingin sa lá, ċuir sé isteaċ ina ḟíonġort iad. Agus ċuaiġ sé amaċ timpeall an treas uair, agus ċonaic sé dream eile ina seasaṁ in áit an ṁargaiḋ agus iad díoṁaoin, agus dúirt sé leosan, Téiġise fós isteaċ san ḟíonġort, agus is é ḃur gceart a ṫaḃarfas mé daoiḃ. Agus ċuadarsan ann. Ċuaiġ sé amaċ arís timpeall an séú agus an naoú huair, agus rinne sé an rud céanna. Agus timpeall an aonú huair déag ċuaiġ sé amaċ, agus fuair sé tuilleaḋ ina seasaṁ díoṁaoin, agus dúirt sé leo, Cad é a ṫug oraiḃ seasaṁ díoṁaoin anseo ar feaḋ an lae? Deir siadsan leis, De ḃrí nár ḟostaiġ duine ar biṫ sinn. Deir seisean leo, Téiġise fós isteaċ san ḟíonġort, agus is é ḃur gceart a ġeoḃas siḃ. Nuair a ṫáinig an tráṫnóna, dúirt Tiarna an ḟíonġoirt lena ṁaor, Glaoiġ ar na hoibriṫe, agus taḃair a dtuarastal dóiḃ, ag tosú leis an ḃfear deireanaċ agus as sin go dtí an ċéad fear. Agus nuair a ṫáinig



na fir a fostaíoḋ timpeall an aonú huair déag, fuair siad pingin gaċ duine acu. Aċ nuair a ṫáinig an ċéad dream, ṁeasadar go ḃfaiġdís a ṫuilleaḋ; agus fuaireadar mar an gcéanna pingin gaċ duine acu. Agus nuair a fuaireadar é, ḃíodar ag clamsán ar ḟear an tí, agus á rá, Níor oibriġ an dream deireanaċ seo aċ aon uair aṁáin, agus ċuir tú iad ar ċoṁċéim linne, a d'ḟulaing masla agus mórṫeas an lae. Aċ d'ḟreagair sé duine acu, agus dúirt sé, A ċara, nílim ag déanaṁ éagóra ort: an é nár ṡocraiġ tú liom ar ṗingin? Tóg a ḃfuil ag teaċt ċugat, agus imiġ roṁat; is mian liom oireaḋ a ṫaḃairt don ḟear deireanaċ seo agus ṫug mé duitse. Naċ dleaṫaċ dom mo roga rud a ḋéanaṁ le mo ċuid airgid féin? Nó an ḃfuil droċ-aṁarc agatsa de ḃrí go ḃfuilimse fial? Mar sin beiḋ an dream deireanaċ ar tús agus an ċéad dream ar deireaḋ: óir is iomaí duine a ġlaotar aċ is beag duine a ṫoġtar.

## AN DOṀNAĊ DARB AINM SEXAGESIMA,

nó an Dara Doṁnaċ roiṁ Ċarġas.

M. Sm. 139, 1–18: Gen. 3; Marc. 9.33–deireaḋ, nó 1 Coir. 6.
T. Sm. 25, 26: Gen. 6. 5–deireaḋ, nó 8. 6–deireaḋ, nó 9. 1–17; Lúcás 17. 20–deireaḋ, nó 1 Coir. 10. 1–24.

## AN ORṪA.

A ṪIARNA DIA, a ḟeiceann naċ iontaofa linn aon ní dá ndéanaimid; Deonaiġ go trócaireaċ go raiḃ do ċuṁaċt dár gcosaint ar gaċ tubaiste; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

2 Coir. 11. 19.

Is aoiḃinn a ligeann siḃ leis na hamadáin, de ḃrí siḃ féin a ḃeiṫ in ḃur gciall. Óir ligeann siḃ leis é má ḃíonn duine do ḃur gcur faoi ḋaoirse, má ḃíonn duine do ḃur slogaḋ ina ċraos, má ḃíonn duine ag déanaṁ ḃur gcreiċe, má ḃíonn duine ag éirí in airde, má ḃíonn duine do ḃur mbualaḋ san aġaiḋ. Deirim seo agus loċt á ḟáil agam, ionann is dá mbeimis lag. Aċ dá ainneoin sin, ag caint ar ċúrsaí calmaċta (laḃraím mar laḃróḋ amadán), táimse ċoṁ calma le duine. An Eaḃraiġ iad? Is ea agus mise leo. An de ċlann Iosrael iad? Is ea agus mise leo. An de ṡlioċt Aḃraċaim iad? Is ea agus mise leo. An de ṁinistrí Ċríost iad? (Laḃraím mar amadán). Is mó mise ná iad; ba ṁó mo ṡaoṫar, níl áireaṁ ar ar buaileaḋ orm, is minicí a ḃí mé i bpríosún, ba ṁinic mé le béala báis. Fuair mé cúig uaire ó na Giúdaiġ naoi mbuille déag agus fiċe. Ḃuaileaḋ orm trí huaire le slata, gaḃaḋ orm de ċloċa uair aṁáin, ṫáinig mé trí huaire ó ḃriseaḋ loinge, ċaiṫ mé oíċe agus lá ar an áiḃéis ṁór; ba ṁinic dom ar aistear, i mbaol aiḃneaċa, i mbaol sladaiṫe, i mbaol ag mo ċine féin, i mbaol ag págánaiġ, i mbaol sa ċaṫair, i mbaol ar an ḃfásaċ, i mbaol ar an ḃfarraige, i mbaol i measc bráiṫre bréige; i dtuirse agus i bpian, go minic ar easpa ċodlata, in ocras agus in íota, go minic ar ṫroscaḋ, i ḃfuaċt agus i noċtaċt. Agus i mullaċ a dtagann orm



ón taoḃ amuiġ, an imní faoi na heaglaisí uile a luíos orm gaċ lá. Cé atá lag, naċ mbímse lag? Cé a ḟaiġeann scannal naċ mbímse ar lasaḋ? Más éigean dom maíoṁ, is as mo laige a ḃeiḋ mé ag maíoṁ. Is ag Dia Aṫair ár dTiarna Íosa Críost, is beannaiṫe go deo, atá a ḟios naċ ndéanaim bréag.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 8. 4.

Nuair a ḃí slua mór cruinniṫe le ċéile, agus daoine i ndiaiḋ teaċt ċuige as gaċ caṫair, laḃair sé as saṁlaoid: D'imiġ síoladóir do ċur a ṡíl: agus nuair a ḃí sé ag cur an tsíl, ṫit cuid de le hais an ḃealaiġ; agus gaḃaḋ de ċosa air, agus d'iṫ éanlaiṫ an aeir é. Agus ṫit cuid eile ar ċarraig; agus ċoṁ luaṫ agus d'ḟás sé aníos, ṡearg sé, de ḃrí naċ raiḃ úire aige. Agus ṫit cuid de i measc an drisliġ; agus d'ḟás an drisleaċ in éineaċt leis, agus ṫaċt sé é. Agus ṫit cuid eile ar ṫalaṁ maiṫ, agus d'ḟás sé aníos agus ṫug sé toraḋ faoi ċéad. Agus nuair a ḃí an méid sin ráite aige, ġlaoiġ sé amaċ, An té a ḃfuil cluasa le héisteaċt air, éisteaḋ sé. Agus d'ḟiafraiġ a ḋeisceabail de, á rá, Cad é ba ċiall don tsaṁlaoid sin? Agus dúirt sé, Tugaḋ daoiḃse rúndiaṁra ríoċta Dé a aiṫint: aċ tugtar do ḋaoine eile i saṁlaoidí iad; ionas, ag féaċaint dóiḃ naċ ḃfeicfidís, agus ag éisteaċt dóiḃ naċ dtuigfidís. Is í seo brí na saṁlaoide: Is é Ḃriaṫar Dé an síol. An ċuid le hais an ḃealaiġ is iad na daoine a

éisteas iad; tagann an diaḃal ansin, agus tógann sé an ḃriaṫar as a gcroí, ar eagla go gcreidfidís agus go saorfaí iad. An ċuid atá ar an gcarraig is iad na daoine iad a ġlacas an ḃriaṫar ċucu go háṫasaċ i ndiaiḋ éisteaċta leis; aċ níl aon ḟréaṁ acu siúd, creideann siad ar feaḋ tamaill, aċ cliseann siad in am an ċaṫuiṫe. Agus an ċuid a ṫit i measc an ḋrisliġ, sin iad na daoine a éisteas, agus nuair a imíos siad, múċtar iad le himní agus le maoin agus le sáḋaile an tsaoil, agus ní ṫugann siad toraḋ ċun apaíoċta. Aċ an ċuid atá sa talaṁ maiṫ, sin iad na daoine a éisteas leis an mbriaṫar agus a ċoinníos é, faoi ḋea-ċroí gan ċlaon agus a ṫugann toraḋ uaṫu go foiġneaċ.

## An Doṁnaċ Darb Ainm Quinquagesima,

### nó an Doṁnaċ roiṁ Ċarġas.

M. Sm. 15, 20, 23: Gen. 12. 1–8, nó 13; Maṫa 5. 1–16, nó 1 Coir. 12. 4–deireaḋ.
T. Sm. 31: Gen. 14. 8–deireaḋ, nó 15. 1–18; Lúcás 10. 25–37, nó 2 Coir. 1. 1–22.

### An Orṫa.

A Ṫiarna, a ṫug fios dúinn naċ mbíonn brí ina ndéanaimid gan ċarṫanaċt; Cuir uait do Spiorad Naoṁ, agus doirt ardtíolacaḋ úd na carṫanaċta isteaċ inár gcroí, ós í snaiḋm na síoċána agus na suáilcí uile í, agus ó measfar marḃ os do ċoinne an té ḃíos beo gan í: Deonaiġ sin as uċt d'Aon-Ṁic Íosa Críost. Áiméan.



### An Eipistil.

1 Coir. 13. 1.

Dá laḃróinn i dteangaċa na ndaoine agus na n-aingeal, agus naċ mbeaḋ an ċarṫanaċt agam, ní ḃeinn aċ mar ṗráis ardġlóraċ nó mar ċiombal ag clagarnaċ. Agus cé go mbeaḋ tíolacaḋ na tairngreaċta agam, agus tuiscint agam ar gaċ rúndiaṁair agus ar gaċ eolas; agus cé go mbeaḋ mo ċreideaṁ iomlán gan easpa, ionas go ḃféadfainn na sléiḃte a ġluaiseaċt, agus naċ mbíonn an ċarṫanaċt agam, níl ionam aċ neaṁní. Agus cé go dtugaim a ḃfuil agam leis na boċta a ḃeaṫú, agus cé go dtoirḃrím mo ċolainn ċun a loscta, agus naċ mbíonn an ċarṫanaċt agam, ní tairḃe ar biṫ dom é. Is fad-ḟulangaċ, cineálta í an ċarṫanaċt; ní ḃíonn an ċarṫanaċt éadṁar; ní ḃíonn an ċarṫanaċt ag maíoṁ aisti féin, ní ḃíonn éirí in airde uirṫi, ní ḃíonn sí díomúinte, ní ḃíonn sí ar ṁaiṫe léi féin, ní ḃíonn droċ-ċorraí ná droċ-aṁras uirṫi; ní aoiḃinn léi an éagóir, aċ is í an ḟírinne a ċuireas aoiḃneas uirṫi; níl ní naċ maiṫeann sí, ná ní naċ gcreideann sí, ná ní naċ mbíonn dóċas aici as, ná ní naċ ḃfulaingíonn sí. Ní ċliseann an ċarṫanaċt in am ar biṫ: aċ cibé tairngreaċta atá ann, clisfiḋ siad; cibé teangaċa atá ann, tiocfaiḋ siad ċun críċe; cibé eolas atá ann, raċaiḋ sé as. Óir ní eol dúinn aċ roinnt, agus ní ḋéanaimid tairngreaċt aċ ar roinnt. Aċ nuair a ṫagann an iomláine i gcríċ, cuirfear deireaḋ le gaċ roinnt. Nuair a ḃí mé i mo

leanḃ, laḃair mé mar leanḃ, ṫuig mé mar leanḃ, smaoiniġ mé mar leanḃ: aċ nuair a ṡroiċ mé aois fir, ċaiṫ mé nósa an linḃ uaim. Óir ní ḟeicimid anois aċ i scáṫán, go doiléir; aċ aṁarcfaimid an uair úd ar aġaiḋ a ċéile: ní eol dom anois aċ roinnt; aċ an uair úd aiṫneoiḋ mé mar is aiṫnid mé. Agus anois is buan iad na trí niṫe seo, an creideaṁ, an dóċas, an ċarṫanaċt; aċ is í an ċarṫanaċt is mó orṫu.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 18. 31.

Ṫug Íosa an dáréag leis ansin, agus dúirt sé leo, Féaċaigí, táimid ag dul suas go hIarúsalem, agus comlíonfar gaċ uile ní dá ḃfuil scríofa ag na fáiṫe i dtaoḃ Ṁic an duine. Óir taḃarfar do na Gintliṫe é, agus déanfar fonóid faoi, agus taḃarfar droċíde air, agus caiṫfear seile air: agus sciúrsálfaiḋ siad é, agus cuirfiḋ siad ċun báis é: agus an treas lá éireoiḋ sé arís. Agus níor ṫuigeadar rud ar biṫ den ṁéid sin: agus ceileaḋ brí na cainte sin orṫu, agus níor léir dóiḃ an ṁéid a dúraḋ. Agus ṫarla, ag druidim le Ierico dó, go raiḃ an dall ina ṡuí ar leataoḃ an ḃealaiġ ag iarraiḋ déirce; agus nuair a ċuala sé an slua ag gaḃáil ṫairis, d'ḟiafraiġ sé cad é ba ḃun leis. Agus d'insíodar dó, gurḃ é Íosa Nasarḋa a ḃí ag gaḃáil ṫairis. Agus liúiġ sé, á rá, A Íosa, a Ṁic Ḋáiḃí, déan trócaire



orm. Agus ḃagair a raiḃ ar tosaċ air ḃeiṫ ina ṫost: aċ ba ṁóide a ġlaoiġ sé, A Ṁic Ḋáiḃí, déan trócaire orm. Agus stad Íosa, agus d'ordaiġ sé a ṫaḃairt ċuige: agus nuair a ṫáiniġ sé i ngar dó, d'ḟiafraiġ sé de, á rá, Cad é ba ṁian leat mise a ḋéanaṁ duit? Agus dúirt seisean, A Ṫiarna, mo raḋarc a ṫaḃairt dom. Agus dúirt Íosa leis, Bíoḋ do raḋarc agat: ṡlánaiġ do ċreideaṁ ṫú. Agus ar an láṫair fuair sé a raḋarc, agus lean sé é, agus é ag taḃairt glóire do Ḋia: agus nuair a ċonaic na daoine é, ṫugadar go léir molaḋ do Ḋia.

## AN ĊÉAD LÁ DEN ĊARĠAS
### DARB AINM DE ĠNÁṪ
## CÉADAOIN NA LUAIṪE.

M. Sm. 6, 32, 38: Ísái. 58; Marc. 2. 13–22.
T. Sm. 102, 130, 143. 1–11: Ióna 3; Eaḃ. 3. 12–4. 13.

## AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua comḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Léifear an Orṫa seo gaċ lá ar feaḋ an Ċarġais tar éis na hOrṫa a ceapaḋ le haġaiḋ an lae.

## AN EIPISTIL.

Ióel 2. 12.

Iontaiġ ċugamsa, adeir an Tiarna, ó iomlán ḃur gcroí, agus le troscaḋ, agus le sileaḋ deor, agus le mairgneaḋ: agus nárb iad ḃur mbaill éadaiġ, aċ ḃur gcroí a réabfaiḋ siḃ, agus filligí ar an Tiarna ḃur nDia: óir is é atá ceansa, trócaireaċ, riġin ċun feirge, agus fíorċineálta, agus bíonn an t-olc ina aiṫreaċas air. Cé aige a ḃfuil a fios naċ ḃfillfiḋ sé agus naċ mbeiḋ aiṫreaċas air, agus naċ ḃfágfaiḋ sé beannaċt ina ḋiaiḋ, mar tá íobairt bia agus íobairt ḋí do ḃur dTiarna Dia? Séidigí an stoc i Sión, naoṁaigí troscaḋ, fógraigí an cruinniú sollúnta: cruinnígí na daoine, naoṁaígí an comṫionól, bailígí na seanóirí, cruinnígí na leanaí agus an méid a ḋiúlas na cíoċa: fágaḋ an fear nuapósta a ṡeomra, agus fágaḋ an ḃríḋeog a grianán. Bíoḋ na sagairt, ministrí an Tiarna, ag caoineaḋ idir an póirse agus an altóir, agus abraidís, Ná haifir ar do ṗobal, a Ṫiarna, agus ná lig masla ar d'oiḋreaċt, go rialóḋ na págánaiġ os a gcionn: cad ċuige a ndéarfaí i measc na ndaoine, Cá ḃfuil a nDia súd?

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Mata 6. 16.

Nuair a ḃíos siḃ in ḃur dtroscaḋ, ná ḃígí gruama ar nós luċt an ḟuarċráḃaiḋ: óir cuireann siad anċuma ar a n-aiġṫe féin,



ionas go ḃfeice na daoine go ḃfuil siad ina dtroscaḋ. Deirim liḃ go fírinneaċ, Tá a luaċ saoṫair acu ċeana. Aċ nuair a ḃíos tusa ag déanaṁ troscaiḋ, cuir ola ar do ċeann, agus niġ d'aġaiḋ; ionas naċ ḃfeice na daoine go ḃfuil tú i do ṫroscaḋ, aċ go ḃfeice d'Aṫair a ḃíos ann faoi ċeilt tú: agus ḃeiḋ d'Aṫair, a ḟeiceann faoi ċeilt, á ċúiteaṁ leat go follas. Ná soláṫraígí stór daoiḃ féin ar an talaṁ seo, mar a ndéanann an leaṁan agus an ṁeirg truailliú, agus mar a mbíonn biṫiúnaiġ ag briseaḋ isteaċ agus ag goid: aċ soláṫraígí stór daoiḃ féin ar neaṁ, an áit naċ ndéanann an leaṁan ná an ṁeirg truailliú, agus naċ mbíonn biṫiúnaiġ ag briseaḋ isteaċ ná ag goid: óir cibé áit a mbíonn ḃur stór, is ann a ḃeas ḃur gcroí mar an gcéanna.

# AN ĊÉAD DOṀNAĊ DEN ĊARGAS.

**M. Sm. 61, 62: Gen. 18, nó 19. 12–29; Mata 3, nó Eaḃ. 2. 1–3. 6.**
**T. Sm. 51, 91: Gen. 21, 1–21, nó 22, 1–19; Marc. 14. 1–26, nó 2 Coir. 4.**

## AN ORTA.

A Ṫiarna, a rinne troscaḋ ar ár son ar feaḋ daiċead lá agus daiċead oíċe; Taḃair dúinn grásta ċun tréanas a ċleaċtaḋ, ar ṁoḋ go mbí ár gcolainn faoi smaċt an Spioraid, agus sinne ag umlú go fíréanta, fíornaofa do do ċorraiṫe diaga, mar ba ṁó a ċuirfeaḋ leo onóir agus le do ġlóir, a ṁaireas i ríoċt maraon leis an Aṫair agus leis an Naoṁ-Spiorad, Aon-Dia, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, síorṁartanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua combrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

2 Coir. 6. 1.

Táimidne, atá inár luċt ċoṁoibre leis, ag iarraiḋ oraibse fós, gan grásta Dé a ġlacaḋ ċugaiḃ in aisce (óir deir sé, D'éist mé leat in am fóirstineaċ, agus i lá an tslánaiṫe d'ḟóir mé ort: Ḟéaċ, anois an t-am fóirstineaċ, féaċ, anois lá an tslánaiṫe): gan scannal a ṫabairt in aon ní, ionas naċ gcuirtear an milleán ar an mineastrálaċt; aċ ag cruṫú i ngaċ cúis gur ministrí Dé sinn, le mórḟoiġne, le hangar, i riaċtanais, i mbuaireaṁ, i mbuillí, i bpríosúnaċt, i ngleo, i dtromṡaoṫair, i ḃfairí, i dtroscaiḋ; le geanmnaíoċt, le heolas, le fadḟulaingt, le cineáltas, leis an Spiorad Naoṁ, le grá gan ċealg, le briaṫar na fírinne, le cumaċt Dé, le hairm fíréantaċta na láiṁe deise agus na láiṁe clé, le honóir agus le heasonóir, le droċ-ċlú agus le dea-ċlú; mar ṁeallṫóirí, a ḃíos ag déanaṁ na fírinne; mar luċt anaiṫnid



a ḃfuil dea-aiṫne orainn mar a ḃeimis ag fáil ḃáis, agus siúd sinne inár mbeaṫa; mar ḋream a smaċtaítear, agus naċ maraítear; mar luċt bróin a ḃíos i gcónaí faoi ṡólás; mar ḃoċta, a ḋéanas mórán daoine saiḃir; mar ḋaoine naċ ḃfuil aon ní acu agus ar linn an t-iomlán.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 4. 1.

Ansin treoraiġ an Spiorad Íosa isteaċ san fásaċ ionas go gcuirfeaḋ an diaḃal caṫú air. Agus nuair a ḃí troscaḋ daiċead lá agus daiċead oíċe déanta aige, ṫáinig ocras air ina ḋiaiḋ sin, Agus nuair a ṫáinig an caṫaiṫeoir ċuige, dúirt sé, Más tú Mac Dé, ordaiġ go ndéantar arán de na cloċa seo. Aċ d'ḟreagair seisean agus dúirt, Tá sé scríofa, Ní ar arán aṁáin a ṁaireas an duine, aċ ar an uile ḃriaṫar dá dtagann ó ḃéal Dé. Rug an diaḃal leis ansin é isteaċ sa ċaṫair naofa, agus ċuir sé ina ṡeasaṁ ar ḃinn an teampaill é, agus dúirt se leis, Más tú Mac Dé, teilg tú féin le fána síos: óir tá sé scríofa, Taḃarfaiḋ sé ordú dá aingil i do ṫaoḃ; agus tógfaiḋ siad ina láṁa tú, ar eagla go mbuailfeá do ċos in éadan cloiċe in am ar biṫ. Dúirt Íosa leis, Tá sé scríofa fós, Ní ċuirfiḋ tú caṫú ar do Ṫiarna Dia. Rug an diaḃal leis ansin arís é go mullaċ mórṡléiḃe aird, gur ṫaispeáin ríoċtaí uile an domain agus a nglóir dó; agus dúirt sé leis, Taḃarfaiḋ mé iad seo uile duit, má ṫoilíonn tú

sléaċtaḋ dom agus mé a aḋraḋ. Ansin dúirt Íosa leis, Imiġ as seo, a Ṡátain: óir tá sé scríofa, Aḋarfaiḋ tú do Ṫiarna Dia, agus is dósan amáin a ḋéanfaiḋ tú seirḃís. Fágann an diaḃal ansin é; agus féaċ, ṫáiniġ aingil ċuige agus rinneadar frioṫáil air.

## AN DARA DOṀNAĊ DEN ĊARĠAS.

M. Sm. 102: Gen. 27. 1–40, nó 27. 41–28. 5; Maṫa 9. 1–17, nó Eaḃ. 9. 11–deireaḋ.
T. Sm. 38, 39: Gen. 28. 10–deireaḋ, nó 32. 3–deireaḋ; Marc. 14. 27–52, nó 2 Coir. 5.

### AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ḟeiceann naċ cuiḋiú ar biṫ dúinn sinn féin; Cuṁdaiġ sinn idir an corp amuiġ agus an anam istiġ; ionas go gcosnaítear sinn in aġaiḋ gaċ taisme dá dtiocfaḋ ar an gcorp, agus in aġaiḋ gaċ droċsmaoiniṁ dá n-ionsóḋ an t-anam ċun a aiṁleasa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### AN EIPISTIL.

1 Teasal. 4. 1.

Táimid ag iarraiḋ oraiḃ, a ḃráiṫre, agus do ḃur ngríosaḋ as uċt an Tiarna Íosa, an tslí a taoḃaíomar liḃ inar ċóir daoiḃ siúl, agus taitneaṁ le Dia, go mba ṁóide a raċaḋ siḃ ċun tosaiġ ar an slí sin. Óir is feasaċ daoiḃ cad iad na haiṫeanta a ṫugamar daoiḃ tríd an Tiarna Íosa. Óir is é seo toil Dé, is é sin ḃur naoṁú, go ḃfanfaḋ siḃ amaċ ó striopaċas; go mb'eol do gaċ duine agaiḃ conas a ṡealḃóḋ sé a ṡoiṫeaċ go naofa onóraċ; ní in antoil na drúise, mar na Gintliṫe naċ eol dóiḃ Dia; ionas naċ mbí aon duine ag sárú agus ag meallaḋ a ḃráṫar sa ċúis; de ḃrí go mbíonn an Tiarna ag agairt na niṫe sin, mar a ṫugamar raḃaḋ agus fianaise daoiḃ roiṁ ré. Óir ní ċun neaṁġlaine aċ ċun naofaċta a ġlaoiġ Dia sinn. Mar sin de, an té a mbíonn droċṁeas aige, ní ar duine a ḃíonn an droċṁeas aige, aċ ar Dia, ar an té a ḃronn a Spiorad Naoṁ orainn.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 15. 21.

D'imiġ Íosa as sin, go ndeaċaiġ sé isteaċ i gcríoċa na Tiorra agus na Síodóine. Agus féaċ, ṫáiniġ bean Ċanainiteaċ amaċ as na críoċa céanna sin, agus ġlaoiġ sí air, á rá, Déan trócaire orm, a Ṫiarna, a Ṁic Ḋáiḃí; bíonn m'iníon á crá go dian ag deaṁan. Aċ níor ṫug sé focal de ḟreagra uirṫi. Agus ṫáiniġ a

ḋeisceabail agus d'iarradar air, á rá, Cuir ar siúl í; óir glaonn sí inár ndiaiḋ. Aċ d'ḟreagair sé agus dúirt, Níor cuireaḋ mise aċ amáin go dtí caoiriġ ṡeaċráin ṫeaġlaiġ Iosrael. Ṫáiniġ sise ansin agus ṡléaċt sí dó, á rá, A Ṫiarna, fóir orm. Aċ d'ḟreagair sé agus dúirt, Ní cuí breiṫ ar arán na clainne, agus a ċaiṫeaṁ ċun na madraí. Agus dúirt sise, Is fíor duit é, a Ṫiarna: aċ ina ainneoin sin iṫeann na madraí na greaṁróga a ṫiteas de ḃord a máistir. D'ḟreagair Íosa ansin agus dúirt sé léi, A ḃean, is mór do ċreideaṁ: bíoḋ agat mar is toil leat féin. Agus slánaíoḋ a hiníon ón uair ċéanna sin.

## An Treas Doṁnaċ den Ċarġas.

M. Sm. 130. 143. 1–11: Gen. 37, nó 33; Maṫa 18. 1–14, nó Eaḃ. 10. 19–deireaḋ.
T. Sm. 1, 6, 11: Gen. 39, nó 40, nó 41. 14–40; Marc. 14. 53–deireaḋ, nó 2 Coir. 5. 20–7. 1.

### An Orṫa.

Guímid tú, a Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, féaċaint ar ṁianta croí do ṡeirḃíseaċ uṁal, agus deasláṁ do Ṡoilse a ṡíneaḋ ċugainn, dár gcosaint ar ár naiṁde uile; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua comḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaimid ár suaraċas, ar ṁoḋ go bfaiġimid uait, a Ḋia uileṫróċairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil.

Eif. 5. 1.

Leanaiġí mar sin lorg Dé, mar leanaí dílse; agus siúlaiġí i ngrá, mar ṫug Críost grá dúinn, agus mar ṫug é féin ar ár son, mar ṫoirḃirt agus mar íobairt do Ḋia a ḃeaḋ ina bolaḋ ċuṁra. Aċ i dtaca le striopaċas, agus gaċ neaṁġlaine, agus saint, ná déantar oireaḋ agus a ainmniú in ḃur measc, mar is dual do naoiṁ; ná gáirsiúlaċt, ná graostaċt, ná droċ-ċaint, ós iad naċ n-oireann: aċ altú ina ionad. Óir is feasaċ daoiḃ an ṁéid seo, striopaċ, nó duine neaṁġlan, nó duine santaċ, a adras na híola, naċ mbíonn oidreaċt ar biṫ acusan i ríoċt Críost ná i ríoċt Dé. Ná meallaḋ aon duine siḃ le baoṫċaint: óir is dá ḃarr sin a ṫagann fearg Dé ar ċlann na heasuṁlaíoċta. Mar sin de ná bíġí páirteaċ leo siúd: óir ba ḋorċadas siḃ uair dá raiḃ, aċ is solas siḃ anois sa Ṫiarna: siúlaiġí mar ċlann an tsolais (óir níl rud dá ḃfuil fónta nó fíréanta nó fírinneaċ naċ de ṫoraḋ an Spioraid é); ag cur féaċála cad é is taitneaṁaċ leis an Ṫiarna. Agus ná bíoḋ cumann agaiḃ le hoibreaċa neaṁṫorṫúla an dorċadais, aċ ina ionad sin tugaiġí aċasán dóiḃ: óir is náireaċ

oireaḋ agus laḃairt ar a mbíonn á ḋéanaṁ acu faoi ċeilt. Aċ gaċ ní a dtugtar aċasán dó bíonn sé á ṫaispeáint ag an solas: óir gaċ ní dá dtaispeánann is solas é. Deir sé mar sin, Dúisiġ, tusa atá i do ċodlaḋ, agus éiriġ ó ṁairḃ, agus beiḋ Críost ag tabairt solais duit.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 11. 14.

Ḃí Íosa ag caiṫeaṁ deaṁain amaċ, agus ḃí sé balḃ. Agus ṫarla, nuair a ḃí an deaṁan imiṫe, gur laḃair an balḃán; agus ḃí iontas ar na daoine. Aċ dúirt cuid acu, Is trí Ḃéelsebub, ceannurra na ndeaṁan, a ċaiṫeas sé deaṁain amaċ. Agus ḃí dream eile ag cur féaċála air, ag iarraiḋ coṁarṫa ó neaṁ air. Aċ b'eol dó a smaointe, agus dúirt sé leo, Gaċ ríoċt dá gcuireann ina haġaiḋ féin fágtar ina fásaċ í; agus an teaċ a ċuireas in aġaiḋ tí titeann sé. Agus má ḃíonn Sátan fós ag cur ina aġaiḋ féin, conas a ṡeasfas a ríoċt? ó deir siḃ go gcaiṫimse na deaṁain amaċ trí Ḃéelsebub. Agus más trí Ḃéelsebub a ċaiṫimse na deaṁain amaċ, cé leis a gcaiṫeann ḃur gclann amaċ iad? Dá ḃrí sin is iad a ṫaḃarfaiḋ ḃreiṫ oraiḃ. Aċ más le méir Dé a ċaiṫimse na deaṁain amaċ, gan aṁras tá ríoċt Dé i ndiaiḋ teaċt oraiḃ. Nuair a ḃíos tréinfear ag cosaint a ċúirte agus é armṫa gléasta, ḃíonn a ḃfuil aige faoi ṡíoċáin: aċ nuair a tagann fear air is treise ná é, agus nuair a



ḟaiġeann sé bua air, tógann sé uaiḋ a ċuid arm agus éide ina raiḃ a ṁuinín, agus roinneann sé a ċreaċ. An té naċ mbíonn liom bíonn sé im aġaiḋ; agus an té naċ mbíonn ag cruinniú liom bíonn sé ag scaipeaḋ. Nuair a imíos an spriod neaṁġlan as duine, siúlann sí áiteanna tiorma ar lorg suaiṁnis; agus nuair naċ ḃfaiġeann sí é, deir sí, Fillfiḋ mé ar mo teaċ ar ṫáinig mé as. Agus nuair a ṫagann sí, faiġeann sí scuabṫa maisiṫe é. Imíonn sí ansin, agus tugann sí léi seaċt spriodí eile is measa ná í féin, agus tagann siad isteaċ do ċur fúṫu ansin: agus is measa críoċ an duine sin ná a ṫús. Agus ṫarla, nuair a ḃí sé ag rá na niṫe sin, gur laḃair bean dá raiḃ sa slua de ġuṫ ard, agus dúirt sí leis, Is beannaiṫe an ḃroinn a ḃí dod iompar, agus na cíoċa a mbíṫeá á ndiúl. Aċ dúirt seisean, nárḃ fearr a rá gur beannaiṫe an dream a éisteas le Ḃriaṫar Dé, agus a ċoiṁníos é.

## An Ceaṫrú Doṁnaċ den Ċargas.

M. Sm. 31: Gen. 42, nó 43; Lúcás 15, nó Eaḃ. 12.
T. Sm. 30, 32: Gen. 44. 1–45. 8, nó 45. 16–46. 7; Marc. 15. 1–21, nó 2 Coir. 9.

## An Orṫa.

Deonaiġ dúinn, guímid tú, a Ḋia Uile-ċuṁaċtaiġ, cé gur ṫuilleamar pionós de ḃarr ár ndroċġníoṁarṫa, go ḃfaiġimid faoiseaṁ trócaireaċ trí ṡólás do ġrásta; trínár dTiarna agus ár Slánaiṫeoir Íosa Críost. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaimid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Gal. 4. 21.

Insíġí dom, a ḋream lenar mian ḃeiṫ faoin dlí, naċ n-éisteann siḃ leis an dlí? Óir tá sé scríofa, go raiḃ dís ṁac ag Abraċam, mac ó ċuṁail, agus mac eile ó ḃean ṡaor. Ḃa de réir na colainne a rugaḋ mac na cuṁaile, aċ ba de réir geallṫanais a ṫáinig mac na mná saoire. Tá na niṫe céanna ina ḃfáiṫscéal: óir is iad an dá ċonraḋ an dís; agus is ó Ṡliaḃ Sínái conraḋ acu, a ṫugann clann ċun daoirse, agus is í sin Agar. Óir is ionann an Agar seo agus Sliaḃ Sínái san Aráib, agus ciallaíonn sí an Iarúsalem atá anois ann, agus atá faoi ḋaoirse í féin agus a clann. Aċ is saor í an Iarúsalem atá in airde, agus is í is máṫair dúinn uile. Óir tá sé scríofa, bíoḋ áṫas ort, a ḃean aimrid naċ ḃfuil leanḃ agat; cuir do ċroí amaċ agus scairt, a ḃean naċ mbíonn ag iompar clainne: óir is líonṁaire go mór iad clann na mná tréigṫe ná clann na mná a ḃfuil fear aici. Anois táimidne a ḃráiṫre, dálta Ísáic, inár gclann ġeallṫanais.



Aċ mar ċuir an té a rugaḋ de réir na colainne géarleanúint ar an té a rugaḋ de réir an Spioraid, is aṁlaiḋ atá an scéal anois. Aċ ina ḋiaiḋ sin, cad é adeir an Scrioptúr? Caiṫ amaċ an ċuṁal agus a mac: óir ní ḃeiḋ mac na cuṁaile ina oiḋre maraon le mac na mná saoire. Mar sin de, a ḃráiṫre, ní clann na cuṁaile sinne, aċ clann na mná saoire.

## An Soiscéal.

Mn. Eoin 6. 1.

Ċuaiġ Íosa trasna mara Ġailílé, is é sin Muir Ṫibérias. Agus lean slua mór é, mar ċonaiceadar na míorúiltí a rinne sé ar ḋaoine breoiṫe. Agus ċuaiġ Íosa suas ar ṡliaḃ, agus ṡuiġ sé ansin lena ḋeisceabail. Agus ḃí an Ċáisc, féile de ċuid na nGiúdaċ, i ḃfogas. Agus nuair a ardaiġ Íosa a ṡúile, agus ċonaic sé slua mór ag teaċt ċuige, dúirt sé le Pilib, Cá gceannóimid arán, go n-iṫe siadsean? (Is ag cur féaċála air adúirt sé sin: óir ḃí a ḟios aige féin cad é a ḋéanfaḋ sé). D'ḟreagair Pilib é, Níor leor dóiḃ luaċ dá ċéad pingin d'arán, ionas go nglacfaḋ gaċ duine acu beagán. Dúirt duine dá ḋeisceabail, Aindrias, deartáir Ṡíomóin Peadar, leis, Tá gasúr anseo, a ḃfuil cúig bairíneaċa eornan, agus dá iasc ḃeaga aige: aċ cad é is fiú an méid sin idir an oiread sin daoine? Agus dúirt Íosa, Tugaigí ar na daoine suí síos. Agus ḃí an féar flúirseaċ san áit. Ṡuiġ na daoine síos mar sin, tuairim agus cúig míle a líon. Agus ġlac Íosa na bairíneaċa; agus d'altaiġ sé iad, agus roinn ar na deisceabail

iad, agus roinn na deisceabail iad ar an dream a ḃí ina suí; agus an t-iasc mar an gcéanna, oiread agus a ṫeastaiġ uatu. Nuair a ḃí a sá acu, dúirt sé lena ḋeisceabail, Ḃailiġí an fuílleaċ atá fágṫa, ionas naċ dté aon ní amú. Ḃailíodar mar sin le ċéile é, agus líonadar ḋá ċiseán déag d'ḟuílleaċ na gcúig mbairín eornan, an fuílleaċ a ḃí fágṫa i ndiaiḋ na ndaoine a ḃí ag iṫe. Dúirt na daoine úd ansin, nuair a ċonaiceadar an ṁíorúilt a rinne Íosa, Go fírinneaċ is é seo an fáiḋ a ḃí le teaċt ar an saol.

## An Cúigiú Domhnaċ den Ċarġas.

M. Sm. 40, 43: Ecs. 1. 1–14, nó 2. 23–3 deireaḋ; Maṫa 20. 17–28, nó Eaḃ. 13. 1–21.
T. Sm. 130, 141: Ecs. 4. 1–23, nó 4. 27–6. 1; Marc. 15. 22–deireaḋ, nó 2 Coir. 11. 16–12. 10.

### An Orṫa.

Guímid tú, a Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, féaċaint go trócaireaċ ar do ṗobal; ionas go raiḃ siad á rialú agus á gcoimeád slán trí do ṁórṁaiṫeas, idir ċorp agus anam; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua comḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-admhaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil.

Eaḃ. 9. 11.

Ar teaċt do Ċríost ḃí sé ina Ardsagart le haġaiḋ soċar atá le teaċt, i dtaibearnacal is mó agus is iomláine, naċ ndearnaḋ le láṁa, is é sin le rá, naċ d'ḟoirgniṁ an tsaoil seo; agus ní le fuil gaḃar agus gaṁna, aċ is lena ċuid fola féin a ċuaiġ sé isteaċ an t-aon uair aṁáin riaṁ agus ċoíċe san ionad naofa, agus an slánú síoraí buaite aige dúinn. Óir más féidir le fuil na dtarḃ agus na ngaḃar, agus le luaiṫ na bearaí a ċraitear ar an neaṁġlan, más féidir leo siúd naoṁú ċoṁ fada agus a ṫéann glanaḋ na colainne: naċ mó go mór ná sin a ḋéanfaiḋ fuil Ċríost, a ṫoirḃir é féin do Ḋia gan aiṁiṁ tríd an Spiorad síoraí, ḃur gcoinsias á ġlanaḋ ó oibreaċa marḃa ionas go ndéana sib seirḃís don Dia beo? Agus dá ḃrí sin is é Idirġuíṫeoir an tiomna nua é, go ḃfaiġeaḋ an dream ar glaoḋ orṫu geallṫanas na hoiḋreaċta síoraí, tríd an mbás lenar fuascláioḋ iad ó na coireanna a rinneaḋ faoin gcéad tiomna.

### An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 8. 46.

Dúirt Íosa, Cé agaiḃ a ċuireas peaca i mo leiṫ? Agus má laḃraím an fírinne, cad ċuige naċ gcreideann siḃ mé? An té atá ó Ḋia éisteann sé le briaṫra Dé: Is é an

fáṫ nać n-éisteann siḃse leo, de ḃrí nać ó Ḋia siḃ. D'ḟreagair na Giúdaiġ ansin agus dúradar leis, Nać maiṫ adeirimid é gur Samáritánać tú agus go ḃfuil deaṁan ionat? D'ḟreagair Íosa, Níl deaṁan ionam; ać tugaim onóir dom Aṫair, agus tugann siḃse easonóir domsa. Agus ní iarraim m'onóir féin; tá an té ann a ḃíos ag iarraiḋ agus ag taḃairt breiṫiúnais. Go deiṁin agus go dearḟa adeirim liḃ, má ċoimníonn aon duine mo ḃriaṫar, ní feicfiḋ sé an bás go deo. Dúirt na Giúdaiġ leis ansin, Tá a ḟios againn anois go ḃfuil deaṁan ionat. Tá Abraċam marḃ, agus na fáiṫe; agus deir tusa, Má ċoimníonn aon duine mo ḃriaṫar, ní ḃlaisfiḋ sé an bás go deo. An mó tusa ná ár n-aṫair Abraċam atá marḃ? Agus tá na fáiṫe marḃ: cé a ḋéanas tusa díot féin? D'ḟreagair Íosa, Má tugaim onóir dom féin, níl im onóir ać neaṁní: is é m'Aṫair a ṫugann onóir dom; a mbíonn siḃse ag rá ina ṫaoḃ gurḃ é ḃur nDia é; ać níor ċuir siḃ aiṫne air: ać tá aiṫne agamsa air; agus dá nḋeirinn, Níl aiṫne agam air, beiḋ mé i mo ḃréagaire cosúil liḃse: ać tá aiṫne agam air, agus coinním a ḃriaṫar. Ḃa ġeal le ḃur n-aṫair Abraċam go ḃfaca sé mo lá; agus ċonaic sé é, agus ḃí áṫas air. Dúirt na Giúdaiġ leis ansin, Níl caoga ḃliain d'aois agat go fóill, agus an ḃfaca tusa Abraċam? Dúirt Íosa leo, Go deiṁin agus go dearḟa adeirim liḃ, Sula dtáinig Abraċam ar an saol, tá mise ann. Ansin ṫógadar cloċa lena gcaiteaṁ leis: ać ċuaiġ Íosa i ḃfolać, agus d'imiġ sé as an teampall.



## AN ĊÉAD DOṀNAĊ ROIṀ ĊÁISC.

M. Sm. 51: ecs. 6. 2–13, nó Ísái. 52. 13–53 deireaḋ; Maṫa 26, nó 26. 17–56.
T. Sm. 22: ecs. 10. 21–11 deireaḋ, nó Ísái. 59. 12–deireaḋ; Lúcás 19. 29–deireaḋ, nó Eoin 12. 1–19.

### AN ORTA.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, síorṁarṫanaiġ, a ċuir ċugainn, le grá agus le hansaċt don ċine daonna, do Ṁac, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go nglacfaḋ sé air féin ár gcolainn, agus go ḃfulaingeoḋ sé bás ar an gcrois, ionas go leanfaḋ an cine daonna uile eiseamláir a ṁór-uṁlaíoċta; Deonaiġ go trócaireaċ dúinn eiseamláir a ḟoiġne a leanúint agus ḃeiṫ rannṗáirteaċ ina aiséirí; tríḋsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, síorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-aḋmaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Pil. 2. 5.

Bíoḋ an intinn seo agaiḃ, a ḃí fós ag Íosa Críost: a ḃí i rioċt Dé, agus nár ṁeas gur ḋuais í ḃeiṫ ar coṁċéim le Dia, ać a

d'ḟolṁaiġ é féin, agus a ġlac rioċt seirḃísiġ air féin, agus a rinneaḋ cosúil leis na daoine; agus nuair a fuarṫas é mar ḋuine i gcló, d'ísliġ sé é féin, agus d'uṁlaiġ sé don ḃás, mar atá, do ḃás na croise. Dá ḃrí sin, d'árdaiġ Dia go mór é, agus ṫug sé Ainm dó atá os cionn gaċ ainm; ionas go sléaċtfaḋ in Ainm Íosa glúna a ḃfuil ar neaṁ, agus a ḃfuil ar talaṁ, agus a ḃfuil faoin talaṁ; agus ionas go n-adṁóḋ gaċ teanga go ḃfuil Íosa Críost ina Ṫiarna, ag méadú glóire Dé an tAṫair.

## AN SOISCÉAL.

Nm. Maṫa 27. 1.

Agus nuair a ṫáinig an ṁaidin, ċuaiġ uaċtaráin na sagart agus seanóirí uile an ṗobail i ndáil coṁairle in aġaiḋ Íosa ionas go gcuirfidís ċun báis é: agus ċeanglaíodar é, agus ṫugadar leo é, agus d'ḟágadar i láiṁ Ṗointiais Ṗioláid an rialtóir é. Ansin, arna ḟeiceáil do Iúdás, an té a ḃraiṫ é, go raiḃ sé daorṫa, ṫáinig aiṫreaċas air, agus ṫug sé na deiċ bpíosaí fiċead airgid ar ais ċun uaċtarán na sagart agus na seanóirí, á rá, Rinne mé peaca nuair a ḋíol mé an ḟuil neaṁċiontaċ. Agus dúirt siadsan, Cad é sin dúinne? Féaċ féin ċuige. Agus ċaiṫ sé síos uaiḋ sa teampall na deiċ bpíosaí fiċead airgid, agus ċuaiġ sé amaċ, agus d'imiġ sé agus ċroċ sé é féin. Agus ṫóg uaċtaráin na sagart na deiċ bpíosaí fiċead airgid, agus dúradar, Ní dleaṫaċ iad



a ċur sa ċiste, mar is airgead fola é. Agus ġlacadar coṁairle le ċéile, agus ċeannaíodar leo gort an ċriadóra le coiṁtíġ a aḋlacaḋ ann. Ar an áḃar sin glaoḋ, Gort na Fola, ar an ngort úd go dtí an lá inniu. Is ansin a coṁlíonaḋ a ndúirt Ieremias an fáiḋ, á rá, Agus ġlacadar na deiċ bpíosaí fiċead airgid, luaċ an té a ḃí faoi ṁeas, an té a ḃí faoi ṁeas ag clann Iosrael; agus ṫugadar iad ar ġort an ċriadóra, mar d'órdaiġ an Tiarna dom.

Agus ṡeas Íosa os coinne an rialtóra; agus d'ḟiafraiġ an rialtóir de, á rá, An tú Rí na nGiúdaċ? Agus dúirt Íosa leis, Is tú adeir é. Agus nuair a ċuir uaċtaráin na sagart agus na seanóirí niṫe ina leiṫ, níor ṫug sé freagra ar biṫ. Ansin dúirt Pioláid leis, naċ gcluineann tú an ṁéid fianaise atá acusan á cur i do leiṫ? Agus níor ṫug sé oiread agus focal de ḟreagra air: i dtreo go raiḃ ionaḋ mór ar an rialtóir. Anois ba ġnáċ leis an rialtóir, le linn na féile úd, príosúnaċ aṁáin a scaoileaḋ ċun an tslua, an té ba ṁian leo. Agus ḃí acu an t-am sin cime iomráiteaċ, darḃ ainm Barabbas. Agus nuair a ḃíodar cruinniṫe le ċéile, dúirt Pioláid leo, Cé acu b'áil liḃ a scaoilfinn saor ċugaiḃ? Barabbas, nó Íosa ar a dtugtar Críost? Óir ḃí a fios aige gur le formad a ṫugadar ar láiṁ é. Agus le linn dó ḃeiṫ ina ṡuí i gcaṫaoir an ḃreiṫiúnais, ċuir a ḃean teaċtaireaċt ċuige, á rá, Ná bíoḋ aon ḃaint agat leis an duine fíréanta sin: óir is mór a ḟulaing mé i mbrionglóid inniu mar ġeall

air. Aċ ṁeall uaċtaráin na sagart agus na seanóirí an slua go n-iarrfaidís Barabbas, agus go gcuirfidís crioċ le hÍosa. D'ḟreagair an rialtóir agus dúirt sé leo, Cé acu den dís is áil liḃ a scaoilfinn ċugaiḃ? Dúradar, Barabbas. Dúirt Pioláid leo, Cad é mar sin a ḋéanfas mé le hÍosa ar a dtugtar Críost? Dúradar uile go léir leis, Céastar é. Agus dúirt an rialtóir, Cad ċuige, cad é an t-olc atá déanta aige? Aċ is móide a ġlaodar, á rá, Céastar é. Agus nuair a ċonaic Pioláid naċ raiḃ maiṫ dó ann, aċ ina ionad sin go raiḃ gleo ag éirí, ġlac sé uisce ċuige, agus nig sé a láṁa i bḟianaise an tslua, á rá, Nílimse ciontaċ i bḟuil an ḟiréin seo: féaċaigí siḃse ċuige. Ansin d'ḟreagair na daoine go léir, Orainn féin agus ar ár gclann a ċuid fola. Ansin scaoil sé saor ċucu Barabbas: aċ sciúrsáil sé Íosa agus ṫug sé suas é go gcéasfaí é.

Ansin ṫug saiġdiúirí an rialtóra Íosa leo isteaċ san áras poiblí, agus ċruinníodar ċuige buíon uile na saiġdiúirí. Agus ḃaineadar a éadaí de, agus ċuireadar brat craorac air. Agus d'ḟíodar coróin spíne agus ċuireadar ar a ċeann í, agus ċuireadar giolcaċ ina láiṁ deas; agus d'ḟeacadar glún dó, agus ḃíodar ag magaḋ faoi, á rá, Go mbeannaítear duit, a Rí na nGiúdaċ! Agus ċaiṫeadar seilí air, agus ġlacadar an ġiolcaċ, agus ḃuaileadar sa ċeann léi é. Agus nuair a ḃí an magaḋ déanta acu, ḃaineadar an brat de, agus ċuireadar a ċuid éadaiġ féin air, agus ṫreoraíodar amaċ é ċun a ċéasta.



Agus ag dul amaċ dóiḃ, fuaireadar duine ó Ċuréné darḃ ainm Síomón: ċuireadar d'iallaċ air an ċroċ a iompar dó. Agus nuair a ṫángadar go háit ar a dtugtar Golgata, is é sin, áit ċloiginn, ṫugadar fíneágra dó le n-ól agus domlas measctа leis: agus nuair a ḃlais sé é ní ólfaḋ sé. Agus nuair a ċéasadar é, roinneadar a ċuid éadaiġ eatarṫu, á gcur ar ċranna: ionas go gcoṁlíonfaí a ndúirt an fáiḋ, Roinneadar m'éadaí eatarṫu, agus ċuireadar m'ḟallaing ar ċranna. Agus ṡuíodar síos ag faire air; agus ċuireadar os a ċionn teideal a ċúise i scríḃinn, IS É SEO ÍOSA RÍ NA nGIÚDAĊ. Ansin céasaḋ maraon leis beirt ḃiṫiúnaċ, duine acu ar a láiṁ deas, agus duine ar a láiṁ ċlé. Agus ḃí a ndeaċaiġ ṫart ag taḃairt masla dó, ag croiṫeaḋ a gceann, agus á rá, Tusa a leagas an teampall, agus a ṫógas é i gceann trí lá, saor ṫú féin: más Mac Dé ṫú, tar anuas den ċrois. Ar an gcuma ċéanna ḃí uaċtaráin na sagart, maraon leis na scríoḃaiṫe agus leis na seanóirí, ag magaḋ faoi, á rá, Ṡaor sé daoine eile; ní ḟéadann sé é féin a ṡaoraḋ: más é Rí Iosrael é, tagaḋ sé anuas den ċrois, agus creidfimid ann. Ċuir sé a ṁuinín i nDia; saoraḋ sé anois é, más áil leis é: óir dúirt sé, Is mé Mac Dé. Agus na biṫiúnaiġ a ḃí á gcéasaḋ maraon leis, ṫug siadsan an masla céanna dó.

Agus ón séú huair ḃí dorċadas ar fuaid na tíre go dtí an naoú huair. Agus timpeall an naoú huair ġlaoiġ Íosa de ġuṫ ard, á rá, Élí, Élí, lamá sabaċtáni? Is é sin, A Ḋia,

a Ḋia, cad ċuige ar tréig tú mé? Agus dúirt cuid dá raiḃ ina seasaṁ ansin, nuair a ċualadar sin, Tá an fear seo ag glaoċ ar Elias. Agus ar an láṫair riṫ duine acu, go ḃfuair sé sponc, agus líon sé d'ḟínéagra é, agus ċuir sé ar ḃarr giolcaí é, agus ṫug dó le n-ól é. Agus dúirt an ċuid eile, lig dó; feicimis an dtiocfaiḋ Elias á ṡaoraḋ. Ġlaoiġ Íosa arís de ġuṫ ard, agus ṫug sé a anam uaiḋ. Agus féaċ, réabaḋ brat an teampaill ina dá ċuid ó ḃarr go bun; agus ḃí criṫ talaiṁ ann; agus scoilteaḋ na carraigeaċa; agus osclaíoḋ na huaigeanna; agus d'éiriġ mórán de ċoirp na naoṁ a ḃí ina gcodlaḋ, agus ċuadar isteaċ sa ċaṫair naofa, gur taispeánadar iad féin do ṁórán. Nuair a ċonaic an ceantúir, agus a raiḃ ag faire ar Íosa mar aon leis, an criṫ talaiṁ, agus an méid a tarla, ḃí eagla orṫu, agus dúradar, Is fíor gurḃ é sin Mac Dé.

## AN LUAN ROIṀ ĊÁISC.

M. Sm. 13, 25: Mairg. 1. 1–12; Eoin 14. 1–14.
T. Sm. 26. 27: Mairg. 3. 1–21; Eoin 14. 15–deireaḋ.

### AN ORTA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ċuir ċugainn, le grá agus le hansaċt don ċine daonna, do Ṁac, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go nglacfaḋ sé air féin ár gcolainn, agus go ḃfulaingeoḋ sé bás ar an gcrois, ionas go leanfaḋ an cine daonna uile eiseamláir a ṁór-uṁlaíoċt; Deonaiġ go trócaireaċ



dúinn eiseamláir a foiġne a leanúint agus beiṫ rannṗáirteaċ ina aiséirí; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a peacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁbrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaimid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uilṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Isái. 63. 1.

CÉ siúd a ṫagann ó Édom, le héadaí daite ó Ḃosra? É siúd atá gléasta go glórṁar, ag triall ina ṁórneart féin? Is mé atá ann, a laḃraíos go fíréanta, a ṡlánaíos go cuṁaċtaċ. Cad ċuige a ḃfuil do ċóiriú dearg, agus d'éadaí mar fear satailte na daiḃċe fíona? Is im aonar a ṡatail mé an daḃaċ fíona; agus ní raiḃ aon neaċ de na daoine liom; óir beid mé á satailt im fearg, agus ag gaḃáil de ċosa orṫu im fraoċ; agus doirtfear a ḃfuil ar m'éadaí, agus daṫóiḋ mé mo ṫlaċt uile. Óir tá lá an díoltais i mo ċroí, agus ṫáiniġ bliain mo ḋreama fuascailte. Agus d'ḟéaċ mé, agus ní raiḃ fear mo ċuidiṫe ann; agus b'ionadh liom naċ raiḃ duine a

seasfaḋ liom: dá ḃrí sin ba í mo ġéag féin a ṫug an slánú ċugam; agus ba í mo ṁire ċaṫa a ṡeas dom. Agus beiḋ mé ag satailt na ndaoine im ḟearg, agus á gcur ar meisce im ḟraoċ, agus ísleoiḋ mé a neart go talaṁ. Beiḋ mé ag lua gníoṁarṫa grá an Tiarna, agus áḃar molta an Tiarna, de réir mar ḃronn an Tiarna orainn, agus de réir na mórṁaiṫeasa ar ṫeaġlaċ Iosrael, a ḃronn sé orṫu, de réir a ṫrócaire, agus de réir liaċt a ġníoṁarṫa grá. Óir dúirt sé, Go deiṁin is iad mo ṁuintir iad, an ċlann naċ ndéanfaiḋ bréag: agus dá ḃrí sin ḃí sé acu mar Ṡlánaiṫeoir. Ċuir a mbuaireaṁ uile buaireaṁ air, agus ṡlánaiġ an t-aingeal óna láṫair iad: ṫug a ġrá agus a ṫrua air a ḃfuascailt; agus ṫóg sé iad, agus d'iompair sé iad ar feaḋ na laeṫanta ḃí anallód ann. Aċ ċuadar i dtréas air, agus ċrádar a Spiorad Naoṁ; dá ḃrí sin d'aṫraiġ sé ina naṁaid dóiḃ, agus troid sé ina n-éadan. Ba ċuiṁin leis ansin na laeṫanta anallód, Maois, agus a ṁuintir, agus é á rá aige, Cá ḃfuil an té a ṫug aníos as an ḃfarraige iad le maor a ṫréada? Cá ḃfuil an té a ċuir a Spiorad Naoṁ ann? an té a ṫreoraiġ iad le deasláiṁ Ṁaoise, lena ġéag ġlórṁar, ag scoilteaḋ an uisce rompu, le Ainm síoraí a ṫuilleaṁ dó féin? An té a ṡeol iad tríd an aiḃéis ṁór, mar eaċ san ḟásaċ, ionas naċ ngaḃfaidís tuisle? Mar a ṫéann beiṫíoċ síos sa ġleann, b'aṁlaiḋ a ṫug Spiorad an Tiarna suaiṁneas dó: b'aṁlaiḋ a ṡeol tú do ṁuintir, go ndéanfá Ainm glórṁar duit féin. Féaċ anuas ó neaṁ, agus aṁarc ó ionad



cónaiṫe do naofaċta, agus do ġlóire: cá ḃfuil do ṫeasġrá, agus do ċuṁaċt, an croí a ṫéaḋ liom, agus an trócaire a ḃíoḋ agat orm? An é gur cuireaḋ cosc leo? Gan aṁras is tú ár nAṫair, cé naċ n-aiṫníonn Abraċam sinn, agus cé naċ n-adṁaíonn Iosrael sinn: is tú, a Ṫiarna, ár nAṫair, is tú ár ḃFuascailteoir, tá d'Ainm ann ón síoraíoċt. A Tiarna, cad ċuige ar ċuir tú ar seaċrán ó do ṡlite sinn, ar ċruaiġ tú ár gcroí gan d'eagla a ḃeiṫ orainn? Fill ar son do ṡeirḃíseaċ, mar ġeall ar treaḃa d'oiḋreaċta. Ba ġairid a ḃí do ṗobal naofa ina seilḃ: ċuir ár mbiodḃaí do ṡanctóir faoina gcosa. Is leatsa sinn: ní raiḃ siadsan faoi do riail; níor glaoḋ d'Ainm orṫu riaṁ.

## AN SOISCÉAL.

nṁ. Marc. 14. 1.

AGUS i gcionn dá lá ḃí féile na Cásca agus an aráin gan deasca ann: agus ḃí uaċtaráin na sagart agus na scrioḃaiṫe á ḃeartú conas a ḃéarfaidís air le feall, lena ṁarú. Aċ dúradar, Ná déanaimis é le linn na féile, ar eagla go n-éireoḋ aċrann i measc na ndaoine.

Agus nuair a ḃí sé i mBétánia, i dteaċ Ṡiomóin lobair, ina ṡuí ag an mbord, ṫáinig bean ag a raiḃ crúsca alabastair d'uinniminnt spíocnaird an-luaċṁar; agus ḃris sí an crúsca, agus ḋoirt sí a raiḃ ann ar a ċeann. Aċ ḃí daoine ann adúirt go míċéataċ eatarṫu féin, Cad ċuige a ndearnaḋ an diomailt seo ar an

uinnimint? Óir b'ḟéidir a ḋíol ar níos mó ná trí ċéad pingin, agus a taḃairt do na boċta. Agus ḃíodar á cáineaḋ. Agus dúirt Íosa, Ligigí di; cad ċuige a ḃfuil siḃ á buaireaṁ? Is gníoṁ maiṫ a rinne sí orm. Óir bíonn na boċta agaiḃ i gcónaí, agus is féidir liḃ maiṫ a ḋéanaṁ dóiḃ am ar biṫ is áil liḃ; aċ ní ḃímse agaiḃ i gcónaí. Rinne sí an ní ab ḟéidir léi: ṫáinig sí roiṁ ré le mo ċorp a ungaḋ faoi ċoṁair a aḋlacta. Agus adeirim liḃ go fírinneaċ, cibé áit ar fuaid an doṁain a gcraoḃscaoiltear an soiscéal seo, inseofar an gníoṁ atá déanta aicise mar ċuiṁne uirṫi. Agus d'imiġ Iúdás Iscariót, duine den dáréag, ċun uaċtarán na sagart, ionas go dtaḃarfaḋ sé ar láiṁ dóiḃ é. Agus nuair a ċualadar é, ḃí áṫas orṫu, agus ġealladar go dtaḃarfaidís airgead dó. Agus ḃí seisean ag iarraiḋ deis a ḟáil ar a ṫaḃairt ar láiṁ dóiḃ.

Agus an ċéad lá d'ḟéile an aráin gan deasca, nuair a ḋéantaí íobairt na Cásca, dúirt a ḋeisceabail leis, Cár ṁian leat go raċaimis agus go n-ullṁóimis an Ċáisc duit lena hiṫe? Agus ċuir sé uaiḋ beirt dá ḋeisceabail, agus dúirt sé leo, Téigí isteaċ sa ċaṫair, agus casfar oraiḃ ansin fear agus soiṫeaċ uisce ar iompar aige: leanaigí é; cibé teaċ ina raċaiḋ sé isteaċ, abraigí le fear an tí, Deir an Máistir, Cá ḃfuil an seomra aíoċta, mar a n-íosfaiḋ mé an Ċáisc i ḃfoċair mo ḋeisceabal? Agus taispeánfaiḋ sé daoiḃ seomra mór uaċtaraċ, agus é i gcaoi agus i gcóir: ullṁaigí dúinn ansin.



Agus d'imiġ a ḋeisceabail, agus ṫángadar isteaċ sa ċaṫair, agus fuaireadar mar adúirt sé leo: agus d'ullṁaíodar an Ċáisc.

Agus nuair a ḃí an tráṫnóna ann, ṫáinig sé in éineaċt leis an dáréag. Agus nuair a ḃíodar ina suí ag iṫe, dúirt Íosa, Deirim liḃ go fírinneaċ, Atá duine agaiḃse, atá ag iṫe liom, ar ti mo ḃraiṫ. Agus ṫáinig cuṁa orṫu, agus ṫosaíodar ar a rá leis, ina nduine agus ina nduine, An mise é? Agus dúirt duine eile acu, An mise é? Agus d'ḟreagair sé agus dúirt sé leo, Is duine den dáréag é, an té ċuireas a láṁ maraon liom sa ṁias. Óir tá Mac an duine ag imeaċt, fé mar atá scríofa ina ṫaoḃ: aċ is mairg lena mbraiṫtear Mac an duine! B'ḟearr don fear sin dá mba nár rugaḋ riaṁ é. Agus nuair a ḃíodar ag iṫe, ġlac Íosa arán, agus ḃeannaiġ agus ḃris sé é, agus ṫug sé dóiḃ é, agus dúirt sé, Glacaigí, iṫigí, is é seo mo ċorp. Agus ġlac sé an ċailís, agus ġaḃ sé buíoċas, agus ṫug sé dóiḃ í: agus d'óladar uile aisti. Agus dúirt sé leo, Is í seo m'ḟuil, fuil an tiomna nua, a ḋoirtear ar son móráin. Deirim liḃ go fírinneaċ, Ní ólfaiḋ mé feasta de ṫoraḋ na fíniúna, go dtí an lá sin a n-ólfaiḋ mé nua é i ríoċt Dé. Agus tar éis dóiḃ iomann a ċanaḋ, ċuadar amaċ go sliaḃ na nOlaċrann.

Agus dúirt Íosa leo, Geoḃaiḋ siḃ uile scannal ionam anoċt: óir tá scríofa, buailfiḋ mé an t-aoire, agus scaipfear na caoiriġ. Aċ tar éis m'aiséirí, raċaiḋ mé romaiḃ don Ġailíl. Aċ dúirt Peadar leis, Ḃíoḋ go

ḃfaiġeaḋ cáċ scannal, ní ḃfaiġiḋ mise é. Agus dúirt Íosa leis, Deirim leat go fírinneaċ, An lá inniu, anoċt féin, sula nglao an coileaċ an dara huair, séanfaiḋ tú mé faoi ṫrí. Aċ is aṁlaiḋ ba ḋéine a laḃair seisean, Más éigean dom bás féin a ḟáil in éineaċt leat, ní ṡéanfaiḋ mé ar ċor ar biṫ tú. Agus laḃraíodar uile ar an gcuma ċéanna.

Agus ṫángadar go háit ar a dtugtar Getsémané: agus dúirt sé lena ḋeisceaḃail, Suígí anseo, go ndéana mé urnaí. Agus ṫug sé leis Peadar agus Séamas agus Eoin, agus ṫosaiġ dian-eagla agus troime ċroí do ṫeaċt air, agus dúirt sé leo, Tá brón an ḃáis ar m'anam: fanaigí anseo agus déanaigí faire. Agus d'imiġ sé aċar gearr uaṫu, agus ṫit sé ar an talaṁ, agus ġuiġ sé go raċaḋ an uair ṫairis, dá mb'ḟéidir é. Agus dúirt sé, Abbá, a Aṫair, tá gaċ ní ar ċumas duit, cuir an cupán seo díom: aċ mar sin féin, ná bíoḋ sé mar is toil liomsa, aċ mar is toil leatsa. Ṫáinig sé ansin, agus fuair sé ina gcodlaḋ iad, agus dúirt sé le Peadar, A Ṡíomóin, an i do ċodlaḋ atá tú? An aṁlaiḋ nár ḟéad tú faire aon uaire aṁáin a ḋéanaṁ? Déanaigí faire agus urnaí, ar eagla go dtaga caṫú oraiḃ: bíonn an sprid lántoilteanaċ, aċ bíonn an ċolainn lag. Agus d'imiġ sé arís, agus rinne sé guí, agus na focail ċéanna á rá aige. Agus ṫáinig sé arís, agus fuair sé ina gcodlaḋ iad mar ḃí a súile an-trom; agus ní raiḃ a ḟios acu cad é an freagra a ṫaḃarfaidís air. Agus ṫáinig sé an treas uair, agus dúirt sé leo, codlaígí liḃ anois, agus socraígí siḃ



féin ċun suain: is leor sin, ṫáinig an uair; féaċaigí, tá Mac an duine á ṫaḃairt ar láiṁ do na peacaiġ. Éirigí, bímis ag imeaċt; féaċaigí, tá an té a ḃraiṫfeas mé inár n-aice. Agus ar an láṫair, le linn cainte dó, ṫáinig Iúdás, duine den dáréag, agus slua mór in éineaċt leis le claiṁte agus le cliaṫa ó uaċtaráin na sagart, agus ó na scríoḃaiṫe agus ó na seanóirí. Agus an té a ḃraiṫ é, ṫug sé coṁarṫa dóiḃ, á rá, An té dá dtaḃarfaiḋ mé póg, is é sin é; beirigí air agus tugaigí liḃ slán é. Agus ní luaiṫe a ṫáinig sé, ná ċuaiġ sé ċuige, agus dúirt, A Ṁáistir, a Ṁáistir; agus ṗóg sé é. Agus rugadarsan air agus ġaḃadar é. Agus tarraing duine den dream a ḃí ina seasaṁ tart a ċlaíoṁ, agus ḃuail sé seirḃíseaċ de ċuid an ardsagairt, agus ḃain sé cluas de. Agus d'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leo, An dtáinig siḃ amaċ le breiṫ orm, le claiṁte agus le cliaṫa, mar ṫiocfaḋ siḃ le breiṫ ar ḃiṫiúnaċ? Ḃínn agaiḃ gaċ lá sa teampall ag teagasc, agus níor rug siḃ orm: aċ caiṫfear na Scrioptúir a coṁlíonaḋ. Agus ṫréigeadar uile é agus ṫeiṫeadar. Agus lean ógḟear áiriṫe é, naċ raiḃ air aċ brat línéadaiġ lena ċneas: agus rug na fir óga air; agus d'ḟág sé an brat línéadaiġ acu, agus d'éalaiġ sé orṫu tárnoċt.

Agus ṫugadar Íosa leo ċun an ardsagairt: agus ḃí uaċtaráin na sagart go léir agus na seanóirí agus na scríoḃaiṫe cruinniṫe in éineaċt leis. Agus lean Peadar é agus é i ḃfad ina ḋiaiḋ, nó go raiḃ sé istiġ i gcúirt an ardsagairt; agus ḃí sé ina ṡuí i ḃfoċair na

seirḃíseaċ, á ġoraḋ féin cois na tine. Agus ḃí uaċtaráin na sagart agus an ċomairle uile ag iarraiḋ fianaise a ḟáil in aġaiḋ Íosa lena ċur ċun báis; agus ní ḃfuaireadar í. Óir ṫug mórán daoine fianaise ḃréige ina aġaiḋ, aċ ní raiḃ a ḃfianaise ag cur le ċéile. Agus d'éiriġ daoine áiriṫe, agus ṫugadar fianaise ḃréige ina aġaiḋ, á rá, Ċualamar é á rá, Leagfaiḋ mé an teampall seo a rinneaḋ le láṁa, agus i gcionn trí lá tógfaiḋ mé teampall eile gan a ḋéanaṁ le láṁa daoine. Aċ ní raiḃ a ḃfianaise siúd ag cur le ċéile aċ oiread. Agus d'éiriġ an t-ardsagart ina ṡeasaṁ i gceartlár an tslua, agus ċuir sé ceist ar Íosa, agus dúirt sé, Naċ dtugann tú freagra? cad é a ċuireann siad seo i do leiṫ? Aċ d'fan sé ina ṫost, agus níor ṫug sé freagra ar biṫ. Agus d'fiafraiġ an t-ardsagart de arís, agus dúirt sé leis, An tusa an Críost, Mac an Dé ḃeannaiṫe? Agus dúirt Íosa, Is mé: agus feicfiḋ siḃ Mac an duine ina ṡuí ar láiṁ ḋeas na cuṁaċta, agus ag teaċt le néalta neiṁe. Ansin réab an t-ardsagart a éadaí, agus dúirt sé, Cad í an ḟeiḋm atá againn feasta le fianaise? Ċuala siḃ an dia-ṁasla: cad é a feictear daoiḃ? Agus dúradar uile d'aon ġuṫ go raiḃ bás tuillte aige. Agus ṫosaiġ cuid acu ar ṡeilí a ċaiṫeaṁ air, agus ar a aġaiḋ a ḟolú, agus ar a ḃualaḋ le dorn, agus ar a rá leis, Déan fáiḋeadóireaċt: agus ḃuail na seirḃísiġ lena mbosa é.

Agus nuair a ḃí Peadar ṫíos sa ċúirt, táiniġ bean de ċailíní an ardsagairt; agus nuair ċonaic sí Peadar á ġoraḋ féin, ḋearc sí air, agus dúirt sí, Ḃí tusa fós le hÍosa Nasarḋa. Aċ ṡéan seisean é, agus dúirt, Níl a ḟios agam, ná ní ṫuigim cad é adeir tú. Agus ċuaiġ sé amaċ sa ṗóirse; agus ġlaoiġ an coileaċ. Agus ċonaic cailín arís é, agus ṫosaiġ sí ar a rá leis na daoine a ḃí ina seasaṁ ṫart, Is duine acu é seo. Agus ṡéan seisean arís é. Agus tar éis tamaill ḃiġ eile, dúirt an ṁuintir a ḃí ina seasaṁ ṫart arís le Peadar, Go deiṁin is duine acu tusa; mar is Gaililéaċ tú, agus is léir sin ó do ċanúint. Aċ ṫosaiġ sé ar ṁallaċtú agus ar ṁionnú, á rá, Níl aon aiṫne agam ar an duine seo adeir siḃ. Agus ġlaoiġ an coileaċ an dara huair. Agus ċuiṁniġ Peadar ar an ḃfocal adúirt Íosa leis, Sula nglao an coileaċ an dara huair, séanfaiḋ tú mé faoi trí. Agus ag cuiṁniú air sin dó, ḃris a ġol air.



## AN ṀÁIRT ROIṀ ĊÁISC.

M. Sm. 31: Mairg. 3. 22–42; Eoin 15. 1–16.
T. Sm. 88: Ísái. 42. 1–9; Eoin 15. 17–deireaḋ.

## AN ORṪA.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ċuir ċugainn, le grá agus le hansaċt don ċine daonna, do Ṁac, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go nglacfaḋ sé air féin ár gcolainn, agus go ḃfulaingeoḋ sé bás ar an gcrois, ionas go leanfaḋ an ċine daonna uile eiseaṁláir a ṁór-uṁlaíoċta; Deonaiġ go trócaireaċ dúinn

eiseamláir a ḟoiġne a leanúint agus ḃeiṫ rannṗáirteaċ ina aiséirí; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, síorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna Tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua comḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-admaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Isái. 50. 5.

D'OSCAIL an Tiarna Ḋia mo ċluas, agus níor éiriġ mé i dtréas, ná ní ḋeaċaiġ mé ar gcúl. Liġ mé mo ḋroim le dream an ḃuailte, agus mo leicne le luċt tarraingte na féasóige: níor ċeil mé mo ġnúis ar náire ná ar caiṫeaṁ seile. Óir cuideoiḋ an Tiarna Ḋia liom; dá ḃarr sin ní ċuirfear díomua orm: dá ḃrí sin ċruaiġ mé m'aġaiḋ mar ċloċ ṫine, agus is feasaċ dom naċ ḃfaiġiḋ mé náire. Tá an té a ṫugann mo ċeart dom im aice; cé a ṗléifeas liom? Seasaimis ar aġaiḋ a ċéile; cé atá ag cur im aġaiḋ? Druideaḋ sé i mo ġaoḃar. Féaċ, beiḋ an Tiarna Ḋia ag cuidiú liom; cé a ḃeas do mo ḋaoraḋ? Féaċ, beiḋ siad uile á gcaiṫeaṁ mar éadaċ; beiḋ an leaṁan á n-iṫe ar fad. Cé agaiḃ a mbíonn eagla an



Tiarna air, a ḃíos uṁal do ġlór a ṡeirḃísiġ, a ṡiúlas faoi dorċadas, agus atá ar easpa solais? Bíoḋ muinín aige as Ainm an Tiarna, bíoḋ a Ḋia aige mar ċúl taca. Féaċaiġí uile, a luċt adaiṫe na tine, a ṫógas driṫleoga a d'adaiġ siḃ. Is é seo a ṫiocfas ċugaiḃ ó mo láiṁse; gur brónaċ a raċas siḃ in ḃur luí.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Marc. 15. 1.

AGUS go moċ ar maidin, ċuaiġ uaċtaráin na sagart i ndáil comairle leis na seanóirí agus leis na scríoḃaiṫe, agus leis an gcomairle iomlán, agus ċeanglaíodar Íosa, agus rugadar leo é, agus ṫugadar do Ṗiolóid é. Agus d'ḟiafraiġ Piolóid de, An tú Rí na nGiúdaċ? Agus d'ḟreagair sé agus dúirt, Deir tú é. Agus ċuir uaċtaráin na sagart mórán niṫe ina leiṫ: aċ níor ṫug sé freagra. Agus d'ḟiafraiġ Piolóid de arís, agus dúirt, Naċ ḃfuil freagra ar biṫ agat le taḃairt? Féaċ an méid atá acu á ċur i do leiṫ. Aċ níor ḟreagair Íosa aċ oiread; i dtreo go raiḃ ionaḋ ar Piolóid. Is aṁlaiḋ ba ġnáċ leis, le linn na féile úd, príosúnaċ aṁáin a scaoileaḋ saor ċucu, aon duine a d'iarraidís air. Agus ḃí duine darḃ ainm Barabbas, ceangailte mar-aon leis an dream a rinne ceannairc in éineaċt leis, a raiḃ dúnmarú déanta acu sa ċeannairc. Agus ġlaoiġ an slua os ard, agus ṫosaíodar ar a iarraiḋ air an rud ba ġnáċ leis a ḋéanaṁ dóiḃ. Aċ d'ḟreagair Piolóid iad, agus dúirt,

An áil liḃ go scaoilfinn ċugaiḃ Rí na nGiúdaċ? Óir ḃí a ḟios aige gur le formad a ṫug uaċtaráin na sagart ar láiṁ é. Aċ spreag uaċtaráin na sagart an pobal, go n-iarrfaidís air Barabbas a scaoileaḋ saor ċucu ina ionad. Agus d'ḟreagair Pioláid, agus dúirt sé leo arís, Cad é is áil liḃ a ḋéanfas mé mar sin leis an té ar a nglaonn siḃ Rí na nGiúdaċ? Agus ġlaodar arís, Céas é. Dúirt Pioláid leo ansin, Cad ċuige, cad é an t-olc atá déanta aige? Aċ ba ḋéine a ġlaodar, Céas é. Agus de ḃrí gur ṁian le Pioláid an pobal a ṡásaṁ, scaoil sé saor ċucu Barabbas, agus ṫug sé Íosa uaiḋ ċun a ċéasta, tar éis dó a sciúrsáil.

Agus rug na saiġdiúirí leo é isteaċ san áras ar a dtugtar Praetorium; agus ċruinniodar an ḃuíon iomlán. Agus ċuireadar éadaí corcra air, agus d'ḟiodar coróin spine, agus ċuireadar anuas ar a ċeann í; agus ṫosaíodar ar ḃeannú dó, Sláinte, a Rí na nGiúdaċ! Agus ḃuaileadar sa ċeann é le giolcaċ, agus ċaiṫeadar seilí air, agus ag cromaḋ a nglún dóiḃ rinneadar ómós dó. Agus nuair a ḃí an magaḋ déanta acu, ḃaineadar an ċorcair de, agus ċuireadar a éadaí féin air, agus rugadar amaċ leo é lena ċéasaḋ.

Agus ḃí duine darḃ ainm Síomón Curénéaċ ag gaḃáil ṫairis, ag teaċt isteaċ ón tuaṫ, aṫair Alecsandair agus Rúfuis, agus ċuireadar d'iallaċ airsean an ċroċ a iompar dó. Agus rugadar leo é go dtí an áit dá ngairtear Golgota, is é sin, Áit Ċloiginn. Agus ṫugadar



fíon agus miorr measċta leis le n-ól dó: aċ níor ġlac seisean é. Agus nuair a ċéasadar é, roinneadar ansin a ċuid éadaiġ, á gcur ar ċranna, féaċaint cad é a ḃeaḋ ag gaċ duine acu. Agus ḃí an treas uair ann, agus ċéasadar é. Agus ḃí teideal a ċúise scríofa os a ċionn, Rí na nGiúdaċ. Agus ċéasadar beirt ḃiṫiúnaċ in éineaċt leis; duine acu ar a láiṁ ḋeas, agus an duine eile ar a láiṁ ċlé. Agus coṁlíonaḋ an Scrioptúr adeir, Agus áiríoḋ le coirpiġ é. Agus na daoine a ġaḃaḋ ṫairis, ṫugaidís masla dó, ag croiṫeaḋ a gceann, agus iad á rá, Á! tusa a leagas an teampall, agus a ṫógas é i gcionn trí lá, saor tú féin, agus tar anuas den ċroċ. Mar an gcéanna ḃí uaċtaráin na sagart agus na scríoḃaiṫe ag magaḋ faoi, agus iad á rá lena ċéile, Ṡaor sé daoine eile; níl ar ċumas dó é féin a ṡaoraḋ. Tagaḋ an Críost, Rí Iosrael, anuas den ċroċ anois, go ḃfeicimis agus go gcreidimis. Agus na daoine a ḃí á gcéasaḋ in éineaċt leis, ṫugadar masla dó.

Agus nuair a ṫáinig an séú huair, ḃí dorċadas ar fuaid na tíre go dtí an naoú huair. Agus sa naoú huair ġlaoiġ Íosa de ġuṫ ard, á rá, Eloi, Eloi lamá sabaċtání? Is é sin, arna ṁíniú, A Ḋia, a Ḋia, cad ċuige ar ṫréig tú mé? Agus nuair a ċuala cuid dá raiḃ ina seasaṁ ṫart an méid sin, dúradar, Féaċ, tá sé ag glaoċ ar Elias. Agus riṫ duine acu, agus líon sé sponc d'ḟínéagra, agus ċuir sé ar ġiolcaċ é, agus ṫug sé le n-ól dó é, agus dúirt, Ligigí dó; feicimis an dtiocfaiḋ Elias lena ḃaint anuas. Agus ġlaoiġ Íosa de ġuṫ

ard, agus d'imiġ an t-anam as. Agus réabaḋ brat an teampaill ina ḋá ċuid ó ḃarr go bun. Agus an ceantúir, a ḃí ina ṡeasaṁ os a ċoṁair, nuair a ċonaic sé é ag glaoḋ, agus ag scaraḋ lena anam mar sin, dúirt sé, Go fírinneaċ ba é Mac Dé an fear seo.

## AN ĊÉADAOIN ROIṀ ĊÁISC.

M. Sm. 41, 42, 43: Uiṁ. 21. 4–9; Eoin 16. 1–15.
T. Sm. 54. 55: Leḃ. 16. 2–24; Eoin 16. 16–deireaḋ.

### AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ċuir ċugainn, le grá agus le hansaċt don ċine daonna, do Ṁac, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go nglacfaḋ sé air féin ár gcolainn, agus go ḃfulaingeoḋ sé bás ar an gcrois, ionas go leanfaḋ an cine daonna uile eiseaṁláir a ṁór-uṁlaíoċta; Deonaiġ go tróċaireaċ dúinn eiseaṁláir a ḟoiġne a leanúint agus ḃeiṫ rannpáirteaċ ina aiséirí; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁ-ḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-aḋṁaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫróċairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### AN EIPISTIL.

Eaḃ. 9. 16.

An áit a mbíonn tiomna, tá sé le ciall go gcaiṫfiḋ an tiomnóir bás a ḟáil. Óir téann an tiomna in éifeaċt nuair a ḃíos daoine marḃ: dá easpa sin ní ḃíonn údarás ar biṫ aige ċoṁ fada agus a ṁaireas an tiomnóir. Lena ċois sin, ní gan fuil a coisriceaḋ an ċéad tiomna. Óir nuair a ḃí gaċ aiṫne inste ag Maois do na daoine uile de réir an dlí, ġlac sé fuil gaṁna agus gaḃar, mar aon le huisce, agus le holann ċraorac, agus le hiosóip, agus ċraiṫ sé ar an leaḃar agus ar na daoine uile í, agus dúirt sé, Is í seo fuil an tiomna a d'orduiġ Dia daoiḃ. Agus lena ċois sin, ċroiṫ sé an fuil ar an dtabarnacal, agus ar ṡoiṫiġ uile na frioṫála. Agus is beag ní naċ nglantar le fuil de réir an dlí; agus gan doirteaḋ fola níl maiṫiúnas le fáil. B'éigean mar sin go nglantaí lena leiṫéidí sin na saṁailteaċa a ċiallaíos na niṫe atá ar neaṁ; aċ go nglantaí na niṫe neaṁaí iad féin le híobairtí b'fearr ná iad sin. Óir ní ḋeaċaiġ Críost isteaċ sna hionaid naofa láṁḋéanta, naċ ḃfuil iontu aċ fioraċa na niṫe fírinneaċa; aċ isteaċ i neaṁ féin, go dtaispeánfaḋ sé é féin anois i láṫair Dé ṫar ár gceann; ná ní fior go mb'éigean dó é féin a íobairt go minic, mar an t-ardsagart a ṫéann isteaċ san ionad naofa gaċ bliain le fuil naċ leis féin; óir dá mbeaḋ sin aṁlaiḋ, b'éigean dó fulaingt go minic ó ṡuíoṁ an doṁain: aċ noċt sé

anois an t-aon uair aṁáin i ndeireaḋ an doṁain ag cur an ṗeaca ar ceal agus é á ṫoirḃirt féin mar íobairt. Agus mar tá i ndán do na daoine go ḃfaiġidís bás aon uair aṁáin, aċ an breiṫiúnas ina ḋiaiḋ sin; ar an nós céanna rinneaḋ íobairt de Ċríost aon uair aṁáin go nglacfaḋ sé peacaí an tslua air féin, agus noċtfar é an dara huair don dream a mbíonn súil acu leis agus raċaiḋ an peaca as agus tiocfaiḋ an slánú isteaċ.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 22. 1.

Agus ḃí féile an aráin gan deasca, dá ngairtear an Ċáisc, ag druidim leo. Agus ḃí uaċtaráin na sagart agus na scríoḃaiṫe ag faire na faille go gcuirfidís ċun báis é; óir ḃí eagla orṫu roiṁ na daoine. Ba ansin a ċuaiġ Sátan isteaċ in Iúdás dár ċoṁainm Iscariót, duine den dáréag. Agus d'imiġ sé, agus ġlac sé coṁairle le huaċtaráin na sagart agus leis na ceannfoirt, conas a ṫaḃarfaḋ sé ar láiṁ dóiḃ é. Agus ḃí áṫas orṫu, agus rinneadar margaḋ leis go dtaḃarfaidís airgead dó. Agus ġeall sé dóiḃ, agus ḃí sé ag iarraiḋ faille ar a ṫaḃairt ar láiṁ dóiḃ nuair naċ mbeaḋ an slua i láṫair.

Ansin ṫáiniġ lá an aráin gan deasca, nuair ba ċeart uan na Cásca a ṁarú. Agus ċuir sé uaiḋ Peadar agus Eoin, á rá, Téiġi agus ullṁaiġí an Ċáisc dúinn, go n-iṫimid í. Agus dúradar leis, Cén áit inar toil leat go n-ullṁóimis í? Agus dúirt sé leo, Féaċaiġí, ar



dul isteaċ sa ċaṫair daoiḃ, casfar oraiḃ fear, agus soiṫeaċ uisce ar iompar aige; leanaiġí eisean isteaċ sa teaċ ina raċaiḋ sé isteaċ. Agus déarfaiḋ siḃ le fear an tí, Deir an Máistir leat, Cá ḃfuil an seomra aíoċta, ina n-íosfaiḋ mé an Ċáisc i gcuideaċta mo ḋeisceabal? Agus taispeánfaiḋ sé daoiḃ seomra mór uaċtaraċ agus é gléasta: ullṁaiġí ansin. Agus ċuadar, agus fuaireadar mar aḋúirt sé leo: agus d'ullṁaíodar an Ċáisc.

Agus nuair a ṫáiniġ an t-am, ṡuiġ sé síos, agus an dáréag aspal leis. Agus dúirt sé leo, Ba ṁór an fonn a ḃí orm an Ċáisc seo a iṫe in ḃur ḃfoċair sula ḃfulaingí mé páis: óir táim á rá liḃ, naċ n-íosfaiḋ mé feasta í, go gcoiṁlíontar í i ríoċt Dé. Agus ġlac sé an ċailís, agus ṫug se buíoċas, agus dúirt sé, Glacaiġí, agus roinniġí í seo eadraiḃ: óir deirim liḃ, Ní ólfaiḋ mé de ṫoraḋ na fíniúna, go dtaga ríoċt Dé. Agus ġlac sé arán, agus ṫug sé buíoċas, agus ḃris sé é, agus ṫug sé dóiḃ é, á rá, Is é seo mo ċorp a ṫugtar ar ḃur sonsa: déanaiġí seo mar ċuiṁne ormsa. Agus an ċailís, mar an gcéanna, tar éis suipéir, á rá, Is í an ċailís seo an tiomna nua im ḟuilse a ḋoirtear ar ḃur son. Aċ féaċaiġí, tá láṁ an té atá do mo ḃraṫ ar an mbord im ḟoċair. Óir tá Mac an duine ag imeaċt go cinnte, mar tá i ndán dó: aċ is mairg don duine sin trína mbraitear é! Agus ṫosaíodar á ḟiafraí eatarṫu féin, cé acu a ḃeaḋ ar tí an ní seo a ḋéanaṁ. D'éiriġ aċrann eatarṫu lena ċois sin, faoi cé a ṁeasfaí ar an ḃfear ba ṁó orṫu. Agus dúirt sé leo, Gaḃann ríṫe

na gCiníoċa forlámas orṫu; agus gairtear daoine flaiṫiúla dá gceannurraí. Aċ ná bíoḋ sibse aṁlaiḋ: aċ an té is mó oraiḃ, bíoḋ sé mar an té is óige; agus an té is airde oraiḃ, mar an té a ḋéanas frioṫáil. Óir cé acu is mó, an té a ṡuíos ċun bia, nó an té a ḋéanas frioṫáil? Naċ é an té a ṡuíos ċun bia? aċ táimse in ḃur measc mar ḋuine ḋéanas frioṫáil. Is siḃ an dream a d'ḟan liom i mo ċaṫuiṫe; agus cuirim ríoċt in áiriṫe daoiḃ, fé mar ċuir m'Aṫair in áiriṫe domsa, ionas go n-iṫe agus go n-óla siḃ ag mo ḃord i mo ríoċt, agus go suí siḃ ar rí-ċaṫaoireaċa ag breiṫ breiṫe ar ḋá ṫreiḃ déag Iosrael. Agus dúirt an Tiarna, A Ṡíomóin, a Ṡíomóin, ḃí Sátan do ḃur n-iarraiḋ go gcriaṫróḋ sé siḃ mar ċruiṫneaċt: aċ ġuiġ mise ar do ṡon, ionas naċ gcliseaḋ do ċreideaṁ: agus nuair a iompós tusa, neartaiġ do ḃráiṫre. Agus dúirt seisean leis, A Ṫiarna, táim ullaṁ le dul leatsa ċun príosúin agus ċun báis. Agus dúirt seisean, Táim á insint duit, a Ṗeadair, naċ nglaofaiḋ an coileaċ inniu, go dtí go séanfaiḋ tú trí huaire go ḃfuil aon aiṫne agat orm. Agus dúirt sé leo, Nuair a ċuireas uaim siḃ gan sparán, gan ṁála, gan ḃróga, an raiḃ aon ní in easnaṁ oraiḃ? Agus dúradar, Ní raiḃ. Dúirt sé leo ansin, Aċ anois, an té ag a ḃfuil sparán, beireaḋ sé leis é, agus a ṁála mar an gcéanna: agus an té naċ ḃfuil claíoṁ aige, díolaḋ sé a ḃrat, agus ceannaíoḋ sé ceann. Óir deirim liḃ, go gcaiṫfear an ní seo atá scríofa a ċomlíonaḋ ionamsa, Agus



áiríoḋ le coirpiġ é: óir tá an ṁéid a ḃaineas liom ag teaċt i gcríċ. Agus dúradar, A Ṫiarna, féaċ, tá dá ċlaíoṁ anseo. Agus dúirt sé leo, Is leor sin.

Agus ṫáinig sé amaċ, agus ċuaiġ sé, mar ba ġnáċ leis, go cnoc na nOlaċrann; agus lean a ḋeisceabail é. Agus nuair a ṫáinig sé ċun na háite, dúirt sé leo, Déanaigí urnaí ionas naċ dté siḃ i gcaṫú. Agus d'imiġ sé uaṫu timpeall faid urċair cloiċe, agus ċuaiġ sé ar a ġlúna agus rinne sé guí, á rá, A Aṫair, más toil leat é, tóg an cupán seo uaim: aċ ina ḋiaiḋ sin, nárḃ é mo toilse, aċ do toilse a ḋéanfar. Agus taiḃríoḋ dó aingeal ó neaṁ, ag neartú leis. Agus ḃí sé i bpianpáis, agus is aṁlaiḋ ba ḋéine a ġuiġ sé; agus ḃí a allas mar ḃeaḋ sé ag titim ċun talaiṁ ina ḃraonta móra fola. Agus nuair a d'éiriġ sé ón nguí, agus ṫáinig ċun na ndeisceabal, fuair sé ina gcodlaḋ iad le brón, agus dúirt sé leo, Cad é an codlaḋ seo oraiḃ? Éirigí agus déanaigí urnaí ionas naċ dté siḃ i gcaṫú. Agus le linn cainte dó, féaċ, an slua, agus an té a raiḃ Iúdás air, duine den dáréag, ag siúl rompu, agus é ag druidim le hÍosa go bpógfaḋ sé é. Aċ dúirt Íosa leis, A Iúdáis, an le póg atá Mac an duine á ḃrat agat? Agus nuair a ċonaic an dream a ḃí leis cad é a ṫiocfaḋ as, dúradar, A Ṫiarna, an mbuailfimid leis an gclaíoṁ? Agus ḃuail duine acu seirḃíseaċ an ardsagairt, agus ḃain sé an leaṫċluas deas de. Aċ d'ḟreagair Íosa agus dúirt, Ligigí liom an ṁéid seo. Agus ċuir sé a láṁ ar an gcluais, agus leiġeas sé é. Agus dúirt Íosa

le huaċtaráin na sagart, agus le ceannfoirt an teampaill, agus leis na seanóirí a ṫáinig ċuige, An dtáinig siḃ amaċ, mar a ṫiocfaḋ siḃ in aġaiḋ biṫiúnaiġ, le claiṁte agus le cliaṫa? Nuair a ḃínn gaċ lá agaiḃ sa teampall, níor ṡín siḃ láṁ im éadan: aċ is liḃ an uair seo, agus cuṁaċt an dorċadais.

Ġaḃadar ansin é, agus rugadar leo é, agus ṫugadar isteaċ i dteaċ an ardsagairt é. Agus lean Peadar i ḃfad ina ḋiaiḋ. Agus nuair a lasadar tine i lár na cúirte, agus iad ina suí le ċéile, ṡuiġ Peadar ina measc. Aċ ċonaic cailín áiriṫe é agus é ina ṡuí cois na tine, agus d'ḟéaċ sí go grinn air, agus dúirt sí, Ḃí an fear seo ina ċuideaċta fós. Agus ṡéan sé é, á rá, A ḃean, níl aon aiṫne agam air. Agus tamall beag ina ḋiaiḋ sin ċonaic duine eile é, agus dúirt, Is díoḃ siúd tusa fós. Agus dúirt Peadar, A ḋuine, ní díoḃ mise. Agus faoi ṫuairim uaire an ċloig ina ḋiaiḋ sin, dearḃaiġ duine eile go dána, á rá, I ḃfírinne ḃí an giolla seo leis fós: óir is Gaililéaċ é. Aċ dúirt Peadar, A ḋuine, ní ṫuigim cad é adeir tú. Agus i ḃfaiteaḋ na súl, nuair a ḃí an focal ina ḃéal, ġlaoiġ an coileaċ. Agus ṫiontaiġ an Tiarna tart, agus d'aṁarc sé ar Ṗeadar. Agus ċuiṁniġ Peadar ar ḃriaṫar an Tiarna, mar a dúirt sé leis, sula nglao an coileaċ, séanfaiḋ tú mé trí huaire. Agus ċuaiġ Peadar amaċ, agus ġoil sé go géar goirt.

Agus na fir a raiḃ Íosa faoi ġreim acu, ḃíodar ag déanaṁ magaiḋ faoi, agus á ḃualaḋ. Agus ċuireadar púicín air, agus ḃuaileadar



san aġaiḋ é, agus d'ḟiafraíodar de, á rá, Déan fáiḋeadóireaċt, cé hé a ḃuail tú? Agus is iomaí rud eile adúradar go diaṁaslaċ ina aġaiḋ. Agus coṁ luaṫ agus ṫáinig an lá, ċruinniġ seanóirí an ṗoḃail, agus uaċtaráin na sagart, agus na scríoḃaiṫe le ċéile, agus ṫugadar isteaċ ina n-ardċoṁairle é, á rá, An tú an Críost? Inis dúinn. Agus dúirt sé leo, Má insím daoiḃ, ní ċreidfiḋ siḃ mé: agus má ḟiafraímse díḃ, ní ṫaḃarfaiḋ siḃ freagra, ná ní scaoilfiḋ siḃ mé. As seo amaċ beiḋ Mac an duine ina ṡuí ar ḋeasláiṁ ċuṁaċta Dé. Dúradar uile go léir ansin, An tú Mac Dé mar sin? Agus dúirt sé leo, Is siḃ atá á rá gur mé. Agus dúradar, Cad í an ḟeiḋm atá againn ar tuilleaḋ fianaise? Óir ċualamar as a ḃéal féin é.

## DÉARDAOIN ROIṀ ĊÁISC.

M. Sm. 23, 56, 64: Ecs. 24. 1-11; Eoin 17.
T. Sm. 116: Ecs. 16. 2-15; Eoin 13. 1-35.

### AN ORṪA.

A DIA Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ċuir ċugainn, le grá agus le hansaċt don ċine daonna, do Ṁac, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go nglacfaḋ sé air féin ár gcolainn, agus go ḃfulaingeoḋ sé bás ar an gcrois, ionas go leanfaḋ an cine daonna uile eiseamláir a ṁór-uṁlaíoċta; Deonaiġ go trócaireaċ dúinn eiseamláir a ḟoiġne á leanúint agus ḃeiṫ rannṗáirteaċ ina aiséirí; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, síorṁartanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaimid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

1 Coir. 11. 23.

AR taoḃ mé liḃ, is ón Tiarna a fuair mé é, gur ġlac an Tiarna Íosa arán, an oíċe ċéanna ar braiṫeaḋ é; agus d'altaiġ sé é, agus ḃris sé é, agus dúirt, Glacaiġí, iṫiġí; is é seo mo ċorp, a ḃristear ar ḃur son: déanaiġí é seo mar ċuiṁne orm. Ġlac sé mar an gcéanna an ċailís, nuair a ḃí a ṡuipéar ite aige, á rá, Is í an ċailís seo an tiomna nua im fuil: déanaiġí seo, dá ṁinice a ólas siḃ í, mar ċuiṁne orm. Óir dá ṁinice a iṫeas siḃ an t-arán seo, agus a ólas siḃ an ċailís seo, bíonn bás an Tiarna á ṫaispeáint agaiḃ, go dtí go dtaga sé. Cibé, dá ḃrí sin, a iṫeas an t-arán sin agus a ólas an ċailís sin an Tiarna go neaṁḟiúntaċ, beiḋ sé ciontaċ i gcorp agus i ḃfuil an Tiarna. Aċ scrúdaíoḋ duine é féin, agus go mb'aṁlaiḋ a d'íosfaḋ sé an t-arán úd agus a d'ólfaḋ sé an ċailís úd. Óir an té a iṫeas agus a ólas



go neaṁḟiúntaċ, bíonn a ḃreiṫiúnas féin á iṫe agus á ól aige, ó naċ n-aiṫníonn sé corp an Tiarna. Is iomaí duine lag agus breoite oraiḃ dá ḃrí sin, agus is iomaí duine ina ċodlaḋ. Óir dá dtugaimis breiṫ orainn féin, ní ċuirfí breiṫiúnas orainn. Aċ nuair a ċuirtear breiṫiúnas orainn, is é an Tiarna atá ag cur smaċta orainn, ionas naċ dtaḃarfaí daorḃreiṫ orainn i gcuideaċta an tsaoil. Ar an áḃar sin, a ḃráiṫre, nuair a ṫagann siḃ le ċéile á iṫe, fanaiġí lena ċéile. Agus má ḃíonn ocras ar duine ar biṫ, iṫeaḋ sé sa ḃaile; ionas naċ raiḃ ḃur dteaċt le ċéile ina áḃar daorḃreiṫe. Agus cuirfiḋ mé an ċuid eile i dtreoir nuair a ṫiocfas mé.

## AN SOISCÉAL.

nṁ. Lúcás 23. 1.

D'ÉIRIĠ an slua acu ar fad, agus rugadar ċun Pioláid é. Agus ṫosaíodar ar niṫe a ċur ina leiṫ, á rá, Fuaireamar an fear seo ag cur an ċine ar ḃealaċ a n-aiṁleasa, agus ag crosaḋ ar ḋaoine cíos láiṁe a ṫaḃairt do Ċéasar, agus é á rá gur Críost Rí é féin. Agus d'fiafraiġ Pioláid de, á rá, An tusa Rí na nGiúdaċ? Agus d'ḟreagair sé é agus dúirt, Is tú adeir é. Dúirt Pioláid ansin le huaċtaráin na sagart agus leis na daoine, Ní ḟaiġim aon loċt sa duine seo. Aċ ní dearna sin aċ cur lena ḃfioċ, agus iad á rá, Bíonn sé ag tógáil iaróige i measc na ndaoine, agus é ag teagasc ar fud Tíre Iúdaí uile, ag

tosú ón nGailílé go dtí an áit seo. Nuair a ċuala Pioláid faoi Ġailílé, d'ḟiafraiġ sé ar Ġailíléaċ an fear. Agus ċoṁ luaṫ agus d'aiṫin sé go raiḃ sé faoi ḃreiṫiúnas Ioruaiṫ, ċuir sé ċun Ioruaiṫ é, ó ḃí seisean fós in Iarúsalem faoin am sin. Agus nuair a ċonaic Ioruaṫ Íosa, ḃí an-áṫas air; óir b'ḟada a ḃí sé ag súil lena ḟeiceáil, de ḃrí gur ċuala sé tráċt air go minic; agus ḃí súil aige go ḃfeicfeaḋ sé míorúilt éigin á déanaṁ aige. Ċuir sé ansin ceisteanna air ina lán briaṫar; aċ níor ṫug sé freagra ar biṫ air. Agus ḃí uaċtaráin na sagart agus na scríoḃaiṫe ina seasaṁ, agus iad á ciontú go dian. Agus rinne Ioruaṫ agus a ċuid saiġdiúirí fonóid faoi, agus ṫugadar tarcaisne dó, agus ċuireadar éadaċ daite air, agus ċuireadar ar ais ċun Pioláid é. Agus rinneaḋ cairdeas an lá sin idir Ioruaṫ agus Pioláid: óir ḃíodar ina naiṁde dá ċéile roiṁe sin.

Agus ċruinniġ Pioláid uaċtaráin na sagart agus na ceannfoirt agus na daoine le ċéile, agus dúirt sé leo, Ṫug siḃ an fear seo ċugam mar ḋuine a ḃíos ag cur na ndaoine ar ḃealaċ a n-aiṁleasa: agus féaċaigí, tar éis dom a ċeistiú in ḃur ḃfianaise, ní ḃfuair mé an duine seo ciontaċ sna niṫe a ċuireas siḃ ina leiṫ: agus ní lú naċ ḃfuair Ioruaṫ: óir ċuir mé ċuige siḃ; agus féaċaigí, níl aon ní déanta aige a ṫuilleas bás. Ar an áḃar sin smaċtóiḋ mé agus scaoilfiḋ mé saor é. Óir b'éigean dó príosúnaċ a scaoileaḋ saor ċucu in am na féile. Agus ġlaodar uile go léir d'aon ġuṫ, á rá, Glan as an tslí é seo, agus scaoil



ċugainn Barabbas (duine a ḃí curṫa i bpríosún mar ġeall ar ċeannairc a rinneaḋ sa ċaṫair, agus mar ġeall ar ḋúnṁarú). Agus laḃair Pioláid leo arís, agus é ag iarraiḋ Íosa a ligean saor: aċ ġlaodar os ard, á rá, Céas é, céas é. Agus dúirt sé leo an treas uair, Cad ċuige, cad é an t-olc atá déanta aige? Ní ḃfuair mé cúis ḃáis ann: smaċtóiḋ mé é dá ḃrí sin, agus scaoilfiḋ mé saor é. Agus ċuireadar go dian ina éadan, ag glaoċ in ard a nguṫa, ag iarraiḋ go gcéasfaí é. Agus ḃuaiġ a nglórṫa agus glórṫa uaċtarán na sagart. Agus ṫug Pioláid mar ḃreiṫ go ndéanfaí an ní d'iarradar air. Agus scaoil sé saor ċucu an duine a cuireaḋ i bpríosún mar ġeall ar ċeannairc agus ar ḋúnṁarú, an duine a d'iarradar; aċ ṫug sé Íosa dóiḃ ċun a dtoil a imirt air.

Agus nuair a ṡeoladar leo é, rugadar ar ḋuine ó Ċuréné darḃ ainm Síomón, a ḃí ag teaċt isteaċ ón tuaṫ, agus ċuireadar an ċroċ airsean ċun í a iompar i ndiaiḋ Íosa. Agus ḃí slua mór daoine á leanúint, agus mná, agus iad ag caoinġol agus ag déanaṁ trua dó. Aċ d'iompaiġ Íosa ċucu, agus dúirt sé, A iníonaċa Iarúsalem, ná bígí ag gol ar mo ṡonsa, aċ ar ḃur son féin, agus ar son ḃur gclainne. Óir féaċaigí, tá na laeṫanta ag teaċt ina ndéarfaiḋ siad, Is aoiḃinn dá ḃfuil aimrid, agus do na broinnte nár rug clann, agus do na cíoċa nár ṫál. Tosóiḋ siad ansin ar a rá leis na sléiḃte, Titigí anuas orainn; agus leis na cnoic, Cumḋaigí sinn. Óir má ḋéanaid mar sin san aḋmad úr, cad é a déanfar san

aḋmaḋ críon? Agus ḃí beirt eile, a ḃí ina gcoirpiġ, á seolaḋ in éineaċt leis go gcuirfí ċun báis iad. Agus nuair a ṡroiċeadar an áit ar a dtugtar Calḃaraí, ċéasadar ansin é, agus na coirpiġ, duine ar a láiṁ ḋeas, agus an duine eile ar a láiṁ ċlé. Dúirt Íosa ansin, A Aṫair, maiṫ dóiḃ; óir níl a fios acu cad é atá á ḋéanaṁ acu. Agus roinneadar a ċuid éadaiġ eatarṫu féin, á gcur ar ċranna. Agus ḃí na daoine ina seasaṁ ag féaċaint. Agus ḃí na huaċtaráin fós leo ag taḃairt tarcaisne dó, á rá, Ṡaor sé daoine eile; saoraḋ sé é féin, más é an Críost é, duine tofa Dé. Agus ḃí na saiġdiúirí mar an gcéanna ag magaḋ faoi, ag teaċt ċuige, ag tairiscint fínéagra dó, agus iad á rá, Más tú Rí na nGiúdaċ, saor tú féin. Agus ḃí scríḃinn a ċúise scríofa os a ċionn i litreaċa Gréigise, agus Laidine, agus Eaḃraise, IS É SEO RÍ NA nGIÚDAĊ. Agus duine de na coirpiġ a croċaḋ ṫug sé masla dó, á rá, Más tú an Críost, saor tú féin, agus sinne. Aċ d'ḟreagair an duine eile, agus ṫug sé aċasán dó, á rá, An aṁlaiḋ naċ ḃfuil eagla Dé ort, agus tú faoin daorḃreiṫ ċéanna? Sinne, go deiṁin, sa ċeart; óir is ag díol a ḃfuil déanta againn atáimid: aċ ní ḋearna an fear seo míġníoṁ ar biṫ. Agus dúirt sé le hÍosa, A Ṫiarna, cuiṁniġ ormsa nuair a ṫiocfas tú i do ríoċt. Agus dúirt Íosa leis, go fírinneaċ adeirim leat, beiḋ tú im ḟoċairse inniu i bParrṫas.

Agus ḃí sé timpeall an séú huair: agus leaṫ dorċadas ar an talaṁ uile go dtí an



naoú huair. Agus ḋorċaiġ an ġrian, agus réabaḋ brat an teampaill trína lár. Agus ġlaoiġ Íosa de ġuṫ ard, agus dúirt sé ansin, A Aṫair, toirḃrím mo spriod i do láṁa: agus nuair a ċonaic an ceantúir cad é a ṫarla, ṫug sé glóir do Ḋia, á rá, go deiṁin b'ḟíréan an fear seo. Agus na daoine uile a ċruinniġ le ċéile ag féaċaint ar an raḋarc sin, nuair a ċonaic siad ar ṫarla, ḃuail siad a n-uċt agus d'ḟilleadar. Agus a luċt aiteantais, agus na mná uile a lean é ón nGailile, ṡeasadar i bfad uaiḋ, ag féaċaint ar na niṫe sin.

## AOINE AN ĊÉASTA.

M. Sm. 22: Gen. 22. 1–18; Eoin 18.
T. Sm. 40, nó 23, 31, 130; Isái. 52. 13–53 deireaḋ; Eoin 19. 31-deireaḋ, nó 1 Pead. 2. 11-deireaḋ.

### NA hORTANNA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, aċainímid ort féaċaint go dáiṁiúil orṫu seo do ċlann, ar toiliġ ár dTiarna Íosa Críost ar a son beiṫ á ḃraṫ, agus á taḃairt i láṁa droċ-ḋaoine, agus bás a ḟulaingt ar an gcrois, an té a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Naoṁ-Spiorad, in ḃur nAon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A ḊIA ṡíoraí na gcuṁaċt, a mbíonn coṁċorp uile na hEaglaise á rialú agus á naoṁú ag do Spiorad; glac lenár n-aċainíoċa agus lenár n-urnaiṫe, a toirḃrímid i do láṫair ar

son gaċ aicme daoine dá ḃfuil id Eaglais naofa, ar nós go ndéana gaċ ball den Eaglais ċéanna, ina ġnó agus ina ġairm, seirḃís ḋílis, ḋiaga duitse; trínár dTiarna agus ár Slánaiṫeoir Íosa Críost. Áiméan.

A Ḋia na trócaire, ós tú a rinne an Áḋaṁċlann, agus naċ fuaṫ leat aon ní dá ndearna tú, agus naċ mian leat go ḃfaiġeaḋ an peacaċ bás, aċ go n-iompóḋ sé agus go mairfeaḋ sé; Déan trócaire ar do ṡean-ṗobal Iosrael, agus ar gaċ duine naċ aiṫnid dó ṫú mar noċtar ṫú i Soiscéal do Ṁic; bain díoḃ gaċ aineolas agus cruas croí, agus tarcaisne do do Ḃriaṫar; agus taḃair aḃaile ċun do ḃanraċa iad, a Ṫiarna ḃeannaiṫe, ar nós go raiḃ siad ina n-aon tréad aṁáin faoin aon Aoire aṁáin, agus is é an tAoire sin Íosa Críost ár dTiarna, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaimid ár suaraċas, ar ṁoḋ go ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



## An Eipistil.

Eab. 10. 1.

Ḋála an dlí, ó naċ mbíonn aige aċ scáil na soċar atá le teaċt, agus ní hiad na soċair ina gcló féin, ní féidir leis trí na híobairtí sin, a ḃíoḋ á síor-íobairt ó ḃliain go bliain, an dream a tig ċucu a ċoṁlíonaḋ: óir dá mb'aṁlaiḋ, naċ stadfaí dá n-íobairt? De ḃrí, coṁ luaṫ agus a ġlanfaí an luċt adarṫa, naċ mbeaḋ an peaca ag goilliúint ar a gcoinsias a ṫuilleaḋ. Aċ is aṁlaiḋ bíonn na peacaí á gcur i gcuiṁne gaċ bliain sna híobairtí sin. Óir ní féidir é go dtógfaḋ fuil tarḃ agus gaḃar na peacaí. Deir sé, dá ḃrí sin, agus é ag teaċt ar an saol, Íobairt ná ofráil níor ṫoiliġ tú, aċ d'ullṁaiġ tú corp dom: In íobairtí loiscṫe agus in íobairtí ar son peaca ní raiḃ dúil agat: Is é dúirt mé ansin, Féaċ, táim ag teaċt (in imleaḃar an leaḃair tá sé scríofa i mo ṫaoḃ) go ndéana mé do ṫoil, a Ḋia. Nuair adúirt sé ṫuas, Íobairt agus ofráil agus íobairt loiscṫe agus íobairt ar son peaca níor ṫoiliġ tú, ná ní raiḃ dúil agat iontu, a ḃíos á n-ofráil de réir an dlí: dúirt sé ina diaiḋ sin, Féaċ, táim ag teaċt go ndéana mé do ṫoil, a Ḋia. Cuireann sé an ċéad ní ar ceal, go gcuire sé an dara ní ar bun. Agus is tríd an toil ċéanna a naofar sinn, trí ċorp Íosa Críost a íobraḋ den aon uair aṁáin go deo. Agus seasann gaċ sagart ag freastal go laeṫúil agus ag ofráil go minic na n-íobairtí céanna,

naċ féidir leo ċoiċe na peacaí a ḋíbirt: aċ is aṁlaiḋ d'íobair an fear sin aon íobairt aṁáin ar son peacaí go deo, agus ṡuiġ síos ansin ar ḋeasláiṁ Dé; agus é ag fanaċt uaiḋ seo amaċ go gcuirtear a naiṁde mar stól faoina cosa. Óir is leis an aon íobairt aṁáin a ċríoċnaiġ sé go deo an dream a naofar. Tugann an Spiorad Naoṁ fós fianaise air sin dúinn: óir i ndiaiḋ a rá ar dtús, Is é seo an conraḋ a ḋéanfas mé leo i ndiaiḋ na laeṫanta úd, adeir an Tiarna; Cuirfiḋ mé mo ḋlíṫe isteaċ ina gcroí, agus scríoḃfaiḋ mé ina n-intinn iad; agus ní ċuiṁneoiḋ mé a ṫuilleaḋ ar a bpeacaí ná ar a gcoireanna. An áit a ṁaitear iad seo, níl feiḋm a ṫuilleaḋ le híobairt ar son peaca. Dá ḃrí sin, a ḃráiṫre, ó ḃíonn dánaċt againn ċun dul isteaċ san ionad is naofa trí ḟuil Íosa, tríd an tslí ḃeo úrnua a ċoisric sé dúinn tríd an mbrat, is é sin trína ḟeoil; agus de ḃrí go ḃfuil againn ardsagart os cionn tí Dé; druidimis i ngar le croí fírinneaċ agus le lánċinnteaċt ċreidiṁ, agus an ní croite ar ár gcroí a ċosnaíos iad ó ḋroċ-ċoinsias, agus ár gcoirp niṫe le huisce glan: coinnímis greim daingean doċt ar adṁáil ár gcreidiṁ; óir is iontaofa an té a ġeall: agus bíoḋ aird againn ar a ċéile ag griosú a ċéile ċun grá, agus ċun dea-ġníoṁarta; gan stad de ċruinniú le ċéile, mar is gnáċ le dream áiriṫe; aċ ag spreagaḋ a ċéile ċuige; agus go mba ṁóide a ḋéanfaḋ siḃ sin, agus a ḟoisceaċt agus a ḟeiceann siḃ an lá ag druidim linn.



## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 19. 1.

DÁ ḂRÍ SIN ġlac Píoláid Íosa, agus sciúrsáil sé é. Agus d'ḟiġ na saiġdiúirí coróin spíne, agus ċuireadar ar a ċeann í, agus ċuireadar brat corcra air, agus dúradar, Sláinte, a Rí na nGiúdaċ! Agus ġaḃadar de ḃosa air. Ansin ċuaiġ Píoláid amaċ arís, agus dúirt sé leo, Féaċaigí, táim á ṫaḃairt amaċ ċugaiḃ, ionas go dtuige siḃ naċ ḃfaiġim aon ċoir ann. Ṫáiniġ Íosa amaċ ansin, agus an ċoróin spíne agus an brat corcra air. Agus dúirt Píoláid leo, Féaċaigí, an duine! Ar an áḃar sin, nuair a ċonaic uaċtaráin na sagart agus na hoifigiġ é, ġlaodar, á rá, Céas é, céas é. Dúirt Píoláid leo, Tugaigí féin liḃ é agus céasaigí é: óir ní ḟaiġimse coir ar biṫ ann. D'ḟreagair na Giúdaiġ é, Tá dlí againn, agus de réir an dlí sin tá an bás tuillte aige, de ḃrí go ndearna sé Mac Dé de féin. Nuair a ċuala Píoláid an ċaint sin, ba ṁó a ġlac sé eagla; agus ċuaiġ sé amaċ arís i gcúirt an ḃreiṫiúnais agus dúirt le hÍosa, Cá has duitse? Aċ níor ṫug Íosa aon freagra air. Ansin dúirt Píoláid leis, Naċ laḃróiḋ tú liom? naċ ḃfuil a ḟios agat go ḃfuil ar ċumas dom do ċéasaḋ, agus go ḃfuil ar ċumas dom do scaoileaḋ saor? D'ḟreagair Íosa, Ní ḃeaḋ aon ċumas agat im aġaiḋ, mura dtugtaí duit é ó neaṁ anuas: uime sin, an té a ṫug ar láiṁ duit mé, is mó a ṗeaca. Ḃí fonn ar Ṗíoláid ina ḋiaiḋ sin Íosa a ṡaoraḋ: aċ ġlaoiġ na Giúdaiġ á rá, Má scaoileann tú

an duine sin, ní cara do Ċéasar tú: gaċ duine a ḋéanas rí de féin is ag cur in agaiḋ Ċéasair atá sé. Arna ċluinstin sin do Ṗioláid, ṫug sé Íosa amaċ, agus ṡuiġ sé síos sa ċaṫaoir ḃreiṫiúnais, in áit ar a dtugtar an tSráid, agus Gabbata in Eaḃrais. Agus ba é lá ullṁaiṫe na Cásca a ḃí ann, tuairim an séú huair: agus dúirt sé leis na Giúdaiġ, Ḟéaċaiġí, ḃur Rí! Aċ ġlaodar, Ḃeir uainn é, céas é. Dúirt Pioláid leo, An é ḃur Rí a ċéasfas mé? D'ḟreagair uaċtaráin na sagart, Níl aon rí againn aċ Céasar. Ṫug sé dóiḃ ansin é le céasaḋ: agus ġlacadar Íosa, agus rugadar leo é.

Agus d'imiġ sé amaċ, agus é ag iompar a ċroise, go dtí áit ar a dtugtar áit ċloiginn, dá ngairtear Golgota as Eaḃrais: mar ar ċéasadar é, agus beirt eile in éineaċt leis, duine ar gaċ taoḃ de, agus Íosa i lár baill. Agus scríoḃ Pioláid teideal, agus ċuir sé ar an gcrois í. Agus is é a ḃí scríofa, ÍOSA NASARḊA RÍ NA nGIÚDAĊ. Agus léiġ a lán de na Giúdaiġ an teideal sin: óir ḃí an áit inar céasaḋ Íosa cóngaraċ don ċaṫair: agus ḃí sí scríofa in Eaḃrais, agus i nGréigis, agus i Laidin. Ansin dúirt uaċtaráin ṡagart na nGiúdaċ le Pioláid, Ná scríoḃ, Rí na nGiúdaċ, aċ go ndúirt sé, Is mise Rí na nGiúdaċ. D'ḟreagair Pioláid, An ní atá scríofa agam, tá sé scríofa agam. Agus ṫóg na saiġdiúirí éadaí Íosa, nuair a ḃí sé céasta acu, agus roinneadar ina gceiṫre codanna iad, cuid do gaċ saiġdiúir; agus a ionar mar an gcéanna: agus is aṁlaiḋ ḃí an



t-ionar gan ḟuáil ann, agus é fite ar fad óna ḃarr. Ar an áḃar sin dúradar le ċéile, ná réabaimis é, aċ cuirimis ar ċranna, cé leis é: ionas go gcoṁlíonfaí an Scrioptúr, a deir, Roinneadar m'éadaí eatarṫu, agus ċuireadar mo ċlúdaċ ar ċranna. Mar sin a rinne na saiġdiúirí. Aċ ḃí ina seasaṁ in aice na croise Íosa a ṁáṫair, agus deirfiúr a ṁáṫar, Máire bean Ċléopais, agus Máire Ṁagdaléne. Agus nuair a ċonaic Íosa a ṁáṫair, agus an deisceabal dár ṫug sé grá ina ṡeasaṁ ina haice, dúirt sé lena ṁáṫair, A ḃean, féaċ, do ṁac! Ansin dúirt sé leis an deisceabal, Féaċ, do ṁáṫair! Agus ón uair sin amaċ ṫug an deisceabal sin ċun a ṫeaġlaiġ féin í. Ina ḋiaiḋ sin, ó ḃí a ḟios ag Íosa go raiḃ gaċ ní críoċnaiṫe, ionas go gcoṁlíonfaí an Scrioptúr, deir sé, Tá tart orm. Ḃí soiṫeaċ ann agus é lán d'ḟínéagra: agus ċuireadar sponc lán den ḟínéagra ar hiosóip, agus ṡíneadar ċun a ḃéil é. Agus nuair a ġlac Íosa an fínéagra, dúirt sé, Tá críoċnaiṫe. agus ċrom sé a ċeann, agus ṫug sé a anam uaiḋ.

Is é rinne na Giúdaiġ, siocair lá an ullṁaiṫe a ḃeiṫ ann, ionas naċ ḃfanfaḋ na coirp ar an gcrois ar an Saḃóid (óir ba ardḟéile an lá Saḃóide sin), d'iarradar ar Ṗioláid go mbrisfí a lorgaí, agus go mbéarfaí as iad. Ṫáinig na saiġdiúirí dá réir sin, agus ḃriseadar lorgaí an ċéad duine, agus lorgaí an duine eile a céasaḋ in éineaċt leis. Aċ nuair a ṫángadar ċun Íosa, agus ċonaiceadar go raiḃ sé marḃ ċeana féin, níor ḃriseadar a lorgaí-sean: aċ toll duine de na saiġdiúirí

a ṫaoḃ le sleá, agus ar an láṫair ṫáinig fuil agus uisce amaċ as. Agus ṫug an té a ċonaic é fianaise, agus is fíor a ḟianaise: agus tá a ḟios aige gur fíor a ḃriaṫra, ionas go gcreidfeaḋ sibse. Óir rinneaḋ an méid sin ionas go gcoṁlíonfaí an Scrioptúr, Cnáṁ de ní ḃrisfear. Agus deir Scrioptúr eile fós, Féaċfaiḋ siaḋ ar an té a ṫollaḋar.

## OÍĊE ĊÁSCA.

M. Sm. 34: Seċ. 9. 9–12; Lúcás 23. 50–deireaḋ.
T. Sm. 16. 91: Iób 19. 21–27; Eoin 2. 13–22.

### AN ORṪA.

DEONAIĠ, a Ṫiarna, de réir mar baisteaḋ sinn i mbás do Ṁic beannaiṫe ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, go ndéanaimid ar an nós céanna ár mianta truaillite a ḃású de ṡíor ar ċuma go gcuirtear maraon leis sinn; agus go ngluaisimid tríd an uaiġ agus trí ġeata an ḃáis go dtí ár n-aiséirí áṫasaċ; ar son luaíocta an té a fuair bás, agus a aḋlacaḋ, agus a d'aiséiriġ ar ár son, do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Le rá ar maidin an Lae seo.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú, agus a ṁaiṫeas a ṗeacaí do gaċ duine atá aiṫríoċ; Cum agus cruṫaiġ croí nua coṁḃrúite ionainn, ionas go gcaoinimid mar is cóir ár bpeacaí, agus go n-adṁaímid ár suaraċas, ar ṁoḋ go



ḃfaiġimid uait, a Ḋia uileṫrócairiġ, fuascailt agus maiṫiúnas iomlán gan easpa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

1 Peaḋ. 3. 17.

IS FEARR daoiḃ, más aṁlaiḋ a ṫoiliġ Dia, fulaingt ar son na ndea-ġníoṁarṫa, ná ar son na ndroċġníoṁarṫa. Óir d'fulaing Críost fós aon uair aṁáin ar son na bpeacaí, an fíréan ar son na neaṁfíréan, go dtaḃarfaḋ sé ċun Dé sinn; a cuireaḋ ċun báis de ṫaoḃ na colainne, aċ a ḃeoḋ de ṫaoḃ an Spioraid; agus is sa rioċt sin a ċuaiġ sé agus a ṡeanmóiriġ sé do na spridí a ḃí i bpriosún, a ḃí easuṁal tráṫ dá raiḃ, nuair a ḃí Dia ag fanaċt go fada foiġneaċ i laeṫanta Naoi, an ḟaid agus ḃíoṫas ag ullṁú na hAirce, inar slánaíoḋ beagán, is é sin le rá, oċtar anam, le huisce. Bíonn an baiste, an tsaṁail atá ag freagairt dó san, dár slánú-na fós (ní le glanaḋ salaċair na colainne, aċ le freagairt dea-ċoinsiasa i láṫair Dé,) trí aiséirí Íosa Críost: a ċuaiġ isteaċ ar neaṁ, agus atá ar láiṁ deas Dé; agus a gcuirtear aingil agus urraí agus cuṁaċta faoina ċeannas.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 27. 57.

NUAIR a ṫáinig an tráṫnóna, ṫáinig duine saiḃir ó Arimaṫéa darḃ ainm Iósaf, a ḃí fós ina ḋeisceabal ag Íosa: ċuaiġ seisean ċun Píoláid, agus d'iarr sé corp Íosa air.

D'ordaiġ Pioláid ansin go dtaḃarfaí an corp dó. Agus ġlac Iósaf an corp, agus d'ḟill sé i línéadaċ ġlan é, agus ċuir sé ina ṫuama nua féin é, a ḃí ġearrṫa i gcarraig aige: agus d'iontaiġ sé leac ṁór tar ḃéal an tuama, agus d'imiġ sé. Agus ḃí Máire Ṁagdaléne, agus an Ṁáire eile ann, ina suí os coṁair an tuama. Agus lá arna ṁáraċ, an lá tar éis an ullṁaiṫe, ḃí uaċtaráin na sagart agus na Ḟairisínig cruinniṫe le ċéile i láṫair Pioláid, agus dúradar, A Ṫiarna, is cuiṁin linn go ndúirt an meallṫóir úd, agus é beo, I gceann trí lá éireoiḋ mé arís. Taḃair ordú dá ḃrí sin garda a ċur ar an tuama go dtí an treas lá, ar eagla go dtaga a ḋeisceabail san oiċe agus go ngoide siad é, agus go mba ṁeasa an meallaḋ deireanaċ ná an ċéad ṁeallaḋ. Dúirt Pioláid leo, Tá garda agaiḃ: imiġí, daingniġí é mar is fearr is féidir liḃ. D'imiodar mar sin, agus ḋaingníodar an tuama, ag cur séala ar an leac, agus ag cur garda san áit.

## DOṀNAĊ CÁSCA.

m. Sm. 2, 113: Ecs. 12. 1–14, nó 15. 1–18: Taisp. 1. 4–18.
T. Sm. 118: Isái. 51. 1–16, nó Ecs. 14. 5–deireaḋ; Eoin 20. 11–23, nó Róṁ. 6. 1–13.

### AN ORṪA.

A DIA Uileċuṁaċtaiġ, ós tú, trí d'Aonṁac Íosa Críost, a ṡáraiġ an bás agus a d'oscail dúinn geata na beaṫa síoraí; iarraimid go humal ort, fé mar ṫagann tú romainn le do



ġrásta ṡainiúil ag cur mianta maiṫe isteaċ inár n-aigne, caḃair gan staon a ṫaḃairt dúinn ċun crioċ ṁaiṫ a ċur ar na mianta céanna; trí Íosa Críost ár dTiarna, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Col. 3. 1.

Uime sin, má ardaíoḋ i ḃfoċair Ċríost siḃ, bíoḋ a ḃfuil neaṁaí á lorg agaiḃ, san áit ina ḃfuil Críost ina ṡuí ar ḋeis Dé. Cuirigí dúil ina ḃfuil neaṁaí, gan spéis ina ḃfuil doṁanda: óir tá siḃ marḃ, agus tá ḃur mbeaṫa i ḃfolaċ i ḃfoċair Ċríost i nDia. Nuair a ḟoilseofar Críost, ár mbeaṫa, ansin foilseofar siḃse mar an gcéanna i nglóir ina ḟoċair. Cloígí, mar sin, ḃur mbaill doṁanda; drúis, neaṁġlaine, dúil ṁiríalta, ainṁian, agus saint—is iol-aḋraḋ í sin—; is tríoṫusan a ṫagann díoltas Dé ar ċlann na heasuṁlaíoċta: agus is iontusan, leis, a ṡiúil siḃse tráṫ, nuair a ṁair siḃ iontu.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 20. 1.

AN ĊÉAD lá den tseaċtain, tagann Máire Ṁagdaléne go moċ ar maidin, agus an dorċaċt ann fós, go dtí an tuama agus feiceann sí go raiḃ an leac tógṫa ón tuama. Riṫeann

sí ansin, agus tagann sí mar a raiḃ Síomón Peadar, agus an deisceabal eile, dár ṫug Íosa grá, agus deir sí leo, Ṫógadar an Tiarna as an tuama, agus níl ḟios againn cár ċuireadar é. Mar sin d'imiġ Peadar, agus an deisceabal eile, amaċ, agus ċuadar faoi ḋéin an tuama. Agus ḃíodar araon ag riṫ: agus riṫ an deisceabal eile ní ba luaiṫe ná Peadar, agus ba túisce a ṡroiċ seisean an tuama; agus ag cromaḋ dó agus ag féaċaint isteaċ, fuair sé radarc ar an línéadaċ leagṫa ann; aċ ní ḋeaċaiġ sé isteaċ. Tagann Síomón Peadar ansin á leanúint, agus ċuaiġ sé isteaċ sa tuama, agus breaṫnaíonn sé ar an línéadaċ a ḃí leagṫa amaċ, agus an naipcín, a ḃí timpeall a ċinn, scarṫa ón línéadaċ, agus é fillte air féin in áit ar leiṫ. Ansin ċuaiġ an deisceabal eile isteaċ, leis, an té ṫáiniġ ar dtús go dtí an tuama, agus ċonaic sé, agus ċreid. Óir níor ṫuigeadar fós an Scrioptúr, go raiḃ i ndán dó aiséirí ó na mairḃ. Ansin d'imiġ na deisceabail ar ais abaile.

¶ Má ḋéantar an Ċomaoineaċ Naofa a ṁineastráil faoi dó, Doṁnaċ Cásca, in Eaglais ar biṫ, is ceadaiṫe an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal seo a leanas a úsáid le linn an ċéad ċinn.

## AN ORṪA.

A DIA, a ṫug d'Aonṁac do ḃás na croise ar son ár slánaiṫe, agus a ṡaor ó ċuṁaċt ár naṁad sinn trína aiséirí ġlórṁarsan; Deonaiġ ḋúinn bás a ḟáil gaċ lá ó peaca, ar ṡlí go mairimid go deo ina ḟoċairsean i lúċáir a aiséirí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



## AN EIPISTIL.

Eaḃ. 13. 20.

DIA na síoċána, a ṫug ar ais ó na mairḃ ár dTiarna Íosa, an tArd-Aoire úd na gcaoraċ, trí ḟuil an ċonarṫa ṡíoraí, go ndéana sé iomlán siḃ i ngaċ dea-obair ċun a toil a ḋéanaṁ, ag oibriú ionaiḃ an ní atá taitneaṁaċ ina ḟianaise, trí Íosa Críost; glóir dósan go saol na saol. Áiméan.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Marc. 16. 1.

AGUS nuair a ḃí an tSabóid ṫart, ċeannaiġ Máire Magdaléne, agus Máire máṫair Ṡéamais, agus Sálómé, spíosraí ċun teaċt agus é a ungaḋ. Agus ṫángadar go moċ ar maidin, an ċéad lá den tseaċtain, go dtí an tuama, le héirí gréine. Agus ḃíodar á rá lena ċéile, Cé a iontós an leac ḋúinn ó ḃéal an tuama? Agus ag féaċaint dóiḃ, ṫugadar faoi deara go raiḃ an leac iontaiṫe: óir ḃí sí an-ṁór. Agus ag dul isteaċ sa tuama dóiḃ, ċonaiceadar an t-ógánaċ ina ṡuí ar ṫaoḃ na láiṁe deise, agus brat geal air; agus ṫáiniġ uafás orṫu. Agus dúirt seisean leo, Ná bíoḋ uafás oraiḃ: tá siḃ ag lorg Íosa Nasarḋa, an té a céasaḋ: d'éiriġ sé; níl sé anseo; féaċaigí an áit inar ċuireadar é! Aċ imigí, insigí dá deisceabail agus do Peadar go ḃfuil sé ag dul romaiḃ go dtí an Ġailíl: feicfiḋ siḃ ansin é, mar a dúirt sé féin liḃ. Agus d'imíodar amaċ go tapaiḋ, agus

ṫeiṫeadar ón tuama; óir ḃí criṫeagla agus uafás orṫu; agus níor laḃraíodar focal le haon ḋuine aċ an oiread; óir ḃí scanraḋ orṫu.

## LUAN CÁSCA.

M. Sm. 16: Ísái. 38. 9–20; Lúcás 24. 1–12.
T. Sm. 30: Ísái. 12; 1 Peaḋ. 1. 1–12.

### AN ORṪA.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, ós tú, trí d'Aon-Ṁac Íosa Críost, a ṡáraiġ an bás agus a d'oscail ḋúinn geata na beaṫa síoraí; iarraimid go huṁal ort, fé mar a ṫagann tú roṁainn le do ġrásta ṡainiúil ag cur mianta maiṫe isteaċ inár n-aigne, caḃair gan staon a ṫaḃairt ḋúinn ċun críoċ ṁaiṫ a ċur ar na mianta céanna; trí Íosa Críost ár dTiarna, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Ḋia aṁáin go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 10. 34.

D'OSCAIL Peadar a ḃéal, agus ḋúirt, go fírinneaċ, is léir dom naċ ḃféaċann Dia do ḋuine seaċas a ċéile: aċ go mbíonn glacaḋ aige, i ngaċ cine, leis an té a mbíonn a eagla air, agus a ċleaċtaios an ceart. An briatar a ċuir Dia ċun clainne Iosrael, ag fógairt dea-scéala síoċána trí Íosa Críost (is é Tiarna ar ċáċ é)—is eol daoiḃ féin, deirim, an briatar



sin, a craoḃscaoileaḋ ar fuaid Iúdaea ar fad, agus a ṫosaiġ ón nGailíle, tar éis an ḃaiste a d'ḟógair Eoin; conas mar d'ung Dia Íosa Nasarḋa leis an Spiorad Naoṁ agus le cuṁaċt: gur ġluais sé roiṁe ag déanaṁ dea-ġníoṁarṫa, agus ag leiġeas gaċ duine a ḃí faoi smaċt an diaḃail; óir ḃí Dia leis. Agus táimidne inár ḃfinnéiṫe don ṁéid a rinne sé i gcríoċ na nGiúdaċ, agus in Iarúsalem; gur cuireaḋ ċun báis é, á ċroċaḋ ar ċrann. Ṫóg Dia ón mbás é an treas lá, agus ṫug sé le feiceáil é, ní don ṗobal go léir, aċ d'ḟinnéiṫe a ḃí tofa ag Dia roiṁ ré, dúinne, a ḃí ag iṫe agus ag ól ina ḟoċair tar éis dó aiséirí ó na mairḃ. Agus d'orḋaiġ sé dúinn laḃairt leis an bpobal, agus a ḋearḃú gurb eisean an té atá ceapṫa ag Dia ċun ḃeiṫ ina Ḃreiṫeaṁ ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ. Is dósan a ṫugann na fáiṫe go léir fianaise, go ḃfuil maiṫiúnas na bpeacaí le fáil trína ainmsean ag gaċ aon duine a ċreideas ann.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás. 24. 13.

FÉAĊ, ḃí beirt dá ḋeisceabail ag dul an lá céanna faoi ḋéin baile ḃig darb ainm Emmáus, a ḃí tuairim is trí fiċid stáid ó Iarúsalem. Agus ḃíodar ag coṁrá le ċéile i dtaoḃ na niṫe sin uile a ṫit amaċ. Agus ṫarla, agus iad ag caint le ċéile, agus ag suaiṫeaḋ an scéil, gur ṫarraing Íosa féin ina n-aice, agus gur ṡiúil sé in éineaċt leo.

Aċ coisceaḋ a súile ar a aiṫint. Agus dúirt sé leo, Céard é an t-ábar cainte atá agaiḃ, sa siúl daoiḃ, agus siḃ go gruama? Agus d'ḟreagair duine acu, darḃ ainm Cléoṗas, agus dúirt leis, An é naċ ḃfuil ionat aċ deoraí in Iarúsalem, naċ eol duit na niṫe a ṫit amaċ ann ar na mallaiḃ? Agus dúirt seisean leo, Céard iad na niṫe? Agus dúradarsan leis, Na niṫe i dtaoḃ Íosa Nasarḋa, a ḃí ina ḟáiḋ cuṁaċtaċ i ngníoṁ agus i mbriaṫar, i láṫair Dé agus an ṗobail uile: agus conas a ṫug uaċtaráin na sagart agus ár gceannfoirt ar láiṁ é lena ḋaoraḋ ċun báis, agus ċéasadar é. Aċ ḃí súil againne go mba eisean a ḃí ċun Iosrael a ḟuascailt: Ṫairis sin, is é seo an treas lá ó ṫit na niṫe sin amaċ. Agus fós, ḃí mná linn a ċuir ionaḋ orainn, tar éis dóiḃ ḃeiṫ ag an tuama go moċ; agus nuair naċ ḃfuaireadar a ċorp, ṫángadar, á rá, go ḃfacadar, leis, mar ḃeaḋ taiḃreaṁ aingeal, adúirt go raiḃ sé ina ḃeaṫa. Agus ċuaiġ roinnt díoḃ siúd a ḃí inár ḃfoċair go dtí an tuama, agus fuaireadar mar a dúirt na mná: aċ ní ḟacadar é féin. Ansin dúirt sé leo, A ḋaoine dícéillí, dúrċroíoċa ċun a ndúirt na fáiṫe a ċreidiúint! Nárḃ éigean do Ċríost na niṫe úd a ḟulaingt, agus dul isteaċ ina ġlóir? Agus ag tosú dó le Maois, agus leis na fáiṫe uile, ṁíniġ sé dóiḃ a raiḃ sna Scrioptúir uile ina ṫaoḃ féin. Agus ḃíodar ag druidim leis an mbaile beag a raḃadar ag dul faoina ḋéin: agus de réir cosúlaċta ḃí seisean ag dul ní ba ṡia. Aċ ċuireadar taṫaint air, á rá, Fan againne:



óir tá sé ina ṫráṫnóna, agus tá an lá caite ċeana féin. Agus ċuaiġ sé isteaċ ag fanaċt acu. Agus ṫarla, nuair a ḃí sé ina ṡuí ċun bia ina ḃfoċair, gur ṫóg sé an t-arán, agus gur ḃeannaiġ sé é, agus gur ḃris agus gur ṫug sé dóiḃ é. Agus osclaíoḋ a súile, agus d'aiṫníodar é; agus d'imiġ sé as a raḋarc. Agus dúradar le ċéile, Naċ raiḃ ár gcroí ar lasaḋ ionainn, nuair ḃí sé ag caint linn ar an mbóṫar, agus é ag míniú brí na Scrioptúr dúinn? Agus d'éiríodar an uair ċéanna sin, agus d'ḟilleadar go hIarúsalem, agus fuaireadar an t-aon ḟear déag, agus iad siúd a ḃí in éineaċt leo, i ḃfoċair a ċéile, agus iadsan á rá, Tá an Tiarna éiriṫe go deiṁin, agus ṫaispeáin sé é féin do Ṡíomón. Agus d'insíodar féin ar ṫit amaċ ar an tslí, agus conas a d'aiṫníodar é ar ḃriseaḋ an aráin.

## MÁIRT CÁSCA.

M. Sm. 57: Ísái. 25. 1–9; Maṫa 28. 1–10.
T. Sm. 92: Ísái. 26. 1–19; 1 Peaḋ. 1. 13–deireaḋ.

### AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ós tú, trí d'Aon-Ṁac Íosa Críost, a ṡáraiġ an bás, agus a d'oscail dúinn geata na beaṫa síoraí; Iarraimid go huṁal ort, fé mar ṫagann tú roṁainn le do ġrásta ṡainiúil ag cur mianta maiṫe isteaċ inár n-aigne, caḃair gan staon a ṫaḃairt dúinn ċun críoċ ṁaiṫ a ċur ar na

mianta céanna; trí Íosa Críost ár dTiarna, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 13. 26.

A ḞEARA agus a ḃráiṫre, a ċlann de ṡlioċt Abraċaim, agus an ṁéid agaiḃ ar a ḃfuil eagla Dé, is daoiḃse a cuireaḋ briaṫar an tslánaiṫe seo. Óir na daoine ċónaíos in Iarúsalem, agus a rialtóirí, toisc gan aiṫne ḃeiṫ acu airsean, agus gan eolas ḃeiṫ acu ar ḃriaṫar na ḃfáiṫe a léitear gaċ Saḃóid, ċoṁlíonadar a ndúradarsan, agus iad á ḋaoraḋ. Agus bíoḋ naċ ḃfuaireadar aon ċoir ḃáis ann, d'iarradar ar Ṗioláid a ċur ċun báis. Agus nuair a ḃí gaċ ní a scríoḃaḋ ina ṫaoḃ coṁlíonta acu, ṫógadar anuas den ċroċ é, agus ċuireadar i dtuama é. Aċ d'ardaiġ Dia ó na mairḃ é; agus ḃí sé á ḟeiceáil ar feaḋ mórán laeṫanta acu siúd a ṫáinig in éineaċt leis ón nGailílé go hIarúsalem, iadsan atá ina ḃfinnéiṫe dó i láṫair na ndaoine. Agus táimidne ag fógairt dea-scéil daoiḃ, conas mar ċoṁlíon Dia dúinne, an ċlann, an gealltanas a ṫug sé do na sinsir, mar a d'aiṫḃeoiġ sé Íosa; mar atá scríofa, leis, sa dara Salm, Is tusa mo Ṁac, is inniu a ġineas ṫú. Agus i dtaoḃ a ardaiṫe ó na mairḃ, gan filleaḋ a ṫuilleaḋ ċun truailliṫe, laḃair sé ar an gcuma seo, Taḃarfad duit gealltanais naofa ḋiongḃáilte Ḋáiḃí. Uime sin



dúirt sé i Salm eile, Ní ligfir dod Aon naofa truailliú a ḟeiceáil. Óir, nuair a ḃí a ṡeirḃís déanta ag Dáiḃí ina ġinealaċ féin de réir tola Dé, ċodail sé, agus cuireaḋ é i ḃfoċair a sinsear, agus ċonaic sé truailliú: aċ an té a ṫóg Dia suas, ní faca seisean truailliú. Dá ḃrí sin, a ḃráiṫre, tuigigí gur tríd an ḃfear seo a fógraítear daoiḃse maiṫiúnas na bpeacaí: agus gur trídsean a ṡaortar gaċ aon duine a ċreideas ó na cionta go léir, naċ ḃféadfaí ḃur saoraḋ uaṫu de réir reaċta Ṁaois. Seaċnaígí, dá ḃrí sin, sula dtaga oraiḃ an ṁéid a ḃfuil tráċt air sna fáiṫe: Féaċaigí, a luċt tarcaisne, déanaigí ionaḋ, agus téigí in éag; óir tá obair á déanaṁ agam in ḃur linn, obair naċ gcreidfiḋ siḃ ar ċor ar biṫ, bíoḋ go n-inseoḋ daoine daoiḃ é.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 24. 36.

ṠEAS Íosa féin ina measc, agus dúirt sé leo, Síoċáin daoiḃ. Aċ ḃí scanraḋ agus criṫeagla orṫu, agus ṡíleadar gur sprid a ċonaiceadar. Agus dúirt seisean leo, Cad ċuige a ḃfuil buairt oraiḃ? agus cad ċuige a ḃfuil ceisteanna ag éirí in ḃur gcroí? Féaċaigí mo láṁa agus mo ċosa, gur mise atá ann: cuirigí ḃur láṁa orm, agus féaċaigí; óir ní ḃíonn feoil ná cnáṁa ag sprid, mar a ḟeiceann siḃ a ḃeiṫ agamsa. Agus nuair a dúirt sé an méid sin, ṫaispeáin sé a láṁa agus a ċosa dóiḃ. Agus ó ḃíodar diċreidmeaċ

fós le corp áṫais, agus iad ag déanaṁ ionaḋ, dúirt sé leo, An ḃfuil rud ar biṫ le n-iṫe agaiḃ anseo? Agus ṫugadar dó blúire d'iasc rósta, agus blúire de ċíor ṁeala. Agus ġlac agus d'iṫ sé os a gcoṁair. Agus dúirt sé leo, Is iad seo na briaṫra a laḃraios liḃ, an fad a ḃíos fós in ḃur ḃfoċair, gurḃ éigean a ḃfuil scríofa i reaċt Ṁaois, agus sna Fáiṫe, agus sna Sailm, i mo ṫaoḃsa, a ċoṁlíonaḋ. Ansin d'oscail sé a n-intinn dóiḃ, ċun na Scrioptúir a ṫuiscint, agus dúirt sé leo, Is aṁlaiḋ atá scríofa agus is aṁlaiḋ ab éigean don Ċríost fulaingt, agus aiséirí ó na mairḃ an treas lá; agus go ḃfógrófaí ina Ainm aiṫreaċas, agus maiṫiúnas na bpeacaí, do na ciníoċa uile, ag tosú ó Iarúsalem. Agus is finnéiṫe siḃse ar na niṫe sin.

## AN ĊÉAD DOṀNAĊ TAR ÉIS NA CÁSCA.

M. Sm. 3, 16, 126: Ísái. 52. 1–12, nó Hós. 13. 9–14; Lúcás 24. 13–35, nó 1 Coir. 15. 1–28.
T. Sm. 111, 116, 117: Ísái. 54, nó Esec. 37. 1–14; Eoin 20. 24–deireaḋ, nó Taisp. 5.

### AN ORṪA.

A AṪAIR Uileċuṁaċtaiġ, a ṫug d'Aonṁac dúinn ċun bás a ḟáil ar son ár bpeacaí, agus ċun éirí arís ar son ár saorṫa; Deonaiġ dúinn laiḃín an oilc agus na hurċóide a ċur uainn, ar ṡlí go ndéanaimid seirḃís duit de ṡíor le fírinne agus le glaine ḃeaṫa; trína luaíoċtsan, do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### AN EIPISTIL.

I Coir. 5. 6.

NAĊ ḃfuil fios agaiḃ, go ngaḃann beagán laiḃín tríd an taos uile? Dá ḃrí sin, sciúraigí amaċ an seanlaiḃín, go mba ṫaos úr siḃ, mar atá siḃ gan laiḃín ionaiḃ. Óir íoḃraíoḋ Críost, ár n-uan Cásca, ar ár son; uime sin, comóraimis an ḟéile, gan an seanlaiḃín, gan laiḃín an oilc agus na hurċóide, aċ le harán slim na fíorġlaine agus na fírinne.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 20. 19.

TRÁṪNÓNA beag an lá sin, an ċéad lá den tseaċtain, agus na doirse dúnta sa teaċ ina raiḃ na deisceabail cruinniṫe, ar eagla na nGiúdaċ, ṫáinig Íosa agus ṡeas sé ina measc, agus dúirt sé leo, Síoċáin daoiḃ. Agus arna rá sin dó, noċt sé dóiḃ a láṁa agus a ṫaoḃ. Agus ḃí áṫas ar na deisceabail, nuair ċonaiceadar an Tiarna. Ansin dúirt Íosa arís leo, Síoċáin daoiḃ: fé mar ċuir an tAṫair uaiḋ mé, cuirimse siḃse uaim mar an gcéanna. Agus arna rá sin dó, d'análaiġ sé orṫu, agus dúirt sé leo, Glacaigí an Spiorad Naoṁ: na daoine a maiṫfiḋ siḃ a gcionta dóiḃ, tá siad maiṫe dóiḃ; agus na daoine a ḃfágfaiḋ siḃ a gcionta orṫu, tá siad fágṫa orṫu.

# AN DARA DOṀNAĊ TAR ÉIS NA CÁSCA.

M. Sm. 120–123, 125: Ecs. 16. 1–15, nó Ísái. 55; Eoin 5. 19–29, nó 1 Coir. 15. 35–deireaḋ.
T. Sm. 81, 84: Ecs. 32, nó 33. 7–deireaḋ, nó Ísái. 56. 1–8; Eoin 21, nó Ṗil. 3. 7–deireaḋ.

## AN ORTA.

A ḊIA Uileċumaċtaiġ, a ṫug d'Aonṁac dúinn go mbeaḋ sé ina íobairt ar son peaca, agus ina ṡampla de ḃeaṫa diaga againn; Taḃair de ġrásta dúinn glacaḋ go síorḃuíoċ leis an gcomaoin ṁórluaċmar sin uaiḋ, agus ár ndíċeall a ḋéanaṁ gaċ lá ċun leanúint ar lorg beannaiṫe a ḃeaṫa fíornaofasan; trídsean, Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

1 Nṁ. Peaḋ. 2. 19.

IS É atá inmolta, duine ag fulaingt doiliosa trí ċuiṁneaṁ ar Ḋia, agus é á ċrá san éagóir. Óir cén mórṁeas é, siḃ ag glacaḋ leis go foiġneaċ agus dorn á ḃualaḋ oraiḃ de ḃarr ḃur dtuaṫal? aċ má ġlacann siḃ leis go foiġneaċ agus siḃ faoi ċrá ar son dea-ġníṁ, is é sin is taitneaṁaċ le Ḋia. Óir is ċuige seo gaireaḋ siḃ: toisc gur ḟulaing Críost féin ar ár son, trínar ḟág sé sampla againn, ċun go leanfaḋ siḃ ar a lorg: an té naċ ndearna peaca, ní mó a fuarṫas cealg ina ḃéal: an té nár ṁaslaiġ agus masla



á ṫaḃairt dó; an té nár ḃagair olc agus é faoi ċrá; aċ a ċuaiġ ar ionċaiḃ an té úd a ṫugann breiṫ ċóir: an té céanna d'iompair ár gcuid peacaí ina ċorp féin ar an gcrann, go mairfimis don ḟíréantaċt ar mbeiṫ marḃ dúinn do na peacaí; an té gur cneasaíoḋ siḃ lena ċneáċa. Óir ḃíoḋ siḃ mar ċaoiriġ ar fán; aċ tá siḃ tiontaiṫe ṫar n-ais anois ċun Aoire agus ċun Easpaig ḃur n-anamaċa.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 10. 11.

DÚIRT Íosa, Is mise an tAoire maiṫ: tugann an tAoire maiṫ a anam ar son na gcaoraċ. Aċ an fear tuarastail, naċ aoire é, agus naċ leis féin na caoiriġ, feiceann sé an maċtíre ag teaċt, agus fágann sé na caoiriġ, agus teiṫeann sé; agus sciobann an maċtíre iad, agus ruaigeann sé na caoiriġ. Teiṫeann an fear tuarastail, óir is fear tuarastail é, agus is cuma leis-sean na caoiriġ. Is mise an tAoire maiṫ; agus aiṫním mo ċuid féin, agus aiṫníonn mo ċuid féin mé, fé mar aiṫníonn an tAṫair mé, agus tugaim m'anam ar son na gcaoraċ. Agus tá caoiriġ eile agam, naċ mbaineann leis an gcró seo: ní mór dom iadsan a ṫaḃairt, leis, agus éistfid siad le mo ġlór; agus beiḋ aon tréad aṁáin agus aon Aoire aṁáin ann.

# AN TREAS DOṀNAĊ TAR ÉIS NA CÁSCA.

M. Sm. 124, 127–129: Uiṁ. 22, 1–35, nó 22, 36–23. 26, nó Ísái. 57. 15–deireaḋ; Marc. 5. 21–deireaḋ, nó Gníoṁ. 2. 22–deireaḋ.

T. Sm. 66: Uiṁ. 23. 27–24 go deireaḋ, nó 32. 1–27, nó Ísái. 59; Eoin 11. 1–44, nó Taisp. 2. 1–17.

## AN ORṪA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, a ṫaispeánas solas d'ḟírinne don dream a bíos in earráid, le fonn go ḃfillidís ar ṡlí na fíréantaċta; Deonaiġ do gaċ duine dár glacaḋ isteaċ i gcoṁluadar Ċreidiṁ Ċríost, go séana siad na niṫe atá contrárṫa dá n-adṁáil, agus na niṫe atá freagraċ di a leanúint; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

1 Nṁ. Pead. 2. 11.

A ḊAOINE na páirte, aċainím oraiḃ, mar ḋeoraiṫe agus mar ḋíṫreaḃaiġ, staonaḋ ó ṁianta na colainne, a ṫroideas in agaiḋ an anama; agus ḃur n-iompar a ḃeiṫ go hionraic i measc na nGintliṫe; ionas, cé go gcuireann siad míġníoṁarṫa in ḃur leiṫ, go mola siad Dia lá a ṫeaċta, as ḃur ndea-ġníoṁarṫa a ḟeicfeas siad. Géilliġí do gaċ reaċt daonna ar son an Tiarna: don Rí, ós é is airde céim; nó do ġoḃarnóirí, ós iad a cuireaḋ uaiḋ le luċt míġníoṁarṫa a ḋaoraḋ, agus le luċt dea-ġníoṁarṫa a ṁolaḋ. Óir is mar seo is toil le Dia, go gcuire siḃ aineolas daoine gan ċiall ina ṫost le ḃur ndea-iompar: mar ṡaorḃaoine, gan an tsaoirse a ḃeiṫ ina ceilt don urċóid agaiḃ, aċ siḃ mar a ḃeaḋ



seirḃísiġ Dé ann. Tugaiġí urraim do gaċ aon duine. Tugaiġí grá do na bráiṫre. Bíoḋ uaṁan Dé oraiḃ. Biġí urramaċ don Rí.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 16. 16.

DÚIRT Íosa lena ḋeisceabail, Tamall beag, agus ní ḟeicfiḋ siḃ mé; agus tamall beag eile, agus feicfiḋ siḃ mé; toisc go ḃfuilimse ag dul ċun an Aṫar. Ansin dúirt cuid dá ḋeisceabail lena ċéile. Cad é seo adeir sé linn, Tamall beag, agus ní ḟeicfiḋ siḃ mé; agus tamall beag eile, agus feicfiḋ siḃ mé; agus Toisc go ḃfuilimse ag dul ċun an Aṫar? Uime sin dúradar, Cad é seo adeir sé, Tamall beag? Ní ṫuigimid an ċaint sin aige. Ḃí fios ag Íosa gur ṁian leo ceist a ċur air, agus dúirt sé leo, An ḃfuil siḃ ag ceistiú eadraiḃ féin faoi go ndúirt mé, Tamall beag, agus ní ḟeicfiḋ siḃ mé; agus tamall beag eile, agus feicfiḋ siḃ mé? Go deiṁin agus go dearfa, deirim liḃ, Go ndéanfaiḋ siḃse gol agus caoineaḋ, aċ beiḋ áṫas ar an saol: agus beiḋ brón oraiḃse, aċ aṫrófar ḃur mbrón ċun gairdis. Nuair a ḃíos bean i leaba luí seolta, bíonn dólás uirṫi, toisc a ham a ḃeiṫ tagṫa: aċ ċoṁ luaṫ agus a ḃeirtear an naíonán, ní ċuiṁníonn sí a ṫuilleaḋ ar an doilíos, le gairdeas go ḃfuil daonnaí tagṫa ar an saol. Uime sin, tá brón oraiḃ faoi láṫair: aċ feicfead arís siḃ, agus beiḋ áṫas ar ḃur gcroí, agus ní ḃainfiḋ aon duine ḃur n-áṫas díḃ.

# An Ceaṫrú Doṁnaċ tar éis na Cásca.

M. Sm. 63, 65: Deut. 4. 1–24, nó Ísái. 60; Lúcás 16. 19–deireaḋ, nó Gníoṁ. 3.
T. Sm. 138, 141, 146: Deut. 4. 25–40, nó 5, nó Ísái. 61; Lúcás 7. 1–35, nó Taisp. 2. 18–3. 6.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ós féidir leatsa aṁáin tola agus mianta ainrialta na bpeacaċ a smaċtú; Deonaiġ do do ṗobal grá don rud a ordaíos tú, agus dúil sa rud a ġeallas tú; ionas, i measc cor iomadúil ilġnéiṫeaċ an tsaoil, go mbí ár gcroí suite go daingean san áit ina mbíonn fíorṡólás ar fáil; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Nm. Séamas 1. 17.

Gaċ dea-ṫabartas, gaċ cruinnṫabartas, is ó neaṁ dó, é ag teaċt anuas ó Aṫair na soilse, an té naċ mbíonn aṫrú ann, ná aon scáil tiontaiṫe. Dá toil féin ġin sé sinn le Briaṫar na fírinne, ionas go mba ċéadtoraḋ sinn, ar ċuma éiġin, den ṁéid a ċruṫaiġ sé. Dá ḃrí sin, a ḃráiṫre na páirte, bíoḋ gaċ aon duine ullaṁ ċun éisteaċta, mall ċun labarṫa, mall ċun feirge: óir ní oibríonn fearg an duine fíréantaċt Dé. Cuirigí ar leataoḃ, mar sin, gaċ salaċar agus an iomarca oilc, agus



glacaigí go huṁal an Briaṫar a ḟréaṁaíoḋ ionaiḃ, agus a ḟéadas ḃur n-anam a ṡlánú.

## An Soiscéal.

Nm. Eoin 16. 5.

Dúirt Íosa lena deisceabail, Anois táim ag dul ċun an té a ċuir uaiḋ mé; agus níl duine agaibse á ḟiafraí díom, Cá ḃfuilir ag dul? Aċ de ḃrí gur labraíos na niṫe sin liḃ, líon ḃur gcroí de ḋólás. Aċ ċeana táim ag insint na fírinne daoiḃ; is é ḃur leas mé a imeaċt: óir mura n-imím, ní ṫiocfaiḋ an Sólásaí ċugaiḃ; aċ má imím, cuirfeaḋ ċugaiḃ é. Agus nuair ṫiocfas seisean, pléifiḋ sé leis an saol i dtaoḃ an ṗeaca, agus an ċirt, agus an ḃreiṫiúnais: i dtaoḃ an ṗeaca, de ċionn naċ gcreidiḋ ionamsa; i dtaoḃ an ċirt, toisc go ḃfuilim ag dul ċun m'Aṫar, agus naċ ḃfeicfiḋ siḃ feasta mé; i dtaoḃ an ḃreiṫiúnais, de ḃrí go ḃfuil breiṫiúnas tugṫa ar ṗrionsa an tsaoil seo. Is iomaí ní eile atá agam le rá liḃ fós, aċ níl ar ċumas daoiḃ a ḃfulaingt anois. Aċ ċeana, nuair a ṫiocfas an Spiorad úd na fírinne, treoróiḋ sé ċun na fírinne uile siḃ: óir ní uaiḋ féin a labrós sé; aċ labróiḋ sé gaċ a gcluineann sé: agus noċtfaiḋ sé daoiḃ na niṫe atá le teaċt. Tabarfaiḋ sé glóir domsa: óir glacfaiḋ sé de mo ċuidse, agus noċtfaiḋ sé daoiḃ é. Gaċ a ḃfuil ag an Aṫair, is liomsa é: dá ḃrí sin dúirt mé go nglacfaiḋ sé de mo ċuidse, agus go noċtfaiḋ sé daoiḃ é.

## AN CÚIGIÚ DOṀNAĊ TAR ÉIS NA CÁSCA,

Ard ainm coitianta dó

## DOṀNAĊ NA hAĊAINÍ.

M. Sm. 34: Deut. 6, nó Ísái. 62; Lúcás 20. 27–21. 4, nó Gníoṁ. 4. 1–33.
T. Sm. 107: Deut. 8, nó 10. 12–11. 1, nó Ísái. 63. 7–deireaḋ; Eoin 6. 47–69, nó Táisp. 3. 7–deireaḋ.

### AN ORṪA.

A Ṫiarna, óna dtagann gaċ maiṫ; Deonaiġ dúinne do ṡeirḃísiġ uṁla, trí oibriú do Spiorad Naoiṁ, smaointe maiṫe a ḃeiṫ againn, agus trí do ṫreoir ṫrócaireaċ iad a ċoṁlíonaḋ; trínár dTiarna Íosa Críost. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Nṁ. Séamas 1. 22.

Coṁlíonaigí an Briaṫar, gan ḃeiṫ ag éisteaċt aṁáin, ag cur dallamullóige oraiḃ féin. Óir má éisteann duine ar biṫ leis an mBriaṫar, gan a ċoṁlíonaḋ, is ionann an té sin agus duine ag féaċaint ar a ḋreaċ féin i scáṫán: óir feiceann sé é féin, agus imíonn sé leis, agus tá dearmad déanta aige láiṫreaċ dá ċosúlaċt féin. Aċ an té dearcas isteaċ i reaċt iomlán na saoirse, agus a ḟanas ann, gan ḃeiṫ mar ḋuine ag éisteaċt go dearmadaċ, aċ mar ḋuine a ċoṁlíonas an obair, is beannaiṫe ina ġníoṁ an té sin. Má tá cuma na cráifeaċta ar aon duine agaiḃ, agus gan srian aige ar a ṫeanga aċ é ag meallaḋ a ċroí féin, is fuar a ċuid cráifeaċta. Is í seo an



ċráifeaċt ġlan gan teiṁeal i láṫair Dé agus an Aṫar, dul d'ḟéaċaint dílleaċtaí agus baintreaċ ina n-anró, agus é féin a ċoimeád gan smál ón saol.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 16. 23.

Go deiṁin agus go dearfa, deirim liḃ, ní ar biṫ a iarrfas siḃ ar an Aṫair im Ainmse, taḃarfaiḋ sé daoiḃ é. Go dtí seo níor iarr siḃ aon ní im Ainmse: iarraigí, agus ġeoḃaiḋ siḃ, ionas go mbí ḃur n-áṫas iomlán. Labraíos an méid sin liḃ i saṁlaoidí: tá an uair ag teaċt naċ labród liḃ feasta i saṁlaoidí, aċ go dtaispeánfad daoiḃ go soiléir i dtaoḃ an Aṫar. Iarrfaiḋ siḃ im Ainmse an lá sin: agus ní deirim liḃ, go nguífead ċun an Aṫar ar ḃur son; óir tá grá ag an Aṫair féin daoiḃ, de ḃrí go raiḃ grá agaiḃ domsa, agus gur ċreid siḃ gur ó Ḋia a ṫáiniġ mé. Ṫáiniġ mé amaċ ón Aṫair, agus ṫáiniġ mé ar an saol: táim ag fágáil an tsaoil arís, agus táim ag dul ċun an Aṫar. Dúirt a ḋeisceaḃail leis, Féaċ, anois táir ag labairt go soiléir, agus ní saṁlaoid atá agat á rá. Tá fios againn anois gurb eol duit an uile ní, agus naċ gá duit aon duine ḃeiṫ do do ċeistiú: creidimid dá ḃrí sin gur ṫáiniġ tú amaċ ó Ḋia. D'ḟreagair Íosa dóiḃ, An gcreideann siḃ anois? Féaċaigí, tá an uair ag teaċt, tá sí ann anois féin; ina scaipfear gaċ duine agaiḃ ċun a ḃaile féin, agus ina

ḃfágfaiḋ siḃ mise im aonar: aċ ċeana, ní im aonar atáim, óir tá an tAṫair im ḟoċair. Dúirt mé an ṁéid sin liḃ, ċun go mbeaḋ síoċáin agaiḃ ionamsa. Beiḋ anró oraiḃ sa saol seo: aċ bíoḋ misneaċ agaiḃ; tá buaite agamsa ar an saol.

## LÁ NA DEASCABÁLA.

M. Sm. 8, 15, 21: 2 Rí. 2. 1–15; Eif. 4. 1–16.
T. Sm. 24, 47, 110: Dan. 7. 9–10 agus 13–14; Lúcás 24. 36–deireaḋ.

### AN ORṪA.

Deonaiġ dúinn, guímid tú, a Ḋia Uile-ċuṁaċtaiġ, fé mar a ċreidimid go ndeaċaiġ d'Aonṁac ár dTiarna Íosa Críost in airde sna flaiṫis; mar sin go dtéimidne leis ansiúd in airde i gcroí agus in aigne, agus go raiḃ buanċónaí orainn ina ḟoċairsean, an té a ṁaireas i ríoċt leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Ḋia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 1. 1.

Rinneas an ċéad tráċtas, a Ṫeofilus, ar gaċ ar tionscnaiġ Íosa a ḋéanaṁ agus a ṫeagasc, go dtí an lá inar tógaḋ suas é, tar éis dó aiṫeanta a ṫaḃairt tríd an Spiorad Naoṁ do na hAspail a ṫoġ sé: dár taispeáin sé é féin beo i ndiaiḋ a páise, lena lán dearḃ-ḋeiṁnite, agus é arna ḟeiceáil acu le linn daiċead lá, ag laḃairt ar na nite a ḃain le ríoċt Dé: agus, ina gcoṁluadar dó, d'ordaiġ



sé dóiḃ gan imeaċt as Iarúsalem, aċ fanaċt le geallṫanas an Aṫar, a ċuala siḃ, ar sé, uaimse. Óir rinne Eoin baiste go dearfa le huisce; aċ baistfear siḃse leis an Spiorad Naoṁ taoḃ istiġ de ḃeagán laeṫanta. Agus, ar mbeiṫ dóiḃ i ḃfoċair a ċéile, d'fiafraíodar de, á rá, A Ṫiarna, an é seo an t-am ina dtaḃarfaiḋ tú an ríoċt ar ais d'Iosrael? Agus dúirt seisean leo, Ní cuí daoiḃse fios a ḟáil ar na haimsiri ná ar na tráṫa, a ċoimeád an tAṫair ina ċuṁaċt féin. Aċ ġeoḃaiḋ siḃ neart, tar éis don Spiorad Naoṁ teaċt oraiḃ: agus beiḋ siḃ in ḃur ḃfinnéiṫe domsa, in Iarúsalem, agus in Iúdaea ar fad, agus i Samária, agus go forimeall an doṁain. Agus nuair a ḃí an ṁéid sin ráite aige, agus iadsan ag féaċaint air, tógaḋ suas é; agus ċeil scamall ar a raḋarc é. Agus an ḟaid a ḃíodar ag féaċaint go géar ar spéir neiṁe, agus é ag imeaċt suas, féaċ, ḃí beirt ḟear, agus éadaċ geal orṫu, ina seasaṁ ina n-aice; agus dúradar, A ḟeara Gaililéaċa, cad ċuige daoiḃ beiṫ in ḃur seasaṁ ag aṁarc ar spéir neiṁe? An tÍosa seo, atá tógṫa suas uaiḃ isteaċ sna flaiṫis, tiocfaiḋ sé ar an gcuma ċéanna agus a ċonaic siḃ é ag dul suas ar neaṁ.

### AN SOISCÉAL.

Nm. Marc. 16. 14.

Ṫaispeáin Íosa é féin don aon fear déag, agus iad ina suí ag caiṫeaṁ bia, agus ċas sé leo a ndíċreideaṁ agus a ndúire ċroí, de

ḃrí nár ċreideadar na daoine a ċonaic é ar n-éirí dó. Agus dúirt sé leo, Imigí ar fuaid an doṁain uile, agus déanaigí an soiscéal a ċraoḃscaoileaḋ don ċine daonna ar fad. An té ċreidfeas agus a ḃaistfear, saorfar é, aċ an té naċ gcreidfiḋ, daorfar é. Agus is iad seo na coṁartaí a leanfas iadsan a ċreidfeas: Caitfid deaṁain amaċ im Ainmse; laḃróid as teangaċa nua; tógfaid suas naṫraċa niṁe, agus má ólaid aon ní marfaċ, ní ḋéanfaiḋ sé doċar ar biṫ dóiḃ; cuirfid a láṁa ar na daoine breoite, agus leiġeasfar iad. Agus, tar éis don Tiarna laḃairt leo, tógaḋ suas ar neaṁ é, agus ṡuiġ sé ar deis Dé. Agus d'imíodarsan, agus ċraoḃscaoileadar san uile áit, an Tiarna ag coṁoibriú leo, agus ag neartú an Ḃriaṫair le coṁartaí a lean é.

¶ Úsáidtear Orṫa, Eipistil, agus Soiscéal Lae na Deascaḃála an dá lá ina ḋiaiḋ sin, aċ aṁáin nuair a ċaitfear Orṫa, Eipistil, agus Soiscéal eile a úsáid.

## An Doṁnaċ tar éis Lae na Deascaḃála.

M. Sm. 24, 47, 110: Deut. 26, nó Lev. 16. 1–22, nó Ísái. 64; Eoin 14. 1–14, nó Eip. 1. 3–deireaḋ.
T. Sm. 8, 15, 21: Deut. 30, nó 34, nó Ísái. 65. 17–deireaḋ; Eoin 16. 5–deireaḋ, nó Gníoṁ. 1. 1–14.

### An Orṫa.

A Dia, Rí na glóire, d'ardaiġ d'Aonṁac Íosa Críost go caiṫréimeaċ go dtí do ríoċt ar neaṁ; iarraimid ort, gan ár ḃfágáil gan sólás; aċ cuir do Spiorad Naoṁ ċugainn ċun sólás a ṫaḃairt dúinn, agus ċun ár n-ardaiṫe go dtí an áit ċéanna mar a ndeaċaiġ ár Slánaiṫeoir Críost roṁainn, an té a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.



### An Eipistil.

1 Nṁ. Pead. 4. 7.

IS gearr uainn deireaḋ na n-uile rud; uime sin bígí stuama, agus déanaigí faire ċun urnaí. Agus tar gaċ ní eile, bíoḋ dianġrá agaiḃ dá ċéile; óir ceilfiḋ an grá a lán peacaí. Ḃígí fial fáilteaċ lena ċéile gan doiċeall. Fé mar ġlac gaċ aon duine an taḃartas, bíoḋ sé á ḟreastal agaiḃ lena ċéile, mar a ḃeaḋ dea-ṁaoir ar ġrásta ilġnéiṫeaċ Dé ann. Má laḃraíonn aon duine, laḃraíoḋ sé mar rúnḃriaṫra Dé: má ḋéanann aon duine freastal, déanaḋ sé é de réir na hacṁainne a ṫugann Dia uaiḋ; ionas go nglóirítear Dia i ngaċ uile rud trí Íosa Críost, dósan go raiḃ molaḋ agus réim go saol na saol. Áiméan.

### An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 15. 26, agus cuid de ċaibidil a 16.

NUAIR ṫiocfas an Sólásaí, an té a ċuirfeas mé ċugaiḃ ón Aṫair, Spiorad na fírinne, a ġluaiseas ón Aṫair, taḃarfaiḋ seisean fianaise i mo ṫaoḃsa: agus taḃarfaiḋ sibse, leis, fianaise, óir tá siḃ im ḟoċair ó ṫosaċ. D'insíos

an ṁéid sin daoiḃ, ċun naċ nglacfaḋ siḃ scannal. Cuirfear amaċ as na sionagógaí siḃ: ṫairis sin, tá an uair ag teaċt, go measfaiḋ an té a ṁaraíos siḃ gur ag déanaṁ seirḃíse Dé atá sé. Agus déanfaiḋ an ṁéid sin oraiḃ, de ċionn naċ aiṫniḋ dóiḃ an tAṫair, ná mise. Aċ d'insíos na niṫe sin daoiḃ, ċun go gcuiṁneoiḋ siḃ gur insíos daoiḃ mar ġeall orṫu, nuair a ṫiocfas an t-am.

## DOṀNAĊ CINCÍSE.

M. Sm. 145: Ióel 2. 28–deireaḋ; Róṁ. 8. 1–17.
T. Sm. 104: Isái. 11. 1–9, nó Esec. 36. 22–36; Róṁ. 8. 18–deireaḋ, nó Gal. 5. 13–deireaḋ.

### AN ORṪA.

A Dia, a ċuir solas do Spioraid Naoiṁ mar a ḃeaḋ san am seo go dtí do ṗobal dílis ċun a gcroí a ṫeagasc; Deonaiġ dúinne tríd an Spiorad céanna go raiḃ breiṫiúnas ceart againn i ngaċ ní, agus go mbainimid áṫas i gcónaí as a ṡólás naofasan; trí luaíoċt an Ċríost, Íosa ár Slánaiṫeoir, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa in aontaċt an Spioraid ċéanna, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 2. 1.

NUAIR a ṫáinig lá Cincíse, ḃíodar uile d'aontoil in éineaċt ar aon láṫair. Agus ṫáinig go tobann torann ó neaṁ mar a ḃeaḋ cuaifeaċ gaoiṫe an-tréine ann, agus líon sé an teaċ uile ina raḃadar ina suí. Agus noċtaḋ dóiḃ mar a ḃeaḋ teangaċa tine scoilte ó ċéile; agus ṡuiġ sí ar gaċ duine acu. Agus líonaḋ iad uile den Spiorad Naoṁ, agus ṫosaíodar ar laḃairt as teangaċa éagsúla, de réir mar a ṫug an Spiorad dóiḃ laḃairt. Agus ḃí ina gcónaí in Iarúsalem Giúdaiġ, daoine diaga, as gaċ críoċ faoin spéir. Agus nuair a ċualaṫas an scéala sin, ċruinniġ na daoine le céile, agus ḃí mearḃall orṫu, de ḃrí gur airiġ gaċ duine acu a ṫeanga féin á laḃairt acu. Agus ḃí ionaḋ agus alltaċt orṫu go léir, agus dúradar le céile, Féaċ, naċ Gaililéiġ iad seo go léir atá ag caint? Agus conas a ċluinimidne, gaċ duine againn, ár dteanga féin mar rugaḋ sinn? Párṫaiġ, agus Méidiġ, agus Elaimítiġ, agus daoine a ċónaíos i Mesópotámia, agus in Iúdaea, agus i gCappadócia, i bPontus, agus san Áis, i ḃFrigia, agus i bPamfilia, san Éigipt, agus i gcríoċa Libia atá timpeall Ċuréné, agus coiṁtíġ ón Róiṁ, Giúdaiġ agus Iompaiṫiġ, Créitiġ agus Arábaiġ, cluinimid iad ag laḃairt inár dteangaċa féin ar iontais móra Dé.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 14. 15.

DÚIRT Íosa lena deisceabail, Má tá grá agaiḃ dom, coiméadaigí m'aiṫeantasa. Agus cuirfeadsa aċainí ar an Aṫair, agus taḃarfaiḋ sé Sólásaí eile daoiḃ, ċun ḃeiṫ in

ḃur ḃfoċair go deo, Spiorad na fírinne; naċ ḃféadann an saol é a ġlacaḋ, óir ní ḟeiceann agus ní aiṫníonn sé é: aċ aiṫníonn siḃse é; óir fanann sé agaiḃ, agus beiḋ sé ionaiḃ. Ní ḟágfad gan sólás siḃ: tiocfad ċugaiḃ. Tamall beag eile, agus ní ḟeicfiḋ an saol mé feasta; aċ feiceann siḃse mé: toisc go ḃfuilimse beo, beiḋ siḃse beo mar an gcéanna. Beiḋ fios agaiḃ an lá sin go ḃfuilim im Aṫair, agus go ḃfuil siḃ ionam, agus mise ionaiḃse. An té a ḃfuil m'aiṫeanta aige, agus a ċoiṁlíonas iad, is é sin an té a ḃfuil grá aige dom: agus an té a ḃfuil grá aige dom, beiḋ grá ag an Aṫair dósan, agus beiḋ grá agamsa dó, agus foilseoḋ mé féin dó. Dúirt Iúdás (níorḃ é Iscariót é) leis, A Ṫiarna, cad faoi deara gur dúinne a ḟoilseoir tú féin, agus naċ don saol é? D'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leis, Má tá grá ag duine dom, coimeádfaiḋ sé mo ḃriaṫra: agus beiḋ grá ag m'Aṫair dó, agus tiocfaimid ċuige, agus déanfaimid cónaí ina ḟoċair. An té naċ ḃfuil grá aige dom, ní ċoimeádann sé mo ḃriaṫra: agus an briaṫar a ċluineann siḃ, ní hé mo ḃriaṫarsa é, aċ briaṫar m'Aṫar a ċuir uaiḋ mé. Laḃraíos an méid sin liḃ, agus mé fós in ḃur ḃfoċair. Aċ an Sólásaí, an Spiorad Naoṁ, a ċuirfeas an tAṫair uaiḋ im ainmse, múinfiḋ seisean gaċ uile ní daoiḃ, agus cuirfiḋ sé i gcuiṁne daoiḃ gaċ a ndúras liḃ. Fágaim síoċáin agaiḃ; mo ṡíoċáinse tugaim daoiḃ: ní mar a ṫugann an saol, a ṫugaimse daoiḃ. Ná bíoḋ buairt ar ḃur gcroí, ná eagla air. Ċuala siḃ mé á rá liḃ, Táim ag imeaċt, agus



táim ag filleaḋ ċugaiḃ. Dá mbeaḋ grá agaiḃ dom, ḃeaḋ áṫas oraiḃ, toisc go ndúras, Táim ag dul ċun an Aṫar: óir is mó é m'Aṫair ná mise. Agus anois tá sé inste agam daoiḃ roiṁ ré, ċun go gcreide siḃ nuair a ṫiocfas sé ċun críċe. Ní laḃród mórán eile liḃ feasta, óir tá prionsa an tsaoil seo ag teaċt, agus níl baint ar biṫ aige liomsa. Aċ ċun go n-aiṫní an saol go ḃfuil grá agam don Aṫair, agus de réir mar a d'ordaiġ an tAṫair dom, is aṁlaiḋ a ḋéanaim.

## Luan Cincíse.

M. Sm. 33: Esec. 11. 14–20; Gníoṁ. 2. 12–36.
T. Sm. 87: Míc. 3. 8–4. 2; Gníoṁ. 2. 37–deireaḋ.

### An Orta.

A Dia, a ċuir solas do Spioraid Naoiṁ mar a ḃeaḋ san am seo go dtí do poḃal dílis ċun a gcroí a ṫeagasc; Deonaiġ dúinne tríd an Spiorad céanna go raiḃ breiṫiúnas ceart againn i ngaċ ní, agus go mbainimid áṫas i gcónaí as a ṡólás naofasan; trí luaíoċt an Ċríost, Íosa ár Slánaiṫeoir, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa in aontaċt an Spioraid ċéanna, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### An Eipistil.

Gníoṁ. 10. 34.

D'OSCAIL Peadar a ḃéal, agus dúirt, Go fírinneaċ is léir dom naċ ḃféaċann Dia do ḋuine seaċas a ċéile: aċ go mbíonn glacaḋ

aige, i ngaċ cine, leis an té a mbíonn a eagla air, agus a ċleaċtaíos an ceart. An briaṫar a ċuir Dia ċun clainne Iosrael, ag fógairt dea-scéala síoċána trí Íosa Críost (is é Tiarna ar ċáċ é): is eol daoiḃ féin, deirim, an briaṫar sin, a craoḃscaoileaḋ ar fuaid Iúdaea ar fad, agus a ṫosaiġ ón nGailíle, tar éis an ḃaiste a d'ḟógair Eoin; conas mar d'ung Dia Íosa Nasarḋa leis an Spiorad Naoṁ agus le cuṁaċt: gur ġluais sé roiṁe ag déanaṁ dea-ġníoṁarṫa, agus ag leiġeas gaċ duine a ḃí faoi smaċt an diaḃail; óir ḃí Dia leis. Agus táimidne inár ḃfinnéiṫe don ṁéid a rinne sé i gcríoċ na nGiúdaċ, agus in Iarúsalem; gur cuireaḋ ċun báis é, á ċroċaḋ ar ċrann. Ṫóg Dia ón mbás é an treas lá, agus ṫug sé le feiceáil é, ní don ṗobal go léir, aċ d'ḟinnéiṫe a ḃí tofa ag Dia roiṁ ré, dúinne, a ḃí ag iṫe agus ag ól ina ḟoċair tar éis dó aiséirí ó na mairḃ. Agus d'ordaiġ sé dúinn laḃairt leis an bpobal, agus a ḋearḃú gurb eisean an té atá ceapta ag Dia ċun beiṫ ina Ḃreiṫeaṁ ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ. Is dósan a ṫugann na fáiṫe go léir fianaise, go ḃfuil maiṫiúnas na bpeacaí le fáil trína Ainmsean ag gaċ aon duine a ċreid-eas ann. Le linn do Ṗeadar beiṫ ag laḃairt na ḃfocal sin, ṫuirling an Spiorad Naoṁ orṫu siúd a ḃí ag éisteaċt leis an mbriaṫar. Agus luċt an timpeallġearrṫa a ċreid, an ṁéid díoḃ a ṫáinig in éineaċt le Peadar, ḃí ionaḋ mór orṫu de ḃrí gur doirteaḋ tíolacaḋ an Spioraid Naoiṁ ar na Cinioċa féin. Óir d'airíodar ag laḃairt as teangaċa iad, agus



ag aḋṁolaḋ Dé. Ansin d'ḟreagair Peadar, An féidir le duine ar biṫ uisce a ċros, gan ligean dúinn na daoine seo a ḃaisteaḋ, iad seo a ġlac an Spiorad Naoṁ ċoṁ maiṫ linne? Agus d'ordaiġ sé iad a ḃaisteaḋ in Ainm an Tiarna. Ansin d'impíodar air fanaċt acu roinnt laeṫanta.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 3. 16.

ĠRÁIĠ Dia an saol ċoṁ mór sin, gur ṫug sé a Aonṁac féin, ionas, gaċ duine a ċreidfeaḋ ann, naċ gcaillfí é, aċ go mbeaḋ an ḃeaṫa síoraí aige. Óir ní ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar an saol a ċuir Dia a Ṁac uaiḋ ar an saol; aċ ċun go saorfaí an saol tríd. An té a ċreideas ann ní ṫugtar breiṫ air: aċ an té naċ gcreideann, tá breiṫ tugṫa ċeana féin air, toisc nár ċreid sé in Ainm Aonṁic Dé. Agus is í seo an ḃreiṫ, gur ṫáinig an solas ar an saol, agus gurḃ ansa leis na daoine an dorċaċt ná an solas, toisc a ngníoṁarṫa a ḃeiṫ go holc. Óir gaċ duine a ċleaċtaíos an t-olc bíonn fuaṫ aige don solas, agus ní ṫagann sé ċun an tsolais, ar eagla go noċtfaí a ġníoṁarṫa. Aċ an té a ċleaċtaíos an ḟírinne tagann sé ċun an tsolais, ċun go ḃfoilsiṫear a ġníoṁarṫa, go ndearnaḋ i nDia iad.

## MÁIRT CINCÍSE.

M. Sm. 46: Esec. 37. 1–14; 1 Coir. 12. 1–13.
T. Sm. 133, 134: Esec. 47. 1–9; 1 Coir. 12. 27–13 deireaḋ.

### AN ORṪA.

A Ḋia, a ċuir solas do Spioraid Naoiṁ mar a ḃeaḋ san am seo go dtí do ṗobal dílis ċun a gcroí a ṫeagasc; Deonaiġ dúinne tríd an Spiorad céanna go raiḃ breiṫiúnas ceart againn i ngaċ ní, agus go mbainimid áṫas i gcónaí as a ṡólás naofasan; trí Luaíoċt an Ċríost, Íosa ár Slánaiṫeoir, a ṁaireas i ríoċt maraon leatsa, in aontaċt an Spioraid ċéanna, aon Ḋia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 8. 14.

Nuair a ḋ'airiġ na hAspail a ḃí in Iarúsalem go raiḃ Samária tar éis Briaṫar Dé a ġlacaḋ, ċuireadar ċuca Peadar agus Eoin: agus nuair a ṫáiniġ siadsan, ġuiodar ar a son, go ḃfaiġidís an Spiorad Naoṁ: óir go dtí sin níor ṫuirling sé ar duine acu: ní dearnaḋ aċ iad a ḃaisteaḋ in Ainm an Tiarna Íosa. Ansin ċuireadar a láṁa orṫu, agus ġlacadar an Spiorad Naoṁ.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 10. 1.

Go deiṁin agus go dearfa, a deirim liḃ, An té naċ dtagann an doras isteaċ i gcró na gcaoraċ, aċ a dreapas suas ar ḃealaċ



eile, gadaí agus sladaí is ea é. Aċ an té a ṫagas an doras isteaċ is é aoire na gcaoraċ é. Is dósan a osclaíos an geatóir; agus airíonn na caoiriġ a ġlór: agus glaonn sé a ċaoiriġ féin as a n-ainm, agus seolann sé amaċ iad. Agus nuair a ṫugann sé a ṫréad féin amaċ, siúlann sé rompu, agus leanann na caoiriġ é: óir aiṫníonn siad a ġlór. Aċ ní leanfaiḋ siad coiṁtíoċ, aċ teiṫfiḋ siad uaiḋ: óir ní aiṫníonn siad glór na gcoiṁtíoċ. Laḃair Íosa an tsaṁlaoid sin leo: aċ níor ṫuigeadar brí na méide adúirt sé leo. Ansin dúirt Íosa leo arís, Go deiṁin agus go dearfa, a deirim liḃ, Is mise doras na gcaoraċ. Gaċ ar ṫáiniġ roṁam, is gadaiṫe agus sladaiṫe iad: aċ níor airiġ na caoiriġ iad, Is mise an doras: cibé a ṫagas isteaċ tríomsa, slánófar é, agus raċaiḋ sé isteaċ agus amaċ, agus ġeoḃaiḋ sé inior. Ní ṫagann an gadaí aċ ċun ḃeiṫ ag goid, agus ag marú, agus ag scrios: ṫáiniġ mise ċun go mbeaḋ beaṫa acu, agus go mb' ḟairsinge a ḃeaḋ sí acu.

## DOṀNAĊ NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 29, 33: Ísái. 6. 1–8; Marc. 1. 1–11, nó 1 Pead. 1. 1–21.
T. Sm. 93, 99, 150: Ecs. 34. 1–10, nó Uiṁ. 6. 22–deireaḋ, nó Ísái. 40. 12–deireaḋ; Mat. 28. 16–deireaḋ, nó Eif. 3.

### AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ṫug de ġrásta dúinne do ṡeirḃísiġ trí ḟaoistin fíorċreidiṁ glóir na Trionóide síoraí a aḋṁáil, agus an Aontaċt a aḋraḋ trí ċuṁaċt

na Mórgaċta Diaga; aċainímid ort sinn a ċoimeád buan sa ċreideaṁ sin, agus sinn a ċosaint de ṡíor ar gaċ anró; tusa a ṁaireas i ríoċt, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Taisp. 4. 1.

INA ḋiaiḋ sin d'ḟéaċas, agus féaċ, doras oscailte ar neaṁ; agus an ċéad ġut a ċualas ḃí sé mar a ḃeaḋ fuaim stoic ag laḃairt liom; á rá, Gaḃ aníos anseo, agus taispeánfad duit na niṫe is éigean ḃeiṫ ann ina ḋiaiḋ seo. Agus ar an láṫair ḃíos sa Spiorad: agus féaċ, ríċaṫaoir suite ar neaṁ, agus an té ina ṡuí ar an ríċaṫaoir; agus cuma cloiċe iaspair agus sardise ar an té a ḃí ina ṡuí: agus ḃí boġa ceaṫa timpeall na ríċaṫaoireaċ, agus cuma ċloiċe smaragaide air. Agus ḃí ceiṫre ríċaṫaoir fiċead mórtimpeall na rí-ċaṫaoireaċ, agus ċonaiceas ceiṫre ṡeanóir fiċead ina suí ar na ríċaṫaoireaċa, agus éadaí geala umpu; agus coróin óir ar ċeann gaċ duine acu. Agus ḃí tintreaċa agus toirneaċa agus guṫanna ag gaḃáil amaċ as an ríċaṫaoir. Agus ḃí seaċt lampa tine ar lasaḋ os coṁair na ríċaṫaoireaċ, is iad seaċt Spiorad Dé iad. Agus ḃí muir ġloine os coṁair na ríċaṫaoireaċ mar a ḃeaḋ criostal ann; agus i lár na ríċaṫaoireaċ, agus mórtimpeall uirṫi, ḃí ceiṫre ḋúil ḃeo lán de ṡúile ar aġaiḋ agus ar gcúl. Agus



ḃí cuma leoin ar an gcéad ḋúil, agus cuma lao ar an dara ḋúil, agus ḃí mar a ḃeaḋ aġaiḋ duine ar an treas ḋúil, agus cuma ḟiolair ar eitilt ar an gceaṫrú ḋúil. Agus ḃí sé sciaṫán timpeall ar gaċ aon de na ceiṫre ḋúil ḃeo, agus ḃíodar lán de ṡúile istiġ: agus ní ḃíonn sos acu de ló agus d'oíċe, aċ ag rá, Naofa, Naofa, Naofa, an Tiarna Dia Uileċuṁaċtaċ, a ḃí, agus atá, agus atá le teaċt. Agus nuair a ṫugann na dúile beo sin glóir agus onóir agus buíoċas don té a ḃí ina ṡuí ar an ríċaṫaoir, an té a ṁaireas go saol na saol, titeann na ceiṫre ṡeanóir fiċead síos os coṁair an té a ḃí ina ṡuí ar an ríċaṫaoir, agus adrann siad an té a ṁaireas go saol na saol, agus caiṫeann siad a gcoróineaċa uaṫu os coṁair na rí-ċaṫaoireaċ, á rá, Is fiú tú, a Ṫiarna, glóir agus onóir agus cuṁaċt a ġlacaḋ: óir is tusa a ċruṫaiġ an uile ní, agus de réir do ṫola tá siad ann, agus cruṫaíoḋ iad.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 3. 1.

ḂÍ duine de na Fairisíniġ, darḃ ainm Nicodémus, duine d'uaċtaráin na nGiúdaċ: ṫáiniġ seisean ċun Íosa san oíċe, agus dúirt sé leis, A Rabbí, tá fios againn gur múinteoir a ṫáiniġ ó Ḋia tú: óir ní féidir go ndéanfaḋ aon duine na míorúiltí a ḋéanas tusa, gan

Dia a ḃeiṫ leis. D'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leis, Go deiṁin agus go dearḟa a deirim leat, Mura ngintear duine aṫuair, ní ḟéadann sé ríoċt Dé a ḟeiceáil. Dúirt Nicodémus leis, Conas ab ḟéidir go ngínfí duine agus é aosta? An ḃféadfaḋ sé dul isteaċ i mbroinn a ṁáṫar aṫuair, agus a ḃreiṫ? D'ḟreagair Íosa, Go deiṁin agus go dearḟa, a deirim leat, Mura ngintear duine ó uisce agus ón Spiorad, ní ḟéadann sé dul isteaċ i ríoċt Dé. An ní a ġintear ón gcolainn, is colainn é; agus an ní a ġintear ón Spiorad, is spiorad é. Ná bíoḋ ionaḋ ort go ndúras leat, Ní foláir ḃur mbreiṫ aṫuair. Séideann an ġaoṫ mar is áil léi, agus cluineann tú a fuaim, aċ ní eol duit cad as a dtagann sí, ná cá ḃfuil a triall: mar sin do gaċ duine a ġintear ón Spiorad. D'ḟreagair Nicodémus agus dúirt sé, Conas is féidir na niṫe sin a ḃeiṫ aṁlaiḋ? D'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leis, An múinteoir d'Iosrael tusa, agus naċ eol duit na niṫe sin? Go deiṁin agus go dearḟa, a deirim leat, Insímid an ní atá ar eolas againn, agus tugaimid fianaise i dtaoḃ an ní a ċonaiceamar; agus ní ġlacann siḃ ár ḃfianaise. Má insíos niṫe saolta daoiḃ, agus naċ gcreideann siḃ mé, conas a ċreidfeas siḃ má insím niṫe neaṁaí daoiḃ? Agus ní ḋeaċaiġ aon duine suas ar neaṁ, aċ an té a ṫáinig anuas ó neaṁ, Mac an duine, atá ar neaṁ. Agus fé mar a d'ardaiġ Maois an naṫair niṁe san ḟásaċ, caiṫfear Mac an duine a ardú ar an gcuma ċéanna: ċun naċ gcaillfí an uile ḋuine a ċreideas ann, aċ go mbeiḋ an ḃeaṫa ṡíoraí aige.



## An Ċéad Doṁnaċ tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 39, 41: Íos. 1, nó Íob 1; Marc. 2. 1–22, nó Róm. 1.
T. Sm. 73: Íos. 5. 13–6. 20, nó 24. 1–28, nó Íob 2; Mat. 1. 18–deireaḋ, nó Gníoṁ. 8. 26–deireaḋ.

### An Orṫa.

A Ḋia, is neart do gaċ aon duine a ḃfuil muinín aige asat; glac go trócaireaċ lenár gcuid urnaiṫe; agus toisc naċ féidir linn de ḃarr laige ár ndúċais ṡoṁarḟa aon rud maiṫ a ḋéanaṁ id éagmais, deonaiġ caḃair do ġrásta dúinn, ċun go gcoinnímid d'aiṫeanta ar ṡlí go dtaitnímid leat i dtoil agus i ngníoṁ; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

1 Nṁ. Eoin 4. 7.

A Ḋaoine na páirte, tugaimis grá dá ċéile: óir is ó Ḋia an grá: agus gaċ duine a ṫugann grá, is ó Ḋia a gineaḋ an té sin, agus is aiṫnid dó Dia. An té naċ dtugann grá, ní aiṫnid dó Dia; óir is é an grá é Dia. Mar seo a foilsíoḋ grá Dé orainn, gur ċuir Dia a Aonṁac féin uaiḋ ar an saol, ċun go mairimis tríd siúd. Aige seo an grá, ní hé gur ṫugamarna grá do Ḋia, aċ gur ṫug seisean grá dúinne, agus gur ċuir sé a Ṁac uaiḋ mar íobairt réitiġ ár bpeacaí. A ḋaoine na páirte, más mar sin a ṫug Dia grá dúinn, ní foláir dúinne, leis, grá a ṫaḃairt dá ċéile. Ní ḟaca aon duine Dia riaṁ. Má tugaimid grá dá ċéile, tá Dia ina ċónaí ionainn, agus

tá a ġrá arna ḋéanaṁ iomlán ionainn. Air seo is eol dúinn go ḃfuilimid inár gcónaí annsan, agus eisean ionainn, gur ṫug sé dá Spiorad dúinn. Agus ċonaiceamarna, agus tugaimid fianaise gur ċuir an tAṫair an Mac uaiḋ mar Ṡlánaiṫeoir an doṁain. Cibé a aḋṁós gurb é Mac Dé é Íosa, tá Dia ina ċónaí ann, agus eisean i nDia. Agus d'aiṫníomarna agus ċreideamar an grá atá ag Dia dúinn. Is é an grá é Dia: agus an té a ċónaíos i ngrá is i nDia a ċónaíos sé, agus Dia annsan. Mar seo a ḋéantar ár ngrá iomlán ionainn, ċun go mbí muinín againn lá an ḃreiṫiúnais; toisc, fé mar tá seisean, gur mar an gcéanna dúinne sa saol seo. Ní ḃíonn eagla sa ġrá: aċ caiṫeann grá iomlán an eagla amaċ, óir baineann crá leis an eagla: an té ar a mbíonn eagla, ní dearnaḋ iomlán sa ġrá é. Tugaimidne grá dó siúd, de ḃrí go raiḃ tosaċ aigesean ag taḃairt grá dúinn. Má deir aon duine, Tá grá do Ḋia agam, agus fuaṫ a ḃeiṫ aige dá ḃráṫair, ṫug sé éiṫeaċ: óir an té naċ dtugann grá dá ḃráṫair a ċonaic sé, conas is féidir dó grá a ṫaḃairt do Ḋia naċ ḃfaca sé? Agus tá an aiṫne seo againn uaiḋ, an té a ṫugann grá do Ḋia, tugaḋ sé grá dá ḃráṫair freisin.

## An Soiscéal

Nṁ. Lúcás 16. 19.

Ḃí fear saiḃir ann, ar a mbíoḋ éadaċ corcra agus línéadaċ mín, agus é ag déanaṁ fleá le sáiṁe gaċ lá: agus ḃí boċtán darḃ



ainm Lásarus sínte ina luí le hais a ḋorais, é lán de ċneáċa, agus é ag tnúṫ lena ṡá a ḟáil den ḃruscar a ṫiteaḋ ó ḃord an duine ṡaiḃir; agus na madraí, leis, ṫagaidís agus ḃídís ag lí a ċneáċa. Agus ṫarla, go ḃfuair an boċtán bás, agus gur rug na haingil leo é go huċt Abraċaim: agus fuair an duine saiḃir bás, leis, agus aḋlacaḋ é. Agus i hAdes dó, agus é beoṗianta, d'ardaiġ sé a ṡúile, agus ċonaic sé Abraċam i ḃfad i gcéin, agus Lásarus ina uċt. Agus liúiġ sé agus dúirt, a Aṫair Abraċaim, déan trócaire orm, agus cuir uait Lásarus, go gcuire sé barr a ṁéire in uisce, ċun mo ṫeanga a ḟuaraḋ; óir táim faoi ċrá sa lasair seo. Aċ dúirt Abraċam, A ṁic, cuiṁniġ go ḃfuair tusa dea-niṫe le linn do ṡaoil, fé mar fuair Lásarus droċniṫe; aċ anois tá seisean i sólás, agus tusa i bpian. Agus ṫairis sin agus uile, tá duiḃeagán mór suite eadrainn: i dtreo naċ ḃféadann siad siúd go mba ṁian leo é dul ċugaiḃse anonn, ná ní ḟéadaidsean go mba ṁian leo teaċt as sin anall ċugainne. Agus dúirt sé, Aċainím ort, dá ḃrí sin, a aṫair, é a ċur go teaċ m'aṫar; óir tá cúigear deartáireaċa agam; go dtuga sé foláireaṁ dóiḃ, ar eagla go dtiocfaidís san áit seo na péine. Aċ dúirt Abraċam leis, Tá Maois agus na Fáiṫe acu; éistidís leosan. Agus dúirt seisean, Ní ḋéanfaiḋ, a aṫair Abraċam: aċ má ṫéann duine ó na mairḃ ċucu, déanfaiḋ siad aiṫreaċas. Agus dúirt sé leis, Mura n-éistid le Maois ná leis na Fáiṫe, ní mó ná sin a ċreidfidís, cé go n-éireoḋ duine ó na mairḃ.

## An Dara Doṁnaċ Tar Éis na Tríonóide.

M. Sm. 28, 32: Breiṫ. 4, nó 5, nó Iób 3; Marc. 2. 23–3. 19, nó Róṁ. 5.
T. Sm. 101, 115: Breiṫ. 6. 33–7. 23, nó Rút 1, nó Iób 4; Maṫ. 2., nó Gníoṁ. 9. 1–31.

### An Orṫa.

A Ṫiarna, naċ dteipeann ort riaṁ cabair agus treoir a ṫabairt don té a tógann tú le buaine grá duit agus eagla roṁat; Coinniġ sinn, guímid tú, faoi ċúram do réaṁaire ṁaiṫ, ar ṡlí go raiḃ grá againn do do Naoṁ-Ainm agus eagla orainn roiṁe i gcónaí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil

1 Nm. Eoin 3. 13.

Ná bíoḋ ionaḋ oraiḃ, a ḃráiṫre, faoi ḟuaṫ a beiṫ ag an doṁan daoiḃ. Is eol dúinn gur aistríomar ó ḃás go beaṫa, toisc go dtugaimid grá do na bráiṫre. An té naċ dtugann grá dá ḃráṫair, fanann sé sa ḃás. An té a ṫugann fuaṫ dá ḃráṫair, is dúnṁarfóir é: agus is eol daoiḃ naċ ḃfuil an ḃeaṫa ṡíoraí ag dúnṁarfóir ar biṫ, ina cónaí ann. Air seo aiṫnímid grá Dé, de ḃrí gur ṫug sé a anam ar ár son: agus tá d'iallaċ orainne ár n-anam a ṫabairt ar son na mbráiṫre. Aċ aon duine a ḃfuil maoin an tsaoil seo aige, agus a ḟeiceann easpa ar a ḃráṫair, agus a ṡéanas a ṫrócaire air, conas a ċónaíos grá Dé ann? A leanaí, ná tugaimis grá i mbriaṫar, ná i dteanga; aċ i ngníoṁ agus i ḃfírinne. Agus air sin is eol dúinn gur den ḟírinne sinn, agus taḃarfaimid deiṁin dár gcroí ina láṫair-sean. Óir má ḋaorann ár gcroí sinn, is mó é Dia ná ár gcroí, agus is eol dó an uile ní. A ḋaoine na páirte, mura ndaorann ár gcroí sinn, tá muinín againn maidir le Dia. Agus cibé ní a iarraimid, faiġimid uaiḋ é, de ḃrí go gcoimeádaimid a aiṫeanta, agus go ndéanaimid na niṫe a ṫaitníos leis. Agus is í seo a aiṫne, creidiúint in Ainm a Ṁic Íosa Críost, agus grá a ṫabairt dá ċéile, fé mar a ṫug sé aiṫne dúinn. Agus an té a ċoimeádas a aiṫeanta, cónaíonn sé annsan, agus eisean sa té sin. Agus air seo aiṫnímid go ḃfanann sé ionainn, ar an Spiorad a ṫug sé dúinn.



### An Soiscéal

Nm. Lúcás 14. 16.

Ṫug duine áiriṫe fleá ṁór, agus ṫug sé cuireaḋ do ṁórán: agus ċuir sé amaċ a ṡeirḃíseaċ ar uair na fleá ċun a rá leosan a fuair cuireaḋ, Bígí ag teaċt, óir tá gaċ aon ní ullaṁ anois. Agus ṫosaíodar go léir d'aonġuṫ ar a leiṫscéal a ġaḃáil. Dúirt an ċéad duine leis, Tá giota talaiṁ ceannaiṫe agam agus ní mór dom dul agus é a ḟeiceáil: iarraim ort mo leiṫscéal a ġaḃáil. Agus dúirt duine eile, Ċeannaíos cúig cuingreaċa daṁ, agus táim ag dul á dtriail: iarraim ort mo leiṫscéal a ġaḃáil. Agus dúirt duine eile, Pósas bean, agus mar sin ní féidir liom teaċt. Agus ṫáiniġ an seirḃíseaċ sin, agus d'inis sé an méid sin dá ṫiarna. Ansin

ṫáinig fearg ar ḟear an tí, agus dúirt sé lena ṡeirḃíseaċ, Imiġ amaċ go mear sna sráideanna agus i gcúláin na caṫraċ, agus taḃair leat isteaċ anseo na boċtáin, agus na máirtíniġ, agus na bacaiġ, agus na daill. Agus dúirt an seirḃíseaċ, A Ṫiarna, tá gaċ ní déanta de réir mar a d'ordaís, agus tá slí fágṫa fós. Agus dúirt an tiarna leis an seirḃíseaċ, Imiġ amaċ faoi na bóiṫre agus faoi na claíoċa, agus cuir d'iallaċ orṫu teaċt isteaċ, ċun go líonfar mo ṫeaċ. Óir deirim liḃ, naċ mblaisfiḋ duine díoḃ siúd a fuair cuireaḋ blúire dem ḟleá.

## AN TREAS DOṀNAĊ TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 131, 132: 1 Sam. 1, nó Iób 5. 6–deireaḋ; Marc. 4. 1–29, nó Róṁ. 6.
T. Sm. 90, 92: 1 Sam. 2. 1–21, nó 3, nó Iób 7; Maṫ. 4. 23–5. 16, nó Gníoṁ. 10.

### AN ORṪA.

A ṪIARNA, iarraimid ort éisteaċt linn go trócaireaċ; agus deonaiġ dúinn, ó ċuiris orainn fonn ó ċroí ċun guí, cosaint agus fortaċt a ḟáil ó do ṫréanláiṁ ċúntaċ i ngaċ contúirt agus cruatan; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

1 Nṁ. Pead. 5. 5.

Bíġí uile faoi réir a ċéile, agus gléasaiġí uṁlaíoċt mar éadaċ oraiḃ féin: óir cuireann Dia in aġaiḋ na n-uaiḃreaċ, agus tugann sé grásta do na huṁla. Uṁlaiġí siḃ féin, mar sin, faoi láiṁ ċumaċtaċ Dé, ċun go n-ardaí sé ar an uain ċeart siḃ; ag teilgean ḃur gcúram uile airsean, óir tá aire aige á taḃairt daoiḃ. Bíġí stuama, aireaċ; óir tá ḃur naṁaid an diaḃal, ag siúl mórṫimpeall, ar nós leoin ag búiríl, ag lorg duine éigin le n-alpaḋ: cuiriġí ina aġaiḋsean go dlúṫ sa ċreideaṁ, agus fios agaiḃ go gcoṁlíontar na buarṫaí céanna in ḃur mbráiṫre atá sa saol. Aċ go ndéana Dia an uile ġrásta, a ġaireamar ċun a ġlóire síoraí tríd an gCríost, Íosa, tar éis daoiḃ buairt a ḟulaingt an feaḋ tamaill ḃig, go ndéana sé iomlán siḃ, go neartaí, go láidrí, go mbunaí sé siḃ. Dósan an ġlóir, aigesean an réim, go saol na saol. Áiméan.



### AN SOISCÉAL

Nṁ. Lúcás 15. 1.

ANSIN ḃí na Poibleacáin agus na peacaiġ uile ag teaċt ċuige ag éisteaċt leis. Agus rinne na Fairisíniġ agus na Scríoḃaiṫe gearán, á rá, Fáiltíonn sé seo roiṁ na peacaiġ, agus iṫeann sé ina gcuiḃreann. Agus laḃair sé an tsaṁlaoid seo leo, á rá, Cé agaiḃ ag a ḃfuil céad caora, agus go gcaillfeaḋ sé ceann acu, naċ ḃfágann na naoi gcinn déag agus ceiṫre fiċid san ḟásaċ, agus naċ dtéann ar lorg na caoraċ a ċuaiġ amú, nó go ḃfaiġeann sé í? Agus nuair a ḟaiġeann sé í, tógann sé ar a ġuaillí í, agus lúċáir air. Agus ag teaċt aḃaile dó, glaonn sé ċuige a ċairde agus a ċoṁarsana, á rá leo, Déanaiġí gairdeas liom,

óir fuaireas mo ċaora a ċuaiġ amú. Deirim liḃ, gur ar an gcuma ċéanna a ḃeas áṫas ar neaṁ mar ġeall ar ṗeacaċ aṁáin a ḋéanas aiṫreaċas, seaċas naoi ḃfíréan déag agus ceiṫre fiċid naċ ḃfuil gá le haiṫreaċas acu. Nó cé an ḃean ag a ḃfuil deiċ mbonn airgid, má ċailleann sí bonn díoḃ, naċ lasann sí coinneal, agus naċ scuabann sí an teaċ, agus naċ gcuardaíonn sí go díċeallaċ nó go ḃfaiġe sí é? Agus nuair a ḟaiġeann sí é, glaonn sí ċuici a cairde agus a coṁarsana, á rá, Déanaigí gairdeas liom, óir fuaireas an bonn a ċailleas. Mar an gcéanna, deirim liḃ, bíonn áṫas i measc aingeal Dé mar ġeall ar ṗeacaċ aṁáin a ḋéanas aiṫreaċas.

## An Ceaṫrú Doṁnaċ Tar Éis na Tríonóide

M. Sm. 136, 138: 1 Sam. 12, nó Iób 8; Marc. 6. 1–32, nó Róṁ. 12.
T. Sm. 100, 103: 1 Sam. 15. 1–23, nó 16, nó Iób 9; Maṫ. 5. 17–deireaḋ, nó Gníoṁ. 13. 1–26.

### An Orṫa

A Ḋia, is díon do gaċ aon duine a ḃfuil muinín aige asat, agus gan neart ná naofaċt le fáil id éagmais; méadaiġ orainn do ṫrócaire, agus bí ag cur léi: ionas go dtéimid faoi do smaċt agus faoi do ṫreoir trí na niṫe saolta ar ċuma naċ gcaillimid na niṫe síoraí sa deireaḋ: Deonaiġ é sin dúinn, a Aṫair neaṁaí, ar son Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil

Róṁ. 8. 18.

Measaim naċ incurṫa buarṫaí an ama i láṫair leis an nglóir atá le foilsiú ionainn. Óir tá feiṫeaṁ díċeallaċ an dúlra ag fanaċt le foilsiú maicne Dé. Óir cuireaḋ an dúil faoi réimeas an ḃaosra, ní dá ḋeoin féin, aċ mar ġeall ar an té a ċuir faoi réimeas é i ndóċas: óir saorfar an dúil féin freisin ó ḋaoirse na truaillíoċta ċun saoirse glórṁaire clainne Dé. Óir is eol dúinn go ḃfuil an dúlra go léir ag coṁ-osnaíl agus ag saoṫrú i gcoṁṗian go dtí an uair seo. Agus ní hé sin aṁáin, aċ sinne freisin, a ḃfuil céadtorṫaí an Spioraid againn, táimidne ag osnaíl ionainn féin ag fanaċt leis an uċtṁacaċt, mar atá, fuascailt ár gcorp.

### An Soiscéal

Nṁ. Lúcás 6. 36.

Bígí trócaireaċ, dá ḃrí sin, fé mar atá ḃur nAṫair trócaireaċ. Ná tugaigí breiṫ, agus ní ṫaḃarfar breiṫ oraiḃ: ná daoraigí, agus ní ḋaorfar siḃ: maiṫigí, agus maiṫfear daoiḃ: tugaigí uaiḃ, agus taḃarfar daoiḃ: toṁas lán dingṫe, craite, ag cur ṫar maol, is ea a ṫaḃarfaiḋ siad daoiḃ in ḃur n-uċt. Óir an toṁas lena dtoṁaiseann siḃ, is leis a ṫoṁaisfear ar ais ċugaiḃ. Agus laḃair sé saṁlaoid leo, An féidir do ḋall dall a ṫreorú? Naċ dtitfiḋ siad araon isteaċ sa díog? Níl an deisceabal os cionn a ṁáistir: aċ an té atá diongḃáilte beiḋ sé mar a ṁáistir. Agus cad

ċuige duit ḃeiṫ ag féaċaint ar an duḃradán atá i súil do ḃráṫar, agus naċ dtugann tú aire don tsail atá i do ṡúil féin? Nó conas is féidir leat a rá le do ḃráṫair, A ḃráṫair, lig dom an duḃradán atá i do ṡúil a ḃaint aisti, agus naċ bfeiceann tú an tsail atá i do ṡúil féin? A ḟiréin ḃréige, bain an tsail ar dtús as do ṡúil féin, agus ansin feicfir go soiléir conas an duḃradán a ḃaint as súil do ḃráṫar.

## An Cúigiú Domhnaċ Tar Éis na Tríonóide

M. Sm. 1, 3, 8: 1 Sam. 17. 1–54, nó Iób 11. 7–18; Marc. 6. 53–7. 23, nó Róṁ. 13.
T. Sm. 4, 19: 1 Sam. 20. 1–17, nó 26, nó Iób 12; Maṫ. 6, nó Gníoṁ. 14.

### An Orṫa

Deonaiġ, a Ṫiarna, guímid tú, cúrsa an tsaoil seo a ordú faoi do láiṁ go síoċánta ar ṡlí go ndéana d'Eaglais seirḃís duit le lúċáir agus le suaiṁneas diaga: trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil

1 Nṁ. Pead. 3. 8.

Bígí go léir ar aon intinn, bígí atruaċ le céile, tugaigí grá mar ḃráiṫre, bígí truaċroíoċ, béasaċ: gan olc a ḋéanaṁ in éiric an oilc, ná masla in aġaiḋ masla: aċ ina ċoinne sin beannaċt: agus a ḟios agaiḃ gur ċuige sin a gaireaḋ siḃ, ċun beannaċt a ḟáil mar oiḋreaċt.



Óir, an té ar mian leis an ḃeaṫa a ġráú, agus saol maiṫ a ḟeiceáil, coimeádaḋ sé a ṫeanga ó olc, agus a ḃéal ó ċealglaḃairt: seaċnaíoḋ sé an t-olc, agus déanaḋ sé an ṁaiṫ; iarraḋ sé an tsíoċáin, agus leanaḋ sé í. Óir bíonn súile an Tiarna ar na firéin, agus a ċluasa ar oscailt aige dá gcuid urnaiṫe: aċ bíonn gnúis an Tiarna i gcoinne luċt déanta an oilc. Aċ cé a ḋéanfas doċar daoiḃ, má leanann siḃ den ṁaiṫ? Aċ má ḟulaingíonn siḃ, leis, ar son na firéantaċta, is aoiḃinn daoiḃ: agus ná bíoḋ eagla a n-uafáis siúd oraiḃ, agus ná bíoḋ buairt oraiḃ; aċ naoṁaigí in ḃur gcroí an Tiarna Dia.

### An Soiscéal

Nṁ. Lúcás 5. 1.

Ṫarla, nuair a ḃí an slua ag brú air ċun éisteaċta le Briaṫar Dé, go raiḃ sé ina ṡeasaṁ le hais Loċa Ġenésaret, agus go bfaca sé dá ḃád agus feistiú róid orṫu ar imeall an loċa: aċ ḃí na hiascairí imiṫe astu, agus iad ag ní a n-eangaċ. Agus ag dul isteaċ dó i mbád díoḃ, bád Ṡíomóin, d'iarr sé air sá amaċ tamall beag ón tír. Agus ṡuiġ sé síos agus ṫeagasc sé na sluaite ón mbád. Agus nuair a ḃí deireaḋ ráite aige, dúirt sé le Síomón, Sáiġ amaċ ar an doiṁneaċt, agus tugaigí dol eangaí ag iascaċ. Agus d'ḟreagair Síomón agus dúirt, A Ṁáistir, bíomar ag obair ar feaḋ na hoíċe, agus níor ṁaraíomar breac: aċ ċeana, ó deirirse an focal, taḃarfaḋ dol eangaí. Agus nuair a ḃí sin déanta acu,

ġaḃadar a lán mór iasc; agus ḃí na heangaċa á mbriseaḋ. Agus ḃagraíodar ar a bpáirtiṫe sa ḃád eile teaċt le cúnaṁ a ṫaḃairt dóiḃ. Agus tángadarsan, agus líonadar an dá ḃád, i dtreo go raḃadar i rioċt dul faoi uisce. Nuair a ċonaic Síomón Peadar sin, ṫit sé ag glúna Íosa á rá, Imiġ uaim a Ṫiarna, mar is duine peacúil mé. Óir ḃí uafás air féin, agus orṫusan uile a ḃí ina ċuideaċta, mar ġeall ar an ngaḃáil éisc, a ḃí tógṫa acu; agus ar Ṡéamas agus ar Eoin, mic Ṡebedé, leis, a ḃí ina bpáirtiṫe ag Síomón. Agus dúirt Íosa le Síomón, Ná bíoḋ eagla ort; as seo amaċ beiḋ tú id iascaire ar ḋaoine. Agus tar éis dóiḃ a mbáid a ṫaḃairt ċun tíre, d'ḟágadar gaċ uile ní ina ndiaiḋ, agus leanadar é.

## An Séú Doṁnaċ tar éis na Tríonóide

M. Sm. 5, 17: 2 Sam. 1, nó Iób 13; Marc. 7. 24–deireaḋ, nó Róṁ. 14. 1–15. 7.
T. Sm. 28, 29, 36. 2 Sam. 7, nó 12. 1–23, nó Iób 14. 1–15: Maṫ. 7., nó Gníoṁ. 15. 1–31.

### An Orta

A Ḋia, a d'ullṁaiġ don té a ṫugann grá duit maiṫeasa atá ṫar ċumas an duine a ṫuiscint; líon ár gcroí de ġrá duit, ar ṡlí go raiḃ grá againn duitse ṫar gaċ uile ní, agus go ḃfaiġimid uait dá réir sin na niṫe a ġeallais dúinn, niṫe is fearr ná mian ár gcroí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil

Róṁ. 6. 3.

Naċ ḃfuil a ḟios agaiḃ, an ṁéid againn a baisteaḋ ċun Íosa Críost, gur ċun a ḃáis a baisteaḋ sinn? Dá ḃrí sin, coṁ-aḋlacaḋ ina ḟoċair sinn trí ḃaiste ċun báis: ionas, fé mar tógaḋ Críost ó na mairḃ trí ġlóir an Aṫar, gur mar an gcéanna a ṡiúlfaimis in úire beaṫa. Óir má coṁplandaíoḋ i gcosúlaċt a ḃáis inns, beimid mar an gcéanna i gcosúlaċt a aiséirí; agus a ḟios seo againn, gur coṁċéasaḋ ár sean-nádúr daonna leis-sean, ċun an corp peacaċ a scriosaḋ, ionas naċ mbeimis feasta faoi ḋaorsmaċt an ṗeaca: óir an té a fuair bás, fíréanaíoḋ ó ṗeaca é. Aċ má fuaireamar bás maraon le Críost, creidimid go mairfimid freisin maraon leis; is eol dúinn, ar mbeiṫ do Ċríost arna tógáil ó na mairḃ, naċ ḃfuil an bás i ndán dó arís; ná níl tiarnas ag an mbás air feasta. Óir den leiṫ go ḃfuair sé bás, is de ṫaoḃ an ṗeaca a fuair sé bás an t-aon uair aṁáin: aċ den leiṫ go maireann sé, is do Ḋia a ṁaireann sé. Mar an gcéanna áiriġise siḃ féin a ḃeiṫ fíorṁarḃ maidir leis an bpeaca, aċ siḃ a ḃeiṫ beo do Ḋia in Íosa Críost ár dTiarna.

### An Soiscéal

Nṁ. Maṫ. 5. 20.

Dúirt Íosa lena ḋeisceabail, Mura sáraí bur bḟíréantaċt fíréantaċt na Scríoḃaiṫe agus na bḞairisíneaċ, ní raċaiḋ siḃ isteaċ i ríoċt na bḟlaiṫeas ar ċor ar biṫ. Ċuala siḃ

go ndúraḋ ag na sinsir, Ná déan marú; agus cibé duine a ḋéanas marú, beiḋ sé ciontaċ don ḃreiṫiúnas: aċ deirimse liḃ, cibé duine atá i ḃfearg lena ḃráṫair gan ċúis, beiḋ seisean ciontaċ don ḃreiṫiúnas; agus cibé duine a déarfas, Ráca, lena ḃráṫair, beiḋ sé ciontaċ don Arḋċoṁairle: aċ cibé duine déarfas, A ṗleiḋce, beiḋ seisean ciontaċ do ṫine Gehenna. Ar an áḃar sin, má ḃíonn tú ag taḃairt bronntanais ċun na haltóra, agus má ċuiṁníonn tú ansin go ḃfuil aon ċúis ag do ḃráṫair ċugat, fág ansin do ḃronntanas os coṁair na haltóra, agus imiġ, déan réiteaċ ar dtús le do ḃráṫair, agus tar ina ḋiaiḋ sin agus tairg do ḃronntanas. Réitiġ go luaṫ leo eascara, ḟaid agus a ḃeas tú in éineaċt leis sa tslí; ar eagla go dtugaḋ an t-eascara ar láiṁ don ḃreiṫeaṁ tú, agus go dtugaḋ an breiṫeaṁ suas don oifigeaċ tú, agus go gcaiṫfí isteaċ i bpríosún tú. Deirim leat go fírinneaċ, Naċ dtiocfaiḋ tú amaċ as, nó go mbí an ḟeoirling ḋeiriḋ íocṫa agat.

## AN SEAĊTŪ DOṀNAĊ TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE

M. Sm. 84, 85: 2 Sam. 18, nó Iób 15. 1–34; Marc. 9. 2–23, nó Pil. 1.
T. Sm. 23, 27: 1 Rí. 3. 1–15, nó 8, 22–40 agus 54–61, nó Iób 19. 1–27; Maṫ. 9. 35–10. 23, nó Gníoṁ. 16. 6–deireaḋ.

### AN ORṪA

A ṪIARNA na gcuṁaċt agus na ḃfeart, tusa is údar agus bronntóir na n-uile ṁaiṫeas; Síolraiġ inár gcroí istiġ grá dod



Ainm, méadaiġ ionainn fíorċreideaṁ, coṫaiġ sinn le gaċ maiṫ, agus de do ṁórṫrócaire coimeád sinn aṁlaiḋ; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL

Róṁ. 6. 19.

AR ċuma ḋaonna táim ag laḃairt, de ḃarr anḃainne na colainne ionaiḃ: óir, fé mar ṫug siḃ ḃur mbaill ina seirḃísiġ don neaṁġlaine agus don éagóir ċun na héagóra; mar an gcéanna anois tugaigí ḃur mbaill ina seirḃísiġ don ḟíréantaċt ċun na naofaċta. Óir nuair ba ṡeirḃísiġ siḃ don ṗeaca, ḃí siḃ saor maidir le fíréantaċt. Cén toraḋ, mar sin, a ḃí agaiḃ ansin sna niṫe úd is náire liḃ anois? óir críoċ na niṫe úd an bás. Aċ anois, tar éis ḃur saorṫa ón bpeaca, agus siḃ in ḃur seirḃísiġ do Ḋia, tá ḃur dtoraḋ agaiḃ ċun na naofaċta, agus an ḃeaṫa ṡíoraí mar ċríoċ. Óir tuarastal an ṗeaca an bás; aċ taḃartas Dé an ḃeaṫa ṡíoraí, trí Íosa Críost ár dTiarna.

### AN SOISCÉAL

Nṁ. Marc. 8. 1.

SNA laeṫanta sin, nuair a ḃí slua an-ṁór ann, agus gan aon ní le n-iṫe acu, ġlaoiġ Íosa a ḋeisceabail ċuige, agus dúirt sé leo, Tá trua agam don slua, óir tá siad im ḟoċair trí lá anois, agus gan aon ní le n-iṫe acu: agus má ċuirim aḃaile iad ina dtroscaḋ, raċaiḋ siad in anḃainne sa tslí; óir tá cuid acu a

ṫáinig i bḟad, agus d'ḟreagair a ḋeisceabail é, Cé an áit ina bḟéadfaḋ aon duine arán a ḟáil anseo san ḟásaċ leis na daoine seo a ṡásaṁ? Agus d'ḟiafraiġ sé díoḃ, Cé ṁéid bairíneaċa atá agaiḃ? Agus dúradarsan, Seaċt gcinn. Agus d'ordaiġ sé don slua suí síos ar an talaṁ: agus ġlac sé na seaċt mbairín ċuige, agus tar éis dó buíoċas a ġaḃáil, ḃris sé iad, agus ṫug sé dá ḋeisceabail iad lena gcur os a gcoṁair; agus ċuireadarsan os coṁair an tslua iad. Agus ḃí roinnt iasc beag acu: agus ḃeannaiġ sé, agus d'ordaiġ sé dóiḃ iadsan a ċur os a gcoṁair mar an gcéanna. Mar sin d'iṫeadar, agus ḃí a ndóṫain acu: agus ṫógadar lán seaċt gciseán den ḃia briste a ḃí fágṫa. Agus ḃí timpeall ceiṫre ṁíle duine sa ṁéid a ċaiṫ an bia: agus ċuir sé uaiḋ iad.

## An tOċtú Doṁnaċ tar éis na Tríonóide

M. Sm. 77: 1 Rí. 10. 1–13, nó Iób 23; Marc. 10. 1–31, nó Ṗil 2.
T. Sm. 41, 42, 43: 1 Rí. 12, nó 13. 1–32, nó Iób 25 agus 26; Maṫ. 10. 24–deireaḋ, nó Gníoṁ. 17. 16–deireaḋ.

### An Orṫa

A Ḋia, a ordaíos gaċ uile ní ar neaṁ agus ar talaṁ leo réaṁaire neaṁḟaillioċ; iarraimid go humal ort gaċ doċar a ċur uainn agus gaċ soċar a ṫaḃairt dúinn: trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil

Róṁ. 8. 12.

A Ḃráiṫre, is féiċiúnaiṫe sinn, ní don ċolainn, ċun maireaċtála de réir na colainne. Óir má ṁaireann siḃ de réir na colainne, geoḃaiḋ siḃ bás; aċ má ċuireann siḃ gníoṁarṫa an ċoirp ċun báis tríd an Spiorad, mairfiḋ siḃ. Óir an méid a ṫreoraítear ag Spiorad Dé, is mic Dé iadsan. Óir níor ġlac siḃ sprid na daoirse arís ċun na heagla; aċ ġlac siḃ sprid na huċtṁacaċta, lena nglaoimid, Abba, a Aṫair. Tugann an Spiorad féin fianaise lenár sprid-ne, gur clann Dé sinn: agus más clann, is oiḋrí sinn freisin; oiḋrí Dé, agus coṁoiḋrí le Críost; más aṁlaiḋ a ḟulaingímid ina ṫeannta, ċun ḃeiṫ páirteaċ sa ġlóir leis.

### An Soiscéal

Nṁ. Maṫ. 7. 15.

Seaċnaígí na fáiṫe falsa, a ṫagann ċugaiḃ i rioċt caoraċ, aċ táid ina madraí allta alpaċa laistiġ. Ar a dtorṫaí is ea a aiṫneos siḃ iad. An mbailítear caora fíniúna den driseog, nó figí de na feoċadáin? Mar sin, tugann gaċ dea-ċrann toraḋ maiṫ; aċ tugann droċ-ċrann droċṫoraḋ. Ní féidir don dea-ċrann droċṫoraḋ a ṫaḃairt, ná don droċ-ċrann toraḋ maiṫ a ṫaḃairt. Gaċ crann naċ dtugann toraḋ maiṫ, leagtar é, agus caitear isteaċ sa tine é. Dá ḃrí sin, ar a dtorṫaí is ea a aiṫneos siḃ iad. Ní hé gaċ aon duine a déarfas liom, A Ṫiarna, a Ṫiarna, a raċas isteaċ i rioċt na bḟlaiṫeas, aċ an té a ḋéanas toil m'Aṫar atá ar neaṁ.

# An Naoú Doṁnaċ tar éis na Tríonóide

M. Sm. 90, 92: 1 Rí. 17, nó Iób 27; Lúcás 1. 1–25, nó Ṗil. 3.
T. Sm. 50, 54: 1 Rí. 18, nó Iób 28; Maṫa 11, nó Gníoṁ. 20. 17–deireaḋ.

## An Orṫa

Deonaiġ dúinn, a Ṫiarna, guímid tú, sprid le smaoineaṁ agus le déanaṁ mar is cóir de ṡíor; ar ṡlí go gcuirtear inár gcumas, ós rud é naċ bḟéadaimid aon ṁaiṫ a déanaṁ id éagmais, ár mbeaṫa a ċaiteaṁ de réir do ṫola; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil

1 Coir. 10. 1.

A Ḃráiṫre, ní fonn liom siḃ a ḃeiṫ aineolaċ, go raiḃ ár n-aiṫreaċa uile faoin scamall, agus gur ġaḃadar uile tríd an bḟarraige; agus gur baisteaḋ iad uile ċun Maois sa scamall agus san ḟarraige, agus gur iṫeadar uile an bia spioradálta céanna: óir d'óladar uile den Ċarraig spioradálta úd a ḃí á leanúint: agus ba é Críost an Ċarraig sin. Aċ níor ṫaitin a lán acu le Dia: óir leagaḋ san ḟásaċ iad. Mar ṡamplaí dúinne a ṫarla mar sin, ċun naċ mbeaḋ dúil againn san olc, fé mar ḃí dúil acusan. Ná déanaigí íol-aḋraḋ, aċ an oireaḋ, fé mar a rinne cuid acusan; mar atá scríofa, Ṡuiġ an pobal síos ċun ite agus ċun óil, agus d'éiríodar ina seasaṁ ċun súgarta. Ná déanaimis drúis, aċ an oireaḋ, fé mar a rinne cuid acusan, agus



ṫit trí ṁíle ar ḟiċid in aon lá aṁáin. Ná déanaimis proṁaḋ ar Ċríost, aċ an oireaḋ, fé mar a rinne cuid acusan, agus scriosaḋ ag naṫraċa niṁe iad. Ná déanaigí gearán, aċ an oireaḋ, fé mar a rinne cuid acusan, agus scriosaḋ ag an scriosadóir iad. Mar ṡamplaí a ṫarla na niṫe sin dóiḃ: agus scríoḃaḋ iad mar raḃaḋ dúinne, ar a bḟuil críoċa an tsaoil tagṫa. Ar an áḃar sin, an té atá ina ṡeasaṁ, dar leis, aire ċuige naċ dtiteann sé. Níor ġaḃ aon ċaṫú siḃ aċ aṁáin caṫú daonna: aċ is iontaofa é Dia, naċ ligfiḋ ḃur gcaṫú ṫar ḃur gcumas; aċ déanfaiḋ sé slí éalaiṫe maraon leis an gcaṫú, ċun go bḟéada siḃ é a ḟulaingt.

## An Soiscéal

Nṁ. Lúcás 16. 1.

Dúirt Íosa lena deisceabail, Ḃí duine saiḃir ann, agus ḃí maor aige; agus rinneaḋ gearán leis ina ṫaoḃ, go raiḃ sé ag scaipeaḋ a ṁaoine. Agus ġlaoiġ sé ċuige air, agus dúirt sé leis, Céard í an ċúis a gcluinim seo i do ṫaoḃsa? Taḃair cuntas do ṁaoirseaċta; óir ní féadfair ḃeiṫ i do ṁaor agam feasta. Agus dúirt an maor ina aigne féin, Céard a déanfad, ó tá mo ṁáistir ag baint na maoirseaċta díom? Níl ionam róṁar; is náire liom an déirc. Ta ḟios agam an rud a déanfad, ar ṁoḋ, nuair a ċuirfear as an maoir-seaċt mé, go nglacfaid mé ina dtiṫe. Agus ag glaoċ gaċ duine ċuige go raiḃ fiaċa ag a ṫiarna air, dúirt sé leis an gcéad duine,

Cé ṁéid atá ag mo ṫiarna ort? Agus dúirt seisean, Céad feircín ola. Agus dúirt sé leis, Seo duit do ḃille, suiġ síos go luaṫ, agus scríoḃ caoga feircín. Dúirt sé ansin le duine eile, Agus cé ṁéid atá ortsa? Agus dúirt seisean, Céad ceaṫrúna cruiṫneaċtan. Dúirt sé leis, Seo ḋuit do ḃille, scríoḃ ceiṫre fiċid ceaṫrúna. Agus ṁol an tiarna an feallaire maoir toisc go ndearna sé go cliste: óir is glice clann an tsaoil seo de réir a gcineáil féin ná clann an tsolais. Agus deirim liḃ, Déanaiġí cairde daoiḃ féin le saiḃreas na míċneastaċta; i dtreo, nuair a ḃeas easpa oraiḃ, go nglacfaiḋ siad isteaċ sna háitriḃ ṡíoraí siḃ.

## an deiċiú doṁnaċ tar éis na tríonóide

m. Sm. 45: 1 Rí. 21, nó Iób 29; Lúcás 1. 26–56, nó Ṗil. 4.
t. Sm. 44: 1 Rí. 22. 1–40, nó 2 Rí. 4. 8–37, nó Iób 33. 2–30; Maṫa 13. 24–52, nó Gníoṁ. 27.

### an orṫa

A Ṫiarna, claon do ċluasa trócaireaċa i leiṫ urnaiṫe do ṡeirḃíseaċ uṁal; agus, ċun go ḃfaiġe siad a n-iarrfas siad, ná liġ dóiḃ iarraiḋ aċ niṫe a ṫaitneos leat féin; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### an eipistil

1 Coir. 12. 1.

Ní fonn liom siḃ a ḃeiṫ dall, aḃrá iṫre, ar taḃartais spioradálta. Is eol daoiḃ gur de na gintliṫe siḃ tráṫ, agus siḃ do ḃur



mḃreiṫ as ċun na n-íol balḃ úd, fé mar a seolaḋ siḃ. Dá ḃrí sin fógraím daoiḃ, naċ dtugann aon duine a laḃraíos trí Spiorad Dé mac mallaċta ar Íosa; agus naċ féidir d'aon duine a rá gurb é an Tiarna é Íosa, aċ tríd an Spiorad Naoṁ. Aċ ċeana, tá iltaḃartais ann, aċ an Spiorad céanna. Agus tá ilfreastail ann, aċ an Tiarna céanna. Agus tá ilṁoḋanna oibriṫe ann, aċ is é an Dia céanna é, a oibríos an uile ní san uile ní. Aċ tugtar foilsiú an Spioraid do gaċ aon duine d'ḟonn leasa. Óir don duine seo a ṫugtar briaṫar na heagna ag an Spiorad; do ḋuine eile briaṫar an eolais, ag an Spiorad céanna; do ḋuine eile creideaṁ, ag an Spiorad céanna; do ḋuine eile taḃartais leiġis, ag an Spiorad céanna; do ḋuine eile oibriú míorúiltí; do ḋuine eile fáiḋeadóireaċt; do ḋuine eile spridí a aiṫint seaċas a ċéile; do ḋuine eile teangaċa éagsúla; do ḋuine eile míniú teangaċa. Aċ oibríonn an t-aon Spiorad céanna aṁáin iadsan uile, ag dáil ar ċáċ fá seaċ mar is áil leis féin.

### an soiscéal

Nṁ. Lúcás 19. 41.

Agus nuair a ṫáiniġ sé i gcóngar, ċonaic sé an ċaṫair, agus ċaoin sé í, á rá, Dá mbeaḋ fios agat, fiú aṁáin agatsa, ar a laġaḋ sa lá seo agat atá ann, gaċ a mbaineann le do ṡíoċáin! Aċ anois táid ceilte ó do ṡúile ort. Óir tiocfaiḋ na laeṫanta ort, ina dtógfaiḋ do naiṁde móta i do ṫimpeall;

agus ina n-imṡuífid tú, agus ina gcúnglóid ort ar gaċ taoḃ, agus ina leagfaid tú ċun an talaiṁ, agus do ċlann istiġ ionat; agus ní ḟágfaid cloċ ar ṁuin cloiċe ionat: toisc nár aiṫnís an t-am inar ṫángṫas ċugat. Agus ċuaiġ sé isteaċ sa teampall, agus ṫosaiġ sé ar na daoine a ḃí ag díol agus ag ceannaċ ann a ċaiṫeaṁ amaċ, á rá leo, Tá scríofa, Teaċ ċun urnaiṫe is ea mo ṫeaċsa: aċ tá pluais ḃiṫiúnaċ déanta agaiḃse de. Agus ḃí sé gaċ lá ag teagasc sa teampall.

## an taonú doṁnaċ déag tar éis na tríonóide

M. Sm. 91, 93: 2 Rí. 5, nó Iób 38; Lúcás 1. 57–deireaḋ, nó Col. 3. 12–4. 6.

T. Sm. 56, 57, 61: 2 Rí. 6. 8–23, nó 7, nó Iób 40. 1–14 agus 42. 1–10; Maṫa 16. 13–deireaḋ, nó Gníoṁ. 28.

### an orṫa

A Ḋia, ós le trua agus le trócaire is mó a noċtann tú do neart uileċuṁaċtaċ; Deonaiġ go trócaireaċ dúinn oiread de do ġrásta agus a ċuirfeas ar ṡlí d'aiṫeanta sinn, ċun go ḃfaiġimid do ġealltanais ġrásṁara agus go raiḃ páirt againn i do stór neaṁaí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### an eipistil.

1 Coir. 15. 1.

Fógraím daoiḃ, a ḃráiṫre, an Soiscéal a ċraoḃscaoileas daoiḃ, agus a ġlac siḃse, agus ina ḃfuil siḃ in ḃur seasaṁ; lena



slánaítear siḃ freisin, má ḋéanann siḃ buanċuiṁne ar an méid a ċraoḃscaoileas daoiḃ, murab in aisce a ċreid siḃ. Óir ṫugas uaim daoiḃse ar dtús an ní a ġlacas féin, go ḃfuair Críost bás ar son ár bpeacaí, de réir na Scrioptúr; agus gur aḋlacaḋ é; agus gur arḋaíoḋ arís an treas lá é de réir na Scrioptúr; agus go ḃfacṫas do Ċéṗas é, agus don dáréag ansin: ċonacṫas é ina ḋiaiḋ sin do ḃreis agus cúig céad bráiṫre san am céanna; tá a ḃformórsan ann fós, aċ tá cuid acu ina gcodlaḋ: ina ḋiaiḋ sin, ċonacṫas do Ṡéamas é; do na hAspail go léir ansin: agus faoi ḋeireaḋ tiar tall, ċonacṫas domsa é, mar ab ea do ḋuine a rugaḋ in antráṫ. Óir is mise an té is lú ar na hAspail, mise naċ fiú mé Aspal a ṫabairt orm, toisc gur ġéarleanas Eaglais Dé. Aċ le grásta Dé atáim mar atáim: agus a ġrástasan a tugaḋ dom, ní gan tairḃe a ḃí sé; aċ is flúirsí a ṡaoṫraiġ mise ná iadsan uile: mar sin féin, ní mise, aċ grásta Dé a ḃí liom. Dá ḃrí sin, cé acu mise nó iadsan, mar sin a ċraoḃscaoilimid, agus mar sin a ċreid siḃse.

### an soiscéal.

Nm. Lúcás 18. 9.

Dúirt Íosa an tsaṁlaoid seo le dream a ḃí muiníneaċ astu féin gur ḋaoine fíréanta iad, agus gur ḃeag orṫu aon duine eile: Ċuaiġ beirt suas don teampall ċun urnaí a ḋéanaṁ; Fairisíneaċ ab ea duine acu, agus Poibleacán ab ea an duine eile. Ṡeas an

fairisíneaċ agus rinne sé a ġuí ina aigne féin mar seo, A Ḋia, tugaim buíoċas duit naċ mar a ċéile mise agus daoine eile, foġlaiṫe, agus luċt éagóra, agus luċt aḋaltranais, ná fós duine de ṡaġas an Ṗoibleacáin seo. Déanaim troscaḋ dá uair sa tseaċtain, íocaim an deaċú ar a ḃfuil agam. Agus d'ḟan an Poibleacán ina ṡeasaṁ i ḃfad ṫiar, agus ní ḋéanfaḋ sé fiú aṁáin a ṡúile a arḋú ċun neiṁe, aċ é ag bualaḋ a uċta, agus á rá, A Ḋia, déan trócaire ormsa, peacaċ. Deirim liḃ, go ndeaċaiġ sé seo síos abaile agus é fíréanaiṫe de ḃreis ar an duine eile: óir gaċ duine a arḋós é féin, uiṁlófar é; agus an té a uiṁlaíos é féin arḋófar é.

## An Dara Doṁnaċ Déag tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 101, 108: 2 Rí. 18. 13–deireaḋ, nó Míc. 6; Lúcás 4 1–15, nó Ṗilémón.
T. Sm. 77; 2 Rí. 19, nó Ísái. 38. 1–20, nó Míc. 7; Maṫa 18. 15–deireaḋ, nó Eif. 1.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, ós éascúla tusa ċun éisteaċta ná sinne ċun aċaini, agus ós mó a ṫugann tú ná mar a iarraimid ort nó mar a ṫuillimid uait; Doirt anuas orainn líonṁaireaċt do ṫrócaire; ag maiṫeaṁ dúinn na niṫe a ġoilleas ar ár gcoinsias, agus ag taḃairt dúinn na maiṫeasa naċ fiú sinn a hiarraiḋ ort, aċ aṁáin trí luaíoċt agus trí idirġuí do Ṁic, Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.



### An Eipistil.

2 Coir. 3. 4.

A leiṫéid seo d'iontaoiḃ atá againn as Ḋia trí Ċríost: ní hé gur cumasaċ sinn linn féin go measfaimis gurb uainn féin rud ar biṫ; aċ is ó Ḋia a ṫagann ár gcumas; ó Ḋia a rinne freastalaiṫe cumasaċa den ċonraḋ nua dínn, ní den litir, aċ den Spiorad: óir maraíonn an litir, aċ tugann an Spiorad beaṫa. Aċ más glórṁar a ḃí freastal an ḃáis, agus é greanta de litreaċa ar ċloċa, ar ċaoi nár ḟéad clann Iosrael dearcaḋ ar aġaiḋ Ṁaois de ḃarr glóire a aġaiḋe; glóir go raiḃ críoċ i ndán di; conas naċ mó an ġlóir a ġaḃfas le freastal an Spioraid? Óir más glóir é freastal an daorṫa, is mó ar fad an ġlóir a ġaḃas le freastal na fíréantaċta.

### An Soiscéal.

Nṁ. Marc. 7. 31.

D'imiġ Íosa ó ċríoċa Ṫiorr agus Ṡidóin, agus ṫáiniġ sé go muir Ġailíle, trí lár ceantair an Decapolis. Agus ṫugadar ċuige duine a ḃí boḋar briotaċ, agus d'impíodar air a láṁ a ċur air. Agus ṫug sé leis i leataoḃ é ón slua, agus ċuir sé a ṁéaranna isteaċ ina ċluasa, agus ċaiṫ sé seile, agus d'ḟliuċ sé a ṫeanga; agus ag féaċaint suas ar neaṁ dó, lig sé osna as, agus dúirt sé leis, Effatá, is é sin, Osclaítear tú. Agus ar an láṫair osclaíoḋ a ċluasa, agus fuasclaíoḋ a ṫeanga,

agus laḃair sé go cruinn. Agus d'orḋaiġ sé dóiḃ gan a insint d'aon duine: aċ dá méid a d'orḋaiġ sé dóiḃ, is aṁlaiḋ is mó a d'ḟógraíodar é; agus ḃí ionaḋ as cuimse orṫu, agus iad á rá, Rinne sé gaċ uile ní go maiṫ: tugann sé éisteaċt do ḃoḋráin, agus caint do ḃalḃáin.

## AN TREAS DOṀNAĊ DÉAG TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 74: 2 Rí. 22, nó Hab. 2. 1–14; Lúcás 4. 31–5. 11, nó 1 Tim. 6.
T. Sm. 102: 2 Rí. 23. 1–30, nó 2 Annál. 36. 1–21, nó Hab. 3. 2–deireaḋ; Maṫa 20. 1–28, nó Eif. 2.

### AN ORṪA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, ṁórṫrócairiġ, ós tú féin aṁáin faoi deara do ṗobal dílis ḃeiṫ ag déanaṁ seirḃíse go fónta fírinneaċ duit; Deonaiġ dúinn, guímid tú, seirḃís dílis a ḋéanaṁ duit ar an saol seo, sa tslí naċ raċaiḋ dínn do ġealltanais neaṁaí a ḟáil faoi ḋeireaḋ; trí luaíoċt Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Gal. 3. 16.

D'ABRAĊAM agus dá ṡíol a rinneaḋ na gealltanais. Ní deir sé, Agus do ṡíolta, mar ab ea do ṁórán; aċ mar ḃ'ea d'aon ċeann aṁáin, Agus do do ṡíol, agus is é Críost é sin. Agus deirim é seo, Maidir



leis an gconraḋ a deiṁníoḋ ċeana i gCríost ag Dia, ní féidir don Reaċt, a ṫarla ceiṫre ċéad agus tríoċa bliain ina ḋiaiḋ sin, é a ċur ar ceal, ċun an gealltanas sin a ċur i neaṁḃrí. Óir más den Reaċt an oiḋreaċt, ní den ġealltanas í feasta: aċ ḃronn Dia ar Abraċam í le gealltanas. Cad ċuige, mar sin, an Reaċt? Tugaḋ sa ḃreis é de ḃarr tairmṫeaċta, go dtí go dtagaḋ an síol dár tugaḋ an gealltanas; agus ordaíoḋ ag aingil é i láiṁ réiteora. Ní le haon aṁáin, áfaċ, a ḃaineas réiteoir; aċ is aon é Dia. An ḃfuil an Reaċt, mar sin, i gcoinne gealltanais Dé? Nár lige Dia é: óir dá dtugtaí reaċt a ḟéadfaḋ beaṫa a ṫaḃairt, go cinnte ba ón Reaċt an fíréantaċt. Aċ ċuir an Scrioptúr an uile ní faoi ġlas don ṗeaca, ċun go dtaḃarfaí an gealltanas atá ó ċreideaṁ in Íosa Críost dóiḃ siúd go mbíonn creideaṁ acu.

### AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 10. 22.

IS aoiḃinn do na súile a ḟeiceann na niṫe a ḟeiceann siḃse: Óir deirim liḃ, gurb iomaí fáiḋ agus rí lenar ṁian na niṫe a ḟeiceann siḃse a ḟeiceáil, agus naċ ḃfacadar iad: agus na niṫe a ċluineann siḃse a ċloisteáil, agus nár ċualadar iad. Agus féaċ, d'éiriġ Dlíodóir ina ṡeasaṁ, agus ḃain sé triail as, á rá, A Ṁáistir, céard atá le déanaṁ agam ċun an ḃeaṫa ṡíoraí a ḟáil mar oiḋreaċt? Dúirt sé leis, Céard atá scríofa sa Dlí?

conas a léas tú? Agus d'ḟreagair seisean agus dúirt, Bíoḋ grá agat do do Ṫiarna Dia le lánċroí, agus le lánanam, agus le lán-neart, agus le lán-aigne; agus do do ċoṁarsa mar duit féin. Agus dúirt sé leis, Is maiṫ an freagra a ṫugais: déan é sin, agus mairfir. Aċ dúirt seisean le hÍosa, agus fonn air a ḟíréanú féin, Agus cé hé mo ċoṁarsa? D'ḟreagair Íosa agus dúirt sé, Ḃí duine ag dul síos ó Iarúsalem go hIericó, agus ṫarla idir gadaiṫe é, a ḃain a éadaċ de, agus a ġoin é, agus d'imíodar, tar éis dóiḃ a ḟágáil leaṫṁarḃ. Agus ṫarla go raiḃ Sagart ag gaḃáil síos an bealaċ céanna: agus nuair a ċonaic sé é, ġaḃ sé ṫairis ar an taoḃ eile. Agus mar an gcéanna, ṫáinig Léḃíteaċ ċun na háite, agus nuair a ċonaic sé é, ġaḃ sé ṫairis ar an taoḃ eile. Aċ Samaratánaċ a ḃí ag gaḃáil sa tslí, ṫáinig sé ċun na háite ina raiḃ sé: agus nuair a ċonaic sé é, ġaḃ trua mór dó é, agus ċuaiġ sé ċuige, agus ċeangail sé a ċneáċa, ag doirteaḋ ola agus fíona orṫu, agus ċuir sé ar muin a ḃeiṫíġ féin é, agus ṫug sé leis é go teaċ ósta, agus ṫug sé aire dó. Lá arna ṁáraċ, agus é ag imeaċt, ṫóg sé amaċ dá ṗingin, agus ṫug sé don óstóir iad, agus dúirt sé, Taḃair aire dó; agus cibé méid a ċaiṫfeas tú sa ḃreis, cúiteodsa leat é, nuair a ṫiocfas mé arís. Cé acu den triúr úd, an measann tú, ba ċoṁarsa don duine a ṫarla idir gadaiṫe? Agus dúirt seisean, An té a ṫug trua dó. Ansin dúirt Íosa leis, Imiġse, agus déan mar an gcéanna.



# AN CEAṪRÚ DOṀNAĊ DÉAG TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 115, 116: Esra 1. 1–8 agus 3, nó Seṗ. 1; Lúcás 7. 36–deireaḋ, nó 1 Coir. 13.
T. Sm. 80, 85: Neh. 1. 1–2. 8, nó Dan. 1, nó Seṗ. 3; Maṫa 21. 23–deireaḋ, nó Eif. 4. 1–24.

## AN ORṪA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, síorṁarṫanaiġ, méadaiġ ionainn creideaṁ, dóċas agus grá; agus, ċun go ḃfaiġimid an méid a ġeallas tú, brostaiġ sinn ċun grá a ṫaḃairt dod aiṫeanta; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gal. 5. 16.

MAR sin deirim, Siúlaigí sa Spiorad, agus ní ċoṁlíonfaiḋ siḃ mianta na colainne. Óir bíonn mian na colainne in aġaiḋ an Spioraid, agus mian an Spioraid in aġaiḋ na colainne; agus bíonn siadsan araon contrárṫa dá ċéile; i dtreo naċ féidir liḃ an ní is toil liḃ a ḋéanaṁ. Aċ más leis an Spiorad a ṡeoltar siḃ, ní faoin reaċt daoiḃ. Agus is léir iad gníoṁarṫa na colainne, mar atá, aḋaltranas, drúis, neaṁġlaine, graostaċt, íol-aḋraḋ, draíoċt, naiṁdeas, aċrainn, éada, fearg, aiġnis, ceannairci, eiriceaċta, formaid, dúnṁarfa, meisce, ragairne, agus a leiṫéidí sin: ar a laḃraim liḃ roiṁ ré, fé mar a laḃraíos liḃ ċeana, naċ dtagann an dream a

déanas a leiṫéid in oiḋreaċt ríoċta Dé. Aċ is é is toraḋ don Spiorad, grá, gairdeas, síoċáin, buanḟoiġne, carṫanaċt, cneastaċt, creideaṁ, ceansaċt, measarṫaċt: níl reaċt ar biṫ i gcoinne a leiṫéid sin. Agus céas luċt Ċríost an ċolainn, maraon lena cuid moṫaiṫe agus mianta.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 17. 11.

AGUS ṫarla, sa tslí d'Íosa ag dul go hIarúsalem, go raiḃ sé ag gaḃáil trí lár Ṡamaria agus Ġaililé. Agus ag dul isteaċ i mbaile beag áiriṫe dó, casaḋ air deiċniúr a ḃí ina loḃair, agus stadadar i ḃfad uaiḋ: agus d'éadar go hardġlóraċ, á rá, A Íosa, a Ṁáistir, déan trócaire orainn. Agus nuair a ċonaic sé iad, dúirt sé leo, Imiġí, taispeánaiġí siḃ féin do na sagairt. Agus ṫarla, sa tslí dóiḃ, gur leiġeasaḋ iad. Agus duine acu, nuair a ṫug sé faoi deara go raiḃ sé leiġeasta, ċas sé ar ais, agus é ag molaḋ Dé de ġuṫ ard, agus ṫit sé ar a aġaiḋ ag a ċosa, ag gaḃáil a ḃuíoċais leis; agus Samaratánaċ ab ea é. Agus d'ḟreagair Íosa agus dúirt sé, Nár glanaḋ deiċniúr? aċ cá ḃfuil an naonúr? Ní ḃfuarṫas ag filleaḋ le buíoċas a ṫabairt do Ḋia, aċ an coiṁṫíoċ seo. Agus dúirt sé leis, Éiriġ, imiġ leat: is é do ċreideaṁ a ṡlánaiġ tú.



# AN CÚIGIÚ DOṀNAĊ DÉAG TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 146, 147: Dan. 3, nó Seanḟoc. 1; Lúcás 9. 57–10. 24, nó 2 Tim. 1.
T. Sm. 112, 113, 114: Dan. 5, nó 6, nó Seanḟoc. 2; Mata 28, nó Eif. 4. 25–5. 21.

## AN ORṪA.

IARRAIMID ort, a Ṫiarna, d'Eaglais a ċoimeáḋ slán le do ḃuantrócaire; agus, ó naċ ḃfuil sa duine seasaṁ id éagmais, coimeáḋ le do ċaḃair sinn ó gaċ doċar go bráċ, agus stiúraiġ sinn faoi ḋéin gaċ soċair ar ṁaiṫe lenár slánú; trí Íosa Críost ár dṪiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gal. 6. 11.

FEICEANN siḃ na litreaċa móra lenar scríoḃas ċugaiḃ le mo láiṁ féin. An ṁéid lenar mian iad féin a ṫaispeáint go taitneaṁaċ sa ċolainn, cuireann siad ḃur dtimpeall-ġearraḋ d'iallaċ oraiḃ; gan aċ eagla aṁáin orṫu go ḃfulaingeoidís géarleanúint ar son ċroise Ċríost. Óir ní ċoimeádann siad féin an reaċt, aċ an oiread, agus iad timpeall-ġearrṫa; aċ is mian leo ḃur dtimpeall-ġearraḋ, ċun maíoṁ as ḃur gcolainn. Aċ nár liġe Dia domsa maíoṁ, aċ aṁáin as crois ár dṪiarna Íosa Críost, lenar céasaḋ an saol domsa, agus mise don saol. Óir in Íosa Críost ní fiú dada timpeallġearraḋ ná a éagmais, aċ rud nuaċruṫaiṫe ar fad. Agus síoċáin don ṁéid a ṡiúlas de réir na rialaċa

sin, agus trócaire dóiḃ, agus d'Iosrael Dé. Ná cuireaḋ aon duine buairt orm feasta: óir tá suaiṫeantais Ċríost á n-iompar i mo ċorp agamsa. A ḃráiṫre, grásta ár dTiarna Íosa Críost le ḃur spridse. Áiméan.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 6. 24.

Ní féidir d'aon duine seirḃís a ḋéanaṁ do ḋá ṁáistir: óir beiḋ fuaṫ aige do ḋuine acu, agus grá don duine eile; nó cloífiḋ sé le duine acu, agus beiḋ droċṁeas aige ar an duine eile. Ní féidir daoiḃ seirḃís a ḋéanaṁ do Ḋia agus do ṁammon. Dá ḃrí sin deirim liḃ, Ná bíoḋ imní oraiḃ i dtaoḃ ḃur mbeaṫa, mar ġeall ar a n-iosfaiḋ siḃ, ná mar ġeall ar a n-ólfaiḋ siḃ; ná i dtaoḃ ḃur gcoirp, mar ġeall ar an gclúdaċ a ḃeas oraiḃ. Naċ mó an t-anam ná an bia, agus an corp ná an t-éadaċ? Breaṫnaígí éanlaiṫ na spéire; ní ċuireann siad síol, agus ní ḃaineann siad fóṁar, agus ní ċruinníonn siad aon ní i scioból; aċ coṫaíonn ḃur nAṫair neaṁaí iad. Naċ mó is fiú siḃse go mór ná iadsan? Agus cé agaiḃ a ḟéadfaḋ le méid a imní banláṁ aṁáin a ċur lena airde féin? Agus cad ċuige daoiḃ imní ḃeiṫ oraiḃ i dtaoḃ éadaiġ? Breaṫnaígí lilí an ḃáin, conas a ḟásas siad; ní ḋéanaid saoṫar, agus ní ḋéanaid sníoṁ: aċ deirim liḃ, naċ raiḃ Solaṁ féin ina ġradam go hiomlán clúdaiṫe mar ċeann acusan. Má ċlúdaíonn Dia ar an gcuma sin féar an ḃáin, atá ann inniu, agus a ċaitear isteaċ sa



sorn amáraċ, naċ mó go mór a ċlúdós sé siḃse, a luċt an ċreidiṁ ḃig? Ná bíoḋ imní oraiḃ dá ḃrí sin, agus siḃ á rá, Céard a iosfaimid? nó, Céard a ólfaimid? nó, Conas a ċlúdófar sinn? Óir bíonn tóir ag na gintliṫe ar na niṫe sin uile; óir is eol do ḃur nAṫair neaṁaí go ḃfuil gá agaiḃ leis na niṫe sin go léir. Aċ loirgígí ar dtús ríoċt Dé agus a ḟíréantaċt; agus taḃarfar daoiḃ sa ḃreis na niṫe sin go léir. Dá ḃrí sin ná bíoḋ imní oraiḃ i dtaoḃ an lae amáraċ: óir beiḋ a ċúram féin ar an lá amáraċ. Ní beag don lá a ċion féin den olc.

## An Séú Doṁnaċ Déag tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 148, 150: Ier. 5. 1–19, nó Seanḟoc. 3. 1–26; Lúcás 11. 1–28, nó Tit. 2. 1–3. 7.
T. Sm. 2, 16: Ier. 5. 20–deireaḋ, nó 7. 1–15, nó Seanḟoc. 4; Eoin 8. 12–30, nó Eif. 5. 22–6. 9.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, guímid ṫú, cuir do ḃuantrócaire ag glanaḋ agus ag cosaint d'Eaglaise; agus, ós rud é naċ féidir léi fanaċt slán gan do ċaḃair, coimeád saor ó ḃaol go bráċ í le do ċúnaṁ agus le do ṁaiṫeas; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Eif. 3. 13.

Iarraimse oraiḃ gan ḃeiṫ ar ḃeag-uċtaċ faoi m'anró ar ḃur son, atá ina ġlóir daoiḃse. Dá ḃrí sin feacaim mo ġlúna d'Aṫair

ár dTiarna Íosa Críost óna n-ainmnítear an teaġlaċ uile ar neaṁ agus ar talaṁ, go dtugaḋ sé daoiḃ, de réir saiḃris a ġlóire, ḃur ndaingniú le cuṁaċt trína Spiorad san anam istiġ; ċun go gcónaí Críost in ḃur gcroí trí ċreideaṁ; ionas, ar mbeiṫ daoiḃ fréaṁaiṫe, bunaiṫe i ngrá, go raiḃ ar ċumas daoiḃ, leis na naoiṁ uile, an leiṫeaḋ, agus an ḟaid, agus an doiṁneaċt, agus an airde a ṫuiscint; agus grá Ċríost, a ṡáraíos aiṫne, a aiṫint, go líonfaí siḃ d'iomláine uile Dé. Don té a ḃfuil ar ċumas dó i ḃfad níos mó a ḋéanaṁ, de réir na cuṁaċta a oiḃríos ionainn, ná mar a iarraimid nó a smaoinímid, glóir dósan san Eaglais trí Íosa Críost, trí na haoiseanna uile, go saol na saol. Áiméan.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 7. 11.

Agus ṫarla, an lá ina ḋiaiḋ sin, go ndeaċaiġ Íosa go caṫair ar a dtugtar Náin, agus ċuaiġ a lán dá ḋeisceabail leis, agus slua mór daoine. Agus nuair a ḃí sé ag teaċt i ngar do ġeata na caṫraċ, féaċ, ḃí corpán á ḃreiṫ amaċ, aonṁac a ṁáṫar, agus ise ina baintreaċ: agus ḃí mórán de ṁuintir na caṫraċ ina foċair. Agus nuair a ċonaic an Tiarna í, ġaḃ trua di é, agus dúirt sé léi, Ná bí ag gol. Agus ṫáinig sé agus ċuir sé a láṁ ar an gcróċar: agus stad an luċt iompair. Agus dúirt sé, A óġḟir, deirim leat, Éiriġ. Agus d'éiriġ an duine a ḃí marḃ ina ṡuí, agus ṫosaiġ sé ar labairt.



Agus ṫug sé dá ṁáṫair é. Agus ṫáinig criṫeagla ar gaċ uile ḋuine: agus ṫugadar glóir do Ḋia, á rá, Tá fáiḋ mór éiriṫe inár measc; agus, Ṫáinig Dia ar cuairt ċun a ṁuintire. Agus leaṫ an tuairisc sin air amaċ ar fuaid Iúdaea uile, agus ar fuaid na dúiċe máguaird.

## An Seaċtú Doṁnaċ Déag tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 46, 48: Ier. 17. 5–14, nó Seanḟoc. 6. 1–19: Lúcás 11. 29–deireaḋ, nó 1 Pead. 1. 1–21.
T. Sm. 121–124, 134: Ier. 18. 1–17, nó 22. 1–19, nó Seanḟoc. 8; Eoin 8. 31–deireaḋ, nó Eif. 6. 10–deireaḋ.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, aċainímid ort do ġrásta a ċur roṁainn agus inár ndiaiḋ go bráċ, agus sinn a ċlaonaḋ de ṡíor ċun gaċ dea-ġníṁ; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Eif. 4. 1.

Uime sin aċainímse, cime an Tiarna, oraiḃ siúl mar a oireas don ġairm lenar gaireaḋ siḃ, le gaċ uṁlaíoċt agus ceansaċt, le buanḟoiġne, ag fulaingt a ċéile i ngrá; ag iarraiḋ aontaċt an Spioraid a ċoiṁeád i gcoṁċeangal na síoċána. Tá aon ċorp aṁáin ann, agus aon Spiorad aṁáin, fé mar gaireaḋ siḃ in aon dóċas aṁáin ḃur ngairme; aon Tiarna, aon ċreideaṁ, aon ḃaiste, aon Dia agus Aṫair aṁáin don uile, atá os cionn na n-uile, agus tríd an uile, agus ionaiḃ uile.

## An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 14. 1.

Ṫarla, nuair a ċuaiġ Íosa isteaċ i dteaċ duine d'uaċtaráin na bḞairisíneaċ ċun bia a ċaiṫeaṁ, lá na Sabóide, go raḃdar ag faire air. Agus féaċ, ḃí duine ina láṫair agus iorpais air. Agus d'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leis na Dlíodóirí agus leis na Fairisínig, An dleaṫaċ leiġeas a ḋéanaṁ lá na Sabóide? Agus d'ḟanadarsan ina dtost. Agus rug sé air, agus leiġeas sé é, agus ċuir sé ar a ḃealaċ é; agus d'ḟreagair sé dóiḃ, á rá, Cé agaiḃse a dtitfeaḋ asal nó bó leis isteaċ i ndíog lá na Sabóide, agus naċ dtógfaḋ aníos é láiṫreaċ? Agus níorḃ ḟéidir leo freagra a ṫaḃairt air sin. Agus laḃair sé an tsaṁlaoid leosan a fuair cuireaḋ, nuair ṫug sé faoi deara iad ag toġaḋ na suíoċán ab ḟearr; á rá leo, Nuair a ġeoḃaiḋ tú cuireaḋ ó aon duine ċun bainise, ná suiġ sa suíoċán uaċtaraċ; ar eagla go mbeaḋ duine níos onóraí ná tú a fuair cuireaḋ uaiḋ, agus go dtiocfaḋ an té a ṫug cuireaḋ duitse agus dósan, agus go ndéarfaḋ sé leat, Taḃair an áit seo don duine seo; agus ansin go gcaiṫfeá dul san áit is ísle, agus náire ort. Aċ nuair a ġeoḃaiḋ tú cuireaḋ, téiġ agus suiġ san áit is ísle; ar ṁoḋ, nuair a ṫiocfas an té a ṫug an cuireaḋ duit, go ndeire sé leat, A ċara, téiġ níos sia suas: ansin beiḋ onóir le fáil agat i bḟianaise a mbeiḋ ina suí ċun bia in éineaċt leat. Óir an té a ardaíos é féin, ísleofar é; agus an té a íslíos é féin, ardófar é.



# An Toċtú Doṁnaċ Déag tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 119. 1–32: Ier. 26, nó Seanḟoc. 9; Lúcás 12. 1–34, nó 1 Pead. 1. 22–2. 10.
T. Sm. 119. 33–72: Ier. 30. 1–3 agus 10–22, nó 31. 1–20, nó Seanḟoc. 14. 31–15. 17; Eoin 13, nó 1 Eoin 1. 1–2. 11.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, aċainímid ort do ġrásta a ṫaḃairt do do ṗobal ċun seasaṁ in aġaiḋ caṫuiṫe an tsaoil, na colainne, agus an diaḃail agus ċun tusa, an t-aon Dia aṁáin, a leanúint go glanċroíoċ, glanaigeanta; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

1 Coir. 1. 4.

Gaḃaim buíoċas le mo Ḋia i gcónaí mar ġeall oraiḃ, de ḃarr grásta Dé a tugaḋ daoiḃ trí Íosa Críost; toisc go ndéantar níos saiḃre siḃ i ngaċ aon ní tríd siúd, i ngaċ urlaḃra, agus i ngaċ eolas; fé mar a daingníoḋ fianaise Ċríost ionaiḃ: ar ċaoi naċ ḃfuil easpa taḃartais ar biṫ oraiḃ; agus siḃ ag feiṫeaṁ le foilsiú ár dTiarna Íosa Críost; an té féin a ḋaingneos siḃ go dtí an deireaḋ, ċun go raiḃ siḃ gan loċt lá ár dTiarna Íosa Críost.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 22. 34.

Nuair a ċuala na Fairisínig gur ċuir Íosa na Sadúicínig ina dtost, ċruinníodar i gceann a ċéile. Agus ċuir duine acu,

Dlíodóir, ceist air, á ṫriail, agus dúirt sé, A Ṁáistir, céard í an ṗríoṁaiṫne den Dlí? Agus dúirt Íosa leis, Bíoḋ grá agat do do Ṫiarna Dia le lánċroí, agus le lánanam, agus le lánaigne. Sin í an ċéad aiṫne, an aiṫne ṁór. Agus is cosúil léi an dara haiṫne, Bíoḋ grá agat do do ċoṁarsa mar a ḃíonn duit féin. Is ar an dá aiṫne sin atá an Dlí uile agus na Fáiṫe bunaiṫe. Nuair a ḃí na Fairisíniġ cruinniṫe i ḃfoċair a ċéile, ċuir Íosa ceist orṫu, á rá, Cad í ḃur dtuairim den Ċríost? cé darb mac é? Dúradarsan leis, Mac Ḋáiḃí. Dúirt seisean leo, Más ea, conas a ġaireas Dáiḃí tríd an Spiorad Tiarna de, á rá, Dúirt an Tiarna le mo Ṫiarnasa, Suiġ tusa ar mo láiṁ ḋeas, go gcuire mé do naiṁde mar stól faoi do ċosa? Má ġaireann Dáiḃí Tiarna de, conas atá sé ina ṁac aige? Agus níorḃ ḟéidir le haon duine oiread agus focal a rá á ḟreagairt, ná níor leoṁ aon duine ón lá sin amaċ ceist a ċur air.

## An Naoú Doṁnaċ Déag tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 119. 73–104: Ier. 31. 23–37, nó Seanḟoc. 16; Lúcás 12. 35–deireaḋ, nó 1 Ped. 2. 11–3. 7.
T. Sm. 119. 105–144: Ier. 35, nó 36, nó Seanḟoc. 22; Eoin 14, nó 1 Eoin 2. 12–deireaḋ.

## An Orṫa.

A Dia, ós rud é naċ dtagann linn taitneaṁ leat gan ċaḃair uait; Deonaiġ go trócaireaċ go mbí ár gcroí á rialú agus á dtreorú



ag do Spiorad Naoṁ i ngaċ uile ní; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Eif. 4. 17.

Is é deirim, dá ḃrí sin, agus tugaim d'ḟianaise sa Tiarna, gan siúl daoiḃ feasta mar a ṡiúlas na Gintliṫe eile, i ndíoṁaoineas a n-intinne, agus scamall ar a dtuiscint acu agus iad ina gcoiṁṫiġ ó ḃeaṫa Dé tríd an aineolas atá iontu, de ḃarr daille a gcroí; dream gan ṁoṫú ar biṫ iontu, a ṫug iad féin don ġraostaċt, ċun gaċ neaṁġlaine a ḋéanaṁ go santaċ. Aċ siḃse, ní mar sin a ḟoglaim siḃ Críost, más aṁlaiḋ d'éist siḃ leis, agus gur múineaḋ siḃ aige, fé mar atá an ḟírinne in Íosa: go gcuire siḃ uaiḃ, maidir leis an sean-iompar, an seandúċas daonna, atá á ṁeaṫ de réir na mianta bréagaċa; agus go ndéantar siḃ as úire i spriod ḃur n-intinne; agus go gcuire siḃ oraiḃ an dúċas daonna nua, a cruṫaíoḋ de réir Dé i ḃfíreantaċt agus i ḃfíorḋiagaċt. Dá ḃrí sin, ag cur na bréige uaiḃ, labraíoḋ gaċ duine agaiḃ an ḟírinne lena ċoṁarsa: óir is baill dá ċéile sinn. Bíoḋ fearg oraiḃ, agus ná déanaigí peaca: ná maireaḋ ḃur gcancar go luí gréine: ná tugaigí slí don diaḃal aċ an oiread. An té a rinne goid, ná goideaḋ sé feasta; aċ ina ċoinne sin déanaḋ sé saoṫar, ag déanaṁ maiṫeasa lena láṁa, ċun go raiḃ rud éigin aige le dáil dósan a mbíonn easnaṁ air. Ná gaḃaḋ smid truaillíṫe amaċ as ḃur mbéal, aċ dea-ḟocal

a ḟónas ċun tógála, ċun grásta a ṫaḃairt don luċt éisteaċta. Agus ná cuirigí doilíos ar Naoṁ-Spiorad Dé, lenar cuireaḋ séala oraiḃ go lá na fuascailte. Cuirtear uaiḃ gaċ seirḃe, agus aingíoċt, agus fearg, agus caismirt, agus iṫiomrá, agus an uile ṡaġas droċrúin: agus bígí carṫanaċ le ċéile, trócaireaċ, ag maiṫeaṁ dá ċéile, fé mar a ṁaiṫ Dia daoiḃse ar son Ċríost.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Mata 9. 1.

Ċuaiġ Íosa isteaċ i mbád, agus d'imiġ sé anonn isteaċ ina ċaṫair féin. Agus féaċ, tugaḋ ċuige fear pairilíseaċ, agus é ina luí ar leaba: agus nuair ṫug Íosa faoi deara an creideaṁ a ḃí acu, dúirt sé leis an ḃfear pairilíseaċ, A Ṁic, bíoḋ misneaċ agat; bíoḋ do ṗeacaí maiṫe duit. Agus féaċ, dúirt cuid de na Scríoḃaiṫe ina n-aigne féin, Tá sé sin ag diaṁaslú. Agus nuair a ṫug Íosa faoi deara na smaointe ḃí acu dúirt sé, Cad ċuige daoiḃ ḃeiṫ ag smaoineaṁ go holc in ḃur gcroí? Mar cé acu is fusa, a rá, Go maiṫear do ṗeacaí duit; nó a rá, Éiriġ, agus siúil? Aċ ċun go mbeiḋ fios agaiḃ go ḃfuil ar ċumas do Ṁac an duine ar talaṁ peacaí a ṁaiṫeaṁ (dúirt sé ansin leis an ḃfear pairilíseaċ), Éiriġ, tóg do leaba, agus imiġ ċun do ṫí. Agus d'éiriġ seisean, agus d'imiġ sé ċun a ṫí féin. Aċ nuair a ċonaic na sluaite sin, ḃí ionaḋ orṫu, agus ṫugadar glóir do Ḋia, a ṫug a leiṫéid sin de ċuṁaċt do ḋaoine.



# AN FIĊIÚ DOṀNAĊ TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 119. 145–176: Esec. 2, nó Seanḟoc. 23. 15–deireaḋ; Lúcás 13, nó 1 Peaḋ. 3. 8–4. 6.
T. Sm. 144, 149: Esec. 3. 4–21, nó 13. 1–16, nó Seanḟoc. 30. 1–14; Eoin 15, nó 1 Eoin 3.

## AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, róṫrócairiġ, aċainímid ort de ḃarr do ṁórṁaiṫeasa sinn a ċoimeád ó gaċ doċar; ar ṡlí go raḃaimid ullaṁ, idir ċorp agus anam, ċun do ṫoil a ḋéanaṁ go soilḃir; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Eiḟ. 5. 15.

Tugaigí aire daoiḃ féin, ċun siúl go grinn, gan ḃeiṫ mar aineolaiṫe, aċ mar eolaiṫe; ag fuascailt na huaine, óir is olc í an uair i láṫair. Uime sin ná bígí ainḃiosaċ, aċ bíoḋ tuiscint agaiḃ ar toil Dé. Agus ná bígí ar meisce le fíon, ina ḃfuil iomarcaċt; aċ bígí lán den Spiorad; ag laḃairt lena ċéile i sailm, agus in iomainn, agus in aṁráin spioradálta, ag canaḋ agus ag déanaṁ ceoil in ḃur gcroí don Tiarna; ag gaḃáil buíoċais de ṡíor ar son an uile ní le Dia an tAṫair, in Ainm ár dTiarna Íosa Críost; do ḃur gcur féin faoi réir a ċéile in uaṁan Dé.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 22. 1.

DÚIRT Íosa, Is cosúil ríoċt na ḃflaiṫeas le rí áiriṫe, a rinne bainis dá ṁac, agus a ċuir a ṡeirḃísiġ uaiḋ amaċ ag glaoċ orṫusan a fuair cuireaḋ ċun na bainise: agus níorḃ áil leo teaċt. Arís, ċuir sé uaiḋ seirḃísiġ eile, á rá, Insígí dóiḃsean a fuair cuireaḋ, Féaċaigí, tá mo ḟleá ullaṁ agam: tá mo ṁairt agus m'ainṁiṫe biata maraiṫe agam, agus tá gaċ aon ní i gcóir: tagaigí ċun na bainise. Aċ ní ṫugadarsan aon aird air, agus d'imíodar, duine acu ċun a ḟeirme féin, duine eile ċun a ċeannaíoċta: agus rug an ċuid eile acu ar a ṡeirḃísiġ, agus ṫugadar droċíde orṫu, agus ṁaraíodar iad. Aċ nuair a ċuala an rí tráċt air sin, ṫáinig fearg ṁór air; agus ċuir sé a ṡluaiṫe armṫa uaiḋ, agus scrios sé na dúnṁarfóirí sin, agus loisc sé a gcaṫair. Ansin dúirt sé lena ṡeirḃísiġ, Tá an ḃainis ullaṁ, aċ na daoine a fuair cuireaḋ níorḃ ḟiú iad í. Imígíse amaċ dá ḃrí sin ar ċeann na mbóiṫre, agus cibé daoine a ġeoḃas siḃ, glaoigí orṫu ċun na bainise. Agus ċuaiġ na seirḃísiġ sin amaċ ar na bóiṫre, agus ḃailíodar a ḃfuaireadar, idir olc agus ṁaiṫ: agus líonaḋ áras na bainise de luċt aíoċta. Agus nuair ṫáinig an rí isteaċ leis an gcuideaċta a ḟeiceáil, ċonaic sé fear ann naċ raiḃ culaiṫ ḃainise air: agus dúirt sé leis, A ċara, conas ṫáinig tusa isteaċ anseo gan ċulaiṫ ḃainise ort? Agus níor ḟan focal ina ḃéal aige. Ansin dúirt an rí leis an



luċt freastail, Ceanglaigí a láṁa agus a ċosa, agus teilgigí amaċ é sa dorċaċt amuiġ; an áit ina mbeiḋ gol agus gíoscán fiacal. Óir tá glaoite ar ṁórán, aċ níl tofa aċ beagán.

## AN TAONÚ DOṀNAĊ IS FIĊE TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 26, 30: Esec. 14, nó Seanḟoc. 31; Lúcás 14. 1–24, nó 1 Pead. 4. 7–5. 11.
T. Sm. 125, 131: Esec. 18. 1–4 agus 19–deireaḋ, nó 33. 1–20, nó Eccles. 1. 12–2. 13; Eoin 16, nó 1 Eoin 4.

## AN ORṪA.

A ṪIARNA na trócaire, deonaiġ do do ṗobal dílis maiṫiúnas agus síoċáin, ċun go nglantar óna bpeacaí uile iad, agus go ndéana siad seirḃís duit le ciúnas aigne; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Eif. 6. 10.

A ḂRÁIṪRE, bígí láidir sa Tiarna, agus i gcuṁaċt a nirt. Cuirigí caṫéide Dé go huile oraiḃ, ċun go ḃféada siḃ seasaṁ i gcoinne mealltóireaċta an diaḃail. Óir ní ḋéanaimid spairn i gcoinne fola ná feola, aċ i gcoinne réimeanna, i gcoinne údarás, i gcoinne rialtóirí dorċadais an tsaoil seo, i gcoinne droċspridí sna flaiṫis. Uime sin, glacaigí caṫéide Dé go huile ċugaiḃ, go ḃféada siḃ an fód a ṡeasaṁ lá an oilc, agus tar éis daoiḃ ḃur ndíċeall a ḋéanaṁ, seasaṁ. Seasaigí, dá ḃrí sin, agus an ḟírinne mar ċrios ar ḃur leasraċa, agus uċtċlár na

fíréantaċta oraiḃ; agus ullṁú Soiscéil na síoċána mar ḃróga do ḃur gcosa oraiḃ; ṫar gaċ ní eile, sciat an ċreidiṁ á glacaḋ agaiḃ, lena ḃféadfaiḋ siḃ gaṫanna tine uile an droċḋuine a ṁúċaḋ. Agus glacaigí clogad an tslánaiṫe, agus claíoṁ an Spioraid, mar atá, Briaṫar Dé: siḃ ag déanaṁ urnaí de ṡíor sa Spiorad le gaċ urnaí agus guí, agus ag dianfaire ċuige sin le gaċ buanfeiṫeaṁ, agus le guí ar son na naoṁ uile, agus ar mo ṡonsa, ionas go dtugtar urlaḃra dom, ċun mo ḃéal a oscailt go dána, ċun rún an tSoiscéil a ḟógairt, agus mé i mo ṫeaċtaire i mbraiġdeanas mar ġeall air; go laḃród amaċ go dian ann, mar ba ċóir dom laḃairt.

## An Soiscéal.

nṁ. Eoin 4. 46.

Ḃí duine uasal de luċt an rí ann, go raiḃ a ṁac tinn i gCafarnaúm. Nuair a ċuala seisean go raiḃ Íosa tagṫa as Iúdaea isteaċ sa Ġailílé, ċuaiġ sé ċuige, agus d'iarr sé d'aċainí air dul síos, agus a ṁac a leiġeas; óir ḃí sé i rioċt báis. Dúirt Íosa leis ansin Mura ḃfeiceann siḃ coṁarṫaí agus iontais, ní ċreidfiḋ siḃ. Dúirt an duine uasal leis, A ḋuine uasail, tar anuas sula ḃfaiġe mo ṁac bás. Dúirt Íosa leis, Imiġ leat; tá do ṁac beo. Agus ċreid an fear an focal a dúirt Íosa leis, agus d'imiġ sé ar a ḃealaċ. Agus sa tslí dó ag gaḃáil síos, ṫáinig a ṡeirḃísiġ ina ċoinne agus d'insíodar dó, á rá, Tá do ṁac ina ḃeaṫa. D'ḟiafraiġ sé díoḃ



ansin cén uair ṫáinig biseaċ air. Agus dúradar leis, Inné, ar an seaċtú uair d'imiġ an fiaḃras de. Ḃí fios ag an aṫair mar sin gurb é sin an t-am díreaċ, a ndúirt Íosa leis, Tá do ṁac beo: agus ċreid sé féin, agus a líon tí uile. Ba í sin arís an dara míorúilt a rinne Íosa, tar éis dó teaċt ó Iúdaea isteaċ sa Ġailílé.

# An Dara Doṁnaċ is Fiċe tar éis na Tríonóide.

M. Sm. 52, 53, 54: Esec. 34. 1–16, nó Eccles. 3. 1–15; Lúcás 14. 25–15. 10, nó 2 Pead. 1.
T. Sm. 133, 136: Esec. 34. 17–deireaḋ, nó 37. 15–deireaḋ, nó Eccles. 4. 9-5. 9; Eoin 17, nó 1 Eoin 5.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, guímid tú do teaġlaċ an Eaglais a ċoimeád go diaga i gcónaí; ċun go raiḃ sí slán ó gaċ baol de ḃarr do ċoimirce, agus go ndéana sí seirḃís duit go deaḃóideaċ le dea-ġníoṁarṫa, le glóir dod Ainm; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Pil. 1. 3.

Gaḃaim buíoċas le mo Ḋia gaċ uair a ċuiṁnim oraiḃ, mé i gcónaí ag guí le gairdeas i ngaċ urnaí uaim ar ḃur son uile, de ḃarr ḃur gcumainn sa Soiscéal ón gcéad lá go dtí anois; agus mé cinnte den méid seo, an té a ċuir dea-obair ar bun ionaiḃ, go ndéanfaiḋ sé í go lá Íosa Críost: fé mar is cóir dom smaoineaṁ oraiḃ go léir

mar sin, toisc go ḃfuil siḃ i mo ċroí agam, de ḃrí go ḃfuil siḃ uile rannṗáirteaċ i mo ġrásta-sa, i mo ġeiṁleaċa dom, agus fós i gcosaint agus i ndaingniú an tSoiscéil. Óir tá Dia d'ḟianaise agam ar ṁéid mo ḋúile ionaiḃ go léir i mbá Íosa Críost. Agus is é mo ġuí, go méadaítear ḃur ngrá i ndiaiḋ a céile i gcónaí in eolas agus i ngaċ tuiscint; ċun go ndearḃaí siḃ na niṫe sárṁaiṫe; ċun go raiḃ siḃ fíorġlan gan oilḃéim go lá Ċríost; agus siḃ lán de ṫorṫaí na fíréantaċta—is trí Ċríost iadsan—ċun glóire agus ċun molta Dé.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 18. 21.

DÚIRT Peadar le hÍosa, A Ṫiarna, céard a ṁinicí ḋéanfas mo ḃráṫair coir im aġaiḋ, agus go maiṫfead ḋó í? Seaċt n-uaire, an ea? Dúirt Íosa leis, Ní deirim leat, Seaċt n-uaire; aċ Seaċt n-uaire faoi ṡeaċtó. Dá ḃrí sin is cosúil ríoċt na ḃflaiṫeas le rí áiriṫe gur ṁian leis cuntas a ḋéanaṁ lena ṡeirḃísiġ. Agus nuair a ḃí tosaiṫe aige ar an gcuntas a ḋéanaṁ, tugaḋ ċuige duine, go raiḃ deiċ míle talann aige air. Aċ, de ċionn naċ raiḃ oiread aige agus a d'íocfaḋ na fiaċa, d'orduiġ a ṫiarna go ndíolfaí é féin, agus a ḃean, agus a ċlann, agus a raiḃ aige, mar ḋíol fiaċ. Ansin ċaiṫ an seirḃíseaċ é féin síos roiṁe, ag umlú ḋó, á rá, A ṫiarna, déan foiġne liom, agus íocfaḋ an t-iomlán leat. Agus ġaḃ trua ṁór an tiarna don seirḃíseaċ sin, agus scaoil sé saor é, agus ṁaiṫ sé na fiaċa ḋó.



Aċ ċuaiġ an seirḃíseaċ sin amaċ, agus fuair sé duine dá ċoṁṡeirḃísiġ go raiḃ céad pingin aige air; agus rug sé greim air, ag breiṫ ar scornaċ air, á rá, Íoc liom a ḃfuil agam ort. Agus ċaiṫ a ċoṁṡeirḃíseaċ é féin síos roiṁe, agus ċuir sé aċainí air, á rá, Déan foiġne liom, agus íocfaḋ an t-iomlán leat. Agus níorḃ áil leis é: aċ d'imiġ sé, agus ċuir sé sa ṗríosún é, nó go n-íocfaḋ sé na fiaċa. Agus nuair a ċonaic a ċoṁṡeirḃísiġ a raiḃ déanta, ġoill sé go mór orṫu, agus ṫángadar, agus d'insiodar dá dtiarna gaċ ar ṫarla. Ansin ġlaoiġ a ṫiarna ċuige é, agus dúirt sé leis, A ropaire ṡeirḃísiġ, ṁaiṫeas-sa duitse na fiaċa úd go léir, toisc gur ċuiris aċainí orm: nár ċóir duitse, dá ḃrí sin, trua a ḋéanaṁ do do ċoṁṡeirḃíseaċ, fé mar rinneas-sa trua duitse? Agus ḃí fearg ar a ṫiarna, agus ṫug sé do na céastúnaiġ é, nó go n-íocfaḋ sé na fiaċa go léir. Agus is mar sin ḋéanfas m'Aṫair neaṁaí daoiḃse, mura maiṫe gaċ aon duine agaiḃ a gcionta dá ḃráṫair ó ċroí.

# AN TREAS DOṀNAĊ IS FIĊE TAR ÉIS NA TRÍONÓIDE.

M. Sm. 75, 76: Seanḟoc. 1. 20–deireaḋ, nó Eccles. 7; Lúcás 16, nó 1 Coir. 1. 1–25.

T. Sm. 139. 1–18: Seanḟoc. 3. 1–26, nó Ióna 4, nó Eccles. 9; Eoin 9, nó 1 Coir. 13.

## AN ORTA.

A DIA, ár neart agus ár ndídean, is údar le gaċ cráifeaċt; Nára leasc leat, guímid tú, éisteaċt leis na haċainíoċa a ċuireas

d'Eaglais ort go deaḃóideaċ; agus deonaiġ dúinn, na niṫe a iarraimid ort le dílseaċt, iad a ḟáil uait le héifeaċt; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Pil. 3. 17.

A ḃráiṫre, déanaigí aiṫris ormsa in éineaċt le ċéile, agus tugaigí aire dóiḃ siúd a ṡiúlas aṁlaiḋ, fé mar atá sinne mar ṡampla agaiḃ. Óir siúlann a lán daoine, a luas liḃ go minic, agus atá á lua agam anois, agus mé ag gol, gur naiṁde do ċrois Ċríost iad: is léirscrios a gcríoċsan, is é a mbolg a nDiasan, is ina náire atá a nglóir, dream go ḃfuil a n-aird ar niṫe talṁaí. Óir tá ár gcórasna ar neaṁ; as a ḃfuil súil againn, freisin, leis an Slánaiṫeoir, an Tiarna Íosa Críost: a ċuirfeas malairt cruṫa ar ċorp ár n-ainnise, ċun go múnlaítear ar aon dul é le corp a ġlóire féin, de réir na cuṁaċta lena ḃféadann sé fiú an uile ní a ċur faoina réir féin.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 22. 15.

Ansin d'imiġ na Fairisíniġ, agus ċuadar i gcoṁairle á ṁeaḃrú conas a ċuirfidís i dteannta é sa ċaint. Agus ċuireadar ċuige a ndeisceabail, in éineaċt le muintir Ioruaiṫ, á rá, A Ṁáistir, tá fios againn gur duine fírinneaċ tú, agus go múineann



tú slí Dé i ḃfírinne, agus naċ ḃfuil beann agat ar aon duine: óir is cuma leat pearsa an duine. Inis dúinn mar sin céard é do ṁeas? An dleaṫaċ cáin a ṫaḃairt do Ċéasar, nó gan a taḃairt? Aċ d'aiṫin Íosa a mailís, agus dúirt sé, Cad ċuige daoiḃ ḃeiṫ do mo ṫriail, a luċt an ḟuarċráḃaiḋ? Taispeán dom airgead na cánaċ. Agus ṫugadar pingin dó. Agus dúirt sé leo, Cé leis an íoṁá agus an scríḃinn seo? Deiridsean leis, le Céasar. Ansin dúirt se leo, Dá ḃrí sin, tugaigí do Ċéasar na niṫe is le Céasar; agus do Ḋia na niṫe is le Dia. Nuair a ċualadar na briaṫra sin, ḃí ionaḋ orṫu, agus d'ḟágadar é, agus d'imíodar.

# An Ceaṫrú Doṁnaċ is Fiċe tar éis na Tríonóide.

## An Orṫa.

A Ṫiarna, aċainímid ort do ṗobal a ḟuascailt óna gcionta; ionas go saortar sinn uile de ḃarr do ṁórṁaiṫeasa ó ċuiḃreaċ na bpeacaí úd a rinne sinn as uċt ár laige féin; Deonaiġ dúinn é sin, a Aṫair neaṁaí, ar son Íosa Críost, ár dTiarna agus ár Slánaiṫeoir beannaiṫe. Áiméan.

## An Eipistil.

Col. 1. 3.

Gaḃaimid buíoċas le Dia, le hAṫair ár dTiarna Íosa Críost, ag déanaṁ urnaí i gcónaí ar ḃur son, ón uair a ċualamar tráċt

ar ḃur gcreideaṁ in Íosa Críost, agus ar an ngrá atá agaiḃ do na naoiṁ uile, de ḃarr an ḋóċais atá i dtaisce daoiḃ ar neaṁ, ar ar ċuala siḃ tráċt ċeana i mbriaṫar fírinne an tSoiscéil; atá tagṫa ċugaiḃse, fé mar ṫáinig sé ċun an doṁain ar fad, ag taḃairt toraiḋ, fé mar ḋéanann sé ionaiḃse freisin, ón lá a ċuala siḃ é, agus a fuair siḃ eolas ar ġrásta Dé i ḃfírinne; fé mar ḟoġlaim siḃ ó Epaphras ár gcoṁṡeirḃíseaċ dil, atá ina ḟreastalaí ḋílis do Ċríost ar ḃur son; agus a ḋearḃaiġ ḃur ngrá sa Spiorad dúinn. Dá ḃrí sin, sinne freisin, ón lá a ċualamar sin, ní stadaimid aċ ag urnaí ar ḃur son, agus ag iarraiḋ go líontar siḃ le heolas a ṫola i ngaċ eagna agus i dtuiscint spioradálta: go siúla siḃ mar oireas don Tiarna ċun gaċ uile ṫaitniṁ, ag taḃairt toraiḋ uaiḃ i ngaċ dea-obair, agus ag méadú in eolas Dé; siḃ neartaiṫe leis an uile neart, de réir a ċumais ġlórṁair, go dtí an uile ḟoiġne agus ḟulaingt le gairdeas; ag gaḃáil buíoċais leis an Aṫair, a rinne oiriúnaċ sinn ċun ḃeiṫ rannṗáirteaċ in oiḋreaċt na naoṁ sa solas.

## An Soiscéal.

Nṁ. Mata 9. 18.

Le linn d'Íosa ḃeiṫ ag rá na niṫe sin le deisceaḃail Eoin, féaċ, ṫáinig uaċtarán ċuige, agus ṡléaċt sé dó, á rá, Tá m'iníon tar éis ḃáis anois díreaċ: aċ tar agus cuir do láṁ uirṫi, agus mairfiḋ sí beo. Agus d'éiriġ Íosa, agus lean sé é, mar aon lena ḋeisceaḃail. Agus féaċ, ṫáinig bean, ar a



raiḃ sruṫ fola le dá ḃliain déag, taoḃ ṫiar de, agus ċuimil sí le faḃra a ḃraiṫ: óir dúirt sí ina hintinn féin, Mura ndéanaim aċ baint lena ḃrat, beiḋ mé slán. Aċ ċas Íosa, agus, nuair a ċonaic sé í, dúirt sé, Bíoḋ misneaċ agat, a iníon; ṡlánaiġ do ċreideaṁ tú. Agus ḃí an ḃean slán ón uair sin amaċ. Agus nuair a ṫáinig Íosa isteaċ i dteaċ an uaċtaráin, agus nuair a ċonaic sé an luċt ceoil, agus an gleo a ḃí ag an slua, dúirt sé, Druidiġí siar uaim: óir ní marḃ atá an cailín, aċ ina codlaḋ. Agus rinneadar gáire magúil faoi. Aċ nuair a cuireaḋ na daoine amaċ, ċuaiġ seisean isteaċ, agus rug sé ar láiṁ uirṫi; agus d'éiriġ an cailín aniar. Agus leaṫ a ṫuairisc sin ar fuaid na dúiċe sin uile.

¶ Nuair a ṫagann sé Doṁnaiġ agus fiċe idir Doṁnaċ na Tríonóide agus Doṁnaċ Aiḋḃinte, úsáidfear ar an gcúigiú Doṁnaċ fiċead an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal atá ceapṫa don séú Doṁnaċ tar éis na Taispeána; agus nuair a ṫagann seaċt nDoṁnaiġ fiċead idir an dá Ḋoṁnaċ úd, úsáidfear ar an gcúigiú Doṁnaċ fiċead an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal atá ceapṫa don ċúigiú Doṁnaċ tar éis na Taispeána; agus úsáidfear ar an séú Doṁnaċ fiċead an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal atá ceapṫa don séú Doṁnaċ tar éis na Taispeána.

# An Ċéad Doṁnaċ Roiṁ Aiḋḃint.

M. Sm. 90, 93: Eccles. 11 agus 12; Eaḃ. 11. 1–16.
T. Sm. 17, 20; Hag. 2. 1–9, nó Mal. 3 agus 4; Eaḃ. 11. 17–12. 2, nó Lúcás 15. 11–deireaḋ.

## An Orṫa.

Aċaimímid ort, a Ṫiarna, toil do ḋaoine dílis a ġriosaḋ ċun gníṁ; ar ṡlí go dtuga siad uaṫu go fairsing toraḋ na ndea-oibreaċa, agus go ḃfaiġe siad cúiteaṁ go

fairsing uaitse dá réir; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Ier. 23. 5.

Féaċ, tá na laeṫanta ag teaċt, deir an Tiarna, go gcuirfead Craoḃ ḟíréanta ar fás do Ḋáiḃí, agus beiḋ Rí i réim, agus béarfaiḋ sé bua, agus taḃarfaiḋ breiṫiúnas agus ceart ar an doṁan. Ina aimsirsean slánófar Iúda, agus cónóiḋ Iosrael go socair; agus is é seo an tAinm a ṫaḃarfar air, AN TIARNA ÁR bFÍRÉANTAĊT. Uime sin, féaċ, tá na laeṫanta ag teaċt, deir an Tiarna, naċ ndéarfar feasta, Maireann an TIARNA, a ṫug leis clann Iosrael aníos as tír na hÉigipte; aċ, Maireann an TIARNA a ṫug leis aníos agus a ṫreoraiġ síol tí Iosrael amaċ as an tír ṫuaiḋ, agus as na tíorṫa uile ar díbríos ċucu iad; agus cónóiḋ siad ina ndúiċe féin.

## An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 6. 5.

Nuair d'ardaiġ Íosa a ṡúile, agus ċonaic sé slua mór ag teaċt ċuige, dúirt sé le Pilib, Cá gceannóimid arán go n-iṫe siad seo? (Is ag cur féaċála air adúirt sé sin: óir ḃí a ḟios aige féin cad é a ḋéanfaḋ sé.) D'ḟreagair Pilib é, Níor leor dóiḃ luaċ dá ċéad pingin d'arán, ionas go nglacfaḋ gaċ duine acu beagán. Dúirt duine dá ḋeisceabail, Aindrias, dearṫáir Ṡíomóin Peadar, leis,



Tá gasúr anseo, a ḃfuil cúig ḃairín eornan, agus ḋá iasc ḃeaga, aige: aċ cad é is fiú an ṁéid sin idir an oiread sin daoine? Agus ḋúirt Íosa, Tugaiġí ar na daoine suí síos. Agus ḃí an féar flúirseaċ san áit. Ṡuiġ na daoine síos, mar sin, tuairim agus cúig ṁíle a líon. Agus ġlac Íosa na bairíneaċa; agus d'altaiġ sé iad, agus roinn sé ar na deisceabail iad, agus roinn na deisceabail iad ar an dream a ḃí ina suí; agus an t-iasc mar an gcéanna, oiread agus a ṫeastaiġ uaṫu. Nuair a ḃí a sá acu, dúirt sé lena ḋeisceabail, Bailiġí an fuilleaċ atá fáġṫa, ionas naċ dté aon ní amú. Agus ḃailíodar mar sin le ċéile é, agus líonadar ḋá ċiseán déag d'ḟuilleaċ na gcúig ḃairín eornan, an fuilleaċ a ḃí fáġṫa i ndiaiḋ na ndaoine a ḃí ag iṫe. Dúirt na daoine úd ansin nuair a ċonaiceadar an ṁíorúilt a rinne Íosa, Go fírinneaċ is é seo an fáiḋ a ḃí le teaċt ar an saol.

## Lá 'le nṁ. Aindriais.

M. Esec. 47. 1–12; Eoin 1. 35–42.
T. Seċ. 8. 20–deireaḋ; Eoin 12. 20–32.

## An Orta.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ṫug de ġrásta do do Naoṁ-Aspal Aindrias, gur ġéill sé gan riġneas do ġlaoċ ó do Ṁac Íosa Críost, agus gur lean sé gan ṁoill é; Deonaiġ dúinn go léir, ó tá do Ḃriaṫar naofa ag glaoċ orainn,

go dtugaimid sinn féin go huṁal ċun d'Aiṫeanta naofa a ċoṁlíonaḋ; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Róm. 10. 9.

MÁ adṁaíonn tú ó do ḃéal an Tiarna Íosa, agus go gcreidfir i do ċroí istiġ gur ardaiġ Dia ó na mairḃ é, slánófar tú: óir leis an gcroí creidtear ċun fíréantaċta; agus leis an mbéal adṁaítear ċun slánaiṫe. Óir deir an Scrioptúr, Cibé a ċreideas ann, ní ḃfaiġid sé náire. Óir níl difríoċt ar biṫ idir Ġiúdaċ agus Gréagaċ: óir an t-aon Tiarna aṁáin orṫu uile bíonn saiḃreas ann dá nguíonn é: óir, Cibé ġuíos Ainm an Tiarna, slánófar é. Conas, mar sin a ġuifid siad an té nár ċreid siad ann? Agus conas a ċreidfid siad sa té nár ċuala siad faoi? Agus conas a ċluinfid siad gan ċraoḃscaoilteoir? Agus conas a ċraoḃscaoilfid siad mura gcuirtear ċuige iad? Mar atá scríofa, A áille iad cosa na ndaoine a ċraoḃscaoileas Soiscéal na síoċána, agus a ṫugann dea-scéala leo! Aċ níor ṫugadar uile urraim don Soiscéal. Óir deir Ísáias, A Ṫiarna, cé a ċreid ó beiṫ ag éisteaċt linn? Uime sin, d'éisteaċt tagann creideaṁ, agus de Ḃriaṫar Dé tagann éisteaċt. Aċ deirimse, Níor éist siad, an ea? Is ea, go deiṁin ċuaiġ a ḃfuaim ar fuaid an talaiṁ uile, agus a mbriaṫra go críoċa an doṁain. Aċ deirim, Ní raiḃ fios ag Iosrael, an ea? Deir Maois ar dtús, Cuirfead éad



oraiḃ leo siúd naċ cine iad, agus le náisiún gan tuiscint cuirfead fearg oraiḃ. Aċ éiríonn Ísáias an-dána, á rá, Fuartas mé acu siúd naċ raiḃ do mo lorg; ċonaċtas mé go soiléir dóiḃ siúd nár ċuir ceist i mo ṫaoḃ. Aċ le hIosrael deir sé, Ar feaḋ an lae síneas mo láṁa amaċ ċun pobail easuṁail a laḃair i mo ċoinne.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 4. 18.

AG siúl d'Íosa le hais mara Ġaililé, ċonaic sé beirt dearṫáireaċa, Síomón ar a dtugtar Peadar, agus Aindrias, a ḋearṫáir, agus iad ag cur eangaí sa ḃfarraige: óir b'iascairí iad. Agus dúirt sé leo, Leanaiġí mise, agus déanfadsa iascairí ar ḋaoine díḃ. Agus ar an láṫair, ag fágáil a n-eangaċ, leanadar é. Agus ag imeaċt as sin dó, ċonaic sé beirt eile dearṫáireaċa, Séamas mac Ṡebedé, agus Eoin a ḋearṫáir, agus iad i mbád i ḃfoċair a n-aṫar, Sebedé, ag cóiriú a n-eangaċ; agus ġlaoiġ sé ċuige orṫu. Agus ar an láṫair d'ḟágadar an bád agus a n-aṫair, agus leanadar é.

## NAOṀ TOMÁS ASPAL.

M. 2 Sam. 15. 17–21; Eoin 11. 1–16.
T. Ísái. 35; Eoin 14. 1–7.

## AN ORṪA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a liġ do do Naoṁ-Aspal Tomás, le fonn an creideaṁ a ḋaingniú, amras a ċaiṫeaṁ ar

aiséirí do Ṁic; Deonaiġ dúinne creidiúint i do Ṁac Íosa Críost gan aṁras ná easnaṁ, ar ṡlí naċ loċtaítear ár gcreideaṁ os do ċoṁair go bráċ. Éist linn, a Ṫiarna, trídsean Íosa Críost, gur dó, mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, a tugtar gaċ glóir agus onóir, anois agus go bráċ. Áiméan.

## An Eipistil.

Eif. 2. 19.

Dá ḃrí sin, ní coigríġ ná deoraiṫe siḃ feasta, aċ is coṁ-urraí leis na naoiṁ, agus luċt teaġlaiġ Dé siḃ, agus siḃ tógṫa ar ḃun na nAspal agus na ḃFáiṫe, agus Íosa Críost féin ina ṗríoṁċloċ ċúinne; an té ina ḃfásann an foirgneaṁ uile coṁċeangailte le ċéile i gceart ċun ḃeiṫ ina ṫeampall naofa sa Ṫiarna; an té ċéanna ina ḃfuil siḃ freisin tógṫa le ċéile mar áit ċónaiṫe do Ḋia tríd an Spiorad.

## An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 20. 19.

Tráṫnóna beag, an lá sin, an ċéad lá den tseaċtain, agus na doirse dúnta sa teaċ ina raiḃ na deisceabail cruinniṫe, ar eagla na nGiúdaċ, ṫáinig Íosa agus ṡeas sé ina measc, agus dúirt sé leo, Síoċáin daoiḃ. Agus arna rá sin dó, noċt sé dóiḃ a láṁa agus a ṫaoḃ. Agus ḃí áṫas ar na deisceabail, nuair a ċonaiceadar an Tiarna. Ansin dúirt Íosa arís leo, Síoċáin daoiḃ: fé mar ċuir an tAṫair uaiḋ mé, cuirimse siḃse uaim mar an gcéanna. Agus arna rá



sin dó, d'análaiġ sé orṫu, agus dúirt sé leo, Glacaigí an Spiorad Naoṁ: na daoine go maiṫfiḋ siḃ a gcionta dóiḃ, tá siad maite dóiḃ; agus na daoine go ḃfágfaiḋ siḃ a gcionta orṫu, tá siad fágṫa orṫu. Aċ Tomás, duine den dáréag, dá ngairtí Didimus, ní raiḃ seisean ina ḃfoċair nuair a ṫáinig Íosa. Uime sin dúirt na deisceabail eile leis, Ċonaiceamar an Tiarna. Aċ dúirt seisean leo, Mura ḃfeicim ina láṁa rian na dtairní, agus mura gcuirim mo ṁéar isteaċ in ionad na dtairní, agus mura gcuirim mo láṁ isteaċ ina ṫaoḃ, ní ċreidfead. Agus oċt lá ina ḋiaiḋ sin ḃí a deisceabail istiġ arís, agus Tomás ina ḃfoċair: ṫáinig Íosa ansin, agus na doirse dúnta, agus ṡeas sé ina measc, agus dúirt, Síoċáin daoiḃ. Dúirt sé ansin le Tomás, Cuir do ṁéar anseo, agus féaċ mo láṁa; agus sín anseo do láṁ, agus cuir isteaċ i mo ṫaoḃ í: agus ná ḃí díċreidmeaċ, aċ ḃí creidmeaċ. Agus d'ḟreagair Tomás agus dúirt sé leis, Mo Ṫiarna agus mo Ḋia tú! Dúirt Íosa leis, A Ṫomáis, de ḃrí go ḃfacais mé, ċreidis: is aoiḃinn dóiḃsean naċ ḃfaca, agus a ċreid mar sin féin.

## Tiontú Naoiṁ Póil.

M. Ísái. 49. 1–13; Gal. 1. 11–deireaḋ.
T. Ier. 1. 4–10; Gníoṁ. 26. 1–23.

## An Orṫa.

A Ḋia, a ċuir solas an tSoiscéil ag taitneaṁ ar fuaid an doṁain, trí ċraoḃscaoileaḋ an Aspail ḃeannaiṫe Pól; Deonaiġ dúinn,

guímid ṫú, go gcuiṁnímid ar a ṫiontú sár-iontaċ sin, agus go dtaispeánaimid buíoċas duitse ina ṫaoḃ, tríd an teagasc naofa a ṁúin sé dúinn a leanúint, trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Gníoṁ. 9. 1.

Agus ċuaiġ Saul, agus é ag síorṡéideaḋ bagarṫa agus báis i gcoinne deisceabal an Tiarna, ċun an ardsagairt, agus d'iarr sé air litreaċa a ṫaḃairt dó ċun na sionagóg i nDamascus, ċun, dá ḃfaiġeaḋ sé aon duine, fear nó bean, den tSlí sin, go dtiuḃraḋ sé leis iad ceangailte go hIarúsalem. Agus ag imeaċt dó, tarla go raiḃ sé ag druidim in aice le Damascus: agus las solas ó neaṁ go tobann ina ṫimpeall: agus ṫit sé ċun an talaiṁ, agus d'airiġ sé an guṫ á rá leis, A Ṡaul, a Ṡaul, cad ċuige duit ḃeiṫ do mo ġéarleanúint? Agus dúirt seisean, Cé tú féin, a Ṫiarna? Agus dúirt an Tiarna, Is mise Íosa ar a ḃfuil tú ag géarleanúint: is deacair duit speaċáil in aġaiḋ an ḃroid. Agus dúirt seisean, agus criṫeagla agus ionaḋ air, A Ṫiarna, céard dob áil leat mé a ḋéanaṁ? Agus dúirt an Tiarna leis, Éiriġ, agus téiġ isteaċ sa ċaṫair, agus inseofar duit céard atá le déanaṁ agat. Agus na fir a ḃí ag taisteal in éineaċt leis, ḃíodar ina seasaṁ ina dtost, ag éisteaċt leis an



nguṫ, aċ gan aon duine le feiceáil acu. Agus d'éiriġ Saul den talaṁ; agus nuair d'oscail sé a ṡúile, ní faca sé duine ar biṫ; aċ rugadar ar láiṁ air, agus ṫreoraíodar isteaċ i nDamascus é. Agus ḃí sé trí lá gan raḋarc, agus níor iṫ ná níor ól sé. Agus ḃí i nDamascus deisceabal darḃ ainm Ananias; agus dúirt an Tiarna in aisling leis, A Ananiais! Agus dúirt seisean, Féaċ, táim anseo, a Ṫiarna. Agus dúirt an Tiarna leis, Éiriġ, agus imiġ go dtí an tsráid ar a dtugtar Díreaċ, agus loirgiġ i dteaċ Iúdáis fear darb ainm Saul, ó Ṫarsus: óir féaċ, tá sé ag urnaí, agus ċonaic sé in aisling fear darb ainm Ananias, ag teaċt isteaċ, agus ag cur a láiṁe air, ċun go ḃfaiġeaḋ sé a raḋarc. Agus d'ḟreagair Ananias, A Ṫiarna, ċualas ó ṁórán daoine i dtaoḃ an ḟir sin, go ndearna sé díoḃáil ṁór do do naoiṁ in Iarúsalem: agus tá údarás aige anseo ó uaċtaráin na sagart ċun na daoine ġlaos ar d'Ainm a ġaḃáil. Aċ dúirt an Tiarna leis, Imiġ leat: óir is soiṫeaċ tofa agamsa é, ċun m'Ainm a ḃreiṫ i láṫair na nGintliṫe agus na ríṫe, agus clainne Iosrael: óir taispeánfadsa dó an méid mór atá le fulaingt aige ar son m'Ainm. Agus d'imiġ Ananias, agus ċuaiġ sé isteaċ sa teaċ; agus ċuir sé a láṁa air agus dúirt, A Ṡaul, a ḃráṫair, an Tiarna, mar atá Íosa, a taispeáin é féin duit sa tslí agus tú ag teaċt, ċuir sé mise ċugat, ċun go ḃfaiġfeá do raḋarc, agus go líonfaí tú den Spiorad Naoṁ. Agus ar an láṫair ṫit óna ṡúile mar a ḃeaḋ gainní, agus fuair sé a raḋarc ansin díreaċ; agus d'éiriġ

sé, agus baisteaḋ é. Agus ġlac sé bia, agus fuair sé neart. Agus d'ḟan Saul roinnt laeṫanta i ḃfoċair na ndeisceabal a ḃí i nDamascus. Agus ar ball, sna sionagógaí, ċraoḃscaoil sé Íosa, gurb é Mac Dé é. Agus ḃí ionaḋ mór ar a raiḃ ag éisteaċt leis, agus dúradar, Naċ é seo an té a rinne léirscrios in Iarúsalem orṫu siúd a ġlaoiġ ar an Ainm sin, agus a ṫáiniġ anseo d'aon ġnó, ċun iad a ṫaḃairt ceangailte i láṫair uaċtarán na sagart? Aċ is mó a ḃí Saul ag dul i neart, agus é ag cur na nGiúdaċ a ċónaiġ i nDamascus ina dtost, á ċruṫú gurb é sin an Críost féin.

## An Soiscéal.

nṁ. Maṫa 19. 27.

D'ḞREAGAIR Peadar agus dúirt sé le hÍosa, Féaċ, ṫréigeamarna gaċ uile ní, agus leanamar tusa; céard a ḃeas againn dá ḃarr? Agus dúirt Íosa leo, Go fírinneaċ deirim liḃ, nuair a ṡuífeas Mac an Duine i ríċaṫaoir a ġlóire, san aṫġiniúint, siḃse a lean mé, suífiḋ siḃ ar ḋá ċaṫaoir déag, ag breiṫ breiṫe ar ḋá ṫreiḃ déag Iosrael. Agus gaċ duine a ṫréig tiṫe, nó deartáireaċa, nó deirfiúraċa, nó aṫair, nó máṫair, nó bean ċéile, nó clann, nó tailte, ar son m'Ainmese, ġeoḃaiḋ sé a gcéad oiread, agus beiḋ an ḃeaṫa ṡíoraí mar oiḋreaċt aige. Aċ is iomaí duine dá ḃfuil ar tosaċ a ḃeas ar deireaḋ; agus iadsan atá ar deireaḋ, beiḋ siad ar tosaċ.



# TOIRḂIRT ĊRÍOST SA TEAMPALL,

dá ngairtear go coitianta

# GLANAḊ NA MAIĠDINE BEANNAIṪE MUIRE.

m. ecs. 13. 11–16; gal. 4. 1–7.
t. hag. 2. 1–9; eaḃ. 10. 1–10.

## An Orta.

A Dia Uileċumaċtaiġ, síorṁarṫanaiġ, aċainímid go humal ar do Ṁórgaċt, faoi mar a toirḃríoḋ d'aonġin Ṁic i gcoṫrom an lae seo sa teampall i substaint ár gcolainne, mar sin go dtoirḃrítear duit sinne le croí glan gan smál, tríosean do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

mal. 3. 1.

FÉAĊAIGÍ, cuirfeaḋ mo ṫeaċtaire uaim, agus réiteoiḋ sé an tslí roṁam: agus tiocfaiḋ an Tiarna, atá á lorg agaiḃ, go hobann ċun a ṫeampaill; mar atá, teaċtaire an ċonarṫa, an té ina ḃfuil ḃur ndúil; féaċaigí, tiocfaiḋ sé, deir TIARNA na slua. Aċ cé féadas lá a ṫeaċta a fulaingt? agus cé ṡeasfas nuair ṫaispeánfas sé é féin? óir is cosúil é le tine ċearda, agus le gallúnaċ úcaire: agus beiḋ sé ina ṡuí mar ċeard agus mar ġlan-tóir airgid; agus glanfaiḋ sé clann Léḃi,

agus sciúrfaiḋ sé mar ór agus mar airgead iad, go dtoirḃrí siad toirḃirt don TIARNA i ḃfíréantaċt. Ansin taitneoiḋ toirḃirtí Iúda agus Iarúsalem leis an TIARNA, mar a ṫaitníoḋ anallód, agus sna blianta fadó. Agus tiocfad in aice liḃ ċun breiṫiúnais; agus bead im ḟinné ṁear in aġaiḋ luċt draíoċta, agus in aġaiḋ luċt adaltranais, agus in aġaiḋ luċt na mionnaí bréige; agus in aġaiḋ an dreama a ḋéanas leatrom ar an seirḃíseaċ ina ṫuarastal, agus ar an mbaintreaċ, agus ar an ndílleaċta, agus a iompaíos an coiṁṫíoċ i leataoḃ óna ċeart, gan eagla acu romamsa, deir TIARNA na slua.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 2. 22.

NUAIR a ḃí laeṫanta a glanta caite de réir Reaċta Ṁaois, ṫugadar leo go hIarúsalem é ċun a ṫoirḃirt don Tiarna (mar atá scríofa i Reaċt an Tiarna, Gaċ fireann osclaíos broinn, glaofar naofa don Tiarna air), agus ċun an íobairt a ḋéanaṁ mar ordaítear i Reaċt an Tiarna, Cúpla féarán, nó ḋá ċolúr óga. Agus féaċ, ḃí in Iarúsalem fear darḃ ainm Simeon; agus ḃí an fear sin fíréanta, diaga, agus é ag súil le sólás Iosrael: agus ḃí an Spiorad Naoṁ air. Agus tugaḋ foilsiú dó ón Spiorad Naoṁ, naċ ḃfeicfeaḋ sé bás, nó go ḃfeicfeaḋ sé Críost an Tiarna. Agus



ṫáiniġ sé tríd an Spiorad isteaċ sa teampall: agus nuair ṫug na tuismiṫeoirí an leanḃ Íosa isteaċ, ċun go ndéanfaidís ina ṫaoḃ de réir gnáṫnóis an Reaċta, ṫóg seisean ċuige ina uċt é, agus ṁol sé Dia, agus dúirt, A Ṫiarna, anois cuireann tú do ṡeirḃíseaċ uait i síoċáin, de réir do ḃriaṫair: de ḃrí go ḃfaca mo ṡúile do ṡlánú, d'ullṁaís i ḃfianaise na gciníoċa uile; solas ċun na Gintliṫe a ṡoilsiú, agus ċun glóire do Ṗobail Iosrael. Agus rinne Iósaf agus a ṁáṫair ionaḋ de na niṫe a dúraḋ ina ṫaoḃ. Agus ḃeannaiġ Simeon iad, agus dúirt sé le Muire a ṁáṫair, Féaċ, tá an leanḃ seo ceapṫa ċun leagṫa agus ċun aiséirí mórán in Iosrael; agus ċun ḃeiṫ ina ċoṁarṫa go laḃrófar ina aġaiḋ (agus raċaiḋ claíoṁ trí lár d'anama féin), ionas go noċtfar smaointe as mórán croiṫe. Agus ḃí bean ann darḃ ainm Anna, banḟáiḋ, iníon Ṗanuel, de ṫreiḃ Asér; ḃí sí an-aosta, agus ċaiṫ sí seaċt mbliana ag a fear tar éis a maiġdeanais, agus ḃí sí ina baintreaċ le ceiṫre bliana agus ceiṫre fiċid naċ mór; ní imíoḋ sí ón teampall, aċ í ag adraḋ Dé d'oíċe agus de lá le troscaḋ agus le hurnaiṫe. Agus ag teaċt isteaċ dise, an uair sin féin, ṫug sí buíoċas don Tiarna, agus laḃair sí ina ṫaoḃ le gaċ duine a ḃí ag tnúṫ le fuascailt in Iarúsalem. Agus nuair a ḃí gaċ ní coṁlíonta acu de réir Reaċta an Tiarna, d'ḟilleadar go dtí an Ġailílé, go dtí a gcaṫair féin Nasair. Agus d'ḟás an leanḃ, agus neartaiġ sé ina spriod, agus ḃí sé lán d'eagna: agus ḃí grásta Dé air.

# LÁ 'LE NṀ. MAITIAS.

M. 1 Sam. 2. 27–35; Gníoṁ. 20. 17–35.
T. Ísái. 22. 15–22; Eoin 15. 1–16.

## AN ORTA.

A ḊIA uileċuṁaċtaiġ, a ṫoġ do ṡeirḃíseaċ dílis Maitias le coṁaireaṁ ar an dáréag Aspal in ionaḋ Iúdáis braṫadóir; Deonaiġ nára baol dod Eaglais bréag-Aspail go bráċ, agus gura fíorḋílis na tréadaiṫe a ṫaḃarfas treoir agus stiúr di; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 1. 15.

SNA laeṫanta sin d'éiriġ Peadar i lár na ndeisceabal, ba é líon na n-ainmneaċa le féile tuairim céad agus fiċe, agus dúirt, A ċeara agus a ḃráiṫre, Níorḃ ḟoláir go gcoṁlíonfaí an Scrioptúir úd, a ṫairngir an Spioraḋ Naoṁ trí ḃéal Ḋáiḃí i dtaoḃ Iúdáis, an té a ṫreoraiġ iad siúd a ġaḃ Íosa. Óir áiríoḋ é mar ḋuine againn, agus fuair sé a ċuid sa tseirḃís seo. Is aṁlaiḋ ċeannaiġ an fear sin talaṁ le tuarastal na hurċóide; agus ṫit sé i ndiaiḋ a ċinn, agus scoilt sé ina lár, agus sceiṫ a inní go léir amaċ. Agus ṫáinig fios scéil ina ṫaoḃ do ṁuintir Iarúsalem go léir; i dtreo go dtugtar ar an ḃfearann sin ina dteangasan, Aceldama, is é sin, Fearann na fola. Óir tá scrioḟa i leaḃar na Salm, Go ndéantar fásaċ dá áit ċónaiṫe, agus ná déanaḋ aon duine áitreaḃ ann: agus,



glacaḋ duine éigin eile a feaḋmannas. Dá ḃrí sin, as na fir a ḃí inár gcuideaċta i riṫ an ama ina raiḃ an Tiarna Íosa ag dul isteaċ agus amaċ inár measc, ag tosú ó ḃaisteaḋ Eoin, go dtí an lá inar tógaḋ suas uainn é, caiṫfear duine acu a ṫoġaḋ ina ḟinné linn ar a aiséirí. Agus ċeapadar beirt, Iósaf ar a dtugtaí Ḃarsabas, gur ċoṁainm dó Iustus, agus Maitias. Agus ġuíodar, agus dúradar, A Ṫiarna, ṫuigeas croiṫe na ndaoine uile, taispeán cé acu den ḃeirt seo is roġa leat, leis an ionad a ġlacaḋ sa tseirḃís agus san aspalaċt seo, ónar ṫit Iúdás trí ṫairmṫeaċt, ċun go raċaḋ sé dá áit féin. Agus ċuireadar ar ċranna é; agus ṫit an crann ar Ṁaitias; agus áiríoḋ é mar ḋuine leis an aon Aspal déag.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Mata 11. 25.

SAN am sin d'ḟreagair Íosa agus dúirt, Gaḃaim buíoċas leat, a Aṫair, a Ṫiarna neiṁe agus talaiṁ, gur ċeilis na niṫe seo ar luċt eagna agus tuisceana, agus gur noċtais do naíonáin iad: is ea, a Aṫair, mar ba é sin do ḋea-toilse. Tá gaċ uile ní tugṫa domsa ag m'Aṫair: agus níl aiṫne ag aon duine ar an Mac, aċ ag an Aṫair, agus níl aiṫne ag aon duine ar an Aṫair, aċ ag an Mac, agus ag an té gur toil leis an Mac a ḟoilsiú dó. Tagaigí ċugamsa, a luċt na tuirse agus na dtromualaí, agus taḃarfaiḋ mé fuinneaṁ nua daoiḃ. Tógaigí mo ċuingse oraiḃ,

agus foġlaimiġí uaim; óir táim ceansa agus uṁal i mo ċroí: agus ġeoḃaiḋ siḃ faoiseaṁ do ḃur n-anam. Óir is sáṁ mo ċuingse, agus is éadrom m'ualaċ.

## Lá 'le Nṁ. Pádraig.

M. Isái. 8. 19–9. 2; Eoin 1. 1–14, nó Gníoṁ. 16. 6–10.
T. Isái. 51. 1–11; 2 Coir. 4, nó 10.

### An Orta.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ṫoġ le do réaṁaire do ṡeirḃíseaċ Pádraig mar aspal do ṁuintir na hÉireann, ċun an dream a ḃí ar fán i ndorċadas agus in earráid a ṡeolaḋ ar an ḃfíorṡolas agus ar aiṫne ortsa; Deonaiġ dúinne siúl sa solas sin, ar ṡlí go dtagaimid sa deireaḋ ar ṡolas na beaṫa síoraí; trí luaíoċt Íosa Críost do Ṁac ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Taisp. 22. 1.

Ṫaispeáin sé dom abhainn fíoruisce d'uisce na beaṫa, ċoṁ gléineaċ le criostal, ag gaḃáil amaċ as ríċaṫaoir Dé agus an Uain. I lár na sráide di, agus ar dá ṫaoḃ na haḃann, ḃí crann na beaṫa, a ṫugaḋ dá ṫoraḋ déag, agus a ṫugaḋ a ṫoraḋ uaiḋ gaċ mí: agus mar leiġeas do na ciníoċa ḃí duilliúr an ċrainn ann. Agus ní ḃeiḋ mallaċt ar biṫ ann feasta: aċ beiḋ ríċaṫaoir Dé agus an Uain inti: agus riarfaiḋ



a ṡeirḃísiġ dó; agus feicfiḋ siad a ġnúis; agus beiḋ a ainm sa ċláréadan acu. Agus ní ḃeiḋ oíċe ar biṫ san áit sin; agus ní ḃíonn gá le coinnil acu, ná le solas na gréine; óir tugann an Tiarna Dia solas dóiḃ; agus beiḋ siad ag rialú go saol na saol.

### An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 10. 16.

Dúirt Íosa, Féaċaiġí, cuirim uaim amaċ siḃ ar nós caoraċ i measc maḋraí allta: bígí dá ḃrí sin ċoṁ glic le naṫraċa niṁe, agus ċoṁ neaṁurċóideaċ le coilm. Aċ seaċnaiġí siḃ féin ar na daoine: óir taḃarfaiḋ siad ar láiṁ siḃ do na coṁairlí, agus sciúrsálfaiḋ siad siḃ ina sionagógaí; agus taḃarfar siḃ i láṫair uaċtarán agus ríṫe ar mo ṡonsa, mar fianaise dóiḃsean agus do na gintliṫe. Aċ nuair a ṫaḃarfaiḋ siad ar láiṁ siḃ, ná bíoḋ sé ina ċás agaiḃ conas laḃróiḋ siḃ, ná céard adéarfas siḃ: óir taḃarfar daoiḃ an uair sin féin an ní laḃróiḋ siḃ. Óir ní siḃ féin a laḃraíos, aċ Spiorad ḃur nAṫar ag laḃairt ionaiḃ. Agus taḃarfaiḋ an dearṫáir a ḋearṫáir ċun báis, agus an t-aṫair an leanḃ: agus éireoiḋ an ċlann in aġaiḋ a dtuismiṫeoirí, agus imreoiḋ bás ortu. Agus beiḋ fuaṫ ag gaċ uile ḋuine daoiḃ mar ġeall ar m'Ainmse: aċ nuair a ḋéanfar géarleanúint oraiḃ i gcaṫair ar biṫ, teiṫiġí isteaċ i gcaṫair eile: óir deirim liḃ go fírinneaċ, Ní ḃeiḋ deireaḋ ḃur dturais i gcaṫraċa Iosrael déanta agaiḃ, sula dtaga Mac an duine.

## Sanas na Maiġdine Beannaiṫe Muire.

m. Gen. 3. 1–15; Eaḃ. 2. 5–deireaḋ.
t. 1 Sam. 1. 20—2. 11; Maṫa 1. 18–23.

### An Orṫa.

Aċainímid ort, a Ṫiarna, do ġrásta a ḋoirteaḋ isteaċ inár gcroí, i dtreo, fé mar airíomar Inċollú do Ṁic Íosa Críost trí ṫeaċtaireaċt aingil, mar sin go seolfar sinn trína ċrois agus trína ṗáis ar ġlóir a aiséirí; trídsean Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Ísái. 7. 10.

Ṫairis sin, laḃair an TIARNA arís le hÁhas, á rá, Iarr comarṫa duit féin ar do ṪIARNA DIA; iarr sa doiṁneaċt é, nó san airde ṫuas. Aċ dúirt Áhas, Ní iarrfaḋ, ná ní ṫriailfeaḋ an TIARNA aċ an oireaḋ. Agus dúirt sé, Éistigise anois, a ṫeaġlaiġ Ḋáiḃí; Naċ beag daoiḃ daoine a ṫraoċaḋ, gan mo DIA a ṫraoċaḋ freisin? Uime sin taḃarfaiḋ an TIARNA féin comarṫa daoiḃ; Féaċaiġí, beiḋ Maiġdean torraċ, agus béarfaiḋ mac, agus taḃarfaiḋ IMMANUEL mar ainm air. Im agus mil a iosfas sé, go mba heol dó an t-olc a oḃaḋ agus an maiṫ a ṫoġaḋ.

### An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 1. 26.

Agus sa séú mí cuireaḋ an t-aingeal Gabriel ó Ḋia go caṫair sa Ġailíl, darḃ ainm Nasair, ag triall ar Ṁaiġdean a ḃí luaite le fear



darḃ ainm Iósaf, duine de ṡlioċt Ḋáiḃí; agus Muire ab ainm don Ṁaiġdean. Agus ṫáiniġ an t-aingeal isteaċ ċuici, agus dúirt sé, Fáilte duit a ḃfuil fáilte ag Dia romat, tá an Tiarna id ḟoċair: is beannaiṫe tú idir na mná. Agus nuair a ċonaic sí é, ḃí buaireaṁ mór uirṫi de ḃarr na cainte sin aige, agus ḃí sí ag maċnaṁ ina hintinn ar cad ba ċiall don ḃeannú sin. Agus dúirt an t-aingeal léi, Ná bíoḋ eagla ort, a Ṁuire: óir fuairis faḃar ó Ḋia. Agus féaċ, ġeoḃair gin i do ḃroinn, agus béarfair Mac, agus glaofair ÍOSA mar ainm air. Beiḋ sé mór, agus gairfear Mac an Té is Airde de: agus taḃarfaiḋ an Tiarna Dia dó ríċaṫaoir Ḋáiḃí a aṫair: agus beiḋ sé ina rí ar ṫeaġlaċ Iácóiḃ go deo; agus ní ḃeiḋ deireaḋ lena ríoċt. Ansin dúirt Muire leis an aingeal, Conas a ḃeiḋ sin aṁlaiḋ, agus gan aiṫne ḟir agam? Agus d'ḟreagair an t-aingeal agus dúirt sé léi, Tuirlingeoiḋ an Spioraḋ Naoṁ ort, agus clúdóiḋ cuṁaċt an Té is Airde tú: agus dá ḃrí sin an té naofa a ḃéarfar duit, glaofar Mac Dé air. Agus féaċ, Elisabeth do ġaol, ġaḃ sise gin ina seanaois, agus is é seo an séú mí aicise go dtugtaí bean aimriḋ uirṫi. Óir ní ḃeiḋ aon ní doḋéanta do Ḋia. Agus dúirt Muire, Féaċ, mise banóglaċ an Tiarna; go ndéantar dom de réir d'ḟocail. Agus d'imiġ an t-aingeal uaiṫi.

# LÁ 'LE NṀ. MARCAIS.

M. Ísái. 62. 6–deireaḋ; 2 Tim. 4. 1–11.
T. Esec. 1. 1–14; Gníoṁ. 12. 25 —13. 13.

## AN ORTA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ṁúin d'Eaglais naofa le teagasc neaṁaí do Ṡoiscéalaí Marcas; Tabair de ġrásta dúinn gan ár bḟuaḋaċ le gaċ cuaifeaċ bréagċreidiṁ ar nós leanaí, aċ go seasaimid go daingean i bfírinne do Ṡoiscéil Naofa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Eif. 4. 7.

DON uile ḋuine againn tugaḋ grásta, de réir toṁais tabartais Ċríost. Uime sin deir sé, Ar ḋul in airde dó, ḃí braiġdeanas i mbraiġdeanas aige, agus tug sé tabartais do ḋaoine. (I dtaoḃ go ndeaċaiġ sé in airde, céard é sin aċ go ndeaċaiġ sé síos freisin ar dtús go híoċtar an doṁain? An té ċuaiġ síos, is é an té céanna é a ċuaiġ suas in airde os cionn na neaṁ uile, leis an uile ní a líonaḋ). Agus tug sé daoine áiriṫe ina nAspail; agus daoine eile ina bFáiṫe; agus daoine eile ina Soiscéalaiṫe; agus daoine eile ina nAoirí agus ina nOidí; ċun na naoiṁ a ḋéanaṁ iomlán, ċun gnóṫa an ḟreastail, ċun corp Ċríost a ṫógáil: go dtí go dtagaimid uile in aontaċt an ċreidiṁ, agus aiṫne Ṁic Dé, ċun duine iomláin, ċun toṁais méide iomláine Ċríost: ionas naċ mbímid feasta inár leanaí,



dár mbogaḋ ó ṫaoḃ go taoḃ agus dár bḟuaḋaċ le gaċ gaoṫ teagaisc, ag cleasaíoċt daoine, agus ag gliocas cealgaċ, ina ndéanann siad luíoċán ċun daoine a ċur amú; aċ ionas, ag labairt na fírinne i ngrá, go bfásaimid suas san uile ní ċuige siúd, is ceann ann, mar atá, Críost; óna ndéanann an corp, agus é coṁċeangailte coṁ-aontaiṫe le ċéile i gceart trí ṡoláṫar gaċ ailt, de réir saoṫair fónta gaċ coda fá seaċ i dtoṁas, an corp a ṁéadú ċun a ṫógála féin i ngrá.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 15. 1.

IS mise an ḟíniúin ḟíor, agus is é m'Aṫair an ḟíonsaoṫraiṫeoir. Aon ċraoḃ díom naċ mbeireann toraḋ, scoiṫeann sé í: agus aon ċraoḃ a ḃeir toraḋ, glanann sé í, ċun go mbeire sí a ṫuilleaḋ torṫaí. Tá siḃse glan anois de ḃarr an ḃriaṫair a labraíos liḃ. Fanaigí ionamsa, agus mise ionaiḃse. Fé mar naċ bḟéadann an ċraoḃ toraḋ a ḃreiṫ uaiṫi féin, mura bḟanann sí ar an bḟíniúin; ní ḟéadann siḃse, aċ an oiread, mura bḟanann siḃ ionamsa. Is mise an ḟíniúin, is siḃse na craoḃaċa: an té ḟanas ionamsa, agus go bḟanaimse ann, beir seisean mórán torṫaí: óir im éagmais-se ní ḟéadann siḃ aon ní a ḋéanaṁ. Aon duine naċ bḟanann ionamsa, caitear amaċ é mar ċraoḃ, agus feonn sé; agus bailiṫear iad, agus caitear isteaċ sa tine iad, agus dóitear iad. Má ḟanann siḃ ionamsa, agus má ḟanann mo ḃriaṫra ionaiḃse,

iarrfaiḋ siḃ ní ar biṫ is mian liḃ, agus déanfar daoiḃ é. Siḃ do ḃreiṫ móráin torṫaí, as sin is ea a ṫugtar glóir dom Aṫair; mar sin beiḋ siḃ in ḃur ndeisceabail agamsa. Fé mar ṫug an tAṫair grá domsa, ṫugas-sa grá daoiḃse: fanaigí i mo ġrá. Má ċoimeádann siḃ m'aiṫeanta, fanfaiḋ siḃ i mo ġrá; fé mar a ċoimeádas-sa aiṫeanta m'Aṫar, agus go ḃfanaim ina ġrá. Labraíos na niṫe sin liḃ, d'ḟonn go mbeaḋ mo ġairdeas ionaiḃ, agus go mbeaḋ ḃur ngairdeas iomlán.

## Lá 'le Nm. Pilib agus Nm. Séamais.

M. Ísái. 61; Eoin 1. 43–deireaḋ.
T. Ecs. 33. 17–deireaḋ; Eoin 6. 1–14.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ós ionann aiṫne ort agus síorḃeaṫa; Deonaiġ lán-eolas dúinn gurb é do Ṁac Íosa Críost an tslí, an ḟírinne, agus an ḃeaṫa; ionas go leanaimid ar lorg do Naoṁ-Aspal, Naoṁ Pilib agus Naoṁ Séamas, agus go siúlaimid go daingḃáilte an bóṫar a ṡeolas ar an mbeaṫa ṡíoraí sinn; trídsean do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Nm. Séamas 1. 1.

Séamas, seirḃíseaċ le Dia agus leis an Tiarna Íosa Críost, don dá ṫreiḃ déag scaipṫe ó ċéile, beaṫa agus sláinte. A ḃráiṫre, bíoḋ ina ábar gairdis ar fad



agaiḃ nuair ṫiteas siḃ isteaċ i gcaṫuiṫe éagsúla; agus a ḟios seo agaiḃ, go n-oibríonn triail ḃur gcreidiṁ foiġne. Aċ bíoḋ a hobair iomlán ag an ḃfoiġne, ionas go mbí siḃ iomlán slán, gan díṫ ar biṫ. Má tá díṫ na heagna ar aon duine agaiḃ, iarraḋ sé ar Ḋia, a ṫugann go fial do gaċ aon duine gan fiaċ a ċasaḋ leo; agus taḃarfar dó í. Aċ iarraḋ sé le creideaṁ, gan aṁras ar biṫ: óir an té ar a mbíonn aṁras, is cuma nó tonn ḟarraige é á séideaḋ ag an ngaoṫ agus á bogaḋ. Óir ná síleaḋ an duine sin go ḃfaiġiḋ sé rud ar biṫ ón Tiarna. Is fear gan seasṁaċt ina ṡlite uile é fear an dá intinn. Déanaḋ an bráṫair uiríseal gairdeas de ḃrí gur ardaíoḋ é: aċ an fear saiḃir, de ḃrí gur íslíoḋ é: óir mar ḃláṫ an ḟéir críonfaiḋ sé. Óir ní túisce éiríonn an ġrian ina caor ṫeasa scallta, ná seargann sí an féar; agus titeann a ḃláṫ, agus cailltear maise a ċuma: mar an gcéanna feofaiḋ an fear saiḃir ina ċúrsaí. Is aoiḃinn don té ḟulaingíos caṫú: óir tar éis a ṫrialaċ, ġeoḃaiḋ sé coróin na beaṫa, a ġeall an Tiarna dóiḃ siúd a ġráios é.

### An Soiscéal.

Nm. Eoin 14. 1.

Agus dúirt Íosa lena ḋeisceabail, Ná bíoḋ buairt ċroí oraiḃ: creideann siḃ i nDia, creidigí ionamsa mar an gcéanna. Is iomaí áras i dteaġlaċ m'Aṫar; mura mar sin a ḃí, déarfainn liḃ é: táim ag dul le háit a

ċur in áiriṫe daoiḃ. Agus má imím le háit a ċur in áiriṫe daoiḃ, fillfead agus glacfad ċugam féin siḃ; ċun go mbí siḃse mar a mbeadsa, leis. Agus is eol daoiḃ an áit ina ḃfuilim ag dul, agus tá eolas an ḃealaiġ agaiḃ. Dúirt Tomás leis, A Ṫiarna, ní heol dúinn cá ḃfuilir ag dul; agus conas tá eolas an ḃealaiġ againne? Dúirt Íosa leis, Is mise an tslí, agus an ḟírinne, agus an ḃeaṫa: ní ṫagann aon duine ċun an Aṫar, aċ aṁáin tríomsa. Dá mbeaḋ aiṫne agaiḃ ormsa, d'aiṫneoḋ siḃ an tAṫair freisin: agus is aiṫnid daoiḃ feasta é, agus ċonaic siḃ é. Dúirt Pilib leis, A Ṫiarna, taispeán dúinn an tAṫair, agus is leor dúinn sin. Dúirt Íosa leis, An ḃfuilim an fad sin in ḃur measc, agus gan aiṫne agat orm, a Ṗilib? an té a ċonaic mise, ċonaic sé an tAṫair; agus conas a deir tusa mar sin, Taispeáin an tAṫair dúinn? Naċ gcreideann tú go ḃfuilimse san Aṫair, agus go ḃfuil an tAṫair ionamsa? Na briaṫra a laḃraím liḃ, ní uaim féin laḃraím iad: aċ an tAṫair atá ina ċónaí ionam, is é oibríos. Creidigí uaim go ḃfuilimse san Aṫair, agus go ḃfuil an tAṫair ionamsa: nó, an ċuid is lú de, creidigí mé mar ġeall ar na hoibreaċa féin. Go deiṁin agus go dearfa, deirim liḃ, An té a ċreideas ionamsa, na hoibreaċa a ḋéanaimse, déanfaiḋ seisean iad mar an gcéanna; agus oibreaċa is mó ná iad a ḋéanfas sé; toisc go ḃfuilim ag dul ċun an Aṫar. Agus cibé ní a iarrfas siḃ im Ainmse, déanfad é, ċun go nglóirítear an tAṫair san Mac. Má iarrann siḃ ní ar biṫ im Ainmse, déanfad é.



# Lá 'le nṁ. Colmcille.

M. Gen. 12. 1-9. Eaḃr. 11. 8-16
T. Ísaí. 52. 7-12. Gníoṁ. 20. 25-35.

## An Orṫa.

A Ḋia, a ġlaoiġ ar do ṡeirḃíseaċ Colmcille, a ḃí ar ṗrionsaí na tíre seo, ag iarraiḋ air ḃeiṫ ina ṫeaċtaire le soiscéal do ríoċta a ḟógairt; deonaiġ dod Eaglais cuiṁne a ċoinneáil ar a ċreideaṁ agus ar a ċrógaċt, agus glóir do ġrásta a noċtaḋ, ionas go n-adṁaí na daoine uile do Ṁac mar Ṡlánaiteoir agus go n-uṁlaí siad dó mar Rí, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, anois agus go deo. Áiméan.

## An Eipistil.

2 Coir., 4. 5.

ÓIR ní sinn féin a ḟógraímid, aċ Íosa Críost mar Ṫiarna, agus sinn féin mar ṡeirḃísiġ daoiḃ ar son Íosa. Óir Dia a d'ordaiġ don eolas soilsiú as lár an dorċadais, ṡoilsiġ sé inár gcroí, ċun solas glóire Dé a ṫaḃairt dúinn i ngnúis Íosa Críost. Aċ tá an seod seo i soiṫiġ cré againn, ċun naċ linne, aċ le Dia, a luaifí an ċumaċt gan teorainn; bímid dár mbrú ar gaċ leiṫ, gan ḃeiṫ i sáinn; bímid faoi ḃuairt, gan dul in éadóċas; cuirtear an tóir orainn, aċ ní ṫréigtear sinn; buailtear síos sinn, aċ ní scriostar sinn; beirimid bású Íosa inár gcorp i gcónaí, ċun go raiḃ beaṫa Íosa go soiléir le feiceáil inár gcorp soṁarfa, freisin.

## AN SOISCÉAL.

Mata 28. 16.

Aċ ċuaiġ an t-aon deisceabal déag don Ġailíle, go dtí an cnoc mar a ndearna Íosa coinne leo. Agus nuair a ċonaiceadar é, d'aḋradar é: aċ ḃí aṁras ar ċuid acu. Agus ṫáinig Íosa ċucu agus laḃair sé leo, á rá, Tugaḋ domsa gaċ cuṁaċt ar neaṁ agus ar talaṁ. Imigíse, dá ḃrí sin, agus déanaigí deisceabail as na náisiúin go léir, á mbaisteaḋ in ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ: á ṫeagasc dóiḃ gaċ ar ordaíos daoiḃ a ċoṁlíonaḋ, agus féaċ, táimse in ḃur ḃfoċair i gcónaí, go deireaḋ an tsaoil.

## NṀ. BARNABAS ASPAL.

M. Iób 29. 11–deireaḋ; Gníoṁ. 4. 32–deireaḋ.
T. Ísái. 42. 5–12; Gníoṁ. 14. 8–deireaḋ.

## AN ORTA.

A Ṫiarna Dia Uileċuṁaċtaiġ, a ḃronn ar do Naoṁ-Aspal Ḃarnabas tabartais neaṁċoitianta ón Spiorad Naoṁ; Ná fág sinn, guímid tú, go dealḃ boċt gan do ṫabartais iomadúla, ná gan grásta ċun feiḋm a ḃaint astu i gcónaí le glóir agus le honóir duit; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 11. 22.

Ṫáinig scéala i dtaoḃ na niṫe sin go cluasa muintire na hEaglaise a ḃí in Iarúsalem: agus ċuireadar Ḃarnabas uaṫu ċun go raċaḋ sé ċoṁ fada le hAntuaiġ: agus nuair ṫáinig seisean, agus nuair a ċonaic sé grásta Dé, ḃí áṫas air; agus spreag sé iad go léir, go gcloífidís le díograis ċroí don Tiarna. Óir fear maiṫ ab ea é, agus ḃí sé lán den Spiorad Naoṁ agus de ċreideaṁ: agus tugaḋ mórán daoine sa ḃreis ċun an Tiarna. Ansin ċuaiġ Ḃarnabas go Tarsus, ar lorg Ṡaul: agus nuair a fuair sé é, ṫug sé leis go hAntuaiġ é. Agus tarla ar feaḋ bliana gur ġnáṫaíodar coṁluadar na hEaglaise, agus ṫugadar teagasc do ṁórán daoine: agus is in Antuaiġ a tugaḋ Críostaiṫe den ċéad uair ar na deisceabail. Agus sna laeṫanta sin ṫáinig fáiṫe ó Iarúsalem go hAntuaiġ. Agus d'éiriġ duine acu darḃ ainm Agabus, agus ṫug sé le tuiscint dóiḃ trí an Spiorad go raiḃ gorta mór le teaċt ar an saol uile: rud a ṫáinig ċun críċe in aimsir Ċlaudius Céasar. Agus ṡocraiġ na deisceabail, de réir gustail gaċ duine, ar caḃair a ċur ċun na mbráiṫre a ḃí ina gcónaí in Iúdaea: agus rinneadar sin, á ċur ċun na seanóirí trí láṁa Ḃarnabais agus Ṡaul.



## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Eoin 15. 12.

Is í seo m'aiṫnese, go dtuga siḃ grá dá ċéile, mar ṫugas-sa grá daoiḃse. Níl grá ag aon duine is mó ná seo, go dtuga duine a anam ar son a ċairde. Is siḃse mo ċairde, má ḋéanann siḃ an ní ordaím daoiḃ. Ní seirḃísiġ a ġlaoim oraiḃ feasta; óir ní heol don seirḃíseaċ céard a ḋéanas a ṫiarna: aċ

ṫugas cairde oraiḃ; óir gaċ ar ċualas óm Aṫair ṫugas le fios daoiḃse é. Ní siḃse a ṫoġ mise, aċ is mise a ṫoġ siḃse, agus ċeapas siḃ, ċun go n-imíoḋ siḃ agus go mbeireaḋ siḃ toraḋ, agus go mbíoḋ ḃur dtoraḋ buan: ionas, cibé ní iarrfas siḃ ar an Aṫair im Ainmse, go dtugaḋ sé daoiḃ é.

## Lá 'le nṁ. Eoin Baiste.

m. mal. 3. 1–6; Lúcás 3. 1–20.
t. mal. 4; Maṫa 11. 2–19.

### An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ós le do réaṁ-aire a rugaḋ ar ṡlí iontaċ do ṡeirḃíseaċ Eoin Baiste, ċun an bóṫar a réiteaċ roiṁ do Ṁac ár Slánaiṫeoir trí ṡeanmóiriú an aiṫreaċais; Cuir sinn ag leanúint a ṫeagaisc agus a ḃeaṫa beannaiṫe ar ṡlí go ndéanaimid fíoraiṫreaċas de réir a ṡeanmóireaċtasean; agus de réir a ṡampla dúinn an fírinne a laḃairt go buan, an duáilce a ċáineaḋ go dána, agus fulaingt go foiġneaċ ar son na fírinne; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

### An Eipistil.

Isái. 40. 1.

SÓLÁS, sólás ċugaiḃ, a ṗobail liom, adeir ḃur nDia. Laḃraíġí go sólásaċ le hIarúsalem, agus fógraíġí di, go ḃfuil aimsir a buanaċta istiġ, go ḃfuil maite dá holcas: óir ġlac sí faoi dó as láiṁ an TIARNA ar son a cuid peacaí go léir. Guṫ an té ġlaos



san ḟásaċ, Réitiġí slí an TIARNA, déanaiġí díreaċ sa diṫreiḃ bóṫar mór dár nDia. Ardófar gaċ gleann, agus ísleofar gaċ sliaḃ agus cnoc: agus díreofar an cam, agus déanfar na garḃlaiġ réiḋ: agus foilseofar glóir an TIARNA, agus feicfiḋ an uile ḟeoil le ċéile í: óir béal an TIARNA a laḃair. Dúirt an guṫ, Glaoiġ. Agus dúirt sé, Céard a ġlaofas mé? Is féar an uile ḟeoil, agus a maise uile mar ḃláṫ an ḃáin: seargann an féar, críonann an bláṫ; de ḃrí go séideann Spiorad an TIARNA air: go deiṁin is féar an pobal. Seargann an féar, críonann an bláṫ: aċ seasfaiḋ Briaṫar ár nDé go deo. A Ṡíóin, a ṫugann dea-scéala leat, gaḃ tusa suas ar an sliaḃ ard; A Iarúsalem, a ṫugann dea-scéala leat, laḃair amaċ de ġuṫ ard; laḃair amaċ gan scáṫ; abraiġí le caṫraċa Iúdá, Féaċaiġí, ḃur nDia! Féaċaiġí, tiocfaiḋ an Tiarna DIA go láṁ-éaċtaċ, agus rialóiḋ a riġe ar a ṡon: féaċaiġí, tá a luaċ saoṫair in éineaċt leis, agus a ṡaoṫar roiṁe amaċ. Beaṫóiḋ sé a tréad mar aoire: cruinneoiḋ sé na huain lena láiṁ, agus iompróiḋ sé ina uċt iad, agus treoróiḋ sé na máiṫreaċa go mín.

### An Soiscéal.

Nṁ. Lúcás 1. 57.

ṪÁINIG am seolta Elisabeth; agus rug sí mac. Agus ċuala a coṁarsana agus a gaolta i dtaoḃ na mórṫrócaire a rinne an Tiarna uirṫi; agus rinneadar coṁġairdeas léi. Agus tarla ar an oċtú lá go dtáinig

siad le timpeallġearraḋ a ḋéanaṁ ar an leanḃ; agus ḃíodar an tí Sacarias, ainm a aṫar, a ṫaḃairt air. Aċ d'ḟreagair a ṁáṫair agus dúirt sí, Ní hamlaiḋ ḃeas; aċ Eoin a ġlaofar air. Agus dúradar léi, Níl aon duine de do ġaolta go ḃfuil an t-ainm sin air. Agus d'ḟiafraíodar dá aṫair le coṁarṫaí, cén t-ainm ba ṁaiṫ leis a ġlaoċ air. Agus d'iarr sé cláirín scríḃneoireaċta, agus scríoḃ sé, Eoin is ainm dó. Agus ḃí ionaḋ orṫu go léir. Agus osclaíoḋ a ḃéal ar an láṫair agus scaoileaḋ a ṫeanga, agus laḃair sé, agus ṁol sé Dia. Agus ġaḃ eagla iadsan uile a ḃí ina gcónaí ina dtimpeall: agus leaṫ tuairisc na niṫe sin go léir ar fuaid na sléiḃte in Iúdaea ar fad. Agus na daoine go léir a ċuala iad, ṫaisceadar ina gcroí iad, á rá, Céard é an saġas é an leanḃ sin? Agus ḃí láṁ an Tiarna leis. Agus líonaḋ Sacarias a aṫair den Spiorad Naoṁ, agus rinne sé fáidéadóireaċt, á rá, Go moltar an Tiarna Dia Iosrael; óir ċuṁdaiġ sé a ṁuintir agus rinne sé fuascailt dóiḃ, agus ṫóg sé aḋarc fuascailte dúinn i dteaġlaċ Ḋáiḃí a ṡeirḃíseaċ; fé mar a laḃair sé trí ḃéal a ḟáiṫe naofa, a ḃí ann ó ṫosaċ an doṁain; go saorfaí sinn ónár naiṁde, agus ó láiṁ na ndaoine ṫug fuaṫ dúinn; le fonn go gcuirfí i ngníoṁ an trócaire a geallaḋ dár n-aiṫreaċa, agus go gcuiṁneofaí ar a ṫiomna naofa; an mionn a ṫug sé d'Abraċam ár n-aṫair, go dtaḃarfaḋ sé dúinn, tar éis ár saorṫa as láiṁ ár naiṁde go ndéanaimis seirḃís gan eagla dó, i naofaċt agus i ḃfíréantaċt ina láṫair gaċ lá dár saol. Agus tusa, a leanḃ,



ġlaofar ort fáiḋ an Té is Airde: óir raċair roiṁ an Tiarna ag réiteaċ na slí dó; ċun eolas ar ṡlánú a ṫaḃairt dá ṁuintir, trí ṁaiṫiúnas a bpeacaí, trí ṫrócaire ṁín ár nDé, trína dtáinig gealaḋ gréine anuas orainn ó na harda, le soilsiú orṫusan atá ina suí i ndorċadas agus i scáile an ḃáis, ċun ár gcosa a ṡeolaḋ ar ṡlí na síoċána. Agus d'ḟás an leanḃ, agus neartaiġ sé ina spriod, agus ḃí sé san ḟásaċ go dtí lá a ḟoilsiṫe d'Iosrael.

## Lá 'le nṁ. Peadair.

M. Esec. 3. 1–14; Gníoṁ. 3.
T. Esec. 34. 11–16; Eoin 21. 15–22.

## An Orṫa.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, a ṫug trí do Ṁac Íosa Críost a lán dea-ṫaḃartas dod Aspal Peadar, agus a d'ordaiġ dó go dúṫraċtaċ do ṫréad a ḃeaṫú; Cuir gaċ Easpag agus Aoire, guímid tú, ag seanmóiriú go dúṫraċtaċ do Ḃriaṫair naofa, agus an pobal ag déanaṁ dá réir go huṁal, ċun coróin na glóire síoraí a ḟáil; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Gníoṁ. 12. 1.

Faoin am céanna sin ċuir Ioruaṫ rí a láṁa amaċ ċun foirneart a imirt ar ċuid de ṁuintir na hEaglaise. Agus ṁaraiġ sé Séamas deartáir Eoin le claíoṁ. Agus arna ḟeiceáil dó gur ṫaitin sin leis na Ġiúdaiġ, ċinn sé ar

Peadar a ġabáil, leis. Agus laeṫanta an aráin gan laiḃín a ḃí ann. Agus nuair a ḃí sé gafa aige, ċuir sé i bpríosún é, agus ċuir sé faoi ċúram garda sé ṡaiġdiúir déag é; agus é de rún aige a ṫaḃairt amaċ i bfianaise an ṗobail tar éis na Cásca. Coinníoḋ Peadar mar sin i bpríosún: aċ ḃí urnaí á déanaṁ go dúṫraċtaċ ar a ṡon ag an Eaglais. Agus nuair a ḃí Ioruaṫ ar tí a ṫaḃairt amaċ, an oíċe ċéanna sin ḃí Peadar ina ċodlaḋ idir beirt ṡaiġdiúirí, é ceangailte le dá ṡlaḃra: agus ḃí gardaí taoḃ amuiġ den doras ag coimeád an ṗríosúin. Agus féaċ aingeal an Tiarna ina ṡeasaṁ ina aice, agus ḋealraiġ solas sa ċarcair: agus ḃuail sé Peadar sa ċliaṫán, gur ḋúisiġ sé é, á rá, Éiriġ i do ṡeasaṁ de láṫair. Agus ṫit na slaḃraí dá láṁa. Agus dúirt an t-aingeal leis, Cuir umat do ċrios, agus cuir ort do ċuaráin. Agus rinne sé é. Agus dúirt sé leis, Cuir umat do ḃrat, agus lean mise. Agus d'imiġ sé amaċ, á leanúint; agus ní raiḃ ḟios aige arḃ ḟíor a raiḃ á ḋéanaṁ ag an aingeal; aċ ċeap sé gurḃ aisling a ḃí á feiceáil aige. Agus nuair a ċuadar ṫar an ċéad garda agus ṫar an dara garda, ṫángadar go dtí an geata iarainn a ṡeolas ċun na caṫraċ; d'oscail sé dóiḃ uaiḋ féin: agus ċuadar amaċ, agus ṡiúladar rompu sráid aṁáin; agus d'imiġ an t-aingeal uaiḋ go tobann. Agus nuair a ṫáiniġ Peadar ċuige féin, dúirt sé, Is léir dom go cinnte anois, gur ċuir an Tiarna a aingeal uaiḋ, agus gur ṡaor sé ó láiṁ Ioruaiṫ mé, agus óna bfuil beartaiṫe ag an bpobal Giúdaċ.



## An Soiscéal.

nṁ. Mata 16. 13.

Nuair ṫáiniġ Íosa isteaċ i gcríoċa Ċéasarea Ṗilib, d'ḟiafraiġ sé dá ḋeisceaḃail, Cé adeir na daoine is mise, Mac an duine? Agus dúradar, Deir cuid acu gur tú Eoin Baiste; cuid eile, Elias; agus cuid eile Ieremias, nó duine de na fáiṫe. Dúirt sé leo, Aċ cé adeir siḃse is mé? Agus d'ḟreagair Síomón Peadar, agus dúirt, Is tú an Críost, Mac Dé ḃí. Agus d'ḟreagair Íosa agus dúirt sé leis, Is aoiḃinn duit, a Ṡíomóin ṁic Ióna: óir ní fuil agus feoil d'ḟoilsiġ duit é, aċ m'Aṫairse atá ar neaṁ. Agus deirimse freisin leat, gur tusa Peadar, agus gur ar an gcarraig seo a ṫógfadsa m'Eaglais; agus naċ mbuaifiḋ geataí ifrinn uirṫi. Taḃarfad duit eoċraċa ríoċt na bflaiṫeas: agus cibé ní a ċeanglós tú ar talaṁ, ceanglófar ar neaṁ é: agus cibé ní a scaoilfeas tú ar talaṁ, scaoilfear ar neaṁ é.

## Naoṁ Séamas Aspal.

m. 2 Rí. 1. 1–15; Lúcás 9. 51–56.
T. Ier. 26. 1–15; Marcus 1. 14–20.

## An Orṫa.

Deonaiġ dúinn, a Dia na trócaire, fé mar a rinne do Naoṁ-Aspal Séamas a aṫair féin agus a raiḃ den saol aige a ṫréigean ċun go bfreagraíoḋ sé go huṁal gasta an ġairm ó do Ṁac Íosa Críost, agus

ċun eisean a leanúint; mar sin go dtréigimidne gaċ mian saolta collaí, agus go mbímid ullaṁ as seo amaċ go bráċ ċun d'aiṫeanta naofa a leanúint; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 11. 27, agus cuid de ċaibidil a 12.

SNA laeṫanta sin ṫáinig fáiḋe ó Iarúsalem go hAntuaiġ. Agus d'éiriġ duine acu darḃ ainm Agabus, agus ṫug sé le tuiscint dóiḃ trín Spiorad go raiḃ gorta mór le teaċt ar an saol uile: rud a ṫáinig ċun críċe in aimsir Ċlaudius Céasar. Agus ṡocraiġ na deisceabail, de réir gustail gaċ duine, ar caḃair a ċur ċun na mbráiṫre a ḃí ina gcónaí in Iúdaea: agus rinneadar sin, á cur ċun na seanóirí trí láṁa Ḃarnabais agus Ṡaul. Faoin am céanna sin ċuir Ioruaṫ rí a láṁa amaċ ċun foirneart a imirt ar ċuid de ṁuintir na hEaglaise. Agus ṁaraiġ sé Séamas dearṫáir Eoin le claíoṁ. Agus arna ḟeiceáil dó gur ṫaitin sin leis na Giúdaiġ, ċinn sé ar Peadar a ġaḃáil, leis.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Maṫa 20. 20.

ANSIN ṫáinig ċuige máṫair ċlainne Ṡebedé in éineaċt lena clann ṁac, ag umlú dó, agus ag iarraiḋ aisce air. Agus dúirt sé léi, Céard tá uait? Dúirt sise leis, Deonaiġ go suífid mo ḃeirt ṁac seo, duine ar do láiṁ ḋeas, agus an duine eile ar do láiṁ ċlé,



i do ríoċt. Aċ d'ḟreagair Íosa agus dúirt, Ní fios daoiḃ céard tá á iarraiḋ agaiḃ. An cupán a ólfadsa an féidir liḃse a ól, agus an féidir liḃ ḃur mbaisteaḋ leis an mbaiste lena mbaistear mise? Dúradarsan leis, Is féidir linn. Agus dúirt sé leo, Ólfaiḋ siḃ go deiṁin an cupán a ólfadsa, agus baistfear siḃ leis an mbaiste lena mbaistear mé: aċ suí ar mo láiṁ ḋeas, agus ar mo láiṁ ċlé, ní liomsa a ṫaḃairt sin uaim, aċ tá sé i ndán dóiḃsean dá ḃfuil sé ceapṫa ag m'Aṫair. Agus nuair a ċuala an deiċniúr é sin, d'éiriġ siad míṡásta go mór leis an mbeirt dearṫáireaċa. Aċ ġlaoiġ Íosa ċuige iad, agus dúirt sé, Tá fios agaiḃ go gcuireann tiarnaí na nGintliṫe faoi smaċt iad, agus go mbíonn forláṁas ag a ndaoine móra orṫu. Aċ ní mar sin a ḃeas eadraiḃse: aċ cibé duine go mba ṁian leis ḃeiṫ mór eadraiḃ, bíoḋ sé ina ṡeirḃíseaċ agaiḃ; agus cibé duine go mba ṁian leis ḃeiṫ ar tosaċ eadraiḃ, bíoḋ sé mar ḟear freastail agaiḃ: ar ċuma Ṁic an duine naċ dtáinig ċun go ndéanfaí friotáil air, aċ ċun go ndéanfaḋ seisean friotáil, agus ċun a anam a ṫaḃairt in éiric móráin.

# AṪRÚ CRUṪA ÁR DTIARNA.

M. Ecs. 34. 29–deireaḋ; 2 Coir. 3.
T. 1 Rí. 19. 1–18; Marc. 9. 1–10.

## AN ORṪA.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, ar ṫáinig aṫrú cruṫa ar d'Aonġin Ṁic os coṁair finnéiṫe tofa ar an sliaḃ beannaiṫe, agus gur laḃair sé

i lár na sárġlóire ar an éag a ċoṁlíonfaḋ sé in Iarúsalem; Deonaiġ dúinne do ṡeirḃísiġ go neartaí raḋarc a ġnúise ġléiġile sinne ċun ár gcrois a iompar; tríḋsean, Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

2 Nṁ. Peaḋ. 1. 12.

Ní ḋéanfaḋ faillí, gan na niṫe sin a ċur i gcuiṁne daoiḃ de ṡíor, cé gurb eol daoiḃ iad, agus cé gur seasṁaċ siḃ san ḟírinne atá i láṫair. Ṫairis sin, measaim gur cóir dom, an faid a ḃím san áras seo, ḃur mbrostú le cur i gcuiṁneaṁ daoiḃ; ós eol dom gur luaṫ is éigean dom m'áras a ċur díom, faoi mar a ṫaispeán ár dTiarna Íosa Críost dom. Agus fós, ḋéanfaḋ mo ḋíċeall le go bféadfaiḋ siḃ cuiṁneaṁ de ṡíor ar na niṫe sin tar éis ḃáis dom. Óir ní raiḃ finnscéalta a cumaḋ go cliste á leanúint againn, nuair a ċuireamar cuṁaċt agus teaċt ár dTiarna Íosa Críost in iúl daoiḃ, aċ lenár súile féin ċonaiceamar a ṁórgaċtsan. Óir fuair sé onóir agus glóir ó Ḋia an tAṫair, nuair a ṫáinig a leiṫéid seo de ġuṫ ón nglóir ṡárṁaiṫ, Is é mo Ḋil-ṁac é seo, ina bfuil mo ṁór-aoiḃneas. Agus ċualamar féin an guṫ sin a ṫáinig ó neaṁ, nuair a ḃíomar in éineaċt leis ar an sliaḃ beannaiṫe.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 9. 28.

Ṫarla timpeall oċt lá tar éis na cainte sin, go dtug sé leis Peadar agus Eoin agus Séamas, agus go ndeaċaiġ sé suas ar



ṡliaḃ ċun urnaí a ḋéanaṁ. Agus le linn guí dó, ṫáinig aṫrú gné air, agus d'éiriġ a éadaí geal, lonraċ. Agus féaċ, ḃí beirt ag coṁrá leis, agus ba iad Maois agus Elias iadsan; ċonaċtas iad i nglóir, agus laḃraíodar i dtaoḃ a ḃáis a ḃí le fulaingt aige in Iarúsalem. Aċ ḃí codlaḋ trom ar Ṗeadar agus orṫusan a ḃí ina ḟoċair: agus nuair a ḃíodar ina lán-ḋúiseaċt, ċonaiceadar a ġlóir, agus an ḃeirt fear a ḃí ina seasaṁ ina ḟoċair. Agus ṫarla, nuair a ḃíodarsan ag imeaċt uaiḋ, go ndúirt Peadar le hÍosa, A Ṁáistir, is breá dúinn beiṫ anseo: agus déanaimis trí boṫ; boṫ duitse, agus boṫ do Ṁaois, agus boṫ d'Elias: agus gan fios aige céard a ḃí á rá aige. Agus le linn cainte dó, ṫáinig scamall, agus ċlúdaiġ sé iad: agus ḃí eagla orṫu agus iad ag dul isteaċ faoin scamall. Agus ṫáinig guṫ as an scamall amaċ, a dúirt, Is é mo Ḋilṁac é seo: éistigí leis. Agus nuair a laḃair an guṫ, fuarṫas Íosa ina aonar. Agus d'fan-adarsan ina dtost, agus níor insíodar d'aon duine sna laeṫanta sin i dtaoḃ a bfacadar.

## NAOṀ PARṪALÓN ASPAL.

M. Gen. 28. 10–17; Eoin 1. 43–deireaḋ.
T. Deut. 18. 15–deireaḋ; Mata 10. 1–15.

## AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ṫug grásta dod Aspal Parṫalón ċun do Ḃriaṫar a ċreidiúint agus a ċraoḃscaoileaḋ go fírinneaċ; Deonaiġ dod Eaglais, guímid

ṫú, go raiḃ grá aici don Ḃriaṫar sin a ċreid seisean, agus go gcraoḃscaoile sí agus go nglaca sí é; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Gníoṁ. 5. 12.

Ḃí a lán míorúilt agus iontas á ndéanaṁ trí láṁa na nAspal i measc an pobail; agus ḃídís uile d'aontoil i bpóirse Ṡolaiṁ. Agus níor leoṁ aon duine de na daoine eile dul i bpáirt leo: aċ ba ṁór an meas a ḃí ag an bpobal orṫu; agus ba ṁó a ḃí na daoine a ċreid sa Tiarna, idir fir agus ṁná, ag dul i méid; i dtreo go n-iompraidís na hotair amaċ ar na sráideanna, agus ċuiridís ar leapaċa agus ar ṫoċta iad, le súil ag dul ṫart do Ṗeadar go dtiteaḋ a scáil féin ar duine acu. Agus ṫagaḋ slua as na caṫraċa a ḃí timpeall Iarúsalem, ag taḃairt na n-otar, agus na ndaoine a ḃí cráite ag spridí neaṁ-ġlana: agus leiġeastaí iad go léir.

## AN SOISCÉAL.

Nṁ. Lúcás 22. 24.

Agus d'éiriġ aċrann eatarṫu lena ċois sin, faoi cé a ṁeasfaí ar an ḃfear ba ṁó orṫu. Agus dúirt sé leo, Gaḃann ríṫe na gCiníoċa forláṁas orṫu; agus gairtear daoine flaiṫiúla dá gceannurraí. Aċ ná bíoḋ siḃse aṁlaiḋ: aċ an té is mó oraiḃ, bíoḋ sé mar an té is óige; agus an té is airde oraiḃ, mar an té déanas friotáil. Óir cé acu is mó, an té



a ṡuíos ċun bia, nó an té a déanas friotáil? naċ é an té a ṡuíos ċun bia? Aċ táimse in ḃur measc mar duine a déanas friotáil. Is siḃse an dream a d'fan liom i mo ċaṫuiṫe; agus cuirim ríoċt in áiriṫe daoiḃ, fé mar a ċuir m'Aṫair in áiriṫe domsa, ionas go n-iṫe agus go n-óla siḃ ag mo ḃord i mo ríoċt, agus go suí siḃ ar ríċaṫaoireaċa ag breiṫ breiṫe ar dá ṫreiḃ déag Iosrael.

# NṀ. MATA ASPAL.

M. 1 Rí. 19. 15–deireaḋ; Mata 19. 16–deireaḋ.
T. 1 Annál. 29. 9–17; 1 Tim. 6. 6–19.

## AN ORTA.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, a ġlaoiġ trí do Ṁac beannaiṫe ar Ṁata amaċ ó ġlacaḋ cánaċ ċun beiṫ ina Aspal agus ina Ṡoiscéalaí; Taḃair de ġrásta dúinn gaċ mian santaċ, agus grá tar meon don saiḃreas, a ṫréigean, agus an té céanna do Ṁac Íosa Críost a leanúint, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

2 Coir. 4. 1.

TÁ ḃrí sin, ó tá an freastal sin againn, fé mar a rinneaḋ trócaire orainn, ní ċaillimid misneaċ: aċ diúltaíomar do rún-ḃearta na náire, gan siúl i nglíceas, ná Ḃriaṫar Dé a ṫruailliú; aċ dár ndéanaṁ féin inṁolta do ċoinsias gaċ aon duine i

ḃfianaise Dé, trí léiriú na fírinne ionainn féin. Aċ más i ḃfolaċ atá ár soiscéalna, is dóiḃ siúd atá caillte atá sé i ḃfolaċ: an dream sin inar ḋall Dia an doṁain seo aigne na ndíċreidṁeaċ, ionas naċ ndealraíoḋ ċucu solas Soiscéil ġlórṁair Ċríost, an té gur macasaṁail Dé é. Óir ní sinn féin a ċraoḃscaoilimid, aċ an Críost, Íosa an Tiarna, agus sinn féin ḃur seirḃísiġse ar son Íosa. Óir ḋealraiġ Dia, a d'orduiġ solas a ḋealrú ón dorċaċt—ḋealraiġ seisean inár gcroí, ċun solas an eolais ar ġlóir Dé a ṫaḃairt i ngnúis Íosa Críost.

## An Soiscéal.

Nṁ. Maṫa 9. 9.

Agus ag imeaċt d'Íosa as an áit sin, ċonaic sé fear darḃ ainm Maṫa, ina ṡuí in áit na cánaċ: agus dúirt sé leis, Lean mise, Agus d'éiriġ seisean, agus lean sé é. Agus ṫarla, agus é ina ṡuí ċun bia sa teaċ, go dtáinig a lán Poibleacán agus peacaċ, agus gur ṡuíodar i ḃfoċair Íosa agus a ḋeisceabal. Agus nuair a ċonaic na Fairisínig sin, dúradar lena ḋeisceabail, Cad ċuige a n-iṫeann ḃur Máistir bia i ḃfoċair na bPoibleacán agus na bpeacaċ? Aċ nuair a ċuala Íosa é, dúirt sé leo, Ní hiadsan atá slán ag a ḃfuil gá le lia, aċ iad atá tinn. Aċ imiġí agus foġlaimiġí brí na cainte úd, Trócaire is áil liom, agus ní íobairt: óir ní ċun na fíréin a ġlaoċ a ṫáinig mé, aċ ċun na peacaiġ a ġlaoċ ċun aiṫreaċais.



# Nṁ. Míċeál agus na hAingil Uile.

M. Sm. 34, 103: Gen. 31. 45–32. 2; Gníoṁ. 12. 1–11.
T. Sm. 91, 148: Dan. 10. 4–deireaḋ; Eaḃ. 1.

## An Orṫa.

A Ḋia ṡíorṁarṫanaiġ, a ċuir seirḃís Aingeal agus daoine in ord agus in eagar iontaċ; Deonaiġ dúinn go trócaireaċ, fé mar ḋéanann do Naoṁ-Aingil seirḃís duitse ar neaṁ gan staon, mar sin go dtuga siad caḃair agus díon dúinne ar talaṁ; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Taisp. 12. 7.

Ḃí cogaḋ ar neaṁ: ċoṁraic Míċeál agus a ċuid aingeal in agaiḋ an dragain; agus ċoṁraic an dragan agus a ċuid aingeal; agus ní rugadar bua, ná ní ḃfuarṫas a n-áit as sin amaċ ar neaṁ. Agus caiṫeaḋ amaċ an dragan mór, an tsean-naṫair niṁe, ar a dtugtar an Diaḃal agus Sátan, a ṁeallas an doṁan ar fad; caiṫeaḋ amaċ faoin talaṁ é, agus caiṫeaḋ amaċ a ċuid aingeal in éineaċt leis. Agus ċualas an guṫ ard ar neaṁ á rá, Anois tá slánú tagṫa, agus cuṁaċt, agus ríoċt ár nDé, agus údarás a Ċríost: óir leagaḋ cúiseoir ár mbráiṫreaċa ar lár, a ċúisíoḋ iad i ḃfianaise ár nDé de lá agus d'oíċe. Agus ṫreascair siad le fuil an Uain é, agus le briaṫar a ḃfianaise; agus níor ġráiġ siad a n-anam go dtí an bás

féin. Dá ḃrí sin déanaiġí gairdeas, a ḟlaiṫeasa, agus siḃse ċónaíos iontu. Is mairg d'áitriṫeoirí an talaiṁ, agus na farraige: óir ṫáinig an diaḃal anuas ċugaiḃ, agus é ar deargḃuile, agus a fios aige gur gearr an t-aċar aige.

## AN SOISCÉAL.

nṁ. Maṫa. 18. 1.

Lena linn sin ṫáinig na deisceaḃail ċun Íosa, á rá, Cé hé an duine is mó i ríoċt na ḃflaiṫeas? Agus ġlaoiġ sé ċuige leanḃ beag, agus ċuir sé ina lár é, agus dúirt, Go fírinneaċ deirim liḃ, Mura n-iompaítear siḃ, agus siḃ a ḃeiṫ ar nós na leanaí, ní raċaiḋ siḃ isteaċ i ríoċt neiṁe. Dá ḃrí sin, an té ísleos é féin ar nós an linḃ ḃig seo, is é sin an duine is mó i ríoċt na ḃflaiṫeas. Agus cibé duine ġlacfas ċuige aon leanḃ beag aṁáin dá leiṫéid seo im ainmse, glacann sé mise: aċ cibé duine taḃarfas scannal d'aon duine den ṁuintir ḃeag seo ċreideas ionamsa, b'fearrde é dá gcroċtaí cloċ ṁór ṁuilinn timpeall a ṁuiníl, agus go mbáifí é i ndoiṁneaċt na farraige. Is mairg don saol mar ġeall ar na scannail! óir ní foláir do na scannail teaċt; aċ is mairg don duine trína dtagann an scannal! Mar sin, má ṫugann do láṁ nó do ċos áḃar scannail duit, gearr díot iad, agus caiṫ uait iad: is fearr duit dul isteaċ sa ḃeaṫa bacaċ nó cioṫramaċ, ná do ḋá láiṁ agus do ḋá ċois a ḃeiṫ agat agus tú le caiṫeaṁ isteaċ sa tine ṡíoraí. Agus má ṫugann do ṡúil áḃar scannail duit, strac amaċ í, agus caiṫ uait í: is fearr duit dul isteaċ sa ḃeaṫa ar leaṫṡúil, ná an dá ṡúil a ḃeiṫ agat agus tú le caiṫeaṁ isteaċ i dtine ifrinn. Tugaiġí aire gan díṁeas a ċaiṫeaṁ ar aon duine den ṁuintir ḃeag seo; óir deirim liḃ, go mbíonn a n-aingilsean, ar neaṁ, ag síorḟéaċaint ar ġnúis m'Aṫar atá ar neaṁ.



## NṀ. LÚCÁS SOISCÉALAÍ.

M. Ísaí. 55; Lúcás 1. 1–4.
T. Ísaí. 52. 1–10; Col. 4. 7–deireaḋ.

## AN ORṪA.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ġlaoiġ ar Lúcás lia, a ṁoltar sa Soiscéal, ċun ḃeiṫ ina Ṡoiscéalaí agus ina lia don anam; gurb áil leat gaċ galar anama dá ḃfuil orainn a leiġeas le hicí sláintiúla an teagaisc a ṫug seisean uaiḋ; trí luaíoċt do Ṁic Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

2 Tim. 4. 5.

Bí tusa aireaċ san uile ní, fulaing anró, déan gnó Soiscéalaí, coṁlíon dearḃú do ḟreastail. Óir táimse ullaṁ anois le mo ċoirḃirt, agus tá tráṫ m'imeaċta láiṁ liom. Ċoṁraiceas coṁrac maiṫ, ḃaineas ceann cúrsa amaċ, ċoimeádas an creideaṁ. As seo amaċ tá coróin ḟíréantaċta in áirite dom, a ṫaḃarfaiḋ an Tiarna, an Breiṫeaṁ cotrom, an lá úd

dom: agus ní domsa aṁáin, aċ dóiḃ siúd freisin gur geal leo a ḟoilsiú. Déan do ḋíċeall ċun teaċt ċugam go luaṫ: óir ṫréig Démas mé, le grá don saol seo, agus tá sé imiṫe go Tessalonica; tá Crescens imiṫe go Galatia, Títus go Dalmatia. Lúcás aṁáin atá im ḟoċair. Faiġ Marcas, agus taḃair in éineaċt leat é: óir tá sé tairḃeaċ dom i gcoṁair an ḟreastail. Agus ċuireas Ticicus uaim go hEifesus. An brat a d'ḟágas i dTroas i dteaċ Ċarpais, taḃair leat é agus tú ag teaċt; agus na leaḃair, go háiriṫe na páir. Rinne Alecsander, ceard uṁa, mórán doċair dom: go gcúití Dia leis de réir a ndearna sé: agus bí tusa, leis, ar d'aire roiṁe; óir ċuir sé go mór in aġaiḋ ár mbriaṫrana.

## An Soiscéal.

Nm. Lúcás 10. 1.

Ċeap an Tiarna deiċniúr agus trí fiċid eile freisin, agus ċuir sé roiṁe amaċ iad ina mbeirt agus ina mbeirt go dtí gaċ caṫair agus áit ina raiḃ sé féin le teaċt. Dá ḃrí sin dúirt sé leo, Is mór é an fóṁar go deiṁin, aċ is suaraċ iad an luċt oibre: uime sin guígí Tiarna an ḟóṁair meiṫeal a ċur amaċ ċun a ḟóṁair. Imígí roṁaiḃ: féaċaigí, cuirim uaim amaċ siḃ aṁail uain i measc madraí allta. Ná tógaigí liḃ sparán, ná mála, ná bróga: agus ná beannaígí d'aon duine ar an mbóṫar. Agus cibé teaċ ina raċaiḋ siḃ isteaċ, abraigí ar dtús, Síoċáin ar an teaċ seo. Agus má tá mac na síoċána ann,



fanfaiḋ ḃur síoċáin air: aċ mura ḃfuil, fillfiḋ ḃur síoċáin oraiḃ féin. Agus fanaigí sa teaċ céanna, ag iṫe agus ag ól a dtugtar daoiḃ: óir is fiú an t-oibrí a ṫuarastal.

# Nm. Síomón agus Nm. Iúdas, Aspail.

M. Ísái. 28. 9–16; Eif. 2. 11–deireaḋ.
T. Ier. 3. 12–18; Lúcás 6. 12–23.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a ṫóg d'Eaglais ar ḃun na nAspal agus na ḃFáiṫe, agus Íosa Críost féin ina ṗríoṁċloċ ċúinne; Deonaiġ go n-aontaítear le ċéile sinn in aontaċt spride trína dteagascsan, ar ṡlí go raḃaimid mar ḃeaḋ teampall naofa naċ miste leat a ġlacaḋ; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil.

Nm. Iúd 1.

Iúdas, seirḃíseaċ Íosa Críost, agus dearṫáir Ṡéamais, do na daoine a naoṁaíoḋ ag Dia an tAṫair, agus a coimeádaḋ in Íosa Críost, agus a fuair gairm; Go méadaítear trócaire, síoċáin agus grá daoiḃ. A ḋaoine na páirte, nuair a ḃíos díċeallaċ ag scríoḃ ċugaiḃ i dtaoḃ an tslánaiṫe ċoitinn, ba ġá dom scríoḃ ċugaiḃ, do ḃur ngríosú ċun dian-ċoṁrac a ḋéanaṁ ar son an ċreidiṁ a tugaḋ an t-aon uair aṁáin do na naoiṁ. Óir tá daoine áiriṫe ann a ṡleaṁnaiġ isteaċ os íseal, a ceapaḋ fadó don daorḃreiṫ seo, daoine aindiaga, ag iompú grásta ár nDé go

graostaċt, agus ag séanaḋ an t-aon Tiarna Dia aṁáin, agus ár dTiarna Íosa Críost. Dá ḃrí sin is mian liom a ċur i gcuiṁne daoiḃ, cé gurḃ eol daoiḃ é seo tráṫ, conas, tar éis dó an pobal a ṡlánú ó tír na hÉigipte, a scrios an Tiarna ina ḋiaiḋ sin an dream nár ċreid. Agus na haingil nár ċoimeád a gcéad ríoċt, aċ a ṫréig a n-áitreaḃ féin, ċoimeád seisean i ngeiṁleaċa síoraí iad faoi dorċadas, ċun breiṫiúnais an lae ṁóir. Dála Ṡodoim agus Ġomarra agus na gcaṫraċ ṫart timpeall orṫu mar an gcéanna, ó ṫugadarsan iad féin don drúis, agus ó leanadar i ndiaiḋ colainne eile in agaiḋ nádúir, cuirtear roṁainn mar ṡampla iad, ag fulaingt díoltais ṫine ṡíoraí. Is é an dáil ċéanna é ag an dream salaċ seo ḃíos ag brionglóideaċ, truaillíonn siad an ċolainn, is beag orṫu tiarnas, agus maslaíonn siad údarás.

## An Soiscéal.

Nm. Eoin 15. 17.

Tugaim na haiṫeanta sin daoiḃ, ċun go raiḃ grá agaiḃ dá ċéile. Má ṫugann an saol fuaṫ daoiḃ, tá ḟios agaiḃ go dtug sé fuaṫ domsa roṁaiḃ. Dá mba leis an saol seo siḃ, ḃeaḋ cion ag an saol ar a ċineál féin: aċ de ḃrí naċ leis an saol siḃ, aċ gur ṫogas-sa siḃ as an saol, ar an áḃar sin tá fuaṫ ag an saol daoiḃ. Cuiṁnigí ar an mbriaṫar a dúirt mé liḃ, Ní mó an seirḃíseaċ ná a ṫiarna. Má rinneadar géarleanúint ormsa, déanfaid géarleanúint oraiḃse mar an gcéanna; má ċoimeádadar mo ḃriaṫrasa, coimeádfaid ḃur



mbriaṫrasa, leis. Aċ déanfaid na niṫe sin go léir daoiḃ mar ġeall ar m'Ainmse, de ḃrí naċ ḃfuil aiṫne acu ar an té a ċuir uaiḋ mé. Mura mbeaḋ gur ṫáinig mé agus gur laḃair mé leo, ní ḃeaḋ peaca orṫu: aċ anois táid gan leiṫscéal i dtaoḃ a bpeaca. An té a ḃfuil fuaṫ aige domsa, tá fuaṫ aige dom Aṫair, leis. Mura mbeaḋ go ndearnas ina measc na hoibreaċa naċ ndearna aon duine eile, ḃeidís gan peaca orṫu: aċ anois ċonaiceadar mise agus m'Aṫair, agus ṫugadar fuaṫ dúinn. Aċ ṫarla mar sin, ċun go gcoṁlíonfaí an briaṫar atá scríofa ina ndlí, Ṫugadar fuaṫ dom gan ċúis. Aċ nuair a ṫiocfas an Sólásaí, an té ċuirfeas mé ċugaiḃ ón Aṫair, Spiorad na fírinne, a ġluaiseas ón Aṫair, taḃarfaid seisean fianaise i mo ṫaoḃsa: agus taḃarfaiḋ siḃse, leis, fianaise, óir tá siḃ im ḟoċair ó ṫosaċ.

# Lá Ḟéile na nUile Naoṁ.

M. Sm. 1, 15, 112: Ísái. 51. 1–11; Eaḃ. 11. 32–12. 2.
T. Sm. 34, 84: Dan. 12. Taisp. 19. 6–10.

## An Orṫa.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ, a ṡnaiḋm le ċéile do ṗobal tofa in aon ċumann agus ċoṁluadar aṁáin, i gcorp rúnda do Ṁic Críost ár dTiarna; Deonaiġ grásta dúinn ċun do Naoiṁ ḃeannaiṫe a leanúint i ndiagaċt agus i suáilceas beaṫa, ċun go dtagaimid ar na sóláis úd naċ féidir cur síos orṫu, a ċeapais don dream a ṫugann grá ó ċroí duit; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## AN EIPISTIL.

Taisp. 7. 2.

Agus ċonaic mé aingeal eile ag dul suas ón aird anoir, agus séala Dé a ḃí aige: agus liúiġ sé de ġuṫ ard ar an gceaṫrar aingeal, dár tugaḋ cead an doṁan a ġortú, agus an ḟarraige, agus dúirt sé, Ná gortaiġí an doṁan, ná an ḟarraige, ná na crainn, go dtí go gcuirimid séala sa ċláréadan ar ṡeirḃísiġ ár nDé. Agus ċuala mé líon na ndaoine ar ar cuireaḋ séala: agus cuireaḋ séala ar ċéad agus daiċead agus ceiṫre ṁíle daoine, as an uile ṫreiḃ de Ċlann Iosrael.

Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Iúda:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Reuben:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Ġaid:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Aser:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Neptáli:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Ṁanasses:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Ṡimeoin:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Lébí:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Issaċair:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Ṡabulóin:



Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Iósaif:
Cuireaḋ séala ar ḋá ṁíle ḋéag de ṫreiḃ Ḃeniamin.

Tar a éis sin d'ḟéaċas, agus féaċ, slua mór, nár ḟéad duine ar biṫ a áireaṁ, den uile náisiún, den uile ṫreiḃ, den uile ċine, agus den uile ṫeanga, ina seasaṁ os coṁair na ríċaṫaoireaċ, agus os coṁair an Uain, agus éadaí gléigeala orṫu, agus craoḃaċa pailme ina láṁa acu; agus liúdar de ġuṫ ard, á rá, Slánú dár nDia atá ina ṡuí ar an ríċaṫaoir, agus don Uan. Agus ḃí na haingil uile ina seasaṁ mórṫimpeall na ríċaṫaoireaċ, agus na seanóirí agus na gceiṫre ḃeiṫioċ; agus ṫiteadar síos ar a n-aġaiḋ os coṁair na ríċaṫaoireaċ, agus d'aḋradar Dia, á rá, Áiméan: Beannaċt, agus glóir, agus eagna, agus buíoċas, agus onóir, agus cuṁaċt, agus neart, dár nDiana, go saol na saol. Áiméan.

## AN SOISCÉAL

Nṁ. Mata 5. 1.

Nuair a ċonaic Íosa na sluaite, ċuaiġ sé suas ar an sliaḃ: agus nuair a ḃí sé ina ṡuí, ṫáinig a ḋeisceabail ċuige: agus d'oscail sé a ḃéal, agus ṫeagaisc sé iad, á rá, Is aoiḃinn dá ḃfuil boċt ina spriod: mar is leosan ríoċt na ḃflaiṫeas. Is aoiḃinn dóiḃsean a ḋéanas dobrón: mar ġeoḃaid siad sólás. Is aoiḃinn dá ḃfuil ceansa: mar ġeoḃaidsean seilḃ an talaiṁ. Is aoiḃinn

dóiḃsean ar a ḃfuil ocras agus tart ċun fíréantaċta: mar ġeoḃaid a sá. Is aoiḃinn do luċt na trócaire: mar ġeoḃaidsean trócaire. Is aoiḃinn do luċt an ċroí ġlain: mar feicfidsean Dia. Is aoiḃinn do luċt déanta na síoċána: mar glaofar orṫusan clann Dé. Is aoiḃinn dóiḃsean a ḟulaingíonn géarleanúint ar son fíréantaċta: mar is leosan ríoċt na ḃflaiṫeas. Is aoiḃinn daoiḃse nuair a ṫaḃarfar tarcaisne daoiḃ, agus nuair a ċiapfar siḃ, agus nuair a déarfar gaċ aon ḟocal bréagaċ in ḃur n-aġaid, ar mo ṡonsa. Ḃíoḋ áṫas oraiḃ agus lúċáir: mar is mór é ḃur luaċ saoṫair ar neaṁ: óir ar an gcuma ċéanna is ea ciapaḋ na fáiṫe a ṫáinig roṁaiḃ.

## AR TOSÚ DO ṠEANAID.

### AN ORṪA.

A Dia, a ċuir solas do Spioraid Naoiṁ go dtí do ṗobal dílis cun a gcroí a ṫeagasc; Deonaiġ dúinn tríd an Spiorad ċéanna go raiḃ breiṫiúnas ceart againn i ngaċ ní, agus go mbainimid áṫas i gcónaí as a ṡólás naofasan; trí luaíoċt an Ċríost, Íosa ár Slánaiṫeoir, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa, in aontaċt an Spioraid ċéanna, aon Dia aṁáin, trí ṡaol na saol. Áiméan.

### AN EIPISTIL.

Eif. 4. 1.

Uime sin aċainím, cime an Tiarna, oraiḃ siúl mar a oireas don ġairm lenar gaireaḋ siḃ, le gaċ umlaíoċt agus ceansaċt, le buanḟoiġne, ag fulaingt a ċéile i ngrá; ag iarraid



aontaċt an Spioraid a ċoimeád i gcoṁċeangal na síoċána. Tá aon ċorp aṁáin ann, agus aon Spiorad aṁáin, fé mar gaireaḋ siḃ in aon dóċas aṁáin ḃur ngairme; aon Tiarna, aon ċreideaṁ, aon ḃaiste, aon Dia agus Aṫair aṁáin don uile, agus os cionn na n-uile, agus tríd an uile, agus ionaiḃ uile. Aċ don uile duine againn tugaḋ grásta, de réir toṁais taḃartais Ċríost. Uime sin deir sé, Ar dul in airde dó, ḃí braiġdeanas i mbraiġdeanas aige, agus tug sé taḃartais do ḋaoine. (I dtaoḃ go ndeaċaiġ sé in airde, céard é sin aċ go ndeaċaiġ sé síos freisin ar dtús go híoċtar an doṁain? An té a ċuaiġ síos, is é an té céanna é a ċuaiġ suas in airde os cionn na neaṁ uile, leis an uile ní a líonaḋ.) Agus tug sé daoine áiriṫe ina nAspail; daoine eile ina ḃfáiṫe; agus daoine eile ina Soiscéalaiṫe; agus daoine eile ina nAoirí agus ina nOidí, ċun na naoiṁ a ḋéanaṁ iomlán, ċun gnóṫa an ḟreastail, ċun corp Ċríost a ṫógáil: go dtí go dtagaimid uile in aontaċt an ċreidiṁ agus in aiṫne Ṁic Dé, ċun duine iomlán, ċun toṁais méide iomláine Ċríost: ionas naċ mbímid feasta inár leanaí, dár mbogaḋ ó ṫaoḃ go taoḃ agus dár ḃfuadaċ le gaċ gaoṫ teagaisc, ag cleasaíoċt daoine, agus ag gliceas cealgaċ ina ndéanann siad luíoċán ċun daoine a ċur amú; aċ ionas, ag labairt na fírinne i ngrá, go ḃfásaimid suas san uile ní ċuige siúd, is ceann ann, mar atá, Críost; óna ndéanann an corp, agus é coṁċeangailte coṁaontaiṫe le ċéile i gceart trí ṡoláṫar gaċ

ailt, de réir saoṫair fónta gaċ coda fá seaċ i dtomas, an corp a ṁéadú ċun a ṫógála féin i ngrá.

## An Soiscéal.

Nṁ. Eoin 14. 23.

Má tá grá ag duine dom, coimeádfaiḋ sé mo ḃriaṫra: agus beiḋ grá ag m'Aṫair dó, agus tiocfaimid ċuige, agus déanfaimid cónaí ina ḟoċair. An té naċ ḃfuil grá aige dom, ní ċoimeádann sé mo ḃriaṫra: agus an briaṫar a ċluineann siḃ, ní hé mo ḃriaṫarsa é, aċ briaṫar an Aṫar a ċuir uaiḋ mé. Laḃraíos an méid sin liḃ, agus mé fós in ḃur ḃfoċair. Aċ an Sólásaí, an Spiorad Naoṁ, a ċuirfeas an tAṫair uaiḋ im Ainmse, múinfiḋ seisean gaċ uile ní daoiḃ, agus cuirfiḋ sé i gcuiṁne daoiḃ gaċ a ndúras liḃ. Fágaim síoċáin agaiḃ; mo ṡíoċáinse tugaim daoiḃ: ní mar ṫugann an saol, a ṫugaimse daoiḃ. Ná bíoḋ buairt ar ḃur gcroí, ná eagla air. Ċuala siḃ mé á rá liḃ, Táim ag imeaċt, agus táim ag filleaḋ ċugaiḃ. Dá mbeaḋ grá agaiḃ dom, ḃeaḋ áṫas oraiḃ, toisc go ndúras, Táim ag dul ċun an Aṫar: óir is mó é m'Aṫair ná mise. Agus anois tá sé inste agam daoiḃ roiṁ ré, ċun go gcreide siḃ nuair ṫiocfas sé ċun críċe. Ní laḃród mórán eile liḃ feasta, óir tá prionsa an tsaoil seo ag teaċt, agus níl baint ar biṫ aige liomsa. Aċ ċun go n-aiṫní an saol go ḃfuil grá agam don Aṫair, agus de réir mar d'ordaiġ an t-Aṫair dom, is aṁlaiḋ a ḋéanaim.